# Tuarascáil Taighde:

# Straitéis Náisiúnta d'Ealaíona Teangabhunaithe na Gaeilge

*Ullmhaithe ag Dr. Shane Grant, Dr. Róisín Ní Ghairbhí agus Dr. Éamonn Costello*

## Clár na nÁbhar

**Nóta ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán** ..... 3

**Mír 1: Réamhrá** ..... 4

**Mír 2: Cur Chuige agus Modheolaíocht an Taighde** ..... 7

**Mír 3: An Cúlra Stairiúil: Cothú agus Cleachtadh na nEalaíon Teangabhunaithe** ..... 11

**Mír 4: An lá atá inniu ann** ..... 15

**Téamaí don Phlé: An Comhthéacs Náisiúnta agus Idirnáisiúnta** ..... 15

4.1 Comhthéacs na Teanga ..... 15

4.2 Comhthéacs na nEalaíon trí chéile ..... 17

4.3 Múnlaí Maoinithe ..... 18

4.4 An Comhthéacs Eacnamaíoch: ceist an tionchair ..... 18

4.5 Na hEalaíona Teangabhunaithe agus An Chruthaitheacht ..... 19

**Mír 5: An Tírdhreach Beartais agus Pleanála do na hEalaíona Teangabhunaithe: Peirspictíochtaí Náisiúnta agus Idirnáisiúnta** ..... 20

5.1 Na Beartais Náisiúnta ..... 20

5.2 An Chomhpháirtíocht Straitéiseach ..... 25

5.3 Na hEalaíona Teangabhunaithe agus An Phleanáil Teanga ..... 26

5.4 Ionaid Ealaíne agus Infreastruchtúr ..... 27

5.5 Na hArdáin Dhigiteacha ..... 28

5.6 Dea-Chleachtais, Measúnú Rioscaí agus Cúrsaí Dlí ..... 28

5.7 An Timpeallacht ..... 29

5.8 Tionchar Sóisialta agus Sláinte na nEalaíon Teangabhunaithe (cothú folláine agus ionchuimsiú sóisialta) ..... 30

5.9 Comhionnanas d'Ealaíontóirí agus do Lucht Éisteachta faoi Mhí-Chumas ..... 34

5.10 Gnéithe Thuaidh/Theas ..... 35

5.11 An Comhthéacs Eacnamaíoch: tionchar, treo agus dúshláin ..... 36

5.12 Na hEalaíona Teangabhunaithe agus an Turasóireacht ..... 37

5.13 Deiseanna Gairmiúla, Forbairt Ghairmiúil agus Deiseanna Fostaíochta ..... 37

5.14 Béimeanna agus Forais Idirnáisiúnta ..... 40

**Mír 6: Forléargas ar na healaíona teangabhunaithe sa lá atá inniu ann: fearainn agus cleachtais** ..... 42

6.1 An Drámaíocht agus an Amharclannaíocht (agus Drámaíocht Amaitéarach, Drámaíocht Dhigiteach, Drámaíocht Raidió) ..... 42
6.2 An Amhránaíocht (Amhránaíocht ar an Sean-Nós agus An Amhránaíocht Chomhaimseartha, Chórúil agus Ealaíne) ..... 52
6.3 An Fhilíocht Bhéil/Labhartha/Taibhléirithe ..... 57
6.4 Lúibíní agus Agallaimh Bheirte ..... 58
6.5 An Scéalaíocht ..... 59
6.6 Cartlanna agus Foilseacháin: ról atá ag athrú ..... 63
6.7 Na hEalaíona Teangabhunaithe agus Daoine Óga ..... 66
6.8 Na hEalaíona Teangabhunaithe san Oideachas ..... 68
**Mír 7: Comhthéacs Eagraíochtúil na nEalaíon Teangabhunaithe: Iniúchadh Reatha** ..... 75
**Mír 8: Léargais na bPáirtithe Leasmhara** ..... 92
8(a) Torthaí na gCeistneoirí ..... 92
8(b) Torthaí na nAgallamh agus na nAighneachtaí Poiblí: Príomhsnáitheanna Téamúla ..... 114
**Mír 9: Plé agus Impleachtaí** ..... 160
9.1 Comhthéacsanna ag claochlú ..... 160
9.2 An Phleanáil Teanga agus na hEalaíona Teangabhunaithe ..... 161
9.3 Athruithe sa Tírdhreach Straitéiseach ..... 161
9.4 An Chomhpháirtíocht: Tírdhreach Sainiúil na nEagras ..... 162
9.5 Ról na nÚdarás Áitiúil ..... 165
9.6 Struchtúir agus Freagrachtaí na Móreagras Gaeilge ..... 167
9.7 Maoiniú ..... 167
9.8 Deiseanna teoranta do réimsí áirithe de na healaíona teangabhunaithe ..... 169
9.9 Acmhainní agus Treoir ..... 170
9.10 An Pobal, An Lucht Éisteachta agus Cleachtóirí ..... 171
9.11 An Óige agus na hEalaíona Teangabhunaithe ..... 173
9.12 Struchtúir, straitéisí agus scéimeanna in earnáil an oideachais ..... 174
9.13 An Diaspóra agus an Comhthéacs Domhanda ..... 175
9.14 Gnéithe Thuaidh/Theas de na hEalaíona Teangabhunaithe ..... 176
**Mír 10: Conclúid** ..... 177
**Liosta Tagartha** ..... 182
**Aguisíní** ..... 195
Aguisín A: Clár na nAgallamh ..... 195
Aguisín B: An Fhoirm Ceada ..... 196
Aguisín C: An tIniúchadh Earnálach, Eagraíochtúil agus Maoinithe do na hEalaíona Teangabhunaithe ..... 197

## Nóta ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán

An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán
Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media

Cuireadh tús le próiseas chun Straitéis Náisiúnta chomhtháite d'Ealaíona Teangabhunaithe na Gaeilge a fhorbairt in 2018 nuair a luadh go sonrach í mar bheart sa Phlean Gníomhaíochta don Ghaeilge, 2018-2023 a foilsíodh i mí an Mheithimh 2018. Is é atá ráite i mbeart 5.47:

*Déanfar straitéis chomhtháite ealaíon a fhorbairt le haghaidh ealaíona na Gaeltachta agus na Gaeilge i gcomhar le páirtithe leasmhara, lena n-áirítear Údarás na Gaeltachta, Foras na Gaeilge, an Chomhairle Ealaíon agus TG4 a bheidh dírithe:*

- *ar chomhordú agus chomhoibriú níos fearr a chinntiú i bhforbairt na n-ealaíon Gaeltachta agus Gaeilge*
- *ar na caidrimh i measc na bpáirtithe leasmhara a threisiú tuilleadh*
- *ar phróifíl na n-ealaíon Gaeltachta agus Gaeilge a mhéadú agus a chur chun cinn go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta*
- *ar dheiseanna a aimsiú chun tuilleadh tacaíochta a chur ar fáil do na healaíona Gaeltachta agus Gaeilge agus chun tuilleadh forbartha a dhéanamh orthu.*

Chun cabhrú le stiúir fhoriomlán a dhéanamh ar an obair, bunaíodh grúpa oibre a bhí comhdhéanta d'ionadaithe ón Roinn, Údarás na Gaeltachta, Ealaín na Gaeltachta, TG4, an Chomhairle Ealaíon, Foras na Gaeilge agus Éire Ildánach.

Ceapadh foireann taighde de chuid Choláiste Mhuire gan Smál agus Ollscoil Luimnigh chun taighde cuimsitheach a dhéanamh agus rinneadh sin in 2019-2020. Is í seo an tuarascáil a d'ullmhaigh an fhoireann taighde sin de thoradh an taighde sin. Níl aon leasú déanta ag an Roinn ar an tuarascáil lasmuigh den nóta seo agus is saothar de chuid na foirne taighde é.

Tá na moltaí agus na gníomhaíochtaí straitéiseacha a tháinig amach as an taighde seo mar bhunús don Straitéis d'Ealaíona Teangabhunaithe na Gaeilge atá á hullmhú ag an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán agus a bheas le foilsiú go luath.

**Feabhra 2024**

## Mír 1: Réamhrá

Tá an Tuarascáil seo ina réamhdhoiciméad don Straitéis Náisiúnta do na hEalaíona Teangabhunaithe sa Ghaeilge. Dúradh sa Straitéis Fiche Bliain don Ghaeilge go dtabharfadh:

> an Roinn Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta agus Údarás nua na Gaeilge agus na Gaeltachta faoi ról gníomhach éascaithe ó thaobh tacú le gníomhaíochtaí a bheidh Gaeilge-láraithe agus a dhéanfaidh nasc idir foghlaim teanga ar scoil agus réimsí gaolmhara cultúir, áineasa, trádála agus gníomhaíochtaí fiontraíochta/fiontair.
>
> (Rialtas na hÉireann 2010: 24)

Bhainfeadh an Ghaeilge le *'raon gníomhaíochtaí cultúir, sóisialta, áineasa agus spóirt'* do dhaoine óga' (ibid 2010: 24). Ar sheirbhísí don phobal, ar an nGaeilge mar mheán labhartha agus ar fhearainn oideachais agus seirbhísí poiblí a leagann an Straitéis Fiche Bliain an bhéim: déantar tagairt ghinearálta do dheiseanna úsáidte teanga a bhainfeadh le 'cultúr'. Ní dheántar aon tagairt shonrach leanúnach do ról na n-ealaíon sna réimsí gnímh a luaitear sa Straitéis cé's moite de lua 'amharclanna' sa mhír ar ionaid Ghaeilge.

Tá ionad níos lárnaí agus níos sainiúla ag na healaíona Gaeilge sa Phlean Gníomhaíochta don Ghaeilge (2018 – 2022). Moltar i mír 5.47 den Phlean go ndéanfaí *'straitéis chomhtháite ealaíon'* a fhorbairt i bpáirt le grúpa oibre a chuimseodh An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Ghaeltachta, An Chomhairle Ealaíon, Foras na Gaeilge, Údarás na Gaeltachta, Ealaín na Gaeltachta, TG4 agus Éire Ildánach. Gealladh an bhliain roimhe sin mar chuid de Phlean Gníomhaíochta d'Fhorbairt Tuaithe (2017 – 2022) go ndéanfaí straitéis ealaíon chomhtháite d'Ealaíona na Gaeilge agus na Gaeltachta a fhorbairt i gcomhar le Foras na Gaeilge, le hÚdarás na Gaeltachta agus leis an gComhairle Ealaíon.

Taca an ama ar tháinig an moladh thuas sa Straitéis Fiche Bliain chun cinn, is amhlaidh go raibh tús curtha ag Ealaín na Gaeltachta, i bpáirt le Drama and Theatre Studies, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, Comhairle Chontae Dhún na nGall agus Comhairle Cathrach na Gaillimhe, le togra forbartha drámaíochta Gaeilge dar teideal Garraí an Ghiorria. Bhí tacaíocht curtha ar fáil don togra trí scéim 'An Invitation to Collaboration' na Comhairle Ealaíne. Mar thoradh ar an togra sin deineadh moladh láidir go bhforbrófaí straitéis náisiúnta don amharclannaíocht Ghaeilge. Agus iad ag obair i bpáirt le Drama and Theatre Studies, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, An Taibhdhearc, Comhairle Chontae Dhún na nGall agus Comhairle Chontae na Gaillimhe, fuair Ealaín na Gaeltachta maoiniú ó Chiste Náisiúnta Ildánachta Éire Ildánach chun a leithéid de straitéis a fhorbairt. Anuas ar an móiminteam thuas, chuir an doiciméad Na hEalaíona: Ní Cuma Leo (The Arts Matter) béim mhór ar an

ngá le 'stráitéisí ealaíon níos láidre don Ghaeilge' (An Comhchoiste um Chultúr, Oidhreacht agus Gaeltacht, 2019)

Aithníodh go raibh aidhmeanna i bpáirt sna moltaí seo (an '*straitéis láidir ealaíon don Ghaeilge*', *'straitéis chomhtháite ealaíon'* agus an straitéis d'amharclannaíocht na Gaeilge) agus aontaíodh go gcuirfí le chéile iad agus go mbeadh ról cinnireachta ag Ealaín na Gaeltachta maidir le straitéis a chur le chéile.

Arna leanúint de na forbairtí seo, fógraíodh conradh d'fhorbairt Straitéise do na hEalaíona Teangabhunaithe sa Ghaeilge ar etenders i samhradh na bliana 2019. Tá forbairt na Straitéise á maoiniú ag an Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Ghaeltachta agus Éire Ildánach/Creative Ireland. Tá Ealaín na Gaeltachta mar phointe teagmhála agus tá grúpa oibre[1] tar éis tacú leis an ngrúpa taighdeoirí ar ar bronnadh an conradh.

Tá an tuarascáil seo mar chéad chéim in ullmhú Straitéis d'Ealaíona Teangabhunaithe na Gaeilge. Tá an cuntas seo bunaithe ar phróiséas taighde a cuireadh i gcrích le linn na bliana 2019 - 2020 ag foireann taighdeoirí ó Ollscoil Luimnigh agus ó Choláiste Mhuire Gan Smál, Luimneach. Sa tuarascáil seo:

·Pléifear na tuiscintí stairiúla agus comhaimseartha a bhaineann le healaíona teangabhunaithe na Gaeilge.

· Tabharfar forléargas ar an tírdhreach straitéiseach, polasaí agus eagraíochtúil a mbíonn tionchar agus sainfheidhm acu sna hETB, bunaithe ar ransú litríochta agus cáipéis.

· Tabharfar cuntas ar na sainfhearainn agus na sainfheidhmeanna éagsúla a bhaineann le healaíona teangabhunaithe na Gaeilge. San áireamh anseo, mar shampla, beidh ról ETB na Gaeilge sa Phleanáil Teanga agus mar chuid de na hEalaíona trí chéile.

· Pléifear na fearainn éagsúla cleachtais lena mbaineann na réimsí éagsúla d'ealaíona teangabhunaithe mar atáid á gcleachtadh in Éirinn faoi láthair.

· Cuirfear eolas ar fáil faoi na páirtithe leasmhara agus na príomhpháirtithe leasmhara a bhaineann leis an réimse.

· Cad tá ar siúl faoi láthair?

---

[1] Bhí an fhoireann taighde ag tuairisciú chuig Coiste Stiúrtha a chuimsigh An Roinn Chultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta, An Chomhairle Ealaíon, Foras na Gaeilge, Údarás na Gaeltachta, Ealaín na Gaeltachta, TG4 agus Éire Ildánach.

Pléifear na croícheisteanna reatha a bhaineann le réimse ETB na Gaeilge. San áireamh anseo beidh iniúchadh ar struchtúir agus cleachtais reatha eagras, scéimeanna agus clár, deiseanna forbartha ealaíne, gairmiúla agus maoinithe; ceist fhás lucht feáchana/éisteachta/rannpháirtíochta; dúshláin, dualgais agus rioscaí reatha, mar aon le rochtain na hóige agus dreamanna eile ar ETB na Gaeilge.

· Cé na tuiscintí agus na pairaiméadair a bhaineann le hearnáil ETB na Gaeilge faoi láthair?

Baileofar agus pléifear go mion aiseolas ó pháirtithe leasmhara agus ó gheallsealbhóirí, bunaithe ar na torthaí a d'eascair as an bpróiseas taighde (idir na torthaí cáinníochtúla (ceistneoir) agus na torthaí cáilíochtúla (aighneachta agus agallaimh leathstruchtúrtha) agus ransú ar chaipéisíocht straitéiseach agus earnálach. Bainfear leas asa an ransú seo agus as aiseolas ó ghrúpaí fócais agus na ceistneoirí/ceisteanna agallamh á roghnú.

· Ar deireadh, déanfar plé ar thorthaí éagsúla an taighde trí chéile, mír a bheidh ina bunús do straitéis náisiúnta d'ealaíona teangabhunaithe na Gaeilge.

Cuimsíonn na hEalaíona Teangabhunaithe:

·An amharclannaíocht agus an drámaíocht Ghaeilge, idir amaitéarach agus ghairmiúil, traidisiúnta agus chomhaimseartha,

·An amhránaíocht, idir chomhaimseartha, chóiriúil, eaglasta agus traidisiúnta

· Lúibíní agus agallaimh beirte; An fhilíocht labhartha chomhaimseartha; rap

· An scéalaíocht

(Bunaithe ar an gcuireadh chun tairisceana agus ar iarratas na foirne taighde)[2]

[2] *Nóta: Le linn an taighde féin, thug cleachtóirí áirithe le fios gur chóir go gcuimseodh na hEalaíona Teangabhuanaithe seónna grinn chomh maith. D'fheádfaí an ghné seo a thabhairt san áireamh i dtaighde amach anseo, dá gcinnfí gur 'ealaíon' é.*

## Mír 2: Cur Chuige agus Modheolaíocht an Taighde

Sa chuid seo den Tuarascáil Taighde, déantar mion chur síos ar an modheolaíocht a d'úsáid an fhoireann taighde don tuairisc seo (agus chun críche *Straitéis Náisiúnta d'Ealaíona Teangabhunaithe na Gaeilge*.)

Roghnaigh an fhoireann taighde modhanna measctha toisc gurbh í seo an modh ab oiriúnaí do na spriocanna taighde, agus toisc go mbeadh cur chuige den sórt ag teacht leis an dea-chleachtas a mholann roinnt taighdeoirí sa ghort taighde a bhaineann le 'communities of practice' (Denscombe, 2008). Is iad na 'communities of practice' atá i gceist anseo ná na healaíontóirí, na cleachtóirí agus na heagrais a bhí faoi agallamh agus á n-iniúchadh mar chuid den togra taighde.

Bhí deis ag páirtithe leasmhara ionchur a bheith acu trí cheistneoir agus trí aighneacht. Baineadh úsáid as cruinniú comhchéime agus grúpaí fócais a reáchtáil foireann taighde na straitéise ag Oireachtas na Samhna 2019 chun réamhthaighde a dhéanamh don togra. Dearadh liosta ceisteanna suirbhé bunaithe ar mhórthéamaí an chomhchruinnithe agus na ngrúpaí fócais seo. Tugadh san áireamh sa suirbhé/agallamh agus san iniúchadh ginearálta ar staid reatha ETB na Gaeilge téamaí a tháinig chun cinn sa ransú ar chaipéisíocht a bhain leis an tírdhreach earnálach chomh maith. D'fhreastail duine de na taighdeoirí ar chomhdháil Phan-Cheilteach drámaíochta Ceangal I, a bhí ar siúl i nGlaschú idir an 8-9 Deireadh Fómhair 2019. Bhí ionadaithe de chuid Amharclann na Mainistreach, chomh maith le cleachtóirí agus scríbhneoirí drámaíochta na Gaeilge i láthair ag an gcomhdháil seo, agus bhí ionchur ag an gcomhdháil seo ar na ceisteanna suirbhé leis.

Cuireadh an gá le speictream leathan ionchuir san áireamh nuair a bhí poiblíocht a déanamh ar na conairí aiseolais agus conairí ionchuir éagsúla. Chuige seo cuireadh suíomh lárnach dátheangach don togra ar fáil. Cuireadh an ceistneoir ar fáil go poiblí ar an suíomh idirlín ealaionateangabhunaithe.ie. Deineadh fógraíocht leathan sna meáin maidir leis an suíomh agus maidir leis na haighneachtaí agus ceistneoirí am seolta an togra, agus ina dhiaidh sin. Bhí tacaíocht ar fáil ó Bhainisteoir Cumarsáide agus Méain an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta chuige seo, agus fuarthas treoir ó phearsaí eile sa Roinn agus tacaíocht ó bhaill éagsúla an ghrúpa oibre chuige seo.

Bhí feachtas poiblíochta agus feasachta ar leith ann: Bhí seastán eolais ag Oireachtas na Samhna mar a raibh deis ag an bpobal eolas a fháil go neamhfhoirmeálta faoin togra agus ceisteanna a chur, agus eagraíodh cruinniú comhchéime poiblí. Eisíodh preasráitis éagsúla

a ghin clúdach ilghnéitheach sna meáin náisiúnta agus áitiúla. Ritheadh feachtais phoiblíóchta ar TG4, Raidió na Gaeltachta, tuairisc.ie agus The Journal of Music. Anuas ar sin bhí feachtas feasachta ar na meáin shóisialta.

**1. Ransú Litríochta agus Polasaithe**

Mar chéad chéim, deineadh mionransú ar an litríocht a bhain leis an réimse taighde. Sa chás seo cuimsíonn ciall 'litríocht' léamha critice agus plé saineolaithe ar na mórcheisteanna a bhaineann le ETB. San áireamh chomh maith tá polasaithe agus straitéisí ábharthacha (a bhaineann leis na ETB agus na comhthéacsanna éagsúla lena mbaineann na ETB) agus eolas eile (faoi mhaoiniú srl) a bhí ar fáil i gcaipéisíocht eagraíochtaí agus ranna/scéimeanna rialtais agus ar a suímh lín. Tá an cúlra seo fíorthábhachtach agus na hEalaíona Teangabhunaithe á meas. Tarraingíodh ar an eolas ón ransú seo i míreanna 3 –7 agus tugadh sa mheá é sa phlé ar na torthaí taighde.

**2. Grúpaí Fócais/Cruinniú Comhchéime/Deasc Eolais**

Maidir leis na grúpaí fócais, ba le linn Oireachtas na Gaeilge 2019 (10 Samhain 2019 agus 11 Samhain 2019) a reachtáladh na grúpaí fócais. Roghnaíodh an tOireachtas toisc go mbeadh ionadaíocht ann ó réimse ceantar, ó aoisghrúpaí éagsúla agus ó réimsí éagsúla de na hEalaíona Teangabhunaithe ann. Eagraíodh cruinniú comhchéime le páirtithe leasmhara, a raibh cuireadh ag an bpobal ann chomh maith, agus cuireadh ceathrar cleachtóirí faoi agallamh maidir leis na healaíona teangabhunaithe agus a dtaithí siúd. Baineadh úsáid as an gcruinniú comhchéime chun aird an phobail a tharrraingt ar na grúpaí fócais, agus ar na haighneachtaí a bheadh á lorg ag an ngrúpa taighde. Baineadh úsáid as an gcódáil chun teacht ar théamaí a tháinig chun cinn sna grúpaí fócais, agus chuir na téamaí le forbairt ceisteanna sna hagallaimh. Rinne an fhoireann taighde an cruinniú comhchéime agus na grúpaí fócais a fhísthaifeadadh, le cead na rannpháirtithe.[3]

Tarraingíodh roinnt téamaí as na grúpaí fócais, an cruinniú comhchéime agus an Chomhdháil Ceangal I. Rinneadh iad siúd a thras-scríobh, agus a aistriú isteach go sraith

[3] Ba iad cainteoirí an chruinnithe chomhchéime ná Síle Denvir (Conamara/BÁC) amhránaí, saineolaí ar an amhránaíocht, ball den ghrúpa Féar Plé; Ray Mac Mánuis, (Béal Feirste/BÁC) cleachtóir sa drámaíocht agus cumadóir/cleachtóir amhrán/lúibíní/agallamh beirte, áisitheoir ceardlann, Darach Ó Tuairisc (Conamara) aisteoir gairmiúil, Stiúrthóir an chomhlachta drámaíochta Fíbín agus Siobhán Nic Ghaoithín (Dún na nGall/BÁC) Ball de Ghrúpa Tuismitheoirí/Leanaí, Ball de Chonradh na Gaeilge, CLCG, bainteach le Comhaltas Ceoltóirí Éireann, eagraí féilte agus imeachtaí pobail, eagraí Imram na nÓg, Oifigeach Cultúir, iarOifigeach Teanga Ollscoil Theicniúil BhÁC, aisteoir amaitéarach. I ngach cás ba ar bhonn pearsanta a labhair na rannpháirtithe.

ráiteas a chothaigh ceisteanna don Scála Likert. Ba é seo an bonn (i dteannta teámaí a tháinig chun cinn sa ransú litríochta) don cheistneoir/ sonraíocht chainníochtúil.

Ar deireadh bhí deis ag an bpobal ceisteanna a lua go neamhfhoirmeálta ag deasc eolais ar leith, agus breacadh nótaí maidir leis na mórtéamaí a tháinig chun cinn anseo. Cuireadh na nótaí seo san áireamh agus ransú á dhéanamh ar an litríocht/ar pholasaithe.

**3. Ceistneoirí**

Bhain an chéad chuid den cheistneoir leis an rannpháirtíocht, an dara cuid le cleachtóirí/ealaíontóirí, agus an tríú cuid le heagrais. Baineadh úsáid as Scála Likert sa dearadh. Úsáideadh leagan amach Microsoft Forms leis na ceistneoirí a chur ar fáil agus bhí deis iad a líonadh trí nasc díreach tríd an suíomh agus nasc chuig an suíomh sa phoiblíocht. Molann Carey (1992) úsáid a bhaint as *'the natural vocabulary of participants'* agus forbairt téamaí agus ancairí á dtógáil le haghaidh suirbhéanna, agus tugadh é seo, agus comhairle an rialtais faoi fhriotal soiléir sa doiciméad 'Cuir tú féin in iúl' san áireamh i ndearadh na gceistneoirí agus na n-agallamh.

**4. Agallaimh Leathstruchtúrtha**

Tar éis don mheitheal taighde liosta ionadaíoch de na príomhpháirtithe leasmhara a thiomsú, tugadh cuireadh trí ríomhphoist do pháirtithe leasmhara lárnacha dul faoi agallamh. Tugadh san áireamh réimse guthanna ó fhearainn éagsúla na n-ealaíon béil agus ó aicmí éagsúla taithí (cleachtóirí, bainisteoirí, lucht éisteachta, páirtithe leasmhara in eagrais Ghaeilge agus in eagrais eile srl). 31 duine a ghlac páirt sna hagallaimh leath-struchtúrtha seo.

Rinneadh agallaimh a thaifead agus a thras-scríobh. Lorgaíodh cead na rannpháirtithe agus thug an fhoireann taighde rúndacht le fios. Rinneadh na hagallaimh seo i láthair oibre na rannpháirtithe; nó ar an bhfón. Bhí beirt thras-scríbhneoir fostaithe ag an bhfoireann taighde leis an obair seo a thabhairt chun críche. Rinneadh na hagallaimh leath-struchtúrtha a chódáil. Ar an meán, mhair na hagallaimh leath-struchtúrtha 1.5 uair a chloig. Den chuid is mó, 1 rannpháirtí a bhí i gceist, ach bhí agallamh amháin ann inar ghlac 5 rannpháirtí páirt san agallamh. Bhí roinnt eagras/cleachtóirí nár ghlac le cuireadh/cuirí chun agallaimh nó nár thug freagra ar chomhfhreagras. Ba iad Amharclann na Mainistreach an páirtí leasmhar ba mhó proifíl i measc na neagras seo.

**Bailiú Sonraí:**

Tháinig 16 aighneacht isteach ón phobal, idir chleachtóirí agus eagrais. Bhí cuid de na haighneachtaí thar a bheith cuimsitheach agus cuid eile, ba mholtaí gairide a bhí iontu. Bailíodh ábhar ó 31 agallamh leath-struchtúrtha. Líonadh 100 ceistneoir (dátheangach). Cuireadh liosta i dtoll a chéile de na príomhbheartais agus polasaithe a tháinig chun cinn sa ransú litríochta.

**Próiseáil Sonraí: Modhanna Cáilíochtúla agus Cainníochtúla**

Na huirlisí taighde a úsáideadh chun na próiseála ná NVivo, nuair a rinneadh códáil ar na sonraí cáilíochtúla ar comhfhad; foirmeacha Microsoft a rinne próiseáil ar na sonraí cainníochtúla ie freagraí na suirbhéanna; foirmeacha Xcel; SPSS nó IBM SPSS Statistics Version 26. Rinneadh na sonraí cáilíochtúla, na hagallaimh leath-struchtúrtha, na grúpaí fócais agus an cruinniú comhchéime a phróiseáil leis an mbogearra NVivo.

Maidir le torthaí na gceistneoirí, deineadh plé scríofa orthu agus cruthaíodh barrachairteacha mar léiriú grafach ar chuid de na torthaí.

## Mír 3: An Cúlra Stairiúil: Cothú agus Cleachtadh na nEalaíon Teangabhunaithe

Chun staid reatha na nEalaíon Teangabhunaithe agus na tuiscintí a bhaineann leo sa lá atá inniu ann a thuiscint i gceart ní mór scrúdú tapaidh a dhéanamh ar an gcúlra stairiúil a bhaineann leo. Tá na hEalaíona Teangbhunaithe sa Ghaeilge fite fuaite le scéal na teanga féin ach ní hé an teanga an t-aon chomhthéacs a bhaineann leo. Tá leidí le fáil in éabhlóid na téarmaíochta (ó 'éigse' na Gaeilge, go 'folklore' an Bhéarla, go 'litríocht bhéil'/'oral literature' agus ar deireadh 'na healaíona béil') maidir leis na lionsaí éagsúla a cuireadh i bhfeidhm ar théacsanna aithrise na Gaeilge.

*An gaol idir litríocht scríofa agus litríocht bhéil agus feidhmeanna agus fearann na litríochta béil:*

Ba *ina n-ealaíona labhartha a cleachtadh go leor gnéithe de litríocht na Gaeilg*e riamh anall (fiú agus má caomhnaíodh agus má scaipeadh ábhar áirithe trí mheán lámhscríbhinní). Bhain (agus baineann fós) *toise idirghníomhach* leis na healaíona labhartha agus canta: mar sin, níor mhór comhthéacs an tseachadta agus tuiscintí a bhaineann le héisteoirí a thabhairt san áireamh agus ealaíon á mheas (Ó Giolláin 2005; Ó Crualaíoch 1992; Ó Madagáin 1985). Aithnítear gné idirghníomhach chomhpháirtíoch a bheith ag roinnt leis an litríocht bhéil ar bhonn domhanda sa chritic idirnáisiúnta (Ong 1982). D'áitigh Gearóid Ó Crualaoich (1992: 75) gur deacair an cháilíocht liteartha nó chruthaitheacht a bheith á meas gan *'an gort aithne'* a thabhairt sa mheá.

Aithnítear chomh maith *fréamhadh na n-ealaíon seo i bpobail ar leith* agus aithnítear *tionchar sóisialta na n-ealaíon béil* mar thosca a chuireann le comhthathú pobail agus caomhnú agus seachadadh eolais agus oidhreachta (Ó Cadhla 2000; Ó Giolláin 2005). Ba cois tine sa gheimhreadh, amuigh sa ghort nó ar an bportach sa samhradh nó le linn ócáidí oibre/ócaidí sóisialta na fearainn thraidisiúnta inar cleachtadh na healaíona seo in Eirinn (Ó Madagáin 1985), cé go raibh láithreacht ag cuid de na healaíona i bhfearainn níos rachmasaí agus níos foirmeálta le linn thréimhsí áirithe. Ní raibh deighilt ghlan idir litríocht bhéil agus litríocht scríofa: ba mhinic ábhar scríofa á léamh amach nó á reic os ard, agus athsheachadadh déanta ansin ar an scéal nó dán mar ábhar béil.

D'imir cúinsí stairiúla a bhain le himeallú na teanga agus diothú pobail tionchar fadtréimhseach ar an litríocht bhéil. Laghdaigh ar chleachtadh na hamhránaíochta, na filíochta labhartha agus na scéalaíochta Gaeilge tar éis an Ghorta Mhóir ach ag an am céanna tháinig flosc breise chun cuid de na téacsanna béil a bhí i mbaol a gcaillte a thaifead

i bhfoirm scríbhinne. Tháinig deireadh ar fad le roinnt seánraí béil sa Ghaeilge - an caoineadh agus an Laoi Fiannaíochta, mar shampla, cé gur cuid de thraidisiún beo fós canadh na laoithe in Albain anuas go dtí ár ré féin. (Ó Madagáin 1985).

De réir mar a bhí borradh ag teacht ar ghluaiseachtaí Athbheochana tháinig treise leis an gcomhshamhlú idir litríocht bhéil agus féiniúlacht Éireannach/Gaelach. D'fhág seo go raibh na healaíona béil ('an cultúr dúchais') á bhainistiú agus ealaíona béil á meas ón taobh amuigh trí lionsa 'dhioscúrsa an dúchais' (Nic Dhonncha 2019). Mar sin féin tá cleachtóirí áirithe (Gaeltachta agus eile) agus eagrais áirithe tar éis cuid de 'dhioscúrsa an dúchais' a ghlacadh mar chomhthéacs (nó ceann de na comhthéacsanna) dá ngníomhaíochtaí agus dá gcleachtas féin (ibid). Fágann an comhshamhlú seo idir féiniúlacht Ghaelach agus litríocht bhéil chomh maith go bhféachtar uaireanta ar phobail áirithe mar chroíphobail na litríochta béil, seachas fiúntas na n-ealaíon béil a bheith á meas go príomha maidir le critéir eile (critéir aestéitiúla, mar shampla) nó í a bheith á samhlú mar shóchmhainn don mhórphobal, a mbeadh cearta acu teacht a bheith acu uirthi.

*Caomhnú agus craobhscaoileadh na litríochta béil*

Taobh le gnáthchleachtadh na litríochta béil mar chleachtas ealaíne sa teaghlach nó sa phobal tháinig fás ar chomhthéacsanna eile dá plé agus dá cleachtadh. Tháinig géarú ar an obair bhailithe le linn ré na hAthbheochana agus foilsíodh (agus scaipeadh) go leor téacsanna béil in irisí agus nuachtáin eagsúla (Ní Fhlannagáin 1990; Uí Chollatáin 2004). Deineadh bailiú tábhachtach freisin ar ábhar i Meiriceá (Ní Chonghaile 2020). Chuir Conradh na Gaeilge comórtais an Oireachtais agus an chéad fhéile Oireachtais ar bun sa bhliain 1897 agus tugadh aitheantas i bhfoirm duaiseanna agus aitheantas i bhfoirm deiseanna foilsithe/léirithe/reacaireachta do na healaíona béil. Bhronn an tOireachtas gradam as an nua nó gradam níos leithne ar chuid de na healaíona béil agus ar chleachtóirí agus cuireadh tuilleadh ardán ar fáil d'oirfidigh bhéil san feiseanna agus aeraíochtaí áitiúla, contae agus cúige a cuireadh ar bun sna blianta beaga a lean. Bhain gné idirnáisiúnta dhiaspórach leis an gcur chun cinn a rinne Conradh na Gaeilge ar na healaíona béil sa Ghaeilge, agus le maoiniú obair na heagraíochta. Bhí an freastal a rinne an Conradh ar an bpobal thar a bheith ionchuimsitheach agus bhí daoine óga, mná, daoine de chúlraí creidimh agus aicmí sóisialta éagsúla agus daoine níos sine rannpháirteach mar oirfidigh agus mar lucht éisteachta d'imeachtaí a bhain leis na healaíona béil, cé gur fir is mó a rinne obair timireachta agus bailiúcháin (Ní Ghairbhí, 2009; McMahon, 2008).

Cuireadh bonn gairmiúil faoi bhailiú ábhar litríochta béil agus faoi thaighde i ngort an bhéaloidis le bunú Chomisiún Bhéaloideas Éireann. Bhain tábhacht domhanda leis an bhfiontar seo: *'the most important event in the history of folklore in the twentieth century'* (Glassie, 2010, 1). Ina dhiaidh sin tháinig ann do chomharbaí an Choimisiúin: Institiúid Bhéaloideas Éireann (1930-1935), Coimisiún Béaloideasa Éireann (1935-1971), agus Roinn Bhéaloideas Éireann, An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath (1971 - 2005). Ó 2015 i leith déantar riaradh Chnuasach Bhéaloideas Éireann faoi scáth Leabharlann na hOllscoile i gColáiste na hOllscoile Baile Átha Cliath, agus ní mór coinne a dhéanamh le féachaint ar ábhar. Faoi cheannas An Dr. Ríonach Uí Ógáin, Stiúrthóir an Chnuasaigh ag an am, cuireadh dlús le digitiú ábhar an chnuasaigh trí thogra digitithe ar leith agus is é an suíomh dúchas.ie an toradh a bhí ar an togra digitithe. Bunaíodh Fondúireacht Bhéaloideas Éireann sa 2015, le cinntiú go leanfaidh obair an Chnuasaigh ar aghaidh agus go mbeidh sé ar fáil ag an saol mór (Tuairisc.ie, 22/10/2015).

*Earraí statacha agus ealaíona beo*

Mar ghníomh tarrthála a samhlaíodh an obair a rinne lucht bailithe na litríochta béil le linn thréimhsí áirithe san aimsir chaite ach bhí scoláirí áirithe ann i gcónaí a dhírigh ar an ábhar mar acmhainn a bhféadfadh feidhm níos dinimiciúla roinnt leis. Tá tosaíocht ag an dara béim sa tuairisc seo, ós 'ealaíona' 'teangabhunaithe' a luaitear ach tugtar san áireamh chomh maith ról an léinn agus ról cartlann. Ní miste a lua ó thús go bhfuil tuiscintí ar na hEalaíona Teangabhunaithe (in eagraíochtaí áirithe agus i réimsí áirithe léinn, mar shampla) fós faoi réir ag tuiscintí faoi fheidhm nó luach oidhreachtúil chuid de na healaíona seo. I gcás na scéalaíochta, tugann formhór na léamha critice aghaidh ar scéalaithe a bhí ann fadó agus pléitear lena scéalta mar earraí statacha stairiúla.

Ó na caogaidí ar aghaidh is minicí a cuireadh toisí sóisialta san áireamh agus a deineadh an litríocht bhéil a phlé mar réimse de chuid na n-eolaíochtaí sóisialta seachas mar oidhreacht le caomhnú nó seachas mar ghné statach den stair. Leagadh níos mó béime ar ghnéithe seachtéacsúla den litríocht bhéil agus cuireadh san áireamh láithreoir agus lucht éisteachta. Tá borradh ar leith go hidirnáisiúnta ar Léann an Taibhléirithe (Performance Studies) mar chreatlach staidéir agus anailíse sna healaíona láithrithe ó na seachtóidí (Schechner 2013, Magnat 2011). Leagann Léann an Taibhléirithe béim ar an gcleachtas agus ar phobail rannpháirtíochta.

Bhí tuiscintí ar na healaíona béil traidisiúnta mar ghníomhaíochtaí a raibh pléisiúr aeistéitiúil agus feidhm shóisialta ag baint leo i gceist ag tréimhse luath i gcás thráchtairí

agus eagraíochtaí áirithe Gaeilge. Féach, mar shampla, cur chun cinn na n-ealaíon seo i bhfearainn chomhluadracha mar fheiseanna, léirithe drámaíochta agus cheolchoirmeacha. Uaireanta ba taobh le tuiscintí ar thábhacht na litríocht bhéil mar oidhreacht liteartha stairiúil nó sainchomhartha féiniúlachta a tharla an cur chun cinn seo, agus is minic an dá thuiscint in éineacht fós (Féach, mar shampla, Ní Ghairbhí 2017; Costello 2015, Nic Dhonncha 2019). Gan dabht bhí a bhfearainn féin láithrithe agus éisteachta ag cleachtóirí agus ag pobail ar leith ETB na Gaeilge i gcaitheamh an ama, fearainn a bhí beag beann go minic ar theoiricí lucht léinn. Bhí agus tá cuid den smaointeoireacht is forbartha faoi cleachtadh na nealaíon béil Ghaeilge ar siúl ag daoine ar cleachtóirí iad féin.

*An drámaíocht- réimse ar leith de na hEalaíona Teangabhunaithe*

NÓTA: Leis an nua-aois a bhaineann drámaíocht na Gaeilge cé gurbh ann do dhrámaí dúchais suas go dtí aimsir an Ghorta (Ní Ghairbhí 2017). Baineann gné dhrámata freisin le láithriú ghnéithe den chultúr dúchais - an Dreoilín, na Strawboys, na Cleamairí agus agallaimh bheirte/lúibíní, mar shampla, agus an scéalaíocht. Anuas ar léirithe gairmiúla nó leathghairmiúla in Amharclann na Mainisteach, an Taibhdhearc agus amharclanna eile, bhí ról fíorthábhachtach ag cumainn amaitéaracha maidir le drámaí Gaeilge a chur ar fáil do phobail éagsúla, agus bhí an gréasán cumann amaitéarach níos fairsinge agus níos ilghnéithí san aimsir chaite.

## Mír 4: An lá atá inniu ann

## Téamaí don Phlé: An Comhthéacs Náisiúnta agus Idirnáisiúnta

Tá ceangal na n-ealaíon traidisiúnta le féiniúlacht Ghaelach/Éireannach fréamhaithe i stair uathúil na hÉireann agus tá baint ag an gcomhshamhlú seo leis an imeallú agus an bascadh a deineadh ar an gcultúr dúchais. Anuas ar an luach oidhreachtúil a shamhlaítí tamall leis an litríocht bhéil (agus a shamhlaítear fós léi), tá critéir eile tar éis teacht chun cinn agus tábhacht agus feidhm na n-ealaíon béil/na n-ealaíon teangabhunaithe á meas (Costello 2015; Ó Giolláin 2000).

Sá lá atá inniu ann bíonn na healaíona, na cleachtóirí agus na heagrais a bhaineann leo ag feidhmiú ar bhonn ealaíne agus ar bhonn sóisialta i gcomhthéacsanna éagsúla áitiúla, réigiúnacha, naisiúnta agus domhanda agus go deimhin i bhfearainn nua a cheadaíonn an nuatheicneolaíocht. Baineann na healaíona teangabhunaithe, a gcleachtadh agus a lucht éisteachta anois le saol nua ilchultúrtha atá faoi réir ag fórsaí domhandaithe.

Tá an t-athrú béime seo le brath sa téarmaíocht féin go háirithe maidir le húsáid an téarma 'ealaíona' seachas 'litríocht' i gcomhthéacs na tuairisce seo agus i gcomhthéacs na straitéise atá le ceapadh. Tá struchtúir náisiúnta, struchtúir Eorpacha agus struchtúir domhanda ina gcomhthéacs breise do na hEalaíona Teangabhunaithe. Baineann cuid de na struchtúir seo le hoidhreacht ach baineann cuid eile acu leis an gcruthaitheacht, leis an tsochaí, leis an eacnamaíocht agus leis an gcultúr ar bhonn níos ginearálta.

### 4.1 Comhthéacs na Teanga

Tá comhthéacs na Gaeilge mar chomhthéacs tábhachtach don phlé ar na hEalaíona Teangbhunaithe. Tá mioneolas ar fáil ón bPríomhoifig Staidrimh faoi chainteoirí Gaeilge. 1,761,420 duine an líon iomlán daoine i bPoblacht na hÉireann (3 bliana d'aois agus os a chionn) a mhaígh go raibh cumas labhartha sa Ghaeilge acu i mí Aibreáin 2016. Dá mba fhigiúr cruinn é sin b'ionann é sin agus 39.8 faoin gcéad den daonra: ar an mbonn is simplí is ráiteas dea-thola é. Is lú ná an figiúr sin go mór, áfach, líon na ndaoine a dúirt gur cainteoirí laethúla agus seachtainiúla iad agus tá líon na ndaoine a dúirt gur cainteoirí rialta iad tite ó bhí daonáireamh 2011 ann. I gContae na Gaillimhe a bhí an líon is airde daoine a mhaígh go raibh cumas labhartha Gaeilge acu, 49 %. Fiú agus í á áireamh mar cheantar ina raibh céatadán íseal daoine a dúirt go raibh cumas labhartha Gaeilge acu, fós féin bhí 370,116 duine a mhaígh go raibh cumas labhartha sa Ghaeilge i gcathair Átha Cliath agus a bruachbhailte. Is mó an céatadán cainteoirí Gaeilge sna mórchathracha eile (Gaillimh, Corcaigh agus Luimneach) ná mar a fhaightear ins na bailte beaga. Is iad ceantair tuaithe

na limistéir is airde cainteoirí Gaeilge (ó thaobh céatadáin) ar fad. I gcontaetha a bhain le Cúige Chonnachta agus Cúige Mumhan a bhí an céatadán is airde cainteoirí. Cé gur i gcathair na Gaillimhe atá an céatadán is airde de dhaoine a dúirt gur cainteoirí Gaeilge iad (as measc na gcathracha) (41.4%), níl an chathair sin ach píosa beag chun tosaigh ar Chorcaigh maidir le céatadán cainteoirí (40.4%). Tríd is tríd, bhí leibhéal níos airde oideachais ag na daoine a dúirt gur cainteoirí laethúla Gaeilge iad ná mar a bhí ag an bpobal i gcoitinne. Bhí céim tríú leibhéal ar a laghad ag 49 faoin gcéad acu seo, i gcomparáid le 28.5 faoin gcéad den phobal i gcoitinne.

> Bhí 96,090 duine ina gcónaí i limistéir Ghaeltachta i mí Aibreáin 2016. As a measc siúd, chuir 63,664 dhuine (66.3%) in iúl go bhfuil Gaeilge labhartha acu. Ba laghdú 2,574 dhuine é sin ón bhfigiúr don bhliain 2011
>
> (An Príomhoifig Staidrimh, Suíomh lín)

Tá céatadán níos airde ná an meán de mhúinteoirí bunscoile/oideachasóirí réamhscoile a dúirt gur cainteoirí taobh amuigh den scoilchóras iad (7.8% ar bhonn laethúil, 4.4% ar bhonn seachtainiúil). Claonadh spéisiúil eile atá le feiscint sna torthaí daonáirimh ná gur líonmhaire na mná a mhaígh go raibh cumas labhartha Gaeilge acu ná líon na bhfear a mhaígh go raibh cumas labhartha Gaeilge acu (55% den líon iomlán daoine a dúirt go raibh cumas labhartha Gaeilge acu, ba mhná iad).

*Ceantair Ghaeltachta*

Maidir le ceantair Ghaeltachta, tá titim i líon na gcainteoirí le sonrú ó 2011. Mhaígh 63,664 (66.3%) den 96,090 duine a bhí ag cur futhú i gceantar Gaeltachta go raibh labhairt na Gaeilge acu, titim ó 68.5% sa bhliain 2011. Léiríonn an daonáireamh gur líonmhaire go mór céatadán na gcainteoirí Gaeilge i gceantair áirithe Gaeltachta (Dún na nGall agus Conamara) seachas ceantair eile (Uíbh Ráthach, mar shampla).

*Dearcadh an phobail*

Tá eolas luachmhar faoi dhearcadh pobal éagsúil agus dearcadh an mhórphobail i dtaobh na Gaeilge sa doiciméad Attitudes to Irish, a choimisiúnaigh Foras na Gaeilge agus a foilsíodh sa bhliain 2015. Thug an taighde le fios go bhfuil dearcadh dearfach ag 67% den phobal ó dheas agus 45% den phobal ó thuaidh i leith na Gaeilge'. (Aithnítear go forleathan, áfach, gur tacaíocht 'bhog' cuid den tacaíocht seo agus céatadán mór den phobal atá bách leis an nGaeilge gan a bheith forghníomhach mar gheall uirthi. ) Dar le Darmody agus Daly, údair Attitudes to Irish, easpa deiseanna úsáide is cúis le céatadán ard daoine le cumas labhartha Gaeilge gan a bheith ag labhairt na Gaeilge fiú ar bhonn seachtainiúil.

> The lack of opportunity to speak Irish may be one of the more prevalent reasons for not using Irish more regularly with three-quarters of respondents with Basic fluency (75 per cent) and almost half of respondents with advanced fluency (45 per cent) indicating that that people in their circle do not use Irish.
>
> (Darmody and Daly, 2015)

Cuireann daonáireamh 2016, Attitudes to Irish agus doiciméid eile faoi iompar teanga eolas luachmhar ar fáil faoi acmhainní agus claonta teanga an phobail, scéal is gá a thabhairt sa mheá agus plé á dheánamh ar Ealaíona Teangabhunaithe na Gaeilge. Tiocfaidh an cúlra sochtheangeolaíoch seo i gceist chomh maith in aon phleanáil teanga a chuimseodh Ealaíona Teangabhunaithe na Gaeilge.

## 4.2 Comhthéacs na nEalaíon trí chéile

Le pictiúr cruinn a fháil den chomhthéacs lena mbaineann siad, is gá ealaíona béil na Gaeilge a lonnú i gcomhthéacs na n-ealaíon trí chéile. Tá an dearcadh i dtaobh ról na nealaion ag síorathrú. Ó na nóchaidí ar aghaidh, tháinig leathnú ar leith ar an tuiscint go raibh tábhacht seachchultúrtha ag baint leis na healaíona; go n-imríonn a gcleachtadh agus a gcothú tionchar dearfach ar fhorbairt eacnamaíochta, shóisialta agus chultúrtha (Borrup 2007: 16). Aithnítear an tionchar níos leithne seo i bpríomhbheartais móreagraíochtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta mar Unesco agus Creative Europe (Unesco 2005: 1-4, An tAontas Eorpach 2019). Aithníodh tionchar agus tábhacht ilghnéitheach 'ealaíona traidisúnta' na hÉireann (a chuimsigh amhránaíocht agus scéalaíocht) agus a dtionchar uathúil i dtuairisc de chuid Chomhaltas Ceoltóirí Éireann sa bhliain 2001:

> The traditional arts should be an enriching part of the lives of Irish people everywhere, particularly our young people; they should be a living, highly visible and vibrant part of society; they should be easily accessible to all; and their unique social, cultural and economic benefits should be fully realised by communities and individuals throughout the country and in Irish communities abroad.
>
> (Comhaltas Ceoltóirí Éireann 2001: 4)

Le blianta beaga anuas tá aitheantas as an nua tugtha do thábhacht na n-ealaíon ar bhonn iomlánaíoch i mbeartais éagsúla rialtais anseo in Éirinn. Leag Acht na nEalaíon (The Arts Act) 2003 freagrachtaí éagsúla ar leith ar an Rialtas, agus freagrachtaí ar leith ar an gComhairle Ealaíne agus ar chomhlachtaí poiblí (public bodies) maidir leis na healaíona. Leag an Acht freagrachtaí áirithe ar údaráis áitiúla sainphleanáil a dhéanamh i leith na n-ealaíon. Dhearbhaigh an Acht chomh maith gur ghá do chomhlachtaí poiblí ('public bodies') polasaithe rialtais a bhaineann leis na healaíona a thabhairt san áireamh agus iad ag comhlíonadh aon fheidhmeanna dá gcuid a bhainfeadh leis na healaíona.

## 4.3 Múnlaí Maoinithe

Aithnítear go hidirnáisiúnta gur grúpa saineolaithe sa réimse agus/nó ionadaithe ó eagraíochtaí atá bainteach le togra is cóir cinneadh a dhéanamh maidir le maoiniú. Dar le D'Andrea (2017: 240) nach n-éiríonn i gcónaí le córais maoinithe soláthar a dhéanamh don chaighdeán ealaíona toisc go dtógtar gnéithe seachealaíona san áireamh agus cinneadh á thógaint.

Is minic freisin gurb í an earnáil chruthaitheach is túisce go ngearrtar ciorruithe suntasacha uirthi nuair a bhíonn eacnamaíocht faoi bhrú (Schatteman & Bingle 2017: 35). Bíonn tionchar tromchúiseach eacnamaíochta agus sláinte i gceist nuair a ghearrtar siar ar na healaíona (Cohen, Schaffer & Davidson 2003: 6, McConville 2018). Aithnítear gurb é an dúshlán is coitianta a bhíonn ag eagrais ealaíona ná a gcuid tosaíochta a thabhairt i gcrích faoi shrian acmhainní teoranta (Tonks 2016, Rosewall 2014).

In Éirinn, tá impleachtaí ag Acht na nEalaíon (2003) do mhúnlaí maoinithe, ón uair go leagann an Acht sin dualgas reachtúil ar eagrais stáit polasaithe rialtais a thabhairt san áireamh agus iad ag comhlíonadh a bhfeidhmeanna.

Tá eolas faoi struchtúir agus conairí maoinithe (reatha agus féideartha) do ETB san iniúchadh (Mír 6 agus san aguisín).

## 4.4 An Comhthéacs Eacnamaíoch: ceist an tionchair

Tá leathnú tagtha ar thuiscintí maidir le tionchar na n-ealaíon agus tá plé déanta ag criticeoirí éagsúla ar theacht chun cinn *'tionscal cultúir'* agus *'tionscal cruthaitheach'* Tá éagsúlacht tuairimí ann maidir leis an nuacheangal seo idir cultúr agus eacnamaíocht agus aitheantas tugtha do na rioscaí agus na deiseanna a bhaineann leis (Hesmondhalgh & Pratt 2005). Is minic tús áite á thabhairt don ghné eacnamaíoch seachas do ghné an chultúir. Go deimhin tarraingíonn Schlesinger aird ar an *'sheer pervasiveness of creativity discourse as a synonym for dynamism, growth, talent formation and national renewal'*. Baineann dúshláin ar leith le cás cleachtóirí i gceantair tuaithe agus tráchtann McMahon *et al* ar:

> ...the fragmented and vulnerable nature of the arts in the rural, reflecting the need for more empowering discourses of the arts and forms of arts organization emerging primarily from the local level as part of wider sustainability agendas.
>
> (McMahon et el, 2018)

Aithníonn Walmsley (2011) go bhfuil dúshláin ar leith i gceist do réimsí áirithe de na healaíona ó thaobh mhúnlaí gnó de. I réimse an cheoil (réimse na hamhránaíochta i gcomhthéacs na tuairisce seo), tá claochlú tagtha ar na fearainn dhíolta, agus múnlaí nua

mar chomhbhailitheoirí (‘aggregrator’- múnlaí a dhíolann céatadán leis an oirfideach agus ceol á roinnt ar an idirlíon) ag teacht chun cinn.  Níl ag éirí chomh maith sin níos mó le seanmúnlaí margaíochta mar bholscaireacht shaindírithe agus moltar d’eagraíochtaí ealaíne cur chuige níos fadtréimhsí a chleachtadh a bheadh bunaithe ar chaidreamh leanúnach a chothú le lucht éisteachta (Walmsley 2019).

Tá tugtha faoi deara ag tráchtairí éagsúla go bhfuil aeráid freagrachta ar leith i bhfeidhm ag leibhéal na n-eagras ealaíona a fhaigheann maoiniú leanúnach stáit (Flew 2019: 176, Schatteman & Bingle 2017: 35). Bíonn gá le beartais straitéiseacha agus cuntais éifeachtúla airgid le fianaise a chur ar fáil go bhfuil spriocanna na n-eagras á mbaint amach agus go bhfuil luach an airgid stáit á bhaint amach (Rosewall 2014).

### 4.5 Na hEalaíona Teangabhunaithe agus An Chruthaitheacht

Tá dlúthnasc idir na healaíona teangabhunaithe agus an chruthaitheacht. In Éirinn tá d’aidhm ag na polasaithe agus straitéisí náisiúnta éagsúla an chruthaitheacht, na healaíona agus an cultúr a chur chun cinn ar bhealach comhtháite (Éire Ildánach 2017 - 2022, Cultúr 2025). Féachtar ar an gcleachtóir féin agus ar an lucht éisteachta mar chuid de chontanam nó plána na cruthaitheachta sna cláir seo; fráma don phlé a thagann le léamha lucht teoirice (Sternberg 2016 & Glaveanu 2014).

Is gá ról an phobail féin a théann i dteagmháil leis an ngníomh cruthaitheach a thógaint san áireamh. Amabile (2018) agus Ó Crualaoich (1984).

## Mír 5: An Tírdhreach Beartais agus Pleanála do na hEalaíona Teangabhunaithe: Peirspictíochtaí Náisiúnta agus Idirnáisiúnta

Nóta: Tá aitheantas sa litríocht idirnáisiúnta do ról nua na dtionscal ealaíne agus do thionchar straitéisí ealaíne. Faoi théarmaí Acht na nEalaíon tá dualgas reachtúil ar eagrais stáit polasaithe rialtais a thabhairt san áireamh agus iad ag comhlíonadh a bhfeidhmeanna. (Ní miste a aithint nach ceangal docht chun gnímh rud a 'thabhairt san áireamh'.) Tugadh faoi deara sa taighde go bhfuil éagsúlacht an-mhór ann maidir le feasacht eagras faoin tírdhreach beartas agus pleanála i réimse na nEalaíon Béil Teangabhunaithe trí chéile. I ngeall ar sin socraíodh plé substaintiúil a dhéanamh ar an tírdhreach beartais agus pleanála sa mhír seo.

### 5.1 Na Beartais Náisiúnta

Tá na healaíona teangabhunaithe agus cruthaitheacha ina ngnéithe lárnacha de bheartais éagsúla de chuid Rialtas na hÉireann. Tugann an plean náisiúnta don gcruthaitheacht Éire Ildánach (2017 – 2022) aitheantas do ról na n-ealaíon cruthaitheach i bhforbairt iomlánaíoch shaoránach na tíre. Leagann an plean seo béim ar na buntáistí sláinte, forbartha agus eacnamaíochta a ghabhann lena bheith páirteach sa chruthaitheacht. Tá plé sainiúil déanta ar mhianach na n-ealaíon cruthaitheach i mbeartais éagsúla eile: Tionscadal Éireann 2040, Cultúr 2025: Creatbheartas Náisiúnta Cultúir: Cultúr 2025 (Rialtas na hÉireann 2020), An Plean Gníomhaíochta don Ghaeilge (2018 – 2022), Fíorú Acmhainneacht na Tuaithe: Plean Gníomhaíochta d'Fhorbairt Tuaithe (Rialtas na hÉireann 2017). Tugann straitéis na Comhairle Ealaíne *'Saothar Ealaíne Iontach a Tháirgeadh (2016 – 2025)'* faoi fhís uileghabhálach a chur chun cinn do na healaíona in Éirinn ina mbeidh na healaíona mar dhlúthchuid d'fhéiniúlacht áitiúil agus náisiúnta shaoránach na tíre. Cuireann an straitéis roimhe go bhféachfar ar na healaíona mar shiombail luachmhara dár n-inniúlachtaí cruthaitheacha mar náisiún.

**Éire Ildánach (2018 - 2022) ('Creative Ireland')**

Is tionscnaimh chúig bhliana uile-Rialtas, ó 2017-2022, é Éire Ildánach, a bhfuil sé mar aidhm aige an chruthaitheacht a chur i gcroílár beartais phoiblí na tíre. Faoi scáth an Roinn Meán, Turasóireachta, Ealaíon, Cultúir, Spóirt agus na Gaeltachta atá an clár á riaradh. I bpáirt le páirtnéirí éagsúla a chuirtear i bhfeidhm fís agus tionscnaimh Éire Ildánach. I measc na bpáirtneirí seo tá gníomhaireachtaí Rialtais, eagraíochtaí Stát, údaráis áitiúla, eagraíochtaí eile agus daoine aonair. Is í an aidhm atá ag Éire Ildánach ná tacú le tionscnaimh a chruthaíonn rannpháirtíocht i ngníomhaíocht chultúrtha cruthaitheacht

phearsanta mar aon le cruthaitheacht chnuasaitheach a spreagadh agus a éascú. Baineann buntáistí éagsúla dearfacha le cur chun cinn na cruthaitheachta, idir bhuntáistí eacnamaíochta, sóisialta agus sláinte (Éire Ildánach 2017). Tá cúig thosaíocht ag an gclár:

(1) Leanaí agus an Óige: Cumas Cruthaitheach gach Linbh agus Duine Óig a Chumasú

(2) Pobail Chruthaitheacha: Cruthaitheacht i ngach Pobal a Chumasú.

(3). Tionscail Chruthaitheacha: Éire mar Ionad Sármhaitheasa don Chruthaitheacht

(4). Infheistíochtaí Cultúrtha: Ag Infheistiú inár mBonneagar Cruthaitheach agus Cultúrtha.

(5). Cáil Dhomhanda: Náisiún Cruthaitheach agus Cultúrtha.

Tá béim ar leith ag an gclár ar chomhoibriú agus ar fheidhmiú laistigh de reimse beartas. Tar éis phróiséas comhairliúcháin a tharla sa bhliain 2017 aithníodh

> ... an gá le comhoibriú níos mó chun tacú le forbairt éiceachórais cruthaitheachta - comhoibriú laistigh de réimse ceaptha beartais agus riaracháin an rialtais náisiúnta agus an rialtais áitiúil, idir cineálacha éagsúla ealaíne, idir gairmithe amhail ealaíontóirí agus múinteoirí, agus idir an líon mór gníomhaithe ealaíon agus pobail ar fud na tíre.
>
> (Óige Ildánach 2018: 30)

Aithníonn Éire Ildánach an gá le líonraí comhoibríocha níos daingne agus níos leithne a fhorbairt mar 'phríomhthasc' (Plean Óige Ildánach). Tá impleachtaí ag acmhainní Gaeilge agus saineolas eagras pairtnéireachta Éire Ildánach go ginearálta do thionscnaimh, eagraíochtaí agus do chleachtóirí Gaeilge ar mian leo bheith bainteach leis an gclár. Ar an gcaoi chéanna, tá deiseanna á gcur ar fáil tríd an gclár a bhféadfadh cleachtóirí le Gaeilge cur isteach orthu.

### Tionscadal Éireann 2040

Mar chuid de bheartas caipitil an Rialtais 'Tionscadal Éireann 2040', foilsíodh an fo-bheartas 'Infheistíocht inár gCultúr, inár dTeanga & inár nOidhreacht Investing in our Culture, Language & Heritage 2018-2027' (2018: 5-6) ina leagtar síos na tosaíochtaí atá aitheanta ag an rialtas maidir leis an gcultúr agus an teanga. Tugtar suntas sa cháipéis do lárnacht na cruthaitheachta agus na healaíona i bhforbairt iomlánaíoch an tsaoránaigh agus mar sprioc uile-rannach ag an rialtas. Tugtar geallúint infheistíochta sa chlár go dtiocfaidh méadú ar an gcaiteachas caipitiúil ar réimse an chultúir, na teanga agus na hoidhreachta ó €54m sa bhliain 2018 go dtí €110m sa bhliain 2021, sin méadú 100%. Anuas ar seo, gealltar go n-infheisteofar €46m i bhforais chultúir náisiúnta agus cuirfear €40m ar fáil ar bhonn áitiúil d'fhorbairt infreastruchúr ealaíon agus cultúir ar fud na tíre.

**Cultúr 2025: Creatbheartas Náisiúnta Cultúir go dtí an bhliain 2025 (Rialtas na hÉireann 2020)**

Tógann an creatbheartas seo ar na príomhbheartais atá ag feidhmiú cheana i leith an chultúir agus na cruthaitheachta sa tír – Éire Ildánach (2017 – 2022), Tionscadal Éireann (2025), An Straitéis Fiche Bliain don Ghaeilge (2010 – 2030) agus An Plean Gníomhaíochta don Ghaeilge (2018 – 2022). Cuireann an beartas seo roimhe fís uileghabhálach a chur in iúl d'fhorbairt agus do chothú na cruthaitheachta ag an rialtas. Cuireann an beartas roimhe go mbeidh bheith istigh ag an gcultúr agus ag an gcruthaitheacht i ngach roinn agus rannóg den rialtas (Rialtas na hÉireann 2020: 7). Tá trí phrionsabal ar leith a threoraíonn fís an chomhbheartais seo:

> (1) Aitheantas d'fhiúntas an chultúir don duine agus don sochaí.
>
> (2) Bonn treise a chur faoi shaothrú na cruthaitheachta agus faoi rannpháirtíocht i gcúrsaí cultúir
>
> (3) An oidhreacht cultúir a chothú
>
> (Rialtas na hÉireann 2020: 9)

Is é an comhartha tiomantais is mó a shonraítear ann ná go ngealltar go ndéanfar an infheistíocht a dhéantar ar an gcruthaitheacht a dhúbailt faoi 2025, anuas ar an infheistíocht chaipitil a ardú go €1.2 billiún mar a ghealltar san fho-straitéis faoi Tionscadal Éireann 2040 'Infheistíocht inár gCultúr, inár dTeanga & inár nOidhreacht' (Rialtas na hÉireann 2018).

**Fíorú Acmhainneacht na Tuaithe: Plean Gníomhaíochta d'Fhorbairt Tuaithe (2018 - 2022)**

Tá aitheantas tugtha do ról na cruthaitheachta agus an chultúir sa Plean Gníomhaíochta d'Fhorbairt Tuaithe. Díríonn colún a ceathair; 'An Cultúr agus an Chruthaitheacht' ar an tábhacht a bhaineann le cultúr agus leis an gcruthaitheacht a chur chun cinn do phobail tuaithe mar acmhainn eacnamaíochta, sláinte agus forbartha. Mar chuid d'obair Éire Ildánach, tugtar tiomantas do mhoil chruthaitheachta agus foirne cultúir a bhunú i gceantair tuaithe na tíre a rachaidh *'chun tairbhe ar leith do phobail tuaithe, a dtabharfar spreagadh dóibh páirt a ghlacadh sa chultúr ina bpobal féin'* (Rialtas na hÉireann 2017: 58). Luaitear scéimeanna reatha na Comhairle Ealaíne agus gealltar méadú a dhéanamh ar an mbuiséad a thacaíonn le féilte beaga trí scéim na bhféilte. Tugtar le fios go ndéanfar cistiú

a sholáthar d’Ealaín na Gaeltachta *‘chun an chruthaitheacht agus na healaíona a chothú sa Ghaeltacht’* (2017: 60). Ní dhéantar aon trácht sonrach, áfach, ar an gcur chuige a bhainfidh lena leithéid.

**An Plean Gníomhaíochta don Ghaeilge (2018 - 2022)**

Tugann an Plean Gníomhaíochta don Ghaeilge (2018 – 2022) faoi cheist na healaíne go sonrach agus leagtar síos spriocanna agus beartais intomhaiste. Luaitear ar bhealach sonrach luach na n-ealaíon do shaol shaoránach na tíre agus d’fhorbairt eacnamaíochta sa cháipéis. Pléitear feidhm agus nuálaíocht an chláir ‘Éire Ildánach’ agus tugtar a gcuid spriocanna chun cinn ina ráitis féin.

Féachtar ar an gcultúr, ar na healaíona, ar an teicneolaíocht agus ar an teanga mar chuid de shlabhra uileghabhálach. Is suntasach na geallúntais le dealramh a thugtar do chothú na n-ealaíon agus do chur chun cinn na dtionscal cruthaitheacha sa cháipéis seo. Luaitear go sonrach go gcaithfear maoiniú caipitil tríd an gClár Tacaíochta Pobail agus Teanga ar ionaid ealaíne agus ar scoileanna, ar mhaithe leis an gcruthaitheacht a chur chun cinn trí chlár Éire Ildánach (Rialtas na hÉireann 2018: 64). Gealltar go dtabharfar breis acmhainní d’Ealaín na Gaeltachta chun *‘clár forbatha a sholáthar i gcomhar le páirtithe leasmhara a bheidh dírithe ar chur chun cinn na nealaíon Gaeilge agus Gaeltachta’* (ibid 2018: 63). Tugann an Plean Gníomhaíochta faoi nasc sonrach a chruthú idir cothú na n-ealaíon, an próiséas pleanála teanga sa Ghaeltachta agus an Polasaí don Oideachas Gaeltachta (2017 – 2022). Gealltar go gcuirfear *‘tacaíocht bhreise’* ar fáil chun na nascanna seo a fhorbairt amach anseo (ibid 2018: 66).

**Na hEalaíona Ní Cuma Leo (sic) (An Comhchoiste um Chultúr, Oidhreacht agus Gaeltacht 2019)**

Thiomsaigh An Comhchoiste um Chultúr, Oidhreacht agus Gaeltachta an Tuarascáil ‘Na hEalaíona: Ní Cuma Leo’ (2019). Tugadh cuireadh do 30 ionadaí ó réimse na n-ealaíon fianaise a chur ar fáil. Bhéimnigh siadsan an gá le:

> tiomantas níos láidre ag leibhéal beartais an Rialtais, láithreacht níos mó ag oifigigh ealaíon i gceantair áitiúla agus réigiúnacha, go leor maoinithe do chomhlachtaí maoinithe ealaíon, tionscnaimh san oideachas, rochtain ar na healaíona do chách, straitéisí ealaíon níos láidre don Ghaeilge, oideachas ealaíon ó aois an-óg, agus dreasachtaí cánach feabhsaithe chun cabhrú leo siúd ar mian leo cur leis na healaíona.
>
> (An Roinn Cultuir, Oidhreachta agsu Gaeltachta, 2019: 5)

Tugann an tuarascáil le fios nach leor maoiniú reatha na nealaíon in Éirinn. Moltar sa tuarascáil maoiniú do na healaíona trí chéile a mhéadú. Thug an Tuarascáil le fios go raibh

an Ghaeilge fágtha *'in áit na leathphingine fad agus a bhaineann leis na healaíona'* agus ba heart *'go mbeadh tús áite ag an nGaeilge sna healaíona'* (ibid 2019: 14):- níor cuireadh ach 3% den mhaoiniú náisiúnta iomlán ealaíona ar fáil don Ghaeilge i 2018 (Na hEalaíona – Ní Cuma leo: 81). Tugtar aitheantas don Ghaeilge mar cheann de na gnéithe is tábhachtaí den chultúr náisiúnta, agus moltar straitéisí ealaíona níos láidre don Gaeilge a chruthú (ibid:6). Agus na sraitheanna éagsúla maoinithe atá ar fáil d'ealaíona na Gaeilge a mhéadú. Moltar eagraíocht a bhunú a bheadh freagrach as maoiniú a aimsiú d'ealaíona na Gaeilge go náisiúnta. Idir an dá linn, molann an tuarascáil níos mó comhoibrithe idir na heagraíochtaí uile atá freagrach as an nGaeilge. Ceistíonn an tuarascáil an fáth nach bhfuil eagraíochtaí náisiúnta á spreagadh le breis saothair/soláthair a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge. Thug an tuarascáil le fios go raibh buailte ag an gComhairle Ealaíon le Foras na Gaeilge lena sainfhreagrachtaí a phlé (ibid: 23).

Seo thíos na moltaí sonracha a rinne an tuarascáil maidir leis na healaíona Gaeilge::

> Go bhféachfaí ar na healaíona mar dhlúthchuid den phróiseas náisiúnta pleanála teanga.
>
> Go gcuirfeadh An Chomhairle Ealaíon deireadh láithreach le hiarratais i nGaeilge a aistriú go Béarla mar chuid den bpróiseas measúnachta do dheontais.
>
> Go ndéanfadh an Chomhairle Ealaíon maoiniú mar is ceart ar na healaíona Gaeilge chun ealaíontóirí, scríbhneoirí, léiritheoirí, aisteoirí agus déantúsóirí le Gaeilge a mhealladh ar ais i dtreo na healaíona Gaeilge.
>
> Go dtiocfadh roinnt de na heagraíochta ealaíona Gaeilge le chéile chun comhiarratais a ullmhú ar mhaoiniú as a mbainfeadh tograí i nGaeilge an tairbhe is mó.
>
> Maoiniú mar is ceart a dhéanamh ar na healaíona Gaeilge chun ealaíontóirí a mhealladh ar ais i dtreo na nEalaíona Gaeilge.
>
> Bíodh maoiniú ar leith d'eagraíocht a bhunú nach mbeadh ach mar dhualgas air ach reachtáil na n-ealaíon uile Gaeilge sa tír.
>
> Réimse iomlán na n-ealaíon trí Ghaeilge a bheith ar fáil do phobail na Gaeilge ina bpobail féin, agus ealaíona trí Ghaeilge le forbairt sna pobail nua Ghaeilge atá ag teacht chun cinn sa tír.
>
> (ibid 2019: 9)

Tugadh le fios in Na hEalaíona: Ní Cuma Leo go raibh laghdú mór tagtha ar mhaoiniú Fhoras na Gaeilge agus Údarás na Gaeltachta faoi 2019 agus nach raibh á chaitheamh ar an nGaeilge sa bhliain 2019 ach an méid chéanna a bhí á caitheamh in 2008. Tá meadú de bheagán tagtha ar mhaoiniú na n-ealaíon ó bhí 2019 ann.

Leag Na hEalaíona: Ní Cuma Leo béim freisin ar chiorruithe a deineadh ar bhuiséad Ealaín na Gaeltachta agus chuir sé suntas sa mhíréir a bhain le comhroinnt buiséad Fhoras na Gaeilge i gcomparáid leis an gComhairle Ealaíon, dar le húdair na caipéise:

> …má théitear siar go dtí 2002, tá comparáid 1:2 idir maoiniú d'Fhoras na Gaeilge agus don Chomhairle Ealaíon, is é sin €19 milliún versus €34 mhilliún. Sa lá atá inniu ann, is thart faoi €17 milliún versus €68 milliún an cóimheas.
>
> (ibid: 46)

## 5.2 An Chomhphháirtíocht Straitéiseach

> At its heart is collaboration – between central and local government, between culture and industry, between artists and policy makers – to facilitate an ecosystem of creativity.
>
> (Éire Ildánach 2018a: 1)

Tugann polasaithe náisiúnta éagsúla feidhm agus stádas do na healaíona cruthaitheacha i saol mhuintir na hÉireann, ar shlí nár tharla riamh roimhe seo. Tá béim as an nua ar chomhardú agus dhea-chleachtais. Is ar an mbonn seo mar shampla a deineadh cinneadh faoin bPlean Gníomhaíochta don Ghaeilge (2018 – 2022) go ndéanfaí straitéis 'chomhtháite' ealaíne a chur chun cinn a bheidh *'dírithe ar ar chomhordú agus chomhoibriú níos fearr a chinntiú i bhforbairt na n--ealaíon Gaeltachta agus Gaeilge'* (An Roinn Cultúir Oidhreachta agus Gaeltachta 2018: 70).

Tá an t-iliomad eagras anois ag feidhmiú faoi scáth chlár Éire Ildánach agus é mar aidhm ag an gclár comhoibriú a chothú idir na daoine agus na heagrais go léir atá ag plé leis an teanga agus na healaíona sa teanga. Cé nach gréasán *per se* é comhlíonann an Chomhairle Ealaíon feidhm gréasánaithe chomh maith, toisc an roinnt a dhéanann siad ar eolas faoi chaighdeáin, dheiseanna agus dhea-chleachtas. Tá eagrais eile earnálacha ar nós an Irish Theatre Institute agus Poetry Ireland a bhfuil sainról acu maidir le cothú a réimsí féin agus maidir le gréasánú. Tá freagracht ar leith ag Ealaín na Gaeltachta maidir le réimsí ealaíne ins na ceantair Ghaeltachta. Luaitear in Na hEalaíona: Ní Cuma Leo an buntáiste a bhainfeadh le heagras ar leith a bhunú a mbeadh mar dhualgas air imeachtaí ealaíne Gaeilge timpeall na tíre ar fad (ibid 2019: 22). Faoi láthair baineann freagrachtaí Ealaín na Gaeltachta leis na ceantair Ghaeltachta amháin. Thug Na hEalaíona: Ní Cuma Leo (2019) le fios go bhfuil gá le breis chomhphháirtíochta idir na heagrais ealaíne a phléann le healaíona na Gaeilge le tuiscint níos beaichte a bheith acu ar a gcosúlacht agus ar a n-éagsúlacht maidir le dualgais agus spriocanna chun na healaíona a fhorbairt (An Comhchoiste Um Chultúr, Oidhreacht agus Gaeltacht 2019: 48).

Luann polasaithe agus straitéisí éagsúla de chuid Éire Ildánach agus na Comhairle Ealaíne na mórbhuntáistí maoinithe, ealaíne agus roinnt acmhainní a bhaineann le tograí a fhorbairt ar bhonn tras-eagrais. Tá an chomhpháirtíocht ina gné lárnach de spriocanna agus misean Éire Ildánach, go bhfeidhmeodh an comhoibriú mar ghnás maidir le haon obair a dhéanfar i dtaca leis an gcruthaitheacht agus na healaíona.

> Ina chroílár tá comhoibriú – idir an rialtas láir agus áitiúil, idir cultúr agus tionscal, idir ealaíontóirí agus lucht déanta polasaí – chun an bealach a réiteach do thimpeallacht chruthaitheach…
>
> (Éire Ildánach 2017: 5)

Tá an chomhpháirtíocht aitheanta mar ghné thábhachtach i bplean straitéiseach na Comhairle Ealaíne 'Making Great Art Work' (2020 – 2022) agus léiríonn siad tiomantas dá cur chun cinn i dteannta leis an rialtas, le páirtnéirí straitéiseacha agus leis na comhairlí contae mar chuid de spriocanna Tionscadail Éireann 2040:

> Creative Ireland will bring an enhanced level of coordination, focus and leadership to existing policies and initiatives across national and local government, State agencies, the arts and culture sector, Gaeltacht and Irish language organisations, and will provide linkages to the private business and NGO sectors.
>
> (Éire Ildánach 2018a: 14)

Tagann béimeanna Éire Ildánach (2017 - 2022) leis an ngaol tábhachtach seo idir an rialtas áitiúil agus an rialtas láir. Mar aitheantas ar an tionchar a imríonn na húdaráis áitiúla ar chothú agus ar chun cinn na n-ealaíon cruthaitheach agus an chultúir dúradh go n-iarrfaí ar na húdaráis áitiúla cuid den chlár a riaradh agus cuid den mhaoiniú a dháileadh.

> The empowerment of local authorities to lead the engagement of citizens with our arts and culture is essential. To make this effective, each local authority will be asked to develop a Culture and Creativity Plan, reflecting the overall structure and aims of the national strategy for culture and creativity.
>
> (Éire Ildánach 2018a: 15)

### 5.3 Na hEalaíona Teangabhunaithe agus An Phleanáil Teanga

Chuir Acht na Gaeltachta 2012 bunús reachtúil faoi chóras pleanála teanga don Ghaeltacht, córas a moladh sa Straitéis 20-bliain don Ghaeilge (2010-2030). Cuireadh glaoch chun tairisceana amach sa bhliain 2014 ina bhféadfadh eagrais iarratas a chur isteach le bheith mar cheanneagraíocht a mbeadh de chúram orthu plean teanga a ullmhú. Gealladh le foilsiú Acht na Gaeltachta go dtosófaí próiseas pleanála teanga agus go ndéanfaí plean teanga a ullmhú ag leibhéal pobail do gach ceantar Gaeltachta faoin Acht nua. Faoin Acht, sainíodh 26 Limistéir Phleanála Teanga Gaeltachta (LPT). Mar chuid den Phróiseas Pleanála Teanga sa Ghaeltacht, tá Údarás na Gaeltachta freagrach as eagraíochtaí a roghnú chun plean teanga a ullmhú agus a fheidhmiú i ngach LPT agus sna Bailte Seirbhíse Gaeltachta.

Tá aitheantas úr tugtha do ról agus do thionchar follasach na n-ealaíon cruthaitheach mar áiseanna forbartha teanga sa Plean Gníomhaíochta don Ghaeilge (2018 – 2022). Aithníonn an Plean Gníomhaíochta na healaíona cruthaitheacha mar ghnéithe lárnacha den bpróiséas pleanála teanga sa Ghaeltacht. Aithníonn an tuarascáil 'Na hEalaíona - Ní Cuma leo' (2019) chomh maith go bhfuil ealaíona na Gaeilge ina ndlúthchuid den phleanáil teanga (An Comhchoiste um Cultúr, Oidhreacht agus Gaeltacht 2019: 45). Is réimse sainiúil é na healaíona agus an phleanáil teanga a thuilleann saineolas agus comhardanú ar leith, faoi mar a aithnítear sa Phlean Gníomhaíochta don Ghaeilge (2018 - 2022):

> Is dlúthchuid den teanga iad na healaíona agus is mór an tionchar atá acu ar chothabháil na Gaeilge, ar stádas agus íomhá teanga, ar chothú agus ar bhuanú pobail teanga, ar dhearcadh daoine i leith na Gaeilge agus ar sheachadadh agus ar shealbhú teanga chuig an gcéad ghlúin eile.
>
> (Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Ghaeltachta 2018: 69)

## 5.4 Ionaid Ealaíne agus Infreastruchtúr

Tugann an Strategic Review of Arts Centres and Venues (An Chomhairle Ealaíon 2019) eolas tábhachtach faoin bpóiteinseal a bhaineann le hionaid ealaíne agus tá go leor ábhair spéise ann do pháirtithe leasmhara na nEalaíon Teangabhunaithe, fiú agus gur tearc na hionaid ealaíne le sainfhócas Gaeilge. Ní miste cuimhneamh nár mhór d'ionad clár leanúnach ealaíona a bheith acu le bheith san áireamh sa staidéar seo. Sonraítear sa Phlean Gníomhaíochta d'Fhorbairt Tuaithe: Fíorú Acmhainneacht na Tuaithe go bhfuil gá le huasgrádú a dhéanamh ar ionaid réigiúnacha ealaíon agus cultúir agus go gcuirfear *'scéim nua deontas beag i bhfeidhm…chun tacú le hathbheochan na hearnála cultúir i gceantar tuaithe na hÉireann'* (ibid 2017: 62).

Aithníonn doiciméad thuas na Comhairle Ealaíne ról tábhachtach ionad ealaíne maidir le tacú le cleachtóirí agus forbairt phobail chruthaitheach. Cuireann an tuairisc straitéiseach seo samplaí den dea-chleachtas ar fáil agus múnlaí do mheasúnú riosca.

Mar chuid de chlár treorach an rialtais i leith an chultúir agus na cruthaitheachta 'Infheistíocht inár gCultúr, inár dTeanga & inár nOidhreacht Investing in our Culture, Language & Heritage 2018-2027' (2018) luaitear go rachfar i gcomhairle leis na Bainisteoirí Contae agus Cathrach ar mhaithe le teacht ar thuiscint níos iomláine maidir leis na hionad ealaíne a bhfuil tábhacht ag baint lena maoiniú a choinneáil agus bearnaí san infreastruchtúr cultúrtha a aithint. *'Féachfar le deiseanna a thairiscint chun aghaidh a thabhairt ar aon bhearnaí ó thaobh na ndeiseanna cultúir réigiúnacha atá ann do phobail ar fud na tíre'* (2018: 7).

Sa tuarascáil thuasluaite (‘Strategic Review of Arts Centres and Venues' (An Chomhairle Ealaíon 2019) luaitear an dlúthnasc atá ag na húdaráis áitiúla maidir le tosaíochtaí forbartha agus straitéiseacha a chur chun cinn mar chuid d'fheidhm na n-oifigí ealaíon Tá feidhm níos leithne ag na comhairlí agus na hoifigí ealaíon seo ó tháinig Éire Ildánach (2017 - 2022) ar an bhfód. Tugann cuid de na moltaí a dhéantar sa tuarascáil ról agus freagrachtaí níos leithne de chuid na n-údarás áitiúil san áireamh:

> Develop a full venues strategy, including the recognition of venues as strategic infrastructure and ensuring an effective alignment of Local Authority arts plans, culture and creativity plans, and development plans.
>
> (An Chomhairle Ealaíon 2019)

### 5.5 Na hArdáin Dhigiteacha

> The digital age presents both opportunities and challenges for the cultural and creative sectors. Rapid developments in technology, new methods of communication and the internet have changed the way people create, access, and participate in culture.
>
> (Rialtas na hÉireann 2020: 24)

Sa Chreatbheartas Náisiúnta Cultúir - Cultúr 2025 tugtar aitheantas don bpóiteanseal atá ag na hardáin dhigiteacha agus na meáin shóisialta maidir le pobail dhomhanda a bhaint amach d’aos ealaíne na hÉireann.

> Advances in technology and broadband allow access to high-quality cultural material and innovative learning experiences. Digitisation is a powerful means of presenting information about the activities and collections of cultural institutions to large and diverse audiences across the world.
>
> (Rialtas na hÉireann 2020: 24)

Tugann na hardáin dhigiteacha nua (Suímh lín ar leith, Youtube agus na meáin shóisialta éagsúla: Facebook, Snapchat, Instagram agus Twitter go príomha) deiseanna d’ealaíontóirí a saothar a phoibliú agus bolscaireacht a dhéanamh air. Léiríonn tuarascáil de chuid na Comhairle Ealaíne ‘Attendance, Participation and Engagement with the Arts in Ireland 2018’ (An Chomhairle Ealaíon 2018) gur trí na hardáin dhigiteacha is fearr a bhainfidh ionaid ealaíne lucht éisteachta níos óige amach.

### 5.6 Dea-Chleachtais, Measúnú Rioscaí agus Cúrsaí Dlí

Tá treoir agus moltaí maidir le dea-chleachtas agus/nó measúnú rioscaí maidir le réimsí éagsúla (a mbaineann impleachtaí leo do na healaíona teangabhunaithe) forbartha ag eagrais éagsúla. Ar na téamaí a ndéantar iniúchadh orthu i gcaipéisíocht na Comhairle Ealaíne tá dea-chleachtas maidir le hionaid ealaíne, cosaint leanaí, agus athrú aeráide. I measc na mbeartas tá: Arts Council Centre Policy and Strategy 2019, Equality, Human Rights and Diversity Policy 2019, International Arts Policy and Strategy 2019, Festivals

Policy and Strategy 2018, Public Art Policy and Strategy 2018, Theatre Policy and Strategy 2018, Traditional Arts Policy and Strategy 2018 agus Arts and Health Policy and Strategy 2010.

Maidir le cúinsí oibre do dhaoine atá ag obair i réimse na n-ealaíon, molann an Chomhairle Ealaíon feachtas feasachta a chur chun cinn i bpáirt le heagrais (trí bhonn ceardlann, mar shampla). (Na hEalaíona, Ní Cuma Leo, 2019: 21) Ní miste a lua gur tháining ceist na tromaíochta in earnáil na drámaíochta Éireannaí chun cinn go láidir sa bhliain 2017-2018 agus d'fhorbair meitheal príomheagras treoirlínte ar leith 'Dignity in the Workplace' do chleachtóirí, fostaithe agus fostóirí sa réimse seo. (Irish Theatre Institute, 2018)

Agus tírdreach an chleachtais ag athrú do chleachtóirí agus d'eagrais araon, tá béim as an nua ar rialachas ('governance'). Aithníonn Schlesinger (2013) an ról a imríonn lucht acadúil i gcinnireacht maidir le rialachas. In Éirinn, molann an Chomhairle Ealaíne d'eagrais agus daoine aonair a fhaigheann maoiniú leanúnach uathu cloí le treoir an Governance Transparency Scale de chuid Boardwatch Ireland agus tá treoirlínte ar leith curtha ar fáil acu (An Chomhairle Ealaíon 2015). Tá treoirleabhar ar leith, A Practical Guide for Board Members of Arts Organisations, curtha ar fáil ag an gComhairle Ealaíon maidir le dea-rialachas ag Boird. Tugtar treoir an-chuimsitheach sa leabhrán seo maidir le gnéithe dlí de rialú eagras, agus treoir maidir le dea-chleachtas i réimsí éagsúla, mar shampla, ceisteanna comharbais (An Chomhairle Ealaíon 2015b)

### 5.7 An Timpeallacht

Dírítear aird ins an New European Agenda for Culture (2018) ar an bpoitéinseal atá sa chruthaitheacht agus sa chultúr cur leis an dioscúrsa a bhaineann le hathrú aeráide. Moltar go bhféachfaidh an clár ar na deiseanna a bheidh ann tograí a dhéanamh i gcomhpháirt le cur i bhfeidhm spriocanna an chlár aeráide '2050 – A Clean Planet for All' (An tAontas Eorpach 2018: 3).

Leagann cáipéis chíortha de chuid Éire Ildánach 'Engaging the Public on Climate Change through the Cultural and Creative Sectors' (2019) béim ar an tionchar sóisialta a bhaineann leis na healaíona agus cultúr. Is trí mheán na cruthaitheachta agus an chultúir, dar leo, a éireoidh linn plé a dhéanamh ar na ceisteanna préamhaithe cultúir, polaitíochta agus eacnamaíochta a bhaineann leis an athrú aeráide. Is trí idirghníomhú cruthaitheach sna healaíona a dhéanfar seachadadh ar luachanna nua inmharthanacha sa tír.

Tá eolas breise faoi dhea-chleachtais ó thaobh na timpeallachta ag féilte le fáil ag https://greenyourfestival.ie/, fiontar de chuid na gcomhairlí áitiúla, agus ó tharla go mbíonn an ghné seo á lua i gcaipéisíocht a bhaineann le hiarratais ar mhaoiniú ó chomhairlí áirithe áitiúla go háirithe, tá impleachtaí ann do na hEalaíona Teangabhunaithe.

### 5.8 Tionchar Sóisialta agus Sláinte na nEalaíon Teangabhunaithe (cothú folláine agus ionchuimsiú sóisialta)

Tá béim láidir i mbeartais éagsúla rialtais ar an tábhacht a bhaineann leis na healaíona agus leis an gcultúr mar infreastruchtúr daingean sóisialta do mhuintir na tíre. Mar a shonraítear i bpríomhchlár caipitil agus straitéiseach an rialtais 'Tionscadal Éireann 2040': *'Arts and culture function as a robust social infrastructure and underpins individual wellbeing'* (Rialtas na hÉireann 2019: 6). Tá an tionchar a bhíonn ag cleachtadh na n-ealaíon cruthaitheach ar fholláine an duine aonair mar chuid lárnach de spriocanna treoracha Éire Ildánach (2017 – 2022). Tá aitheantas as an nua tugtha in 'Cultúr 2025: Creatbheartas Náisiúnta Cultúir (2020 – 2025)' do ról lárnach an chultúir agus na cruthaitheacha mar ghnéithe ar féidir dul i bhfeidhm go dearfach ar shláinte na sochaí.

Tugann Arts and Health Policy and Strategy na Comhairle Ealaíne sainmhíniú ar 'Arts and Health'.

> Arts and health is the generic term that embraces a range of arts practices occurring primarily in healthcare settings, which brings together the skills and priorities of both arts and health professionals.
>
> (An Chomhairle Ealaíon, 2010)

Ar bhonn pairtnéireachta a thugtar faoi fhiontair sa réimse agus leagtar béim chomhionann ar spriocanna ealaíne agus sláinte.

Ní hionann, áfach, béimeanna na gclár náisiúnta agus polasaithe agus cur chuige na n-eagras ealaíona ag obair ar an talamh. Ní leagtar an bhéim chéanna, mar shampla, ar bhuntairbhe na n-ealaíon don duine aonair nó d'fholláine an duine i straitéis na Comhairle Ealaíne 'Saothar Ealaíne Iontach a Tháirgeadh: Straitéis na Comhairle Ealaíon (2016 – 2025)'. Níl aon chritéir leagtha síos maidir leis an tionchar a d'imreodh an togra ealaíne atá faoi mheas sa scéim 'Scéim Forbartha na nEalaíon' ná mar chuid de 'Scéim na bhFéilte' ag Ealaín na Gaeltachta. Bíonn ar an iarratasóir fianaise a chur ar fáil go bhfuil plean soiléir d'fhorbairt an lucht féachana ach ní dhéantar trácht do thoscaí sláinte, folláine ná eacnamaíocha. Is mar a chéile d'fhoirmeacha scéimeanna Fhoras na Gaeilge, agus go leor scéimeanna eagras eile, a leagann béim ar chúrsaí teanga go príomha.

Tá cleachtóirí Gaeilge áirithe ag feidhmiú cheana sa réimse seo fiú agus nach bhfuil béim lárnach leanúnach (nó aon aitheantas tugtha i gcásanna áirithe) ag eagraíochtaí Gaeilge ar fhéidearthachtaí agus tábhacht an réimse seo.

Tugann beartais éagsúla stáit le fios go bhfuil cearta ag gach saoránach maidir leis an nGaeilge: tá de cheart ag gach leanbh Gaeilge a fhoghlaim ar scoil. *'Is linne ar fad an Ghaeilge'* an chéad abairt in 'Treo Straitéiseach do Fhoras na Gaeilge 2020-2025'. Tá béim as an nua ag an gComhairle Ealaíon ar chothú ionannas deise: 'Beartas agus Straitéis um Chomhionannas, Cearta an Duine agus Éagsúlacht na Comhairle Ealaíon' (An Chomhairle Ealaíon 2019). Tugtar tiomantas i Straitéis na Comhairle Ealaíne: 'Saothar Ealaíne Iontach a Tháirgeadh: Straitéis na Comhairle Ealaíon (2016 – 2025)' do shainchritéir a leagadh síos d'eagrais a fhaigheann maoiniú leanúnach uathu.

> We will ensure our funding agreements with arts organisations require their demonstrated commitment to growing and diversifying their audiences and to deepening public engagement.
>
> (An Chomhairle Ealaíon 2019a: 25)

Glacann an Chomhairle ról ceannaireachta maidir le hionchuimsiú agus ionannas deise le cinntiú nach mbíonn aon bhaic roimh dhaoine agus iad ag cur isteach ar mhaoiniú, go mbíonn deis chothrom ag gach éinne beag beann ar dhisciplín ná ar chúlra (2019: 11).

*Na hEalaíona Teangabhunaithe in Éirinn ilchultúrtha*

Leagann Éire Ildánach (2017 - 2022) béim ar dheiseanna rannpháirtíochta a bheith ag gach saoránach sa tír ar éispéiris chultúrtha agus chruthaitheachta le béim ar ionchuimsiú pobal éagsúla (Éire Ildánach 2017).

Tá méadú ard tagtha ar líon na n-inimirceach a tháinig go hÉirinn le blianta anuas (Elliot 2019: 551). Tá dualgas ar údaráis áitiúla timpeall na tíre straitéis imeascadh inimearcach a chur le chéile le freastal cuí a dhéanamh ar na nuaphobail seo agus le cinntiú go ndéantar iad a chomhtháthú leis an bpobal. Déantar seo le go mbeidh an deis ag gach éinne a saol iomlán a chaitheamh, agus buntáistí cuí a bhaint as an saol sin a chaitheamh in Éirinn, agus ionas go gcuirfidh an pobal féin mar thoradh le sochaí na tíre seo. Feidhmíonn na straitéisí áitiúla faoi straitéis náisiúnta an Rialtais 'Straitéis Náisiúnta Imeasctha Imirceach: Treo don Todhchaí' (2017 – 2020). Tá fás ag teacht ar phobal na nÉireannach nua sa tír. Gineann an t-athrú atá ag teacht ar dhéantús daonra na hÉireann ceisteanna maidir le hionchuimsiú agus deiseanna rannpháirtíochta sna healaíona Gaeilge.

Thug an mórscoláire béaloideas Dáithí Ó hÓgáin le fios go raibh mórfhadhbanna i réimse earnáil na nealaíon maidir le ceisteanna iomchuimsithe, fadhbanna a bhaineann, dar leis, le heaspa tuisceana ar a raibh i gceist le cultúr:

> I have had rows with various artistic people or people in the arts-planning world for several years past now, and one of the major difficulties I have had with them is that they are not capable of being inclusive. And number two: they are not capable of defining what culture is.
>
> (Ó hÓgáin, Suíomh Aos Scéal Éireann, gan dáta)

Dar le Ó hÓgáin go bhfágann gné uilíoch na litríochta béil gur ealaíon eiseamláireach í maidir le comhurraim a chothú do phobail eile:

> Folklore fulfils the requirement of culture as something which enrichens human life. It also fulfils the various qualities which all true culture must have: that is, what is the most local is also the most universal and what's the most universal is also the most local. Now, of course, the universality of folklore is well known. In fact (...) nobody can be exclusive and nobody can be racist if they know about folklore, because to know about the folklore of your own people means that you will understand the folklore of other people and you will respect it.
>
> (Ó hÓgáin, Suíomh Aos Scéal Éireann, gan dáta)

Ainneoin an mhéid thuas tá gach cuma ar an scéal go samhlaíonn roinnt mhaith eagraíochtaí earnálacha agus roinnt mhaith eagras teanga tábhacht nó feidhm nideoige a bhaith ag roinnt leis an nGaeilge.

Sonraítear an méid seo a leanas, mar shampla, i leabhrán eolais Éire Ildánach do dhaoine aonair a bhfuil spéis acu feidhmú mar Chomhaltaí Cruthaitheacha do Scoileanna sa scéim Scoileanna Ildánacha (Creative Associates)

> CAs on the panel may be matched with Creative Schools, based on the type of school, its needs and its geographical location. Following selection for the panel, priority may be given to matching:
>
> - CAs fluent in Irish to Irish language-medium schools
> - CAs with relevant experience in special education settings to special schools
> - CAs with relevant experience to Youthreach Centres.

Ní léir gur cuid lárnach d'fhís nó d'fheidhmiú na scéime Comhaltaí le Gaeilge a chur ar fáil do scoileanna Béarla, do scoileanna speisialta nó d'aonaid óige nó ní léir ar cuireadh in iúl do scoileanna Béarla go mbeadh fáil ar Chomhaltaí le saineolas Gaeilge/saineolas sna hEalaíona Gaeilge.

Go dtí le fíordhéanaí, ba le scoileanna Gaeilge agus scoileanna Gaeltachta amháin a bhain Scéim Teanga Tí Ghlór na nGael (scéim mhaoinithe/scéim tacaíochta teanga a bhfuil gné

ealaíne do leanaí agus do theaghlaigh ag roinnt leis) agus dála scéimeanna go leor in eagrais eile Ghaeilge , ní bhaineann gné fhorghníomhach fhor-rochtana le feidhmiú na scéime.

Chomh fada siar leis an mbliain 2001 thug tuairisc de chuid Comhaltas Ceoltóirí Éireann, An Ród seo Romhainn le fios nach raibh aon straitéis ann maidir leis na healaíona traidisiúnta a chur faoi bhráid phobal nua. *'There is no strategy to develop the arts in communities where they are weak and have little visibility'* (Comhaltas Ceoltóirí Éireann, 2001).

Ní léir go bhfuil ceist an imeasctha nó straitéisí ionchuimsithe mar thosaíocht ag eagrais Ghaeilge go ginearálta. Ní gnách d'eagrais Ghaeilge deiseanna a fhógairt i dteangacha seachas Gaeilge (agus, go minic, Béarla). Ní léir go bhfuil béim ar iomchuimsiú na bpobal nua Éireannach, nó iomchuimsiú pobal eile (mar shampla, an lucht siúil nó daoine faoi mhíchumas) ag aon eagras Gaeilge. Níl freagracht nó cinnireacht á glacadh ag aon cheann de cheanneagraíochtaí na Gaeilge maidir le cur chun cinn na Gaeilge nó cultúr na Gaeilge i réamhscoileanna Béarla na tíre.

Is amhlaidh go mbronntar marcanna breise i Scéim na Mórimeachtaí Ealaíon de chuid Fhoras na Gaeilge ar thograí a bhaineann le pobal a bhfuil 'bheith istigh' cheana acu i saol na Gaeilge:

> Bronnfaidh Foras na Gaeilge marcanna breise sa phróiseas measúnaithe ar iarratais a léiríonn go mbeidh an t-imeacht ar fad nó fo-imeachtaí ábhartha suite sna líonraí, bailte seirbhíse Gaeltachta, limistéir phleanála teanga, agus ceantair atá ag feidhmiú faoin Scéim Pobal Gaeilge.

D'fheádfadh an bhéim seo a bheith ag teacht salach ar pholasaithe Stáit eile a bhaineann le comhthathú sóisialta agus le for-rochtain ar phobail mhionlaigh (An Chomhairle Ealaíne 2019, Éire Ildánach 2017).

Maidir le hEalaíona Teangabhunaithe na Gaeilge go sonrach, ní hann d'aon scéim ardphroifíl ar leith maidir le hionchuimsiú pobal nua nó pobail imeallaithe (an lucht siúil, mar shampla, nó an pobal Aontachtach) taithí a fháil ar aon cheann de na ETB cé go bhfuil roinnt bheag tograí aonair ag titim amach go háitiúil. Ar an láimh eile de tá tograí áirithe ar leith ann ina n-eiseamlairí den dea-chleachtas maidir le hionchuimsiú an phobail dhiaspóraigh. Orthu seo tá scéim Cultúr Club Chonradh na Gaeilge, a bhfuil gnéithe ann a bhaineann leis na hEalaíona Teangabhunaithe, agus gréasán oiliúna idirnáisiúnta Comhaltas Ceoltóirí Éireann. Tá ceangail ag an dá eagras seo freisin leis an bpobal Aontachtach. Cuireann An Roinn Gnóthaí Eachtrach maoiniú ar fáil do ranganna teanga

agus do thograí cultúir trína ngréasán ambasáid agus uaireanta baineann gné Ghaeilge le cuid de na tograí cultúir seo, nó tarlaíonn sé gur droichead chun na hEalaíona Teangabhunaithe na ranganna teanga. Níl aon phlean ar leith ann do chonair foghlama ar leith do leanaí/déagóirí a fhilleann ar Éirinn agus a mbronntar diolúine ó ghnáthchuraclam na Gaeilge orthu nó do leanaí le riachtanais speisialta, agus moltar a leithéid i dtuarascáil na Roinne Oideachais agus Scileanna maidir le diolúintí sa Ghaeilge (An Roinn Oideachais agus Scileanna 2019)[4]

Ar an taobh eile den scéal, is léir ó chaipéisíocht roinnt eagras earnálach státmhaoinithe go bhfuil imeallú tromchúiseach á dhéanamh ar phobal na Gaeilge i gcuid dá struchtúir agus dá gcleachtais. Cé go ndéantar trácht ar an nGaeilge mar 'mhionteanga' i ndioscúrsaí áirithe, ní gnách i gcónaí caitheamh le pobal na Gaeilge nó pobal na Gaeltachta mar phobal mionlaigh nó mar phobal is gá bheith aireach ina dtaobh maidir le ceisteanna ionchuimsithe. Fágann stádas speisalta na Gaeltachta agus na Gaeilge, go gcuimhnítear uaireanta orthu mar ghnó d'eagrais Ghaeilge amháin. Faoi láthair tá meascán cur chuige agus tusicintí ag eagrais ealaíon maidir leis an nGaeilge, maidir le cearta an mhórphobail i dtaca leis an nGaeilge agus maidir le cearta agus riachtanais phobal na Gaeilge.

Samplaí:

Ní gá i gcónaí go n-iarrfaí inniúlacht sa Ghaeilgei sonraíochtaí d'fholúntais post mar Oifigigh Ealaíon sna húdaráis áitiúla. Cuireadh riachtanas inniúlacht Ghaeilge ar ceal maidir le poist mar leabharlannaithe.

Ní léir gur iarradh inniúlacht ar fhreastal a dhéanamh ar chleachtóirí Gaeilge/pobal na Gaeilge ó phairtnéirí Éire Ildánach.

Ní luaitear an Ghaeilge, gan trácht ar ETB na Gaeilge, sa chlár Síolta don earnáil réamhscoile.

### 5.9 Comhionnanas d'Ealaíontóirí agus do Lucht Éisteachta faoi Mhí-Chumas

Mar seo a leanas a shainmhíníonn an UN Convention on the Rights of Persons with Disabilities 'daoine faoi mhíchumas':

> The term 'persons with disabilities' is used to apply to all persons with disabilities, including those who have long-term physical, mental, intellectual or sensory impairments

[4] https://www.education.ie/ga/Ciorcl%C3%A1in-agus-Foirmeacha/Ciorcl%C3%A1in-Gn%C3%ADomhacha/cl0052_2019_ir.pdf

> which, in interaction with various attitudinal or environmental barriers, hinder their full and effective participation in society on an equal basis with others.
>
> (UN Convention on the Rights of a Persons with Disabilities, 2006)

Tá forálacha sonrach leagtha amach faoin Acht um Míchumas 2005 agus Na hAchtanna Comhionannais 2000-2015 a bhaineann le cuid de na fearainn a bhaineann leis na hEalaíona Teangabhunaithe, go háirithe i bhfearainn níos foirmeálta (fostaíocht agus rochtain, mar shampla. Gnás ag Comhairlí Contae eolas faoi phleanáil d'ionchuimsiú do dhaoine faoi mhíchumas a lorg mar chuid d'iarratais mhaoinithe. Níl an gnás seo fréamhaithe ins na heagrais Ghaeilge.

Is é Arts & Disability Ireland (ADI) an foras náisiúnta forbartha agus acmhainne do dhaoine faoi mhí-chumas i réimse na nealaíon.

> Championing the creativity of artists with disabilities and promoting inclusive experiences for audiences with disabilities lies at the heart of ADI's work.
>
> (Arts Disability Ireland 2017: 5)

I measc na bpáirtnéirí a luaitear ar shuíomh lín ADI tá Amharclann na Mainistreach agus An Chomhairle Ealaíon. Níl aon pháirtnéireachtaí a bhaineann le heagrais nó le féilte Gaeilge luaite. Seoladh straitéis reatha ADI 'Leading Change in Arts and Culture (2017 – 2021)' sa bhliain 2017'. Is é an mhóraidhm a luaitear sa straitéis seo ná *'to ensure that disability inclusion becomes a natural part of the practice of arts influencers and arts workers'*. (ADI 2017) Riarann ADI clár tacaíochta de chuid na Comhairle Ealaíne 'Disability Connect' a thugann deiseanna d'ealaíontóirí faoi mhí-chumas deiseanna oiliúna, meantóireachta agus deiseanna fostaíochta a bhaint amach in earnáil na n-ealaíon. Díríonn ADI ar na daoine seo a chumasú chun go mbeidh siad in ann tarraingt ar na scéimeanna príomhsrutha de chuid de Comhairle Ealaíne chomh maith (Straitéis ADI 2017: 29).

Tagann tosaíochtaí agus clár feidhme ADI le polasaithe agus tuarascálacha éagsúla náisiúnta eile a bhaineann le deiseanna rannpháirtíochta a chinntiú do gach saoránach sa tír (Éire Ildánach, Cultúr 2025, An Chomhairle Ealaíon 2019).

## 5.10 Gnéithe Thuaidh/Theas

Ní miste a thabhairt san áireamh go dtagann fearainn agus raon cleachtais an chultúir agus na n-ealaíon in Éirinn faoi scáth struchtúir dhá státchóras ar leith: Poblacht na hÉireann agus Tuaisceart Éireann, ar cuid den Ríocht Aontaithe í ar bhonn dlí. Tá dlúthghaol ag feidhmeanna de chuid Fhoras na Gaeilge leis an stát ó thuaidh. Bunaíodh An Foras Teanga, Comhlacht Forfheidhmithe Thuaidh/Theas faoi réir Chomhaontú Aoine an Chéasta, chun

an Ghaeilge agus an Ultais a chur chun cinn. Faoi choimirce an chomhlachta sin, glacann Foras na Gaeilge na freagrachtaí go léir chuige féin i dtaca leis an nGaeilge a chur i gcrích. I measc na bhfreagrachtaí sin tá labhairt agus scríobh na Gaeilge sa saol poiblí agus sa saol príobháideach i bPoblacht na hÉireann. Tá an fhreagracht chéanna ann i leith Thuaisceart Éireann, sa chás go mbíonn an t-éileamh cuí ann agus i gcomhthéacs Chuid III de Chairt Chomhairle na hEorpa um Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh. Is fiú a lua go bhfeidhmíonn go leor de na heagrais a bhaineann leis na hEalaíona Teangabhunaithe- Comhaltas Ceoltóirí Éireann, An Comhlachas Náisiúnta Drámaíochta, Comórtais SCÓR Chumann Luthchleas Gael, Ógras, Conradh na Gaeilge agus Oireachtas na Gaeilge agus Aos Scéal Éireann/Storytellers of Ireland, mar shampla- ar bhonn iloileánda. Tá naisc cruthaithe as a stuaim féin ag eagrais eile (Irish Youth Theatre, An Chomhairle Ealaíne) le heagrais ghaolmhara sa Stát ó thuaidh. Fágann raon freagrachta Ealaín na Gaeltachta (do cheantair Ghaeltachta sa Phoblacht amháin) nach mbaineann gné Thuaidh /Theas lena ghnáthchúraimí laethúla.

### 5.11 An Comhthéacs Eacnamaíoch: tionchar, treo agus dúshláin

Aithníonn an Irish Humanities Alliance an tionchar eacnamaíoch tábhachtach a imríonn cleachtóirí cruthaitheacha agus fiontair chruthaitheacha, agus na daonnachtaí trí chéile:

> Arts and humanities graduates are the key contributors to the creative industry sector. The 2010 report Building a Digital Economy: the importance of saving jobs in the EU creative industries attests to their importance within the European context. In 2008 the EU's creative industries contributed 6.9%, or approximately €860 billion, to total European gross domestic product (GDP) and represented 6.5% of the total workforce, or approximately 14 million workers. (...) From the Creative Momentum project we know that the creative sector is worth €730m to the economy of the West of Ireland alone and that the sector employs approximately 13,000 people in the region.1
>
> (Irish Humanities Alliance, 2019: 8)

Aithníonn Arts Centre Policy and Strategy (Arts Council 2019) ról ionad ealaíne maidir le hidirghníomhú an phobail leis na healaíona agus aithnítear chomh maith go bhfuil an comhthéacs inar fhorbair an t-infreastruchtúr tosaigh athraithe go mór ar bhonn ealaíne, sóisialta, eacnamaíocht, agus déimeagrafach. Aithníonn an doiciméad céanna na laincisí a chuireann cúinsí a bhaineann leis an spás féin, an saineolas leirithe, acmhainní daonna agus maoiniú ar fhorbairt na n-ionad seo agus a gclár.

Ní miste cuimhneamh go raibh fréamha ag go leor d'Ealaíona Béil Theangabhunaithe na Gaeilge i gcomhthéacsanna neamhthomhaltacha. Roinneadh, agus roinntear fós, amhráin, dánta agus scéalta go saor. Mar sin, baineann íogaireachtaí ar leith agus dúshláin ar leith leis na hEalaíona seo a lonnú i gcomhthéacsanna eacnamaíochta nó tomhaltóra. Ní nós i

gcónaí, mar shampla, d'amhránaithe, úinéireacht nó cóipcheart a mhaíomh maidir lena leagan d'amhrán traidisiúnta. Mar sin féin, tá oirfidigh Ghaeilge i dteideal gnáthíocaíochtaí maidir le craoladh agus úsáid a ndéantús ceoil. Lárionad eolas luachmhar dóibh suíomh an Irish Music Rights Organisation (IMRO), mar a bhfógraítear teagmhálacha úsáideacha, deontais taistil agus deiseanna éagsúla cumadóireachta chomh maith. Is fiú a lua nach bhfuil deiseanna a bhaineann le duaiseanna ceapadóireachta chomórtais an Oireachtais agus duais na Féile Pan Cheiltigh luaite i measc na ndeiseanna seo. (Eolas ó shuíomh IMRO)

### 5.12 Na hEalaíona Teangabhunaithe agus an Turasóireacht

Tagraíonn straitéis Fáilte Éireann 'Straitéis um Fhorbairt Turasóireachta Nuálaí (2016 – 2022)' do thionchar na turasóireachta cultúrtha in Éirinn. Tá deiseanna ann san earnáil ealaíona, cultúir agus chruthaitheach maidir le spriocghrúpa amháin ar leith atá aitheanta sa mhargadh turasóirí de chuid Fáilte Éireann:

> Culturally Curious – are out to broaden their minds, expand their experience by exploring new landscapes, history and culture and look to really understand the destinations that they visit. They are independent-minded and like getting off the beaten track. These are comparatively older visitors, who typically travel as a couple or on their own.
>
> (Fáilte Éireann 2017: 7)

Tá ról eagraíochtaí ealaíne maidir le forbairt chúrsaí turasóireachta aitheanta go hidirnáisiúnta (Hager & Sung 2011). Bíonn ról ag eagrais cultúir agus ealaíne i bhforbairt táirgí turasóireachta cultúrtha agus is minic a bhíonn nasc sonrach idir forbairt na turasóireachta ag leibhéal.

### 5.13 Deiseanna Gairmiúla, Forbairt Ghairmiúil agus Deiseanna Fostaíochta

Aithnítear go forleathan sa litríocht idirnáisiúnta nadúr guagach na ndeiseanna fostaíochta a bhíonn ag cleachtóirí cruthaitheacha (Christopherson, 2008). Liostaigh Gill & Preatt cuid de na saindúshláin a bhaineann le hobair san earnáil chruthaitheach.

> a preponderance of temporary, intermittent and precarious jobs; long hours and bulimic patterns of working; the collapse or erasure of the boundaries between work and play; poor pay; high levels of mobility; passionate attachment to the work and to the identity of creative labourer (e.g. web designer, artist, fashion designer); an attitudinal mindset that is a blend of bohemianism and entrepreneurialism; informal work environments and distinctive forms of sociality; and profound experiences of insecurity and anxiety about finding work, earning enough money and 'keeping up' in rapidly changing fields...
>
> (Gill and Pratt 2008)

Go minic baineann proifíl ar leith le cleachtóirí cruthaitheacha gairmiúla:

> Structurally, research has also pointed to the preponderance of youthful, able-bodied people in these fields, marked gender inequalities, high levels of educational achievement, complex entanglements of class, nationality and ethnicity, and to the relative lack of caring responsibilities undertaken by people involved in this kind of creative work

(Gill and Pratt, 2008)

In ainneoin an mhéid thuas, is fiú a lua go bhfuil méadú mór tagtha ar raon na ndeiseanna a bhaineann le fostaíocht san earnáil chruthaitheach trí chéile. Sa bhliain 2017 thionscain Foras na Gaeilge feachtas feasachta Do Ghairm le Gaeilge i bpáirt le Grad Ireland agus tá mír ar leith ina dtreoirleabhar a bhaineann leis na healaíona Gaeilge. Is ar bhainistíocht nó riaradh na nealaíon a leagtar an bhéim seachas ar dheiseanna gairmiúla do chleachtóirí. Luaitear gur *'buntáiste faoi leith is ea cáilíocht sna healaíona nó i ndisciplín a bhaineann le dearadh, i stair nó i mbainistíocht na nealaíon nó na dtaibhealaíon'* . Mar sin féin, ní léir gné fheidhmeach a bheith ag baint leis na cúrsaí oiliúna/cúrsaí triú leibhéal a luaitear ag deireadh an leabhráin; ar cúrsaí iad a ritear trí Ghaeilge den chuid is mó.

Liostáltar deiseanna a bhaineann leis na healaíona trí chéile ar shuímh éagsúla (mar shampla, artsmanagement.ie) agus fógraítear folúntais Ghaeilge a mbíonn gné ealaíon ag roinnt le cuid acu ar fhoshuíomh Chonradh na Gaeilge peig.ie/foluntais, ar Tuairisc.ie agus ar fhoilseacháin mar The Journal of Music.

Aithníonn tráchtairí éagsúla an leas a dheanann tacar scileanna níos leithne do chleachtóirí cruthaitheacha agus do dhaoine atá fostaithe in earnálacha a bhaineann leis an gcruthaitheacht. Thionscain na heagrais forbartha Albanacha Creative and Cultural Skills (CCS) and Skills Development Scotland (SDS) taighde ar leith ar an gceist seo. I measc na scileanna a bhí in easnamh ar chleachtóirí cruthaitheacha (i gcomhthéacs eacnamaíochta) bhí:

> software development and ICT; management and leadership, customer facing skills, marketing and business development, technical and craft specific skills, creative leadership, critical confidence and management skills.

(luaite ag Monro 2017)

Tá bearnaí scileanna agus feasachta ar leith ann a bhaineann le réimsí cleachtais agus fearainn ar leith. D'aithin Arts and Health Policy and Strategy na Comhairle Ealaíne go raibh easpaí ann maidir le hoiliúint chleachtóirí sa réimse Ealaíona agus Sláinte. Aithníodh chomh maith easpa eolais cleachtóirí agus eagras ar an réimse. (An Chomhairle Ealaíne, 2010, Mír 2.62, 2.63).

Éilítear tacar scileanna ar leith ó dhaoine ar spéis leo bheith mar chuid de Phainéil Comhaltaí Cruthaitheacha (Creative Associates) Scoileanna Ildánacha, scéim Éire Ildánach.

**Knowledge, Skills and Experience (20%)**,

- **Education/Training:** the applicant must clearly outline any qualification(s) and/or training relevant to the delivery of Creative Associate services (10%).
- **Employment or Professional Experience:** the applicant must outline relevant services delivered or other relevant employment in the field of education, arts, culture or creative practice (10%).

**Capacity to Manage and Deliver Required Services (80%)**

- **Creative Associate Services:** the applicant must outline their experience, knowledge and understanding of how a Creative Associate can support a school's learning and development in the arts and creativity and the school's development priorities (20%).
- **Leadership and Project Management:** the applicant must provide a relevant example of each of these areas in action and outline how their knowledge, experience and skills in these areas could be applied in delivering Creative Associate services (20%).
- **Developing Collaborations:** the applicant must provide a relevant example of this and outline their experience and skills of setting up and developing a collaboration (20%).
- **The Voice of Children and Young People:** the applicant must outline their experience and skills in this area and describe how they would ensure that the voice of children and young people will be at the centre of their work as a Creative Associate, including the development, implementation and evaluation of the Creative School Plan (20%).

Ní léir go bhfuil aon mhórbhéim nó pleanáil fhadtréimhseach ar siúl i measc roinnt mhaith eagras ealaíona Gaeilge ar dheiseanna forbartha gairmiúla a bhaineann go sainiúil leis an tacar scileanna breise seo a éilítear (ar bhonn dea-chleachtais agus ar bhonn pholasaithe rialtais) i scéimeanna de chuid Éire Ildánach agus na Comhairle Ealaíne. Luann Ealaín na Gaeltachta ról tacaíochta ginearálta ar a suíomh: *'Cuireann muid comhairle agus tacaíocht ar fáil chomh maith, do lucht na n-ealaíon agus don phobal agus cuirimid fáilte roimh cheisteanna ar bith maidir leis na healaíona sa Ghaeltacht'* (Eolas ó shuíomh Ealaín na Gaeltachta).

Tá treoir luachmhar le fáil ar shuímh eagras earnálacha áirithe maidir le deiseanna gairmiúla. Tá bunachar sonraí maidir le deiseanna forbartha gairmiúla don amharclannaíocht le fáil ar shuíomh an Irish Theatre Institute, irishtheatre.ie, mar shampla.

Tá cumadóirí drámaí agus cumadóirí amhrán nó liricí i dteideal Diolúine an Ealaíontóra ó thaobh cánach de. An té atá i dteideal an diolúine seo, ní gá dóibh cáin a íoc ar earraí

cruthaitheacha áirithe agus ní gá dóibh cáin a íoc ar dheontas de chuid na Comhairle Ealaíne a bhaineann leis an saothar ábharthach ach oiread. Tá eolas faoin diolúine le fáil ar shuímh eagras earnálach éagsúla. Anuas ar seo, déanann an Roinn Leasa Shóisialaigh socruithe speisialta d'ealaíontóirí/cleachtóirí gairmiúla sna healaíona tríd an scéim 'Ealaíontóirí Gairmiúla a Fhaigheann an Scéim Liúntas Cuardaitheora Poist'.

Níl aon tagairt do na scéimeanna seo le fáil ar shuímh eagras Gaeilge nó sa treoirleabhar Do Ghairm le Gaeilge. Tá baint ag seo i gcásanna áirithe, seans, le misean (foirmeálta nó feidhmeach) chuid de na heagrais Ghaeilge, nach bhfuil forbairt ghairmiúil chleachtóirí mar chuid dá bhfís nó mar chuid struchtúrtha leanúnach dá raon oibre. Cúinse eile a chuireann casadh sa scéal ná nadúr amaitéarach/páirtaimseartha plé mórán cleachtóirí le ETB na Gaeilge, cúinse a fhágann nach dtagann siad faoi scáth scéimeannnna maoinithe agus tacaíochta na Comhairle Ealaíne, a dhíríonn ar chleachtóirí gairmiúla amháin.

## 5.14 Béimeanna agus Forais Idirnáisiúnta

**UNESCO**

D'fhógair UNESCO sa 'Proclamation of Masterpieces of the Oral and Intangible Heritage of Humanity' (2001) gur chóir an t-aitheantas agus an stádas céanna a bheith ag oidhreacht dholáimhsithe an domhain is atá ag acmhainní cultúrtha agus nádúrtha. Tá an iomáint, an chruitireacht agus an phíobaireacht uillinn aitheanta go hoifigiúil mar ghnéithe d'oidhreacht dhomhláimhsithe an domhain, agus tá stádas cosanta ar leith acu. Tá deiseanna anseo do na healaíona teangabhunaithe chomh maith.

Tugtar aitheantas sa 'Convention on the Protection and Promotion of Cultural Expression' (Unesco 2005) ar na feidhmeanna ilghnéitheacha a bhaineann leis an gcultúr dúchais i gcomhthéacsana éagsúla: cothú na síochána, áis chun smaointe a roinnt, iomchuimsiú sóisalta go háirithe maidir le mná, agus ról maidir le cearta daonna agus forbairt inmharthanach do phobail, náisiúin agus daoine. Leagtar béim sa Choinbhinsiún ar ghné na teanga den cultural diversity agus ar ról an oideachais cultural expression a chothú agus a chosaint. (Unesco 2005: 1-4).

Béimníonn an clár Cuimhne an Domhain comhúinéireacht dhaonna ar oidhreacht an domhain, an gá leis an oidhreacht sin a chaomhnú agus a chosaint agus an gá go mbeadh rochtain ag gach duine ar an oidhreacht seo. Moltar beartais ar leith. (Unesco 2017)

**An tAontas Eorpach**

Dála na bpolasaithe náisiúnta in Éirinn, tá béim ar na healaíona mar dhlúthchuid de chultúr agus d'inniúlacht chruthaitheach na sochaí ag leibhéal polasaí san Aontas Eorpach. Rinne an plé doiciméad 'Agenda for Culture' (2007) cur síos ar thuiscintí maidir le cultúr agus ar scóp feidhme an chultúir. Sa pháipéar glas 'Unlocking the Potential of Cultural and Creative Industries' (2010) deineadh iniúchadh ar an mianach atá san earnáil chruthaitheach agus sna hardáin dhigiteacha chun an fhostaíocht agus an nuálaíocht a chothú. Is é an príomhchreatlach straitéiseach reatha atá ag an gCoimisiún Eorpach ná an clár Creative Europe (2007 – 2020), clár a leagann síos spriocanna uaillmhianacha i dtaca leis an gcultúr agus leis an earnáil chruthaitheach. Is iad príomhspriocanna an chláir ná

> ('to') safeguard, develop and promote cultural and linguistic diversity and Europe's cultural heritage and strengthen the competitiveness of the European cultural and creative sectors'.
>
> (An tAontas Eorpach 2019: 4)

Deineadh athbhreithniú ar an 'Agenda for Culture' (2007) nuair a eisíodh an 'New European Agenda for Culture' (2018). Tugann an 'New European Agenda for Culture' aitheantas do ról an chultúir maidir le hionchuimsiú agus comhtháthú pobal timpeall na hEorpa beag bheann ar theorainneacha. Béimníonn sé an gaol atá idir an cultúr agus an chruthaitheacht mar ghníomhartha gaolmhara. Tugtar le fios go mbíonn tionchar soiléir ag an gcultúr agus an chruthaitheacht ar an nuálaíocht agus ar chruthú fostaíochta. Léiríonn an Agenda mianach an chultúir freagairt go héifeachtach do na dúshláin éagsúla shóisialta agus eacnamaíochta atá ag bagairt ar thodhchaí an aontais (An tAontas Eorpach 2019: 3).

Molann tionscnaimh rialtais 'Éireannaigh an Domhain' agus 'Straitéis Oideachais Idirnáisiúnta d'Éirinn 2016-2020' go mbeadh cultúr na hÉireann dírithe ar an domhan mórthimpeall, agus ar níos mó rannpháirtíocht leis an diaspóra.

## Mír 6: Forléargas ar na healaíona teangabhunaithe sa lá atá inniu ann: fearainn agus cleachtais

Cé gur ceanglaíodh an béaloideas le pobail áirithe san aimsir chaite, tá na comhthéacsanna do chleachtadh na nealaíon béil (agus a lucht éisteachta) athraithe ar fad agus 'athshaol' ag múnlaí traidisiúnta mar an scéalaíocht, an amhránaíocht agus an fhilíocht bhéil i bhfearainn nua ilchineálacha idirnáisiúnta. Téitear i dteagmháil le healaín béil chomh maith trí mheáin nua a cheadaíonn an nuatheicneolaíocht (Ó Cadhla 2000, Ó Giolláin 2000, Motherway 2013).

### 6.1 An Drámaíocht agus an Amharclannaíocht (agus Drámaíocht Amaitéarach, Drámaíocht Dhigiteach, Drámaíocht Raidió)

I dtuairisc a chuir an Comhar Drámaíochta Garraí an Ghiorria ar fáil d'Ealaín na Gaeltachta deineadh cur síos neamhbhalbh ar staid éigeandála dhrámaíocht na Gaeilge, dar leis an gcomhar:

> De bharr an easpa infheistíochta stráitéisí i ndrámaíocht na Gaeilge tá sí ag dul i léig ar an stáitse náisiúnta agus an lucht féachana ag dul i léig freisin. Mothaíonn drámadóirí agus ealaíontóirí na Gaeilge go láidir go bhfuil a nguthanna *'á múchadh agus á bplúchadh'* go náisiúnta.
>
> (Garraí an Ghiorria, Tuarascáil neamhfhoilsithe)

I measc moltaí na tuarascála bhí bunú coiste straitéisigh le pleanáil a dhéanamh don drámaíocht, 'Gorlann' a bhunú do scríobh agus forbairt drámaí Gaeilge, deiseanna sainoiliúna, forbairt ar 'hubs' ealaíne sna Gaeltachtaí agus ceangail a dhéanamh le heagrais eile mionteangacha ar mhaithe le deiseanna forbartha gairmiúla.

Bhí béim láidir ar dhrámaíocht na Gaeltachta sa Tuarascáil, agus bhí Ealaín na Gaeltachta mar phairtnéir sa togra.

Tá ról tábhachtach ag an gComhlachas Náisiúnta Drámaíochta i bhforbairt na drámaíochta amaitéaraí. Eagraíonn siad féilte a ndéantar freastal orthu ag compántais amaitéaracha, idir chumainn Gaeltachta agus compántais ó taobh amuigh den Ghaeltacht. Tá compántais ó Thuaisceart na hÉireann san áireamh chomh maith. Tá scéim meantóireachta acu agus cuireann siad traenáil ar fáil ó thráth go chéile. Cothaíonn an Comhlachas foirmeacha dúchais drámaíochta, ar nós na Scéaldrámaíochta (mar aon le lúibíní agus agallaimh bheirte). Tá líon na gcumann gníomhach laghdaithe le blianta beaga anuas go háirithe cumainn sna coláistí tríú leibhéil. Ní bhaineann obair an Chomhlachais le soláthar don óige.

## Ionaid fhisiciúla: samplaí ionadaíocha

### An Taibhdhearc

Amharclann Náisiúnta na Gaeilge a thugtar ar an Taibhdhearc, atá suite ar an tSráid Láir i gCathair na Gaillimhe. Níl aon stádas reachtúil ag leibhéal stáit don ghné 'náisiúnta' den misean sin agus ní ar an mbonn sin a bunaíodh an amharclann . Tá stádas Chuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta ag an gcomhlacht agus tá 'Amharclann Náisiúnta na Gaeilge' mar chuid d'ainm an chomhlachta sin. Fuair an amharclann maoiniú stáit aimsir a bunaithe, agus tá Bord ar leith freagrach as an amharclann. Bhí an Bord seo ceangailte leis an gComhar Drámaíochta sna blianta tosaigh, an comhar céanna a mhaoinigh drámaíocht Ghaeilge in Amharclann na Mainistreach. Is mó claochlú a tháinig ar chur chuige na hamharclainne i gcaitheamh na mblianta. Bhí béim mhinic ar cheoldrámaí agus ghearmaireachtaí, agus uaireanta bhíodh béim ar léirithe ar ábhar aistrithe. Cuireadh scéimeanna oiliúna don óige ar bun ag tús na nochaidí (Aisteoirí óga na Taibhdheirce) agus arís i mblianta tosaigh na mílaoise (Na Crosáin). Bhí tréimhse bhisiúil ar leith ann i mblianta tosaigh na mílaoise, mar ar leagadh béim ar leith ar chaighdeán léirithe agus ar dhrámaí a chur dá scríobh. Bhí Stiúrthóir Ealaíne ag n Amharcalnn um an dtaca sin. Is leis an gcomhlacht féin an foirgneamh. Deineadh athchóiriú ar an Amharclann sa bhliain 2012, tar éis dó bheith dúnta tamall de bhlianta mar gheall ar dhochar a deineadh i dtine. Tá Bord freagrach as an gcomhlacht fós. Tá Bainisteoir Ginearálta freagrach as riaradh na hamharclainne. Is í fís Straitéis 2020 go 2025 na Taibhdheirce go mbeidh *'An Taibhdhearc mar phríomhárdán do dhrámaíocht na Gaeilge'* agus luaitear mar chuid den mhisean sin ardán a thabhairt do dhrámaíocht na Gaeilge, tacú le cur chun cinn na drámaíochta go náisiúnta agus glúin nua de dhrámadóirí Gaeilge a chothú. I measc na gcéimeanna sonracha a luaitear leis na spriocanna sin a bhaint amach tá:

· Ionad sár-mhaitheasa d'amharclannaíocht na Gaeilge a chruthú

· Líon na seónna a théann ar chamchuairt a mhéadú le feoil a chur ar na mianta atá ag an Taibhdhearc a bheith níos náisiúnta

· Deiseanna traenála a mhéadú (an fhoireann inmheánach agus daoine taobh amuigh le gaol a chothú idir lucht spéise amharclainne agus an Taibhdhearc.

· Féidearthachtaí nua a fhiosrú i dtaca le lucht féachana nua a mhealladh, céard a theastaíonn ón bpobal mar aon le scrúdú ar an gcineál seirbhíse a chuireann an Taibhdhearc ar fáil.

· Glúin nua cleachtóirí amharclainne a chruthú (Tá ganntanas stiúrthóirí ann, mar shampla….)

· Glúin nua scríbhneoirí a spreagadh

· Fáiltiú roimh lucht drámaíochta den uile chine agus den uile chumas.

Léiríodh 'Anois Teacht an Earraigh' le Ceoltóirí Óga Chois Fharraige ar an 3 Feabhra 2019.

Le bliain anuas léiríodh na drámaí seo a leanas sa Taibhdhearc:

Iúil 2019: 'SALÓMAE' Cóiriú ar dhráma Oscar Wilde ag Breandán de Gallaí, comhléiriú idir an Taibhdhearc agus Éiriú le haghaidh Féile Idirnáisiúnta Ealaíne na Gaillimhe.
27 – 28 Meán Fómhair 2019, léirigh Aisteoirí an Spidéil, 'Boicíní Bhóthar Kilburn' san amharclann le cabhair airgid ón Taibhdhearc.
20 Samhain 2019: 'Airneán Árann, ceol, litríocht, amhráin, filíocht in ómós trí Oileán Árann: Macdara Ó Fátharta, Mary O'Malley, Oisín Ó hIarnáin, Treasa Ní Mhiolláin, Dara Ó Conaola, Lasairfhíona Ní Chonaola i gcomhar le Arts in Action, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.
Nollaig 2019: 'An Dara Réalt' geamaireacht nuascríofa ag Doireann Langford
'Amhráin an Bhonnáin Bhuí' le Vincent Woods á léiriú ag Maelíosa Stafford, 05 – 15 Feabhra 2020.
'Ceiliúradh ar an mBlascaod' leis an Dublin Orchestra Ensemble agus Niamh Ní Charra agus Noreen O'Donoghue. Bhí Muireann Nic Amhlaoibh agus a banna ceoil ar an stáitse. Reachtáladh an oíche i gcomhar le Arts in Action , OÉG, 11 Márta 2020.

Léiríodh dráma Gaeilge a bhain leis an scrúdú cainte (29 Eanáir) agus Scléip Ghael-Linn (19 Samhain 2019) Anuas ar seo bhí an Taibhdhearc ar fáil do ghnáthléirithe (an t-iliomad léirithe agus imeachtaí Béarla san áireamh) Go deimhin, ba líonmhaire agus ba rialta go mór iad na léirithe Béarla ilchineálacha ná na léirithe ócáidiúla Gaeilge.

**Amharclann na Mainistreach**

Ar shuíomh lín Amharclann na Mainistreach luaitear gné na Gaeilge d'obair na hAmharclainne. Seo sliocht seo ón misean a shonraítear ar an suíomh:

> Táimid tiomanta don cheannródaíocht i dtaca le scéal iomlán na hÉireann a insint, sa Bhéarla agus sa Ghaeilge, agus dearbhaímid gur amharclann í an Mhainistir d'oileán iomlán na hÉireann agus dá mhuintir uile. Déanaimid, i ngach iarracht dár gcuid, an ionchuimsitheacht, an ilchineálacht agus an comhionannas a chur chun cinn.

(Suíom Lín Amharclann na Mainistreach 2020)

Níor léiríodh drámaí Gaeilge le fada ar phríomhstáitse Amharclann na Mainistreach agus is go fíorócáidiúl léirítear drámaí Gaeilge ar stáitse na Péacóige. Ba trí scéim Abbey 5x 5 a fuair dhá chomplacht deontas agus meantóireacht do léiriú Gaeilge sna blianta 2018 agus 2019. Scéim í seo *'for communities who felt marginalised and silenced'*. Tá míréir idir loigic na conaire seo do thograí Gaeilge agus misean Amharclann na Mainistreach ar a suíomh, a mhaíonn go dtugann sé áit lárnach do dhrámaíocht na Gaeilge agus an Bhéarla.

Ní luaitear an Ghaeilge i misean, fís nó luachanna na hAmharclainne ina Straitéis Cúig Bliana Five Year Strategy 2019-2023. Luaitear drámaí Gaeilge mar phointe 2 sa mhír 'Goals 2' a bhfuil d'aidhm aige caidrimh a chaomhnú agus a chothú le cleachtóirí cruthanta. Tá i gceist ag Amharclann na Mainistreach: (to) 'Support the development of new work in the Irish language, working with key partners to do so'. Ní hionann an leibhéal tiomantais don Ghaeilge ('support the development with key partners') sa mhír seo agus an lua sonrach ar 'commision new work' sa phointe roimhe in Goals 2. Ní luaitear na pairtnéirí a bheidh i gceist ach oiread. Níor fhreagair Amharclann na Mainistreach ríomhphoist ag tabhairt cuireadh dóibh bheith páirteach sa phróiséas comhairliúcháin don Straitéis do na hEalaíona Teangabhunaithe. Ag Comhdháil Ceangal thug comhairleoir amharclainne de chuid Amharclann na Mainistreach le fios go bhfaigheann an Amharclann, ar an meán script amháin Gaeilge, in aghaidh na bliana. Tugadh le fios leis nach bhfuil comhairleoir amharclainne le Gaeilge ag an Amharclann na Mainistreach, ná straitéis chaoi chun tacaíocht réamhghníomhach a thabhairt do dhrámaíocht na Gaeilge. Athleiríodh an drama Gaeilge *Baoite*, comhléiriú de chuid na Taibhdheirce agus Amharclann na Mainistreach ar Stáitse na Péacóige ar feadh seachtaine i mí Márta 2019. (Léiríodh an dráma ar dtús ag Féile Idirnáisiúnta Ealaíon na Gaillimhe). Is fiú a lua go raibh scéal thograí comhléirithe Amharclann na Mainstreach ina n-ábhar conspóide ag tús na bliana 2019 nuair a shínigh ós cionn 300 aisteoir agus cleachtóir eile litir ag gearán faoi easpa bundeiseanna fostaíochta san Amharclann. D'athghin an chonspóid sin plé ar imeallú na Gaeilge san amharclann. Níl léiriú déanta ar dhráma Gaeilge ar phríomhstáitse Amharclainne le os cionn 27 mbliain. Dar le Ray Yeates, Oifigeach Ealaíon Chomhairle Chathair Átha Cliath, a bhíodh ag obair le hAmharclann na Mainistreach, nach raibh an 'toil ealaíonta' san amharclann ar feadh i bhfad le mórléiriú Gaeilge a dhéanamh, agus ina éagmas seo, nach féidir brú rialtais nó brú 'an teanga náisiúnta' a chur ar an Amharclann le soláthar cuí a dhéanamh don Ghaeilge. (Molscéal 10/1/2019) Fuair togra Gaeilge de chuid an chomhair Gharraí an Ghiorria tacaíocht faoi scéim 5x5 Amharclann na Mainistreach sa bhliain 2018.

Fuair Aerach. Aiteach. Gaelach tacaíócht do thogra dátheangach faoin scéim chéanna sa bhliain 2020. Is fiú 5,000 tacaíocht 5x5 agus cuirtear spás forbartha agus tacaíocht theicniúil ar fáil chomh maith. Is fiú a thabhairt faoi deara go dtugann Amharclann na Mainistreach féin le fios ar a suíomh lín gur scéim do dhreamanna imeallaithe scéim 5 x5. I measc an ábhair bholscaireachta don scéim cuireadh na ceisteanna: 'Do you feel that your community is underrepresented on the Irish stage? Do you think your voice has not been heard by national organisations?'

**Siamsa Tíre, Trá Lí**

'The National Folk Theatre' a thugtar ar Siamsa Tíre ar a suíomh ach arís níl aon stádas reachtúil nó rialtais leis an lua ar 'náisiúnta'. Bíonn compántas gairmiúil le meitheal leathghairmiúil/aimitéireach páirteach ins na léirithe den ábhar dúchais. Cuid thábhachtach de mhisean Shiamsa Tíre an oiliúint a chuireann siad ar chleachtóirí, go háirithe cleachtóirí óga (taobh amuigh de léirithe). Idir Bealtaine agus Meán Fómhair a léirítear seónna a bhaineann le gné an Folk Theatre den amharclann agus leagtar béim ar ealaín a bhfuil gné dúchais ag baint leis le linn na tréimhse céanna. Don chuid eile den bhliain feidhmíonn ionad fisiciúil Shiamsa Tíre mar ghnáthamharclann agus mar ghnáthionad ealaíne chomh maith. Luaitear aidhmeanna Shiamsa Tíre ar a suíomh lín:

> The aim of the National Folk Theatre is to protect, explore and develop traditional artforms in music, song and dance. These aims are delivered through numerous activities: Folk Theatre stage productions from the Siamsa Tíre repertoire, the development of new work, as well as training and education.
>
> (Suíomh Lín Siamsa Tíre 2020)

Tá gné áirithe Gaeilge ag baint le hobair na hAmharclainne, idir oiliúint agus léirithe, go háirithe maidir le hamhránaíocht Ghaeilge agus bhíodh ionad oiliúna/léirithe ag Siamsa Tíre i nGaeltacht Chorca Dhuibhne. Fáiltítear roimh theagmháil ó chleachtóirí cruthaitheacha a bhfuil fonn orthu co-oibriú leis an Amharclann ach ní ghlacann siad le hiarratais don chlár léirithe den amharclannaíocht dúchais. Téann an chomplacht ar camchuairdeanna thar lear.

**Amharclann Ghaoth Dobhair**

Is é seo an t-aon amharclann saintógtha atá lonnaithe i gceantar Gaeltachta. Is í príomhaidhm na hAmharclainne *'ná an Ghaeilge, an cultúr agus na healaíona a chothú agus a chaomhnú'* agus *'lárionad ealaíne den scoth a chur ar fáil don phobal chun an saol cruthaitheach seo a léiriú agus a chur chun cinn sa cheantar uathúil, leitheadach seo'.* Dar le

suíomh na hAmharclainne, bainfear úsáid as an Amharclann (a bhfuil athchóiriú déanta uirthi le gairid) leis na haidhmeanna seo a leanas a  bhaint amach:

- Drámaí a léiriú ag Aisteoirí Ghaoth Dobhair
- Drámaí a léiriú ag Aisteoirí eile (ar chuireadh nó ar cíos)
- Drámaí a léiriú ag scoilteacha an cheantair
- Na geamaireachtaí a athbhunú
- Comórtais scoil dhrámaíochta a reáchtáil (scoil drámaíocht agus náisiúnta).
- Cúrsaí aisteoireachta/drámaíochta & ceardlanna drámaíochta.
- Coirmeacha ceoil a chur ar fail.
- Có-oibriú leis na coláistí samhraidh le drámaí a léiriú faoi stiúir Aisteoirí Ghaoth Dobhair/coimeacha ceoil; comórtais dhíospóireachta; agus taispeántais ardáin.
- Clubanna ceamara/grianghrafadóireachta, taispeántais ghrianghrafadóireachta agus club fichille.
- Scríbhneoireacht, cumann scríbhneoireachta a bhunú agus cuidiú óna haisteoirí le scripteanna a chur le cheile, agallamh beirte agus filíochta.
- Scéalaíocht; Cuidiú agus tacaíocht le scéalaíocht a chur chun cinn sa pharóiste.
- Club amaitéarach le físeanna a chleachtadh dírithe ar an aos óg.
- Iarsmalann: an trealamh a bhí a úsáid ag na haisteoirí a chruinniú agus a chur le cheile agus a chur ar thaispeántas.
- Ceangal a chruthú le grúpaí eile drámaíochta agus cultúrtha sa phoblacht agus sna se chontae. Ceangal a dhéanamh leis an Alban agus Manainn.
- Stair, litríocht agus oidhreacht na nGael a chothú I measc an phobail.
- An Amharclann a chur ar fail do ghrúpaí ceoil mar an Chrann óg mar shampla

(Suíomh Lín Amharclann Gaoth Dobhair 2020)

**Ionad Fíbín**

Bunaíodh Fíbín Teo i 2003 chun drámaíocht trí Ghaeilge a chur ar fáil do dhaoine óga. (Féach thíos freisin) Le blianta beaga anuas tá ionad ealaíon agus fiontraíochta bunaithe ag Fíbín sa Tulach i gConamara.

**Ionad Cultúrtha (An Dochtúir Ó Loinsigh), Baile Mhuirne**

Fágann láithreacht an ionaid seo i nGaeltacht Mhúscraí gur féidir léirithe ceoil thaibhseacha a chur ar siúl sa cheantar. Bhí na filí béil Ciara Ní é agus Séamas Barra mar aíonna san ionad

sa bhliain 2019, imeacht a ritheadh i bpáirt le Dámhscoil Mhúscraí. Ní ionad amharclainne atá ann.

## An Amharclannaíocht

### Compántais amaitéaracha:

Tá compántais áirithe amaitéaracha éagsúla ann a imríonn ról tábhachtach ina gceantair féin. Ar na compántais is gníomhaí tá Aisteoirí Bulfin (BÁC), Aisteoirí Bhréanainn (Corca Dhuibhne) agus Aisteoirí Mhíobhaigh (Dún na nGall).  Tá rath na gcompántas seo agus compántas eile ag brath ar shuim phearsanta a mball. Is gnách dóibh leas a bhaint as hallaí pobail agus ionaid eile poiblí dá gcuid léirithe ach cuireann siad léirithe ar siúl in ionaid saintógtha chomh maith. Tá roinnt cumann aimitéaracha ann nach bhfuil nasc acu leis an gComhlachas Náisiúnta Drámaíochta.

### Comhlachtaí ar leith

Tá roinnt comhlachtaí drámaíochta gairmiúla ann atá ag feidhmiú trí Ghaeilge amháin nó go dátheangach/go hilteangach. (Féach liosta ionadaíoch san iniúchadh)

Is fiú a thabhairt faoi deara gur cuireadh dhá cheann de na comhlachtaí is mó rath as measc na gcomhlachtaí seo ag am ar leith (Fíbín, 2003, Branar: Téatar do Pháistí: 2001) tráth go raibh borradh ar leith faoi chúrsaí drámaíochta sa Taibhdhearc, fás tagtha ar earnáil na drámaíochta Gaeilge agus an drámaíocht Ghaeilge curtha ar churaclam na hArdteiste. Sa bhliain 2001 a shocraigh an chomhlacht Graffiti gné Ghaeilge a fhorbairt ina gcleachtas. Déanann siad ar a laghad leiriú amháin Gaeilge in aghaidh na bliana; bhí dhá sheó ann, Seoid agus An Fear Siúil sa bhliain 2018. . Déanann an chomhlacht soláthar ar leith in earnáil na luathbhlianta trína gclár Beag a mhaoinítear ag Feidhmeannacht an Seirbhísí Sláinte, Oifigí Eaaíon Chomairli  Chathair Chorcaí agus Chonate Chorcaí. Níl aon eagras Gaeilge luaite i measc an  108 ‘encounter’ le leanaí réamhscoile agus ionaid teaghlaigh agus eile a eagraíodh faoin mar chuid den  togra sa bhliain 2019.

Tá an compántas drámaíochta Aisling Ghéar lonnaithe i mBéal Feirste. Bunaíodh an compántas amharclainne seo sa bhliain 1997. I measc na saothar a léirigh an compántas bhí saothar le Machiavelli, WB Yeats, Tom Murphy, Rosemary Jenkinson, Eugene Ionesco, Samuel Beckett, Eoghan Ó Tuairisc, Biddy Jenkinson, Brian Friel, Dario Fo, Willy Russell agus Marie Jones.

Téann na comhlachtaí seo ar camchuairdeanna náisiúnta (agus, i gcásanna áirithe, idirnáisiúnta) Is gnách gur in ionaid saintógtha a dhéanann siad a gcuid léirithe cé go mbaineann siad leas chomh maith as láithreacha eile agus as múnlaí samhlaitheacha dá léirithe. Cuireann comhlachtaí mar Fíbín agus Aisling Ghéar léirithe ar siúl de dhrámaí atá ar churaclam na meánscoile (nó leaganacha drámata de shaothair phróis).

Níor bunaíodh aon chomhlacht drámaíochta ghairmiúil Ghaeilge le blianta beaga anuas.

**An Drámaíocht: na meáin chraolta agus na hardáin dhigiteacha**

Tar éis bhunú TG4 tháinig méadú ar líon na naisteoirí gairmiúla a bhí lonnaithe in Iarthar agus i gCathair na Gaillimhe. Bhí ról tábhachtach ar leith ag an sobalchlár Ros na Rún maidir le hioncam seasamhach a sholáthar do bhuíon aisteoirí agus do chriú teicniúil.

D'imir Raidió na Gaeltachta ról tábhachtach tríd an ardán a thug siad san aimsir chaite don drámaíocht raidió, go háirithe an sobalchlár Baile an Droichid. Tá an teicneolaíocht dhigiteach, na hEalaíona Closamhairc agus an borradh faoin bPodchraoladh tar éis ardáin nua a chruthú don Drámaíocht Raidió. Is iad na príomhardáin a bhaineann ná Raidió na Gaeltachta, RTE1, Raidió na Life, agus BBC Uladh.

Tá dualgas agus oibleagáid ar gach stáisiún raidió, idir stáisiúin cheadúnaithe agus phobal, cláir Ghaeilge a chur ar fáil. Mar a léiríodh sa tuarascáil dhéanach 'Research on the Use of Irish on Radio', áfach, ní mór a chloítear leis an oibleagáid seo (Day & Walsh 2018, 2019).

**Oiliúint agus Fostaíocht**

Trí Bhéarla den mhórgóir is féidir oiliúint fhoirmeálta a fháil ar ghnéithe éagsúla den drámaíocht (aisteoireacht, léiriú, soilsiú, dearadh seite agus fuaime srl). Is féidir gnéithe áirithe de chlár Drama and Theatre Studies Ollscoil na hÉireann, Gaillimh a chomhlíonadh as Gaeilge agus tá modúl ar leith ar an gclár a dhíríonn ar dhrámaíocht na Gaeilge. Níl aon struchtúr leanúnach ann in aon amharclann maidir le forbairt scripteanna drámaíochta Gaeilge. Bhíodh scéim ag an gComhlachas Náisiúnta Drámaíochta chuige seo.

Tá deiseanna éagsúla fostaíochta ann i gcomhlachtaí drámaíochta neamhspleácha, mar chomhalta neamhspléach in earnáil an oideachais agus in earnáil na teilifíse/scannánaíochta.

Go stairiúil, bhíodh cuid mhaith d'iarbhaill cumann drámaíochta Gaeilge, go háirithe Cumann Drámaíochta Ollscoil na Gaillimhe ag aimsiú fostaíochta in earnáil ghaolmhar (mar shampla, an teilfís) ach níl an cumann seo gníomhach níos mó.

## Scriptscríbhneoireacht

Bronnann an tOireachtas duaiseanna ar scripteanna dhrámaí Gaeilge ach níl aon cheangal nó conair ar leith ann maidir le léiriú a dhéanamh ar na scripteanna seo. Ní hann ach oiread d'aon scéim a bhaineann le forbairt scripteanna ar bhonn meithle. Fáiltíonn Fíbín roimh scribhinní agus tá comórtas Gradam Joe Steve do script dráma raidió á reachtáil faoi láthair acu, i bpáirt leis an Taibhdhearc, Údarás na Gaeltachta agus Raidió na Gaeltachta . Is féidir script do dhráma raidió Gaeilge a chur chuig RTÉ Raidió 1 chomh maith agus bíonn coimisiúin thráthrialta ann do scripteanna drámaíochta teilfíse a bheadh le craoladh ar TG4/BBC.

## Eagrais drámaíochta don óige

### An Óige mar lucht féachana

Cuireann compántais mar Branar: Téatar do Pháistí agus Graffiti Theatre sainsoláthar drámaíochta trí Ghaeilge do lucht féachana óg. Tá comhlachtaí eile (Fíbín, mar shampla) a chuireann drámaí agus deiseanna oiliúna ar fáil do dhaoine óga ar bhonn rialta. Bíonn léirithe Gaeilge rialta ag Féile Babaró agus Féile Bualadh Bos. Cuireann an compántas sorcais Fanzini seónna trí Ghaeilge ar fáil chomh maith. Tá an drámaíocht mar chuid de churaclam na bunscoile ach níl aon sainsoláthar don oiliúint don dramaíocht trí Ghaeilge taobh amuigh de mhúineadh na gclár oideachais i mbunscoileanna lán-Ghaeilge.

### An Óige mar chleachtóirí

### Ógras

Gréasán clubanna óige trí Ghaeilge is ea Ógras. Anuas ar an dhaoine óga a spreagadh le Gaeilge a labhairt tá tionchar seachteanga luaite le clár oibre an eagrais, béimeanna atá ag teacht cuid mhaith le fís Éire Ildánach.

Clár oibre don aos óg a sholáthar trí mheán na Gaeilge atá beo, ilchineálach agus pleanáilte agus a spreagann smaointeoireacht chruthaitheach, spreagadh féin-mhuiníne, forbairt shóisialta agus forbairt teanga trí ghníomhaíochtaí spraoi, spóirt, cultúrtha agus caitheamh aimsire (Suíomh lín Ógras)

I measc na n-imeachtaí cultúrtha a eagraíonn Ógras tá seónna ardán, a chuimsíonn dhá shnáithe de chuid na nEalaíon Teangabhunaithe, an drámaíocht agus an amhránaíocht.

Nóta: Is é Cumann na bhFiann an ceanneagraíocht do dhaoine óga a mhaoinítear ag Foras na Gaeilge. Níl aon bhéim ar leith ag an gcumann ar na healaíona. Tá an chuma ar shuíomh

lín an Chumainn go bhfuil dlúthbhaint idir na clubanna óige agus coláistí samhraidh a ritear faoin teideal 'Coláiste na bhFiann'. Luaitear ar an suíomh go ndíchlárófar ball a labhrann Béarla trí bhabhta.

**Amharclann na nÓg**

Is iad Tuismitheoirí na Gaeltachta a thionscain an compántas seo, a eagraíonn léirithe do leanaí d'aoiseanna éagsúla. Tá an compántas lonnaithe i gConamara. (Roimhe seo, ón mbliain 2001 go circa 2010 bhíodh compántas den ainm céanna ag feidhmiú i gCorca Dhuibhne, a raibh ceangal acu le spás amharclainne an Lab, sa 'Mhainistir' (seanscoil) sa Daingean. Ní hann don Lab nó d'Amharclann na nÓg a thuilleadh agus díoladh an suíomh a bhíodh in úsáid ag an gcompántas).

**Youth Theatre Ireland**

Is é Youth Theatre Ireland an pairtnéir atá ag Creative Ireland maidir le forbairt na drámaíochta don óige in Éirinn.

Tá deiseanna tacaíochta ar fáil ó Youth Theatre Ireland do ghrúpaí drámaíochta Gaeilge don óige, idir bhunú, riaradh de réir dea-chleachtais agus fhorbairt ghairmiúil áisitheoirí . Níl aon chraobh Ghaeilge de Youth Theatre Ireland ann agus níl aon saineolas ar leith san eagraíocht maidir le drámaíocht na Gaeilge.

**An Cumann Scoldrámaíochta**

Tá An Cumann Scoildrámaíochta 86 bliain ar an bhfód. Eagraíonn an cumann féilte drámaíochta ar bhonn comórtais chun drámaí trí Ghaeilge a chur chun cinn ar fud na tíre trí ghréasán na scoileanna. Deir a suíomh go bhfuil siad faoi phátrúnacht an Aire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta agus gur scoláirí bunscoile agus iarbhunscoile a ghlacann páirt sna féilte a reáchtálann siad. Tugann suíomh lín an chumainn le fios go nglacann thart ar 10,000 páiste páirt sna féilte seo. Baineann na féilte le Poblacht na hÉireann agus Tuaisceart na hÉireann araon. Tá bunachar scripteanna le fáil ar an suíomh, agus struchtúr coistí ar bhonn cúige. Tá béim an chumainn ar eagrú comórtas seachas ar oiliúint nó féinfhorbairt ach is léir go gcomhlíonann an cumann feidhm oiliúna do mhúinteoirí trí na ceardlanna oiliúna sa léiriú a reachtáiltear. Luaitear chomh maith an cothú a dhéanann an drámaíocht ar scileanna teanga agus ar thréithe pearsanta chomh maith: 'féinmhuinín, urlabhraíocht agus comhoibriú'. Ní luaitear scríobh drámaí ar an suíomh ach tá nasc ann do chomórtas litríochta an Oireachtais. I suíomh an oideachais a fheidhmíonn an cumann agus luaitear go sonrach béim an churaclaim ar an drámaíocht. Naisc d'eagrais Ghaeilge

agus eagrais oideachais amháin atá ar an suíomh agus níl aon naisc ann d'eagrais drámaíochta níos leithne, don Chomhairle Ealaíne nó do Éire Ildánach. Níl aon láithreacht ag an gcumann ar na meáin shóisialta.

### 6.2 An Amhránaíocht (Amhránaíocht ar an Sean-Nós agus An Amhránaíocht Chomhaimseartha, Chórúil agus Ealaíne)

Ag comórtais sean-nóis an Oireachtais tugtar aitheantas do bhuanna ar leith i measc amhránaithe: an chumarsáid, mianach an ghlóir agus go minic, feabhas urlabhra sa Ghaeilge (Costello, 2015). Déanann Comhaltas Ceoltóirí Éirinn idirdhealú glan idir amhránaíocht traidisiúnta (Béarla) agus amhránaíocht ar an sean-nós (Gaeilge) agus béimníonn ceangal an tsean-nóis, dar leo, le ceantair Ghaeltachta. Béimnítear arís cumas cumarsáide an amhránaí:

> An understanding of the storyline and text, together with a knowledge of the historical background and lore, will add greatly to the eventual performance of the songs.
>
> (Suíomh lín Chomhaltas 2020)

Chomh fada siar leis an mbliain 1979 mhol tuairisc de chuid na Comhairle Ealáine an gá le pleanáil agus cur chuige comhtháite do sheachadadh na hamhránaíochta 'traidisiúnta' i measc na hóige:

> The Arts Council, in consultation with the relevant bodies such as Comhaltas Ceoltóirí Éireann, local Gaeltacht cooperatives, Radio na Gaeltachta, Gael Linn etc., should initiate schemes (e.g., workshops in traditional Irish singing) which would ensure the preservation and development of traditional Irish singing, particularly among the young people of the Gaeltacht.
>
> (Benson 1979)

I dtuarascáil faoin oideachas a deineadh na moltaí seo agus is bearna mhór fós gan ionad struchtúrtha ar leith a bheith ag ETB na Gaeilge i gcuraclam na scoile nó oiliúint a bheith á cur ar fáil ar chleachtadh agus ar sheachadadh ETB na Gaeilge d'ábhar múinteoirí le linn a gcúrsaí oideachais do bhunmhúinteoirí. Tá oiliúint ar siúl taobh amuigh den chóras scolaíochta le blianta beaga anuas trí scéimeanna éagsúla áitiúla, go háirithe sna ceantair Ghaeltachta (mar shampla, An Gaelacadamh, nach maireann, comórtais agus ceolchoirmeacha do dhaltaí scoile a reachtálann Gael-linn, eagrais oidheachta mar Oidhreacht Chorca Dhuibhne agus Acadamh Fodhla i Múscraí agus scéimeanna éagsúla de chuid Ealaín na Gaeltachta).Tá oiliúint ar siúl ag eagraíochtaí agus scéimeanna eile chomh maith chomh maith (mar shampla, Comhaltas Ceoltóirí Éireann, scéim Amhránaí Conáithe Ollscoil na hÉireann Gaillimh) Le blianta beaga anuas tá fearainn nua bainte amach ag an amhránaíocht thraidisiúnta trí chéile. Bhí ról mór ag Iarla Ó Lionáird ag rá 'Casadh an

tSúgáin' sa mhórscannán Broklyn agus fostaíódh é sa bhliain 2018 mar 'Global Scholar' de chuid Ollscoil Princeton. Is réimse fáis é líon na gcleachtóirí 'iasachta' mar Paula Kehoe (An Astráil), Katya (Poblacht na Seice/An Spáinn) atá tar éis suim a chur san amhránaíocht ar an sean-nós.

Aithnítear go forleathan an saothar mór a rinne an Gaelacadamh a bhí lonnaithe i nGaeltacht an Gaillimhe leis na hETB a chur chun i gConamara agus in Árainn i measc glúin iomlán de dhaoine óga ón bhliain 1978 ar aghaidh.[5] Nuair a ceadóidh €390,000 don eagraíocht sa bhliain 2015 do na trí bliana ina dhiaidh sin dúradh i ráiteas ó Roinn na Gaeltachta go raibh *'19 múinteoirí - idir cheoltóirí, amhránaithe agus damhsóirí - fostaithe go páirtaimseartha ag an nGaelacadamh ag teagasc os cionn 1,000 dalta'*. Cuireadh an maoiniú ar fáil don Ghaelacadamh *'chun a chinntiú go mbeidh ar a gcumas leanúint leis an obair mhaith atá ar siúl acu i gcur chun cinn an cheoil, an damhsa agus na hamhránaíochta sa Ghaeltacht trí mheán na Gaeilge'.* Tuairiscíodh sa Journal of Music ar 6 Meán Fómhair 2018 gur dúnadh an Gaelacadamh an mhí roimhe sin de bharr *'funding difficulties'*. Dúradh gur faoi Ealaín na Gaeltachta feasta a bheadh an réimse oibre a bhíodh roimhe sin an Gaelacadamh agus go raibh maoiniú €325,000 ceadaithe don chúram sin.

Tá tionchar ag cuid de na fearainn nua atá bainte amach ag an amhránaíocht thraidisiúnta (an amhránaíocht a bheith ina táirge, an ghairmiúlacht agus an domhandú ar fhoirm na hamhránaíochta) ar liricí, stíl agus gaol cleachtóirí le lucht éisteachta (Motherway 2013). Aithníonn Comhaltas Ceoltóirí Éireann na deiseanna breise atá ann amhráin a shealbhú agus a sheachadadh le cabhair na teicneolaíochta (Suíomh Lín Chomhaltas 2020). Anuas ar seo, tá amhránaithe Gaeilge tar éis lucht éisteachta nua a bhaint amach do dhánta Gaeilge trí cheol a chur leo. Tá os cionn 150,000 duine tar éis breithniú le leagan The Gloaming de 'Saoirse' le Seán Ó Ríordáin ar Youtube mar shampla

Tá borradh faoi chleachtadh na hamhránaíochta Gaeilge, a lucht éisteachta ag fás agus go deimhin fearainn nua a bhaint amach ag amhránaíocht na Gaeilge go hidirnáisiúnta, ar na hardáin dhigiteacha. Bhí amhráin Ghaeilge mar chuid de scannáin mar Brooklyn agus Black 47 agus tarraingíonn físeáin Youtube amhránaithe mar Iarla Ó Lionáird na céadta míle éisteoir. Tá an amhránaíocht ar an sean-nós le clos ag féilte na hamhránaíochta sean-nóis, mar shampla, Féile na Seanbheairice i dTír Chonaill, Féile Joe Éinniú, Éigse Dhiarmuidín Uí

[5] https://www.chg.gov.ie/e390000-sanctioned-for-an-gaelacadamh-an-spideal-by-minister-of-state-for-gaeltacht-affairs-joe-mchugh-t-d/ https://journalofmusic.com/news/eu325000-traditional-arts-gaeltacht-following-closure-gaelacadamh

Shuilleabháin, Féile na Mí, Éigse Mhicheál Mháire Ghabha agus Sean-nós Cois Life. Tá láithreacht fheiceálach chomh maith ag an amhránaíocht ar an sean-nós ag féilte eile ceoil níos ginearálta, mar shampla, Scoil Samhraidh Willie Clancy, Fleadh Ceoil na hÉireann agus Fleadhanna áitiúla, Trad picnic, comórtas Scór de chuid an Chumainn Lúthchleas Gael, Siansa Ghael-Linn agus ag seisiúin i dtithe tábhairne.

Anuas ar fhéilte agus ar chomórtais, tá líon mór grúpaí Gaeilge a chuireann an amhránaíocht chun cinn go neamhiomaíoch: mar shampla, An Ghabháil Fhoinn i mBaile Átha Cliath (nó An Góilín mar is fearr aithne air); agus club Siar Ó Thuaidh i dtigh Uí Chatháin i mBaile an Fheirtéaraigh i gCorca Dhuibhne. Tá roinnt scéimeanna píolóiteacha tar éis an-mhianach a léiriú maidir le tograí for-rochtana don amhránaíocht (mar shampla, an togra Binneas agus amhránaí ar cuairt i scoileanna in Uíbh Ráthach, ceardlanna do dhaoine óg ag Féile na Seanbheairice ar an bhFal Carrach). Tá sruthanna maoinithe ar leith ar fáil do thograí cruthaitheacha agus do fhiontar taifeadta ón gComhairle Ealaíne agus Ealaín Na Gaeltachta. I measc na scéimeanna don óige a mhaoiníonn Ealaín tá an scéim atá ag Oidhreacht Chorca Dhuibhne, Aisling Geal i Múscraí, agus Binneas in Uíbh Ráthaigh agus scéim de chuid na Crannóige.

Ó thús na n1980í, tá líon mór cumadóirí Gaeltachta – go mór mór i nGaeltacht Chonamara - ag scríobh amhrán comhaimseartha, go minic i stíl an cheoil tuaithe. Dar le Micheál Ó Conghaile, tháinig breis cumadh breis agus 100 amhrán ag cumadóirí Chonamara idir 1980 agus 1990 (Gnéithe d'Amhráin Chonamara Ár Linne 1993: 10). Tá athrú ag teacht ar stádas 'imeallaithe' amhránaíocht ar an sean-nós agus méadú ag teacht ar chomhthograí idir cleachtóirí sean-nóis agus cleachtóirí an cheoil chomhaimseartha (Ford 2017).

### Amhránaíocht Chlasaiceach

Sa bhliain 2019 deineadh coimisiúnú ar chumadh nó cóiriú amhrán nua ealaíne sa Ghaeilge ó chumadóirí Éireannacha agus idirnáisiúnta. Maoiníodh an togra ag an gComhairle Ealaíon. Trí Thionscadal na nAmhrán Ealaíne Gaeilge gineadh bailiúchán de chaoga amhrán ealaíne a bhfuil fáil orthu anois ar an shuíómh an Contemporary Music Centre ag https://www.cmc.ie/AmhrainEalaineGhaeilge. Bhain trí mhóraidhm leis an tionsadal: caidreamh a spreagadh idir cumadóirí clasaiceacha agus filí Gaeilge, cur go suntasach le canóin na n-amhrán ealaíne Gaeilge, agus na hacmhainní cuí a chur ar fáil chun go bhféadfadh amhránaithe in Éirinn agus mórthimpeall an domhain tabhairt faoi amhrán ealaíne i nGaeilge a chanadh. Is fiú a lua nach mbíonn fís leathan mar seo i gcónaí i láthair i dtograí a mhaoinítear ag eagrais Ghaeilge. Cuireadh na haidhmeanna sin i gcrích ar

bhealach eiseamláireach. Rinneadh ceangal leis an bhféile ealaíona Imram agus tá torthaí an togra ar fáil mar acmhainn dhigiteach. Gné shuntasach de shuíomh an tionscadail ná go gcuirtear eolas breise ar fáil a chumasaíonn raon leathan cleachtóirí le leas a bhaint as an acmhainn (na hamhráin i dteannta an scóir, treoir fhuaimnithe san Aibítear Idirnáisiúnta Foghraíochta agus aistriúchán focal ar fhocal).

Cuireadh deireadh le comórtas na gCór ag Oireachtas na Gaeilge sa bhliain 2008.

Cé nach samhlaítear ceoldrámaí (opera) leis an nGaeilge baintear leas go rialtas as moitífeanna ó litríocht na Gaeilge sa chumadóireacht Chlaisiceach agus tá deiseanna anseo do chumadóirí agus saineolaithe Gaeilge obair as láimh a chéile. Sa bhliain 2017 léiríodh an ceoldrama Eithne ag an Opera Theatre Company i bpáirt le ceolfhoireann RTÉ.

Cumadh roinnt ceoldhrámaí Gaeilge le linn athbheochan na Gaeilge le cumadóirí ar nós Charles Villiers Stanford (1852-1924), agus Robert O' Dwyer (1862-1949). Léirigh Opera Theatre Company, i gcomhar le Ceolfhoireann Shiansach Náisiúnta RTE, cuid de cheoldhráma O'Dwyer dar teideal Eithne (1909), ag an gCeoláras Náisiúnta in 2017.

Tá treoir do chumadóirí le fáil ar shuíomh an Contemporary Music Centre. https://www.cmc.ie/resources/composer-resources. Is é an Association of Irish Composers an cumann naisiúnta do chumadóirí.

**Amhránaíocht Chórúil/Eaglasta**

Tá traidisiún córúil na Gaeilge, idir cheol eaglasta agus cheol tuata, ina acmhainn mhór shaibhir do phobail na tíre agus don rannpháirtíocht sna hEalaíona béil. Is acmhainn í, áfach, a mbaintear fíorbheagán úsáide aisti, agus cúiseanna stairiúla leis sin. Tá tualangacht agus deis sa cheol Gaeilge seo pobail agus cónaitheoirí atá ann cheana féin a tharraingt chuig an nGaeilge, mar aon le pobail nua. Is í an acmhainn is saibhre ná na *hamhráin bheannaithe*, ach cuimsíonn an ceol córúíl iliomad stíleanna agus seánraí ceoil, idir chlasaiceach, an Chantaireacht Ghréagórach, glac bheag saothar de chuid cheol na ngoirmeacha, ceol gaspal atá cóirithe don Ghaeilge, agus iliomad saothar a aistríodh agus a cóiríodh don Ghaeilge gan cháipéisiú. Cuimsíonn sé ceann de na traidisiúin bhéil is ársa, is ilsainchreidmhí agus is éagsúla sa Ghaeilge, agus is minic í bunaithe ar an litríocht. I measc na saothar atá i gceist tá ábhar le Maolíosa Ó Brolcháin go dtí saothair le Ronan Mc Donagh (Stiúrthóir Eaglasta Fuaimlaoi); Criostóir Ó Loingsigh (buaiteoir an 2017 Seán Ó Riada Composition Competition); Stephen Warner (Cumadóir agus Leas-Stiúrthóir Notre Dame

Newman Centre agus University Church Choir, Faiche Stiobhna, Baile Átha Cliath); chomh maith le roinnt cóirithe den cheol eaglasta agus tuata atá déanta ag Gabor Peli (Stiúrthóir Dingle New Music Choir agus Stiúrthóir na Ceolfhoirne).

Tá cur síos ar scéímeanna maoinithe a bhaineann leis an amhránaíocht sa rannóg 'Maoiniú' agus arís san iniúchadh san Aguisín.

**Amhránaíocht Chomhaimseartha**

Ó thús na n1980í, tá líon mór cumadóirí Gaeltachta – go mór mór i nGaeltacht Chonmara - ag scríobh amhrán comhaimseartha, go minic i stíl an cheoil tuaithe. Dar le Micheál Ó Conghaile, tháinig breis agus 100 amhrán nuachumtha amach ó phinn chumadóirí Chonamara idir 1980 agus 1990 (Gnéithe d'Amhráin Chonamara Ár Linne,1993:10).

Le blianta beaga anuas, tá líon beag ceoltóirí *rap*, filí beo *slam*, agus ceoltóirí comhaimseartha eile ag cruthú trí mheán na Gaeilge, mar shampla, The Rubberbandits, Kneecap, IMLÉ, Séamus Barra Ó Suilleabháin, Ciara Ní É, agus Doireann Ní Ghriofa. Is minic gur mar ghné chumaisc idir an fhilíocht bhéil agus an amhránaíocht a shamhlaítear an cleachtas seo. D'éirigh le togra Ceol Chonradh na Gaeilge (CD bliantúil do Sheachtain na Gaeilge) móroirfidigh Bhéarla (Picture This, Kodalne srl) a chur ag taifead amhrán Gaeilge agus rinneadh 350,000 cóip den albam a sheachadadh chuig meánscoileanna na tíre sa bhliain 2018.

Tá cleachtóirí tar éis leas cruthaitheach a bhaint as saothar litríochta mar athchóiriú i bhfoirm amhráin. D'fhoilsigh Marcus Mac Conghail albam d'amhráin ar shraith dánta de chuid Sheáin Uí Ríordáin le maoiniú ó Foras na Gaeilge sa bhliain 2016. Deineadh an t-albam seo a chur le chéile i dteannta le Ríona Sally Hartman, Pearse McGloughlin, Mark Lynch, Daire Bracken agus Bill Blackmore.

Tá spéis an-mhór léirithe i bhfíseáin d'amhráin Ghaeilge atá ullmhaithe ag daltaí agus foireann Choláiste Lurgan, i nGaeltacht na Gaillimhe le roinnt blianta anuas agus iad scaipthe go forleathan ar na meáin shóisialta agus ar YouTube. Aistriúcháin ar phop-amhráin aitheanta i mBéarla is ea cuid mhór acu agus iad le feiceáil ar chainéal YouTube an Choláiste, TG Lurgan. Breathnaíodh ós cionn 7.4 milliúin uair ar an leagan Gaeilge de 'Wake me Up' sna sé bliana idir 2014 agus 2020; 4.4milliún uair a breathnaíodh ar Síoraí Spraoi, leagan Gaeilge de 'Cheerleader 'le OMI le seacht mbliana anuas agus 'Amhrán na gCúpan' ar aistriúchán Gaeilge é ar 'When I'm gone' le seacht mbliana anuas sa tréimhse céanna.

### 6.3 An Fhilíocht Bhéil/Labhartha/Taibhléirithe

Tá an fhilíocht ó bhéil mar dhlúthchuid de thraidisiún na n-ealaíon béil in Éirinn (Ó Dúshláine 2011; Denvir 2010). Bhíodh ról ag filí mar urlabhraithe thar cheann a bpobail (Denvir 1997) agus mhair rútaí den bhfeidhm seo sa traidisiún.

Tá borradh ar leith faoin bhfilíocht labhartha ('spoken word') in Éirinn agus go hidirnáisiúnta (Cullell 2015: 554) Tá forás ar leith faoin slamfhilíocht in áiteanna 'neamhealaíne' nach samhlófaí leis an bhfilíocht traidisiúnta (Cullen 2015), taobh istigh agus taobh amuigh den Ghaeltacht. Tá filí óga Gaeilge ag saothrú na healaíne béil i bhfoirmeacha comhaimseartha. Ní thugtar ardán cuí go minic do na réimsí comhaimseartha seo den bhfilíocht bhéil sna struchtúir fhadbhunaithe. *'Critical attention to modern and contemporary poetry performance has been negligible, despite the crucial importance of performance to the practice of the poetry'* (Cullen 2015: 554).

Tá fás tagtha ar chleachtadh foirmeacha comhaimseartha den bhfilíocht bhéil le blianta beaga anuas in Éirinn chomh maith. Bíonn dlúthnasc idir fearainn cleachtaithe na filíochta béil agus an cultúr coiteann sa tír. I measc na n-ardán leanúnach a bhíonn ag an bhfilíocht labhartha tá an comórtas slamfhilíochta Liú Lúnasa a reáchtáltar go bliantúil mar chuid d'fhéile imill Bhéal Feirste. Bíonn ócáid mhíosúil mic-oscailte Reic ar siúl i mBaile Átha Cliath. Cuireadh togra físdánta ar siúl ag Reic i dteannta le Áras Scríbhneoirí na hÉireann sa bhliain 2019 agus tá fás leanúnach ag teacht ar líon na bhfilí a thriallann an meán seo ar na hardáin digiteacha. Ní hamháin go bhfuil forás ar an bhfilíocht labhartha ach tá lucht rapadóireachta ag teacht chun cinn sa Ghaeilge. Tá cáil ar leith bainte amach ag an ngrúpa Kneecap ó d'eisigh siad a gcéad amhrán sa bhliain 2017. Léiríonn an rath atá ar fhéilte Liú Lúnasa agus Reic agus an lucht leanúna ollmhór atá ag an ngrúpa Kneepcap go bhfuil mianach sa mheán cleachtoirí agus lucht éisteachta níos óige agus níos ilghnéithí a tharraingt chun ealaíona béil na Gaeilge.  Le blianta beaga anuas, tá ag méadú ar líon na gceoltóirí rap, filí beo slam, agus ceoltóirí comhaimseartha eile ag cruthú trí mheán na Gaeilge, mar shampla, Kneecap, Séamus Barra Ó Suilleabháin, Ciara Ní É, MC Muipéad agus Doireann Ní Ghriofa.

Ardán tábhachtach eile a bhíonn ag an bhfilíocht bhéil in Éirinn ná tríd an ngrúpa 'Boundless and Bare'. Foilsítear iris trí uaire in aghaidh na bliana 'B&B'. Foilsíonn Boundless and Bare siad 'Spoken Word Gig Guide' go míosúil agus déantar podchraoladh filíochta labhartha a eisiúint.

> Boundless & Bare aims to strengthen and elevate the spoken word community in Ireland. We honour the creativity that has existed in Ireland for generations and bring attention to the talent that exists today. We are a community that allows people to enhance their craft, connect with other creatives and find new platforms to showcase everything they have to offer.
>
> (Suíomh Lín Boundless and Bare 2020)

Deineadh poiblíocht ar oíche filíochta béil Reic san irisleabhar seo. Is minic an ghné dhátheangach agus iltheangach i gceist san oíche seo. Bíonn cleachtóirí ó réimsí ealaíne eile páirteach trí theangacha éagsúla ag na hoícheanna filíochta seo.

Bunaíodh an 'All Ireland Poetry Slam' sa bhliain 2006. Bíonn an comórtas ar siúl gach bliain. Reáchtáltar fo-chomórtais réigiúnda agus bíonn comórtas náisiúnta mar bhuaicpointe deiridh. Bhuaigh Séamus Barra Ó Súilleabháin an comórtas sa bhliain 2011/2012, an chéad fhile Gaeilge a bhain an duais. Titeann an fhilíocht labhartha idir dhá stól go minic maidir le feastal agus maoiniú eagraíochtaí ealaíne agus teanga (a mhaoiníonn foilseacháin)

**An Fhilíocht Labhartha agus an tOideachas**

Bunaíodh an clár WRaPParound mar thogra comhpháirtíoch idir JCSP (Junior Certificate Schools Programme) agus Éigse Éireann (Poetry Ireland). Tugtar deis do dhaltaí meánscoile lá a chaitheamh le rapadóir nó le file labhartha. Mar chuid den cheardlann lae déanann siad saothar a dhearadh, a reic agus a thaifeadadh. Níl aon chleachtóir Gaeilge rannpháirteach sa scéim seo toisc easpa fáil a bheith ar chleachtóirí le Gaeilge mar a sonraíodh in agallamh le C7.

Cuireadh tús leis an gcomórtas náisiúnta filíochta labhartha Poetry Aloud sa bhliain 2006. Is togra comhpháirtíoch é idir Éigse Éireann, Leabharlann Náisiúnta na hÉireann agus Coláiste na hOllscoile Corcaigh. Reáchtáiltear sraitheanna réigiúnda agus náisiúnta. Bronntar duaiseanna airgid ar na buaiteoirí maraon le leabhar sínithe ag Séamus Heaney agus 'The Seamus Heaney perpetual trophy'. Ní reáchtáltar an comórtas seo trí Ghaeilge cé go bhfuil airgead á chuardach ag Éigse Éireann faoi láthair faoi 'The Ireland Funds' chun comórtas trí Ghaeilge a chur ar fáil.

## 6.4 Lúibíní agus Agallaimh Bheirte

Téann fréamhacha an agallaimh fhileata (lúibíní agus agallaimh bheirte) i bhfad siar i dtraidisiún litríocht na hÉireann. (Ní Mhuircheartaigh 2019, Ó Morónaigh 2001). Bíonn ardán ar fáil ag lúibíní agus agallaimh bheirte mar chuid de chomórtais ardán de chuid Oireachtas na Samhna agus mar chuid d’imeachtaí an Chomhlachais Náisiúnta

Drámaíochta. D'eagraigh COGG ceardlann lúibíní/agallaimh bheirte do mhúinteoirí sa bhliain 2019.

Le blianta beaga anuas d'eagraigh eagraíochtaí áitiúla i nGaeltachtaí scéimeanna agus féilte ar leith a bhain leis an réimse seo: mar shampla, Oidhreacht Chorca Dhuibhne, Comhchoiste Ghaeltacht Uíbh Ráthach agus Féile Béal ar an gCeathrú Rua. Chomh maith le sin bhí tograí ar leith i Múscraí, Conamara, Dún na nGall agus áiteanna eile.

Tacaíonn an Fhéile Náisiúnta Drámaíochta le lucht cumadóireachta agus láithrithe agallamh beirte agus lúibíní chomh maith. D'fhoilsigh an Comhlachas Náisiúnta Drámaíochta imleabhar suntasach d'amhráin saothair, ceapóga, lúibíní agus agallaimh bheirte sa bhliain 2001 le Seán Ó Morónaigh *Agallamh na hÉigse: Cíoradh agus Cnuasach* (An Comhlachas Náisiúnta Drámaíochta). Foilsíodh físeán i dteannta an leabhair.

Is é an t-ardán is mó a shamhlaítear le lúibíní agus le hagallaimh beirte ná comórtais ardán an Oireachtais. Bíonn traidisiún láidir i mbunscoileanna sna ceantair Ghaeltachta go háirithe in ullmhúchán do na comórtais ardán seo. Bíonn fochomórtais ullmhúcháin, mar shampla, á reáchtáil ag Oidhreacht Chorca Dhuibhne do leanaí na mbunscoileanna atá le páirt a ghlacadh sna comórtais bhliantúla ag an Oireachtas. Baineann cleachtadh na n-agallamh agus na lúibíní le ceantair ar leith agus ní raibh siad i gceist i gcomórtais luatha an Oireachtais.

## 6.5 An Scéalaíocht

Tá stair fhada shaibhir ag traidisiún na scéalaíochta in Éirinn. Ealaín í a bhí thar a bheith sóisialta san aimsir chaite agus bhí stádas ar leith ag scéalaithe fad a bhí cúltúr láidir Gaeilge i gceantair ar leith (Ó Duilearga 1948; Glassie 2010). Chothaigh cleachtadh na scéalaíochta snáitheanna muintearais sa phobal. San aimsir chaite, bhí ról tábhachtach ag an lucht siúil agus ag spailpíní i scaipeadh scéalta Gaeilge (Ó Duilearga 1948; Glassie 2010 & Ó Danachair 1947) Bhí stádas ar leith ag scéalaithe agus chuir comórtais an Oireachtais agus ardán na bhfeiseanna le stádas scéalaithe. Níorbh í an chinnúint chéanna a bhí roimh an scéalaíocht agus an amhránaíocht, agus ní hann fós d'athbhorradh suntasach leathan i réimse na scéalaíochta beo Gaeilge (taobh amuigh de chomórtais).

Is gnách gur i bhfearainn chomórtais (nó ar mhaithe le páirt a ghlacadh i gcomórtais) is mó a chleachtaítear an scéalaíocht Ghaeilge sa lá atá inniu ann. Seo é an comhthéacs is mó a bhaineann le láithriú scéalta in eagrais mar Chomhaltas Ceoltóirí Éireann agus Oireachtas na Gaeilge, mar shampla. Bíonn comórtas scéalaíochta don óige agus do dhaoine fásta mar

chuid de chroísceideal comórtas ardáin Fhéile an Oireachtais. Sa dá chás, cuirtear tús béime ar an scéalaíocht i gcomhthéacs comórtais. Cothaítear an scéalaíocht (Bhéarla agus Ghaeilge) i gcomhthéacs comórtais ag comórtais Scór Chumann Lúthchleas Gael, chomh maith (comórtais do dhaoine óga). Léiríonn na teimpléid do mholtóirí go bhfuil an bhéim ar urlabhra, agus ní dhéantar aon tagairt do fheidhm na scéalaíochta mar ealaíon sóisialta nó don scéal féin. (Scór Remarks Sheet, CLG)

Léiríonn caipéisíocht Chomhaltais maidir le comórtais scéalaíochta tuiscint na heagraíochta ar an scéalaíocht mar chleachtas a mbaineann a thábhacht le hoidhreacht, saibhreas teanga agus fiú cruinneas urlabhra, seachas cur chuige sóisialta nó féidearthachtaí cruthaitheacha. Tá an claonadh chun aithriseoireacht a dhéanamh ar ábhar réamhcheaptha (a fheictear, mar shampla i gcomórtais an Oireachtais) ag teacht salach ar chead traidisiúnta scéalaithe a gcuid féin a dhéanamh de scéal, nó scéal a chumadh, nó scéal 'iasachta' a reic. Tá na tuiscintí agus na claonta seo ag teacht salach ar an bhfearann sóisialta a aithnítear mar ghnáthfhearann don scéalaíocht, mar a roinntear scéal le cairde nó le stróinséirí ar bhealach idirghníomhach (Ó Crualaíoch 1998).

Thug Dáithí Ó hÓgáin aitheantas ar leith do thábhacht na scéalaíochta, agus tharraing sé aird ar nadúr daonlathach iomchuimsitheach na scéalaíochta:

> There is no reason at all for hiding storytelling under a bushel. We should proclaim it to the whole world; shout about it from the rooftops. Because in my view there is no other aspect of cultural endeavour which so totally embraces the human experience and also which is so democratic, and which looks at us all as worthy people. Because any one of us tells stories of one type or another, and storytelling sessions are so inclusive.
>
> (Ó hÓgáin, gan dáta)

Is beag staidéar nó eagras atá tar éis machnamh foirmeálta a dhéanamh ar chomhthéacsanna nó ar chleachtais scéalaithe comhaimseartha Gaeilge, nó ar a bhfeidhm nó a dtionchar taobh amuigh de réimse na hoidhreachta.

Tá ról tábhachtach ag Féilte Scéalaíochta maidir le deiseanna inste agus deiseanna éisteachta i gcomhthéacs sóisialta neamhiomaíoch a sholáthar. I measc na bhféilte a mbíonn láithreacht rialta ag cleachtóirí Gaeilge iontu tá Féile Scéalaíochta Chléire agus an Bray Storytelling Festival. Is fíor chomh maith go n-eagraíonn craobhacha áirithe Comhaltais agus scéimeanna áirithe Gaeltachta a mhaoiníonn Ealaíon na Gaeltachta ócáidí scéalaíochta ar bun a mbaineann gné shóisialta leo ach ansin féin bíonn ceangal minic idir na comórtais agus reáchtáil na n-ócáidí scéalaíochta.

Den mhórgóir, tá fearann cleachtais na scéalaíochta Gaeilge ag brath go mór ar struchtúir sheachtracha tacaíochta (scéimeanna oiliúna nó ócáidí saineagraithe) don seachadadh ag an bpointe seo. Éilíonn an scéalaíocht cumas níos forbartha Gaeilge ó chleachtóirí. Ag an am céanna, léiríonn togra a cuireadh ar bun sa Ghearmáin an tionchar dearfach teanga agus foclóra a d'imir togra scéalaíochta ar chumas teanga inimiriceach a ghlac páirt ann (Wardetzky und Weigel, 2012).

Tá fís agus cur chuige ar leith ag Storytellers of Ireland/Aos Scéal Éireann agus an mhóreagraíocht Eorpach lena mbaineann siad, FEST. Leagann an dá eagraíocht béim ar fheidhm, riachtanais agus tionchar chleachtóirí. Bunaíodh Storytellers of Ireland / Aos Scéal Éireann sa bhliain 2003. Gréasán gairmiúil agus sóisialta é do chleachtóirí Gaeilge agus Béarla araon atá ann agus tá béim ag an ngréasán ar an scéalaíocht mar ealaíon sóisialta idirghníomhach. Tugtar sonraí faoi scéalaithe le Gaeilge sa bhunachar eolais ar a suíomh. Tá Aos Scéal Éireann mar chuid de FEST (Federation of European Storytelling). Is leithne go mór aidhmeanna FEST (agus Aos Scéal Éireann) ná spriocanna chuid de na gréasáin eile in Éirinn.

> FEST aims to empower the world of oral storytelling through sharing, learning and relationship building.
>
> FEST wants to enhance the visibility and the recognition of oral storytelling as a performing art.
>
> FEST focuses on professional development of the oral storyteller as a performing artist and as a professional provider of oral storytelling in other (cultural) sectors.
>
> FEST wants to raise the European dimension of oral storytelling events and transnational cooperation in the sector as well as build a 'culture for storytelling' (audience development).
>
> FEST supports the mobility of oral storytellers and organisation staff through conferences, training activities, festivals and mentorship.

Tá tacaíocht phraiticiúil ar fáil do chleachtóirí agus roinntear eolas faoi fhorbairt ghairmiúil, dea-chleachtas agus deiseanna cruthaitheacha. Luann a suíomh rólanna éagsúla an eagrais:

> Providing data, research, good practice examples…
>
> Offering effective international communication, networking and sharing structures
>
> Looking for synergy with other art forms, link up with other networks and sectors (education, heritage, tourism, social sector …)
>
> Creating an international community and providing a link between European and non-European storytelling organisations
>
> Act, in the long term, as an advisory structure in the field of storytelling for the European Institutions as well as UNESCO, and other relevant bodies.

Liostálann togra taighde de chuid FEST, A Competence Model for Oral Storytelling, na hinniúlachtaí a theastaíonn ó scéalaí oilte agus arís, tá malairt béime anseo (agus misean i bhfad níos sainiúla agus níos forbartha) ná mar a bhaineann le cuid d'fhearann cleachtais na Gaeilge. Anuas ar ghné an iompróra traidisiúin, mar shampla, luann múnla A Competence Model for Oral Storytelling de chuid FEST scileanna fiontraíochta, scileanna taighde agus cur chuige feidhmeach a bhainfeadh leas as an scéalaíocht chun críche eile. Béimníonn an múnla na féidearthachtaí a bhaineann le scéalaíocht a chleachtadh i réimsí eile cleachtais agus féachtar ar an scéalaíocht mar ealaín le comhthéacs idirnáisiúnta (Suíomh Lín FEST 2020).

Foras nua é Ciarraí Scéalach a fheidhmíonn ina ghréasán do chur chun cinn na scéalaíochta mar acmhainn don phobal i gceantar Chiarraí. Tá gné áirithe Gaeilge ag baint le hobair Chiarraí Scéalach agus fuair ionadaithe ó cheantair Ghaeltachta cuireadh go dtí an chomhdháil comhairliúcháin a bhain lena bhunú. (https://storiedkerry.com/) Leagann an togra seo béim ar fhéidearthachtaí agus ar thionchar na scéalaíochta i réimsí éagsúla (an fhorbairt phobail agus an turasóireacht, mar shampla)

Tá tograí ar leith ar bun i gceantair Gaeltachta áirithe agus athnuachan á déanamh ar chleachtadh na scéalaíochta i measc an aosa óig. Foilsíodh na CDeanna *Scéilin ó Bhéilin* agus *Seoda* ag Oidhreacht Chorca Dhuibhne agus múintear scéalta do dhaoine óga agus an tOireachtas mar sprioc. Cuireann na daoine óga a scéalta i láthair ag Féile na nÓg. Is léir go bhfuil an bhéim ar shealbhú scéalta ar bhonn oidhreachta agus comórtas an Oireachtais mar cheann scríbe/spreagadh. Féachtar ar an togra mar thogra oideachasúil a bhfuil múinteoiri agus daoine fásta eile freagrach go hiomlán as a eagrú agus a stiúradh, cé go luaitear gné shóisialta chomh maith:

> Níl an traidisíun scéalaíochta láidir a thuilleadh agus ní cás spreagadh agus breis cabhrach a sholáthar do mhúinteoirí chun scéalaithe óga a thabhairt chun cinn. Beidh gá le rogha scéalta oiriúnacha a aithint dos na haoisghrúpaí éagsúla agus ócáidí airneáin a eagrú.
>
> (Suíomh Oidhreacht Chorca Dhuibhne)

Tá forbairt tagtha ar réimsí eile den scéalaíocht le blianta beaga anuas, go háirithe an insint phearsanta agus an malartú scéalta pearsanta, gnéithe den scéalaíocht a bhfuil futhú tionchar a imirt ar an gcomhthathú sóisialta. Tá eiseamláirí spéisiúla agus deiseanna luachmhara ar fáil do chleachtóirí Gaeilge maidir leis an ngné seo den scéalaíocht i dtograí eagras mar an Verbal Arts Centre i nDoire agus Narrative 4 i Luimneach. Cuireann an Fhéile Idirnáisiúnta HearSay, a thugann daoine le chéile le plé agus céiliúradh a dhéanamh ar an

scéalaíocht agus ar an insint dhigiteach i measc foirmeacha reacaireachta eile, fáilte roimh ábhar as Gaeilge.

Tá cuntas ar thograí a cartlainne a bhfuil an scéalaíocht i gceist iontu thíos.

## 6.6 Cartlanna agus Foilseacháin: ról atá ag athrú

**Cartlanna**

Sa lá atá inniu tá athrú ag teacht ar sheanthuiscintí a shamhlaigh feidhm cartlann a bheith bainteach le caomhnú amháin agus  tá feidhm níos dinimiciúla á samhlú leo (Ó Crualaíoch, 2003: 158;  O'Connor 2020: 80-98)  Aithníonn de Mórdha agus luach agus na deiseanna a bhaineann le cartlann Raidió na Gaeltachta mar 'béaloideas poiblí' (de Mórdha 2019). Baineann tábhacht ar leith le bailiúchán ilmheán mar Taisce Cheol Dúchais Éireann, bailiúchán a chuimsíonn go leor ábhar a bhaineann leis an amhránaíocht Ghaeilge (mar shampla bailiúchán agus mionsuíomh na ndeartháireacha Seoighe). Tá feidhm idirghníomhach ar leith ag an suíomh lín agus ag an gcartlann seo, agus tá cleachtóirí i gceist go láidir ar an mBord.  Tá scéim coimisiún ag Taisce Cheol Dúchais Éireann a chuireann ceoltóirí agus amhránaithe nua-aimseartha ag taifead ábhar cartlainne. (itma.ie)

Baineann feidhm idirghníomhach chomh maith le hábhar a chuirtear ar fáil ar ardáin dhigiteacha TG4, Raidió na Gaeltachta, An Leabharlann Náisiúnta agus leabharlanna ollscoile agus poiblí. Tá saibhreas ar leith ag baint le cartlann Chomhaltas Ceoltoirí Éireann. Tá fáil ar go leor leabhair a bhaineann le ETB na Gaeilge, agus atá as cló saor in aisce ar archive.org agus is féidir teacht ar ábhar (drámaí, dánta, amhráin) a foilsíodh i nuachtáin trí shuíomh mar an Irish Newspapers Digital Archive. I measc na gcartlann ábharthach eile tá suímh a bhaineann le saothar Sheosaimh Uí Éanaí (joeheaney.org) agus le Tionscadal na nAmhrán Ealaíne (https://www.cmc.ie/AmhrainEalaineGhaeilge). Ba é an suíomh Doegen.ie ceann de na céad suímh a chuir taifead de scéalta, amhráin agus dánta ar fáil maille le heolas comhthéacsúil. Tá meascán de sheánraí béil le fáil ar an suíomh Conallach béaloideasbeo.ie a d'fhorbair Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge mar bhaile de bhailiúchán agallamh a deineadh idir 2006 agus 2011. Sampla de thogra eile a chuimsíonn na healaíona béil ar fad atá faoi thrácht anseo agus a leagann béim ar an nguth seachas an téacs is ea togra cartlainne fuaime Tobar an Dualchais in Albain. (www.tobarandualchais.co.uk.)

Ó 2015 i leith déantar riaradh Chnuasach Bhéaloideas Éireann faoi scáth Leabharlann na hOllscoile i gColáiste na hOllscole Baile Átha Cliath.  Cuireadh dlús le digitiú ábhar an

chnuasaigh trí thogra digitithe ar leith ar comhphairtnéireacht a bhí ann idir: (1) Cnuasach Bhéalodeas Éireann, Coláiste na hOllscoile BAC, Fondúireacht National Folklore Collection, UCD, the National Folklore Foundation and Leabharlann Digiteach Choláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath. (2). Fiontar & Scoil na Gaeilge, DCU agus (3). An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta. Mar thoradh ar an gcomhpháirtíocht seo bunaíodh an suíomh móréilimh dúchas.ie.

Deirtear gurb é sprioc an tionscadail ná go mbeidh: (i) rochtain ag an bpobal ar ábhar ón gCnuasach ar shuíomh gréasáin poiblí agus (ii) córas bainistithe sonraí ar fáil do CBÉ, a bhféadfar *'ábhar eile a chuimsiú ann de réir a chéile*'. Roinntear ábhar ón gcnuasach ar na meáin shóisialta chomh maith agus bíonn deis ag an bpobal tras-scríobh a dhéanamh ar ábhar. Fuair Cnuasach Bhéaloideas Éireann aitheantas mar chuid de Chlár 'Cuimhne an Domhain' de chuid UNESCO sa bhliain 2017. Béimníonn an clár seo comhuinéireacht dhaonna ar oidhreacht an domhain, an gá leis an oidhreacht sin a chaomhnú agus a chosaint agus an gá go mbeadh rochtain ag gach duine ar an oidhreacht seo. Moltar beartais ar leith sna moltaí ar glacadh leo sa bhliain 2017 (Unesco 2017).

**Cartlanna drámaíochta**

Tá fáil ar scripteanna drámaí Gaeilge, idir fhoilsithe agus neamhfhoilsithe ó leabharlann an Chomhlachais Náisiúnta Drámaíochta agus bunsonraí na scripteanna le fáil ar shíomh an Chomhlachais. Tá bunachar ar líne chomh maith ag an gCumann Scoldrámaíochta. Acmhainn luachmhar eile is an bunachar sonraí faoi léirithe drámaí gairmiúla nó leathghairmiúla, Playography na Gaeilge, togra de chuid an Irish Theatre Institute (Bale ed., 2009). Tá cartlann na Taibhdheirce ar fáil i Leabharlann James Hardiman, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. Níor foilsíodh script aon dráma Gaeilge a léiríodh le tamall de bhlianta anuas.

Tá fáil ar scripteanna drámaí Gaeilge, idir fhoilsithe agus neamhfhoilsithe ó leabharlann an Chomhlachais Náisiúnta Drámaíochta agus bunsonraí na scripteanna le fáil ar shuíomh an Chomhlachais. Acmhainn luachmhar eile is an bunachar sonraí faoi léirithe drámaí gairmiúla nó leathghairmiúla, Playography na Gaeilge, togra de chuid an Irish Theatre Insitute (Bale ed., 2009). Tá cartlann na Taibhdheirce ar fáil i Leabharlann James Hardiman, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.

Is é ARA, Archives and Records Association, Ireland/ Cumann Cartlann agus Taifead an scátheagraíocht do chartlanna in Éirinn agus é d'aidhm acu:

> to promote the care and preservation of archives and the better administration of archive repositories; to advance the training of its members; and to encourage relevant research and publication.
>
> (Eolas ó Shuíomh Ara Ireland.ie)

Ní bhéimníonn suíomh ARA aon fheidhm idirghníomhach nó comhairleoireachta a d'fheadfadh a bheith ag cartlanna.

Baineann cleachtóirí de chuid na nEalaíon béil, go háirithe amhránaithe, úsáid rialta as ábhar cartlainne agus as ábhar litríochta béil atá i gcló dá gcleachtas féin. Taobh amuigh de sheirbhísí comhairliúcháin agus córas coimisiúnaithe Thaisce Cheol Dúchais na hÉireann, agus taobh amuigh d'fhiontair a bhaineann le spéis phearsanta chartlannaithe ar leith, ní léir go bhfuil aon struchtúr leanúnach ar leith leagtha síos ag leabharlanna agus cartlanna chun áisitheoireacht a dhéanamh maidir le cleachtóirí a bheith ag baint leasa ar bhonn ealaíne as ábhar cartlainne.

**Foilseacháin léannta agus Foilseacháin don phobal/do chleachtóirí**

Is féidir clárú mar bhall den Chumann Béaloideasa (a bhaineann le Léann an Bhéaloidis i gColáiste na hOllscoile BÁC agus foilsítear iris léinn bhliantúil, Béaloideas. Foilsíonn an Roinn Béaloidis agus Eitneolaíochta in Ollscoil na hÉireann, Corcaigh nuachtlitir 'Nua', nuachlitir chartlannaíochta pobail 'The Archive' agus iris léinn 'Béascna.' Tá foilseacháin thábhachtacha eisithe ag scoláirí éagsúla le blianta beaga anuas, a bhaineann le comhthéacs claochlaithe na litríochta béil, le bailitheoirí nó cleachtóirí ar leith nó le cartlanna ar leith (Féach Aguisín). Anuas ar sin, is fada foilsiú á dhéanamh ar eagráin scolártha a chuimsíonn an tacar scéalta, dánta nó amhráin a bhain le cleachtóir nó ceantar ar leith. Ní i gcónaí a bhaineann na foilseacháin seo an pobal lenar bhain an litríocht féin amach ach i gcásanna eile tá cumasú déanta ar phobal athsheilbh a fháil ar a noidhreacht trí chomhoibriú le scoláirí. Tá mórleabhair thábhachtacha (mar shampla Leabhar Sheáin Í Chonaill) as cló.

Eisíodh scata leabhar don phobal a bhain le ETB aimsir na hAthbheochana. Tá réimsí áirithe de na hEalaíona teangabhunaithe ar deineadh foilsiú ar théacsanna astu i leabhair sainspéise acadúla, a bhfuil cuid mhaith acu as cló (mar shampla, Leabhar Sheáin Uí Chonaill). Le blianta beag anuas chuir foilsitheoirí agus eagrais áitiúla a raibh ról acu maidir leis na healaíona teangabhunaithe réimse leabhar ar fáil do dhaoine fásta agus do pháistí. I measc na bhfoilseachán a cuireadh ar fáil le fiche éigin bliain anuas tá:

Leabhar Mór na nAmhrán (Cló Iar-Chonnacht 2013)

Amhráin Uíbh Ráthaigh, Imleabhair 1 agus 2, in eagar ag Seán Mac an tSíthigh agus Peter Mullarkey, Togra Binneas (Comhchoiste Ghaeltacht Uíbh Ráthaigh 2009, 2018)

Scéilín Ó Bhéilín (Oidhreacht Chorca Dhuibhne 2003) Seoda (Oidhreacht Chorca Dhuibhne 2013)

Ící Pící, le Doimnic Mac Giolla Bhríde (Éabhlóid, 2014)

Gugalaí Gug, (Futa Fata, 2016 eagrán nua)

Seán Ó Morónaigh, Agallaimh na hÉigse, Cíoradh agus Cnuasach , Agallaimh Bheirte, Lúibíní, Ceapóga agus Amhráin Saothair, An Comhlachas Náisiúnta Drámaíochta 2001 (físeán ar fáil chomh maith)

Bíonn feidhm ag na foilseacháin seo mar acmhainn do chleachtóiríagus bhain taifead fuaime le cuid acu. Ní miste a lua go bhfuil leabhair fhíorthábhachtacha a bhaineann le réimse ETB as cló (Leabhar Shéain Uí Chonaill, mar shampla) agus gur eagrán scolártha cuid de na leabhair a eisítear, seachas leabhar a d'oirfeadh do lucht cleachtais.

### 6.7 Na hEalaíona Teangabhunaithe agus Daoine Óga

> Access to the full range of creative and cultural activities for young people can be uneven and dependent on a variety of factors including socio-economic circumstances.
>
> (Óige Chruthaitheach 2018: 11)

In Alt 31 de Chairt na Náisiún Aontaithe do Chearta an Linbh sainítear dualgais an Stáit cearta an linbh maidir le bheith rannpháirteach i gcúrsaí cultúir agus ealaíne a chosaint agus a chur chun cinn.

> State parties shall respect and promote the right of the child to participate fully in cultural and artistic life and shall encourage the provision of appropriate and equal opportunities for cultural, artistic, recreational and leisure activity.

Leagann mír 9(d) d'Acht an Oideachais 1998 freagracht ar scoileanna 'chun forbairt na Gaeilge agus thraidisiúin na hÉireann, litríocht na hÉireann, na healaíona agus nithe cultúrtha eile, a chur chun cinn'. Tá tagairtí difriúla ar leith don Ghaeilge (a cheanglaítear le traidisiúin na hÉireann) agus do na healaíona trí chéile.

Aithníonn Plean Óige Ildánach an tionchar ilghnéitheach a bhíonn ag rannpháirtíocht sa chruthaitheacht ar an leanbh nó duine óg;

> Tá buntábhacht ag na healaíona maidir le forbairt a dhéanamh ar chumas cruthaitheachta leanaí ar leithligh agus ní féidir déanamh gan iad sa réimse oideachais ina iomláine... Tá sé tábhachtach na healaíona agus an cultúr a chur i gcroílár an réimse oideachais ní amháin i leith cumas agus scileanna cruthaitheachta a fhorbairt ach, freisin, i leith freagracht

> shóisialta agus cáilíochtaí pearsanta, amhail diongbháilteacht, báúlacht agus cumas cairdis, a spreagadh.
>
> (Éire Ildánach, 2018)

Tá de chuspóir ag Plean Óige Ildánach *'a chinntiú go bhfuil rochtain phraiticiúil ag gach leanbh in Éirinn, faoin mbliain 2022, ar theagasc agus ar rannpháirtíocht sa cheol, sa drámaíocht, san ealaín agus sa chódúchán'* agus leagtar amach sa phlean na modhanna ina dtabharfar i gcrích aidhmeanna an Chláir uile maidir le leanaí agus daoine óga.

Tá d'aidhm ag an bplean go gcuirfí leis na deiseanna rannpháirtíochta agus go n-imreofaí tionchar ar an mbeartas poiblí maidir le cúrsaí cruthaitheachta san oideachas foirmeálta agus i dtimpeallachtaí taobh amuigh den scoil. Is mian linn réim a chruthú ina mbíonn cothromaíocht idir eolas agus cruthaitheacht maidir le forbairt an duine óig ionas go dtugtar deis dóibh a theacht chun cinn ina saoránaigh lán le brí agus samhlaíocht. Luaitear prionsabail áirithe ar leith a bheith mar bhunchloch don phlean: 'aird' (guth na hóige a bheith le clos); 'comhar' (co-oibriú i bpáirt le páirtithe leasmhara eile); iomchuimsitheacht. Leagtar béim an-mhór sa Phlean ar an gcomhoibriú ilrialtais a bhain le réiteach an phlean agus luaitear go raibh ionchur trasrannach ón Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta, An Roinn Oideachais agus Scileanna agus an Roinn Leanaí agus Óige.

Tá tagairtí sonracha do ghaol leanaí agus daoine óga leis an gcultúr agus na healaíona san achoimre de chuid 'United Nations General Comment' a d'eisigh IPA (International Play Association). Aithnítear tábhacht theagmháil luath le healaíon agus cultúr:

> Play, recreation, sport, arts, culture and the natural environment are essential to the health and wellbeing of children and young people, and promote the development of creativity, imagination, self-confidence and self-efficacy, as well as physical, social, cognitive and emotional strength and skills.
>
> (Aim 1.4)

Gealltar:

> (...) greater access to sports, arts and culture for all children and young people, including through facilitating collaboration between sports, youth, arts and cultural organisations and schools and preschools to enrich the educational experience of all.'
>
> (Commitment 1.14, Rialta)

Dhein An Chomhairle Ealaíon coimisiúnú ar an saothar 'Arts and Cultural Participation among Children and Young People: Insights from the Growing Up in Ireland Study' (An Chomhairle Ealaíon 2016) chun eolas a bhailiú i leith rannpháirtíocht leanaí óga i ngníomhaíochtaí cultúir agus ealaíne in Éirinn. I measc na dtorthaí a gineadh sa taighde ba thoradh suntasach é an neamhionannas rannpháirtíochta atá ann de réir inscne. Is mó seans go mbeidh cailíní níos rannpháirtí i ngníomhaíochtaí cultúir ó aois trí ar aghaidh.

Bíonn baic éagsúla ann a chuireann isteach ar na deiseanna a bhíonn ag daoine óga a bheith rannpháirteach sna healaíona. Baineann tábhacht le cúlra teaghlaigh an pháiste agus an taithí atá ag a t(h)uismitheoirí ar a rannpháirteach sna healaíona. Bac suntasach é cúlra agus cumas teanga thuismitheoirí an pháiste agus bíonn an easpa inniúlachta teanga mar laincis shuntasach do lucht inimirce agus iad nach bhfuil an Béarla mar chéad theanga acu (Smyth 2016). Tá aitheantas tugtha in Óige Chruthaitheach [craobhbheartas de chuid Éire Ildánach (2017 – 2022)] chomh maith do na dúshláin a bhainfidh le rochtain ar eispéiris ealaíne a chur ar fáil do gach páiste sa tír.

I gcodarsnacht le go leor beartas rialtais eile, ní dhéantar aon lua ar leith ar 'daoine óga' nó 'guth' daoine óga i réimsí gnímh Phlean Gníomhaíochta don Ghaeilge 2018-2022 ach pléitear na réimsí gnímh 'Oideachas' agus 'An teaghlach ag cur na teanga ar aghaidh' (An Roinn Cultúir Oidhreachta agus Ghaeltachta, 2018).

**Ealaín na Gaeltachta agus Cláir Straitéiseacha don Óige**

Cuireadh tús leis an scéim 'Neartú' sa bhliain 2020. Tá uasmhéid maoinithe de €15,000 ar fáil faoin scéim seo. Díríonn an scéim ar dheiseanna rannpháirtíochta a thabhairt d'aos óg na Gaeltachta sna healaíona traidisiúnta trí mhaoiniú a chur ar fáil do ghrúpaí pobail clár ealaíne a chur ar fáil. Forbraíodh an scéim seo mar fhreagairt do thiomantas bheartas náisiúnta an rialtais i leith na Gaeilge do na healaíona traidisiúnta a chur chun cinn i measc na hóige sa Ghaeltacht (Suíomh Lín Ealaín na Gaeltachta 2020).

Fearacht 'Neartú' cuireadh tús leis an scéim 'Nóta' sa bhliain 2020. Luaitear raon maoinithe idir €300 agus €1,000 sa scéim seo. Is í an tosaíocht atá ag an gclár maoinithe seo ná deiseanna rannpháirtíochta sna healaíona dúchasacha a thabhairt don aos óg taobh amuigh den chóras oideachais foirmeálta.

> Is scéim straitéiseach í NÓTA atá oscailte do ghrúpaí agus daoine aonaracha sna ceantair Gaeltachta lasmuigh de chomhthéacs oideachais foirmeálta. Is ar mhaithe le breis deiseanna don óige sna healaíona dúchasacha a fhorbairt taobh amuigh de sholáthar clár agus ranganna an scéim seo.
>
> (Suíomh lín Ealaín na Gaeltachta 2020)

Is fiú a thógaint san áireamh go bhfuil an dá scéim seo teoranta do réimsí ealaíne béil ar leith, mar shampla, ní áirítear an fhilíocht bhéil nó labhartha mar chuid den dá chlár seo.

## 6.8 Na hEalaíona Teangabhunaithe san Oideachas

Molann an tuarascáil 'Arts and Cultural Participation among Children and Young People: Insights from the Growing Up in Ireland Study' (An Chomhairle Ealaíon 2016) go mbeidh

rannpháirtíocht sa chultúr agus sna healaíona mar dhlúthchuid d'eispéireas réamhscoile gach linbh.

Déantar cur síos in 'Towards Universal Learning: What every child should learn' ar na sainphriaireachtaí oideachasúla a bhaineann le 'Culture and the Arts' ag léibhéil réamhscoile, bunscoile agus meánscoile. Ag tarraingt dó ar thaighde idirnáisiúnta, béimníonn tuairisc seo UNESCO buntáistí cur chuige oideachasúil a leagann béim ar na healaíona

> (..) Arts and culture are critical to the early development of children, as they have intrinsic value and promote development in other domains.
>
> (...) Persistence, motivation, commitment, creative thinking and originality are also traits found in young people who had exposure to and engagement with the arts. (UNESCO Institute for Statistics, 2013)

**Réamhscoil**

Dar le Smyth (2016) go gcinnteodh clár comhtháite ealaíne mar chuid de churaclam ECCE go mbeadh fáil níos leithne ag gach páiste ar ghníomhaíochtaí cultúir agus raghadh sé i ngleic le dúshlán an neamhionannais deise. Tagann torthaí Smyth (2106) lenar aithníodh sa tuarascáil 'Early Childhood Arts: Three Perspectives' (An Chomhairle Ealaíon 2013). Thug an tuarascáil faoi fhorléargas a thabhairt ar bheartais agus ar sholáthair luathoideachas don óige in Éirinn. Pléadh an ról atá ag na healaíona mar chuid de chlár níos leithne forbartha agus foghlama ag leibhéal na luathbhlianta. Béimníodh sa tuarascáil dea-chleachtais a bhaineann le deiseanna rannpháirtíochta sna healaíona mar chuid de churaclam na luathbhlianta, agus tugadh moltaí praiticúla maidir le cur chuige.

Tá eagrais éagsúla luaite le freagrachtaí éagsúla san earnáil luathóige. Ní dhéantar aon tagairt don nGaeilge sa bhfráma caighdeán Síolta agus sa churaclam reámhscoile, Aistear. Tugann 95% de leanaí réamhscoile faoi churaclam Aistear mar chuid de chorás urraithe na bliana/na mblianta 'ECCE.' Is iad na Naíonraí amháin a bhfuil dualgas orthu ábhar Gaeilge a sholáthar, agus is iad Gaeloideachas an ceanneagras do chur chun cinn naíonraí. Ní gá go mbeadh ar chúramóirí/oideachasóirí faoi oiliúint aon saineolas a bhaint amach maidir leis an nGaeilge nó na healaíona Gaeilge ina gcláir oiliúna, cé go mbíonn deis chuige sin ar líon teoranta de chláir áirithe oiliúna.

Anuas ar an easpa thromchúiseach seo maidir le soláthar Gaeilge d'aon saghas do shaoránaigh óga, fágann easpa ionadaíochta Gaeilge i struchtúr freagrachtaí na hearnála luathóige easpaí tromchúiseacha ann maidir le cumarsáid faoi dheiseanna a bhaineann leis

na healaíona Gaeilge. Níor cuireadh Ealaíon na Gaeltachta ar an eolas, mar shampla, maidir le scéim sparánachtaí ealaíne don earnáil réamhscoile a thionscain Éire Ildánach. D'fhógair Early Years Division an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige na sparánachtaí trína ngréasán féin. Ba iad ReCreate, The Ark Cultural Centre, Graffiti Theatre agus Children's Books Ireland a bhain na sparánachtaí, nach raibh aon choinníoll maidir le soláthar Gaeilge ag baint leo.

**Bunscoil agus Meánscoil**

Tá na healaíona ina ndlúthchodanna riachtanacha de Churaclam na Bunscoile (1999). Caitear uair a chloig teagaisc ar an drámaíocht, an ceol agus na hamharcealaíona gach seachtain. Leagtar béim ar na scileanna pearsanta agus cruthaitheacha a chothaíonn an rannpháirtíocht agus an cleachtas sna healaíona sa bhunscoil i bhforbairt iomlánaíoch an pháiste.

> Cuireann oideachas ealaíon ar chumas an pháiste bealaí eile caidrimh ledaoine a iniúchadh. Spreagann sé idéanna atá pearsanta agus airgtheach agus cuidíonn sé go mór chun raon de chumais intleachta a fhorbairt. Saibhríonn oideachas ealaíon a bhfuil cuspóir leis saol an pháistebhunscoile go mór agus is fíorluachmhar é chun cumas machnaimhchruthaithigh a spreagadh ann/inti agus chun a (h)acmhainn agus ac(h)umas chun oiriúnaithe a fhorbairt.
>
> (Curaclam na nEalaíon, Curaclam na Bunscoile 1999: 2)

Seachas an ceol, a chuimsíonn amhránaíocht, níl aon láithreacht ag na healaíona teanga bhunaithe i bhfoirm 'cleachtais' ar an gcuraclam ag leibhéal na meánscoile. Níl aon ghné 'cleachtais' ag baint le measúnú ar fhilíocht bhéil, ar amhráin, ar dhrámaíocht nó ar scéalta a d'fheádfadh a bheith ar an siollabas Gaeilge agus ní iarrtar ar eolas ar a gcleachtadh i measúnú. Is faoi mhúinteoirí aonair ceangal a dhéanamh idir téacsanna agus a reic nó a thaibhléiriú le linn am teagaisc. Ní gnách go mbíonn aon oiliúint faighte ag múinteoirí maidir le teagasc na nealaíon seo ar bhonn a gcleachtaithe.

Bíonn dúshlán ag scoileanna áirithe soláthar a dhéanamh do réimse gníomhaíochtaí cultúir ag brath ar shaineolas na foirne agus ar na hacmhainní atá ar fáil don scoil (Smyth 2016). Tá tábhacht nach beag dá bharr le naisc a chothú idir scoileanna agus tograí pobail chun go gcinnteofar go mbeidh ar chumas scoileanna soláthar níos leithne agus níos comhtháite a dhéanamh maidir le deiseanna rannpháirtíochta cultúir.

Tá treoir faoi dhea-chleachtais i bpairtéireachtaí idir scoileanna agus cleachtóirí le fáil i dtreoirchaipéis a d'fhobair an Chomhairle Ealaíon i bpáirt leis an Roinn Oideachas, Artists-Schools Guidelines (2006). Comhthogra de chuid an Roinn Oideachais agus Scileanna agus An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta is ea 'The Arts in Education Charter' (2013).

Déantar cur síos ann ar thiomantas an rialtais chun na healaíona a chur ar chomhleibhéal tosaíochta agus tábhachta mar ábhar sa bhunscoil agus sa mheánscoil le béim faoi leith ar fhorbairt agus ar chothú scileanna cruthaitheacha. Tá an plean á chur i gcrích i bpáirt leis an gComhairle Ealaíon.  Tá gaol cothaithe chomh maith idir an NCCA agus an Chomhairle Ealaíon ar mhaithe le pleanáil a dhéanamh faoi réir an Achta. (Na hEalaíona: Ní Cuma Leo, 2019, lch 29) Luaitear na pairtnéireachtaí eile sa doiciméad féin

Tá impleachtaí chomh maith maidir le hoiliúint cigirí srl maidir le cur i bhfeidhm na cairte seo i gcás na nEalaíon Teangabhunaithe.

Óige Ildánach is ainm do phlean Éire Ildánach don óige. Tá achoimre ar an soláthar reatha do na healaíona sa phlean: níl áit lárnach ag ETB na Gaeilge ann.

Aithníonn an plean tábhacht fhearann an oideachais don chruthaitheacht agus tugann sé cuntas ar an tionchar leathan a bhaineann leis na healaíona agus an cultúr a chur i gcroílár an réimse oideachais:

> Tá sé tábhachtach na healaíona agus an cultúr a chur i gcroílár an réimse oideachais ní amháin i leith cumas agus scileanna cruthaitheachta a fhorbairt ach, freisin, i leith freagracht shóisialta agus cáilíochtaí pearsanta, amhail diongbháilteacht, báúlacht agus cumas cairdis, a spreagadh. a chuirtear aidhmeanna an Phlean chun cinn sa chóras oideachais.
>
> (Plean Óige Ildanach 2018)

**Scoileanna Ildánacha**

Cuireadh tús i mí Meán Fómhair 2018 le *Scoileanna Ildánacha*, tionscadal suaitheantais faoin bplean maidir le hAos Óg Ildánach. An chomhairle Ealaíon i bhi mbun na ceannródaíochta agus comhpháirtíocht ar bun idir an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta, an Roinn Oideachais agus Scileanna agus an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige. Tugtar cúnamh leis an tionscadal seo do scoileanna den uile chineál, i ngach contae sa tír, tosú amach ar shaol nua cruthaitheachta.

Bhí 300 scoil i ngach uile chuid den tír páirteach sa togra sa bhliain 2019/20. Tá bunscoileanna agus scoileanna iarbhunscolaíochta i gceist agus béim faoi leith ar scoileanna a thagann faoin scéim DEIS agus ar scoileanna speisialta.

Féachtar faoi *Scoileanna Ildánacha* le cúrsaí ealaíne agus cruthaitheacht a thuiscint, a fhorbairt agus a cheiliúradh mar gné lárnach de shaol na scoile agus an chruthaitheacht sa leanbh agus san ógánach a chothú mar chuid dílis den oideachas. Bíonn Comhalta Cruthaitheachta ar fáil ag gach scoil chun cúnamh taca a thabhairt maidir le plean na scoile

a leagan amach agus ceangal a nascadh idir an scoil agus eagraíochtaí ealaíne & cultúir. Bíonn buiséad €2,000 ag gach scoil le caitheamh de réir a dtogra féin.

Cuidítear le scoileanna Plean Cruthaitheachta dá gcuid féin a leagan amach faoin tionscnamh seo agus an plean a chur i bhfeidhm an tráth céanna a dtreisítear leis an gcaidreamh idir na scoileanna agus na córais cultúir agus pobail taobh amuigh.

Creideann Éire Ildánach go gcuireann na luachanna, na mothúcháin, agus na scileanna a shealbhaíonn na leanaí *'bonn tréan faoin bhfoghlaim de gach cineál'.* Dar le hÉire Ildánach go dtagann réimse torthaí fabhracha don leanbh de bharr páirt a ghlacadh i gcúrsaí ealaíne agus cultúir, an tsláinte shochmhothúchánach san áireamh chomh maith le forbairt chognaíochta agus meon fabhrach i leith na scoile agus na scolaíochta.

Tá d'aidhm go fadtéarmach leis an tionscnamh go mbeadh cúnamh taca ag gach scoil maidir le healaín agus cruthaitheacht a chothú go cuimsitheach ionas go gcinntítear taitneamh agus toradh fabhrach ag na leanaí agus ag na daoine óga.

Tá scéimeanna éagsúla maoinithe ar fáil agus tacaíochta ann a bhaineann le cleachtóirí sna hEalaíona Teangabhunaithe sa suíomh scoile. Ritheann an chuid is mó de na húdaráis áitiúla scéim Artists in schools. Tá scéalaithe san áireamh sna scéimeanna Writers in Schools agus Writers in Residency (i scoileanna) a ritheann Éigse Éireann i gcomhpháirt le heagraíochtaí áitiúla ealaíon ar nós Údarás na Gaeltachta, Oifig áitiúil Ealaíon, Clár na Scoileanna Seirbhísí Breise, agus Boird Oideachais agus Oiliúna agus Leabharlanna. An Chomhairle Ealaíon a mhaoiníonn na scéimeanan uile-oileánda seo.

Is é Coiste Cultúir agus Ealaíon an NAPD (An Cumann Náisiúnta Príomhoidí agus Príomhoidí Tánaisteacha) a bhainistíonn an scéim Páirtíocht Chruthaitheach/Creative Engagement i meánscoileanna. Maoiníonn an Roinn Oidheachais agus Scileanna, An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta agus An Chomhairle Oidhreachta an scéim. Tagann fís an NAPD do dhaltaí meánscoile le fís Éire Ildánach:

> to encourage creativity, initiative and expression in our students and to complement curricular learning in the arts, heritage and culture. NAPD envisions an education system energised through the arts and where creativity is a core activity in the post primary curriculum.
>
> (Suíomh lín Creative Engagement)

Tacaíonn an scéim seo le scoileanna cleachtóir cruthaitheach (a bhaineann le haon réimse) a thabhairt isteach go scoileanna le hobair a dhéanamh i bpáirt le daltaí scoile. Níl Ealaíon na Gaeltachta nó aon eagras a bhaineann go sonrach leis an nGaeilge luaite i measc phairtnéirí na scéime seo. (Eolas ó shuíomh lín Creative Engagement). Níl ionadaíocht ag

aon eagras Gaeilge ach oiread (i ról pairtnéireachta nó ar an mBord) sa ghréasán Encountering the Arts Ireland, a bhfuil sainról aige maidir leis na hEalaíona san oideachas:

> (ETAI) is an alliance of organisations and individuals whose main objective is the development, promotion and practice of the arts and education* in Ireland particularly in the context of arts and education for children and young people.
>
> (Eolas ó shuíomh ETAI)

**Tríú Leibhéal**

Toisc neamhspleachas an chórais thriú leibhéal ní hann d'aon mhóreagras stiúrtha, cé go bhfuil rólanna áirithe comhordaithe agus cinnireachta ag eagrais mar Ollscoil na hÉireann, An Irish Universities Association agus an Irish Humanities Alliance. Tá rólanna ar leith ag an Royal Irish Academy agus ag an Institiúid Ardléinn maidir le saíocht na Gaeilge, ach is le téacsanna seachas cleachtas a phléann an dá eagras (taobh amuigh de sheimineáir ócáidiúla a chuimsíonn plé ar chleachtais).

Ní luaitear luach na ndán ('Humanities) nó na healaíona trí chéile sna tosaíochtaí a liostáltar ar an gcairt Ireland's Future Talent: A Charter for Irish Universities. (Irish Universities Assocaition 2018): go deimhin tá mí-réir amach is amach idir béimeanna na cairte agus béimeanna Éire Ildánach.  I gcodarsnacht le seo is iad na healaíona (sa chiall 'humanities' go príomha ach a gciall eile i gceist chomh maith) atá ag croílár fhís an Irish Humanties Alliance, eagras uile Éireann a bhfuil bá láidir léirithe acu leis an nGaeilge. I measc mórchuspóirí an Alliance ina Straitéis 'By Imagination We Live: A Strategy for the Humanities 2020-2030' tá tiomantas:

> (to) promote the centrality of the humanities in addressing the pressing societal challenges that face us.
>
> (Irish Humanities Alliance, 2019, Cuspóir 4)

Tá impleachtaí agus féidearthachtaí ag baint le fomhír de Chuspóir 2 ('Ensure parity of esteem between all disciplines') den Straitéis maidir leis na healaíona teangabhunaithe. Gealltar go bhforbrófar:

> (...) a broader definition of impact that recognises all aspects of academic research and protects disciplines which are smaller in scale.

Luaitear tiomantas ar leith don Ghaeilge a chur chun cinn *'in a more globally aware and globally connected society'* faoi chuspóir 6 (*'Advocate research and education strategies attuned to a multi-cultural and multi-lingual society'*). Tugann an chaipéis aitheantas do ról na ndaonnachtaí acadúla tacú le cleachtais chultúir na Gaeilge:

> The humanities more widely also have a vital role to play in sustaining the many forms of cultural activity that take Irish as their medium.

(Irish Humanities Alliance: 9)

Bíonn deiseanna ag an tríú leibhéal do mhic léinn comhluadar ealaíontóra nó scríbhneora a bheith acu ar an láthair mar chuid den eispéaras ollscoile. Urraíonn an Chomhairle Ealaíon tréimhsí cónaitheacha in ollscoileanna áirithe, i bpáirt leis na hollscoileanna féin. Tugann An Chomhairle €10,000 le cabhrú le luach saothair an scríbhneora chónaithigh. Tacaíonn An Chomhairle le cúig institiúd tríú leibhéal chun scríbhneoir cónaitheach a fhostú faoi láthair (Coláiste na hOllscoile Baile Átha Cliath, Coláiste na Trionóide, Baile Átha Cliath, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, Coláiste na hOllscoile Corcaigh agus Ollscoil Luimnigh). Tá file béil amháin (Ciara Ní É) mar scríbhneoir cónaitheach in DCU faoi láthair. Bíonn scéim d'amhránaí cónaitheach in Ionad an Léinn Éireannaigh in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. Fuair institiúidí áirithe maoiniú do scríbhneoirí cónaitheacha ó Fhoras na Gaeilge, ach go dtí seo níor fostaíodh aon drámadóir cónaitheach.

Is féidir cáilíocht a bhaint amach i réimsí atá dírithe ar, nó bainteach leis na hEalaíona teangabhunaithe in institiúidí éagsúla. Tá saineolaithe ar amhránaíocht na Gaeilge i ranna Gaeilge, ranna ceoil agus ranna béaloidis/eitneolaíochta agus ranna eile in institiúidí éagsúla. Cuireann Ollscoil na hÉireann, Gaillimh cúrsa roghnach ar fáil agus deis tráchtas a scríobh trí Ghaeilge mar chuid dá gcéim drámaíochta.

Maidir le hoideachas céimithe, iarchéimithe agus múinteoirí, ní miste a lua go mbraitheann an soláthar don amhránaíocht agus don drámaíocht trí Ghaeilge ar shainacmhainní agus ar shainshiollbas clár, ranna agus instiúid ar leith. Tá baic áirithe chórasacha ann - ní féidir Gaeilge agus Drama and Theatre Studies a roghnú in éineacht i gColáiste Mhuire gan Smál, mar shampla.

Léiríonn eolas ar shuímh lín maidir le sainabhar cúrsaí léinn cur chuige téacslárnach in go leor ranna (ranna Gaeilge agus ranna béaloidis) maidir leis an scéalaíocht agus an drámaíocht, go háirithe: ní ina ealaíon, ach ina réimse léinn téacslárnach a mhúintear an litríocht bhéil - fiú an drámaíocht - de ghnáth.

Anuas ar chéimeanna ceoil agus iarchéimeanna éagsúla a bhfuil gné láidir cleachtais ag roinnt leo, is féidir cáilíocht iarchéime (trí Bhéarla) a bhaint amach i ngnéithe éagsúla den earnáil leathan a bhaineann le bainistiú na nEalaíon: In measc seo tá an MA in Arts Management and Cultural Policy i gColaiste na hollscoile, BÁC agus an MA in Community Music agus MA in Festive Arts in Ollscoil Luimnigh.

## Mír 7: Comhthéacs Eagraíochtúil na nEalaíon Teangabhunaithe: Iniúchadh Reatha

*Iniúchadh ar staid reatha na nEalaíon Teangabhunaithe*

Gheofar in aguisín 4 liosta ionadaíoch de na príomhpháirtithe leasmhara i réimse na nEalaíon Teangabhunaithe. San áireamh anseo tá liosta ionadaíoch de na príomheagrais náisiúnta agus idirnáisiúnta, eagraíochtaí reigiúnacha agus áitiúl, féilte agus scéimeanna rannpháirtíochta agus oiliúna.

*Maoiniú*

Faoi láthair tagann an chuid is mó den mhaoiniú a dhéantar ar ealaíona teangabhunaithe na Gaeilge ó Ealaín na Gaeltachta, Foras na Gaeilge, An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta agus an Chomhairle Ealaíon. Tá ról ar leith ag an bhForas toisc gurb iad a leagann sainfhreagrachtaí ar na ceanngeagraíochtaí Gaeilge agus mar gheall ar an mbuiséad suntasach maoinithe a riarann siad. Déanann an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta maoiniú díreach ar roinnt eagraíochtaí agus scéimeanna (mar shampla, Tuismitheoirí na Gaeltachta agus An Cumann Scoldrámaíochta). Déanann eagraíochtaí eile stáit agus comhlachtaí poiblí maoiniú ar na healaíona Gaeilge freisin agus tá sruthanna maoinithe áirithe ann a bhaineann le heagrais earnálacha seachas le heagrais teanga. Tá mór-ról maoinithe ag Éire Ildánach trína bpairtnéirí. Tá an-éagsúlacht i gceist i measc na scéimeanna maoinithe seo maidir leis na héilimh agus na coinníollacha a bhaineann leo. Ní i gcónaí a bhíonn aon pholasaí oifigiúil nó straitéis fhadtéarmach maidir le forálacha do chleachtóirí ná d'eagraíochtaí ealaíona le brath sna scéimeanna maoinithe, mar shampla. Luann suíomh an Fhorais go dtugtar tacaíocht do thionscadail éagsúla a chuireann an Ghaeilge chun cinn trí deontais agus comhairle *'de réir mar a mheasfá gur ghá'* (Suíomh lín Fhoras na Gaeilge 2020).

I measc na n-eagraíochtaí eile a dhéanann maoiniú ar na healaíona Gaeilge tá scéimeanna ealaíon agus féilte na gcomhairlí contae agus cathrach, an tseirbhís leabharlainne, institiúidí tríú leibhéal, agus tionscnaimh ócáideacha eile rialtais. Ní miste a lua chomh maith go mbíonn scéimeanna ann a bhféadfadh eagrais agus cleachtóirí buntáiste a bhaint astu ach a bhfuil feidhm níos ginearálta leo. Orthu seo tá scéimeanna maoinithe an Irish Research Council, An Roinn Leanaí agus Gnothaí Óige agus An Roinn Sláinte, mar shampla. Tá scéimeanna maoinithe a bhaineann le foilsiú ag Foras na Gaeilge agus ag an (NCCA). Ach obair i bpáirt le taighdeoirí ag an tríú leibhéal tá teacht ar mhaoiniú do thograí taighde ar

leith, agus leagtar béim i scéimeanna áirithe de chuid an Irish Research Council ar chomhpháirtíochtaí idir lucht léinn agus eagrais pobail/chultúir.

## Príomheagrais Tacaíochta agus Maoinithe do na hEalaíona

Nóta: ní gá gurb iad na healaíona nó ETB na Gaeilge príomhchúram na neagraíochtaí thíos

### Foras na Gaeilge

Faoi réir Chomhaontú Aoine an Chéasta, bunaíodh An Foras Teanga, Comhlacht Forfheidhmithe Thuaidh/Theas, chun an Ghaeilge agus an Ultais a chur chun cinn. Faoi choimirce an chomhlachta sin, leagadh mórfhreagrachtaí ar an foras trasteorainn Foras maidir le cur chun cinn na Gaeilge. I measc na bhfreagrachtaí sin tá labhairt agus scríobh na Gaeilge sa saol poiblí agus sa saol príobháideach i bPoblacht na hÉireann. Tá an fhreagracht chéanna ann i leith Thuaisceart Éireann, sa chás go mbíonn an t-éileamh cuí ann agus i gcomhthéacs Chuid III de Chairt Chomhairle na hEorpa um Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh. Mar chuid d'fheidhmeanna an Fhorais, tugtar tacaíocht do thionscadail éagsúla a chuireann an Ghaeilge chun cinn trí deontais agus comhairle *'de réir mar a mheasfá gur ghá'* (Suíomh lín Fhoras na Gaeilge 2020). Ar an gcaoi sin déanann Foras na Gaeilge na healaíona traidisiúnta, cultúr agus saíocht na Gaeilge a chur chun cinn ar bhonn uile-oileánda agus ar bhonn idirnáisiúnta. Is é sin le rá nach eagras maoinithe ealaíon *per se* Foras na Gaeilge, ach go bhfaigheann na healaíona Gaeilge maoiniu ón bhForas ar bhonn na teanga.

Tá scéimeanna maoinithe éagsúla le fáil do ghrúpaí ar dhá thaobh den teorann. I measc na scéimeanna maoinithe a riarann an Foras tá scéimeanna ealaíon mar Scéim na bhFéilte, Scéim na gComplachtaí Drámaíochta, agus Scéim Cholmcille (i gcomhpháirtíocht leis an gcumann cultúrtha Albanach Iomart Cholmcille). Cuireann Foras na Gaeilge *'na healaíona traidisiúnta, cultúr agus saíocht na Gaeilge chun cinn ar bhonn uile-oileánda agus ar bhonn idirnáisiúnta trí pholasaithe maoinithe a cheapadh agus a fheidhmiú'* (Foras na Gaeilge 2020). Díríonn saothar an Fhorais ar ghnéithe éagsúla a chothaíonn na healaíona – *'féilte, comhdhálacha, ceardlanna oiliúna, foilsitheoireacht, scannáin agus dlúthdhioscanna'* (Suíomh Lín Fhoras na Gaeilge 2020).

Faigheann Foras na Gaeilge buiséad bliantúil de €17 milliún, a bheag nó a mhór, le haghaidh a gcuid scéimeanna ar fad (ó thuaidh agus ó dheas) (An Comhchoiste um Chultúr, Oidhreacht agus Gaeltacht 2019). Níl straitéis fhoirmeálta chéimnithe ag Foras na Gaeilge do na healaíona. Cuireadh tús le próiséas comhairliúcháin pobail ag deireadh na bliana

2019 chun tuairimí a lorg maidir le béimeanna an phobail do threonna straitéise an Fhorais. Baineann freagrachtaí reachtúla an Fhorais le bheith mar mhaoinitheoir agus mar chomhairleoir ach is ar an maoiniú is mó a dhíríonn an eagraíocht: tarlaíonn an chomhairleoireacht ar bhonn na pleanála straitéisí amháin agus baineann sé le pleanáil maoinithe.

Tá seasamh reachtúil ag Foras na Gaeilge nach bhfuil ag cuid de na heagraíochtaí Gaeilge eile. Deineadh atheagar ar thírdreach na n-eagraíochtaí Gaeilge sa bhliain 2014. Cheap Foras na Gaeilge sé cheanneagraíocht a ghlacfadh freagracht as sé mhór-réimse oibre ar bhonn uile-oileánda.

Ba thoradh é an cinneadh seo ar 'phróiseas ar cuireadh tús leis in 2008 le comhordú agus atheagrú a dhéanamh ar obair na 19 n-eagraíocht Ghaeilge.

| **Ceanneagraíocht** | **Mór-réimse Oibre** |
|---|---|
| Gaeloideachas | Gaeloideachas/tumoideachas agus réamhscolaíocht lán-Ghaeilge |
| Gael Linn | Oideachas in earnáil an Bhéarla agus d'aosaigh, agus deiseanna úsáide do dhaltaí scoile |
| Glór na nGael | Forbairt pobail agus eacnamaíochta |
| Oireachtas na Gaeilge | Deiseanna a thacaíonn le húsáid na Gaeilge agus le bunú gréasán do dhaoine fásta |
| Conradh na Gaeilge | Ardú feasachta, cosaint teanga agus ionadaíocht (thar ceann na teanga le húdaráis stáit) |
| Cumann na bhFiann | Forbairt deiseanna úsáide Gaeilge agus gréasán do dhaoine óga |

Ba é fráma thírdreach eagraíochtúil na Gaeilge an lionsa trínar leagadh dualgaisí ar eagraíochtaí, seachas fócas earnálach. Níl aon lua déanta ag an bhForas ar fhreagrachtaí i leith na nealaíon teangabhunaithe sa raon freagrachtaí seo:

Tá Gael-Linn luaite le freagracht as an nGaeilge a chur chun cinn in earnáil an oideachais Bhéarla, as oideachas aosach agus as deiseanna úsáide Gaeilge a chur ar fáil do dhaltaí Gaeilge. Tá Cumann na bhFiann luaite le forbairt deiseanna úsáide Gaeilge agus greasán do dhaoine óga.

**An Roinn Méan, Turasóireachta, Ealaíon, Cultúir, Spórt agus na Gaeltachta (An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta mar a bhí)**

Tugann An Roinn aitheantas do lárnacht na n-ealaíon i saol na hÉireann. Is é cuspóir na Roinne ná beartais agus reachtaíocht a chur ar fáil chun tacú le forbairt agus le cothú na n-ealaíon sa tír. Dearbhaíonn an Roinn *'go mbeidh an rochtain agus an rannpháirteachas is fearr ar na healaíona ag gach cuid de shochaí na hÉireann'* (An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta 2019). Tá an clár náisiúnta don gcruthaitheacht 'Éire Ildánach' ag feidhmiú faoi scáth na Roinne seo chomh maith. Anuas ar sin tá an Roinn féin roinnte ina cheithre 'rannán':

- Rannán na nEalaíon
- Rannán na hOidhreachta
- Rannán Gaeltachta
- Rannán Corporáideach

Níl aon nasc d'eagrais Ghaeilge ar leathanach 'Arts Links' na Roinne, cé go maoiníonn an Roinn an Taibhdhearc agus an Cumann Scoldrámaiochta.

Tá Aire Sóisearach ar leith ann a ghlacann freagracht as gné na Gaeltachta/na Gaeilge den Roinn. Deirtear ar leathanach a bhaineann le taobh na Gaeltachta den Roinn:

> Tacaíonn an Roinn agus comhoibríonn sí le gníomhaireachtaí eile, go háirithe an Foras Teanga agus Údarás na Gaeltachta, chun a cuspóirí a bhaint amach.
>
> (An Roinn Cultúir, Ealaíon agus Gaeltachta, Suíomh Lín)

Thabharfadh béimeanna éagsúla na rannán éagsúla le fios go bhfuil conairí cumarsáide agus comhoibrithe an-éagsúil ag taobh na nEalaíon agus taobh na Gaeltachta den Roinn.

Ritheann an Roinn an trí scéim sonrach caipitil thíos.

**(1) Scéim Caipitil Cultúir agus Ealaíona:** Scéim tacaíochta í seo a chuireann maoiniú ar fáil do thionscadail caipitil in eagrais seachbhrabúsacha. Bíonn trí shruth ar leith tacaíochta ar fáil:

**Sruth 1**: €20,000 - €30,000

**Sruth 2**: €300,000 - €1,000,000

**Sruth 3**: €2,000,000

**Scéim Bheag Caipitil:** Bíonn suas le €10,000 ar fáil faoin scéim seo ar mhaithe le mionfheabhsaithe agus mioninfheistíocht a dhéanamh, cuir i gcás soilse nua a chur i bhfearas agus fearas ríomhaireachta a cheannach.

**Infheistíocht Forbartha Cultúrtha:** Cuirtear tacaíocht bhliantiúil ar fáil ar mhaithe le hinfheistíocht chuí a dhéanamh i dtionscadail agus in infreastruchtúr ealaíon.

Ar leathanaigh a bhaineann le gné na Gaeltachta de raon freagrachta na Roinne luaitear go gcuirtear 'maoiniú caipitil ar fáil d'fhorbairt agus do chothabháil áiseanna éagsúla teangalárnacha pobail sa Ghaeltacht.' Faoin gciste nua-bhunaithe NASC Gaeltachta tá maoiniú ar fiú €60,000 é in iomlán in aghaidh na bliana agus deirtear go gcuirfear 'ar chumas d'eagraíochtaí Gaeilge atá ag feidhmiú sa Ghaeltacht iarratas a dhéanamh ar chúnamh reatha ionann le €20,000 ar a mhéid nó 75% den chostas iomlán inghlactha - cibé acu is lú, chun imeacht/ealaíona nó spóirt a chur ar bun trí mheán na Gaeilge sa Ghaeltacht'.

**Scéimeanna Tacaíochta don Ghaeilge**

Déantar páirtmhaoiniú ar Scéimeanna Tacaíochta Gaeilge le fáltais ón gCrannchur Náisiúnta. Is é aidhm an chláir mhaoiniúcháin seo cúnamh airgeadais a chur ar fáil do réimse eagraíochtaí agus gníomhaíochtaí a thacaíonn le cur chun cinn na Gaeilge lasmuigh den Ghaeltacht. I measc na n-eagraíochtaí a fhaigheann maoiniú bliantúil tá Taibhdhearc na Gaillimhe.

Chuir an Roinn €1,027,613 ar fáil do thréimhse trí bliana don eagraíocht Tuismitheoirí na Gaeltachta sa bhliain 2018. Tugtar eolas breise faoi mhaoiniú sa mhír 'Iniúchadh' (Eolas cóirithe ón suíomh lín).

**Scéimeanna Tacaíochta Gaeilge (Caipiteal)**

Is féidir le coistí/eagraíochtaí pobalbhunaithe, a fheidhmíonn trí Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht, iarratas a dhéanamh faoi Scéimeanna Tacaíochtaí Gaeilge na Roinne. Cuirtear maoiniú ar fáil chun cabhrú leis na costais a bhaineann le hionaid Ghaeilge a thógáil/athchóiriú agus chun foirgnimh a cheannach le húsáid mar ionad Gaeilge agus/nó trealamh a cheannach dá leithéid d'ionaid.

> Is é an cuspóir atá leis an chuidiú caipitil a chuirtear ar fáil faoin gciste seo an Ghaeilge a threisiú mar theanga pobail agus teaghlaigh i gcomhréir le cuspóirí Acht na Gaeltachta 2012 agus na Straitéise 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030
>
> (Eolas cóirithe, Suíomh Lín Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta)

Iarrtar eolas sa bhfoirm iarratais do Scéimeanna Tacaíochta don Ghaeilge faoi na slite ina dtacóidh gníomhaíochtaí an eagrais le *'le cur i bhfeidhm na Straitéise 20 Bliain don Ghaeilge*

*2010-2030'.* Níl aon tagairt don Phlean Gníomhaíochta don Ghaeilge ar an bhfoirm atá ar an suíomh faoi láthair, nó do pholasaithe eile rialtais. Is é an polasaí rialtais a bhaineann le cosaint leanaí an t-aon pholasaí rialtais a n-iarrtar fianaise ón eagras go bhfuiltear ag teacht leis (An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta, Suíomh Lín).

**Éire Ildánach (Clár de chuid An Roinn Méan, Turasóireachta, Ealaíon, Cultúir, Spórt agus na Gaeltachta**

Tá mór-ról maoinithe ag Éire Ildánach trína gcláir éagsúla a dhéantar a sheachadadh i bpáirt le páirtnéirí éagsúla agus trí chláir a riarann na húdaráis áitiúla. Tá impleachtaí móra ag an leagan amach seo do ETB. Tá saineolas earnálach ag na pairtnéirí seo ach ar an morgóir níl aon saineolas ar leith acu maidir le ETB na Gaeilge agus ar an mórgóir níl a bhfoirne inniúil ar sheirbhís trí Ghaeilge a chur ar fáil. Ní iarrtar ar phairtnéirí bheith forghníomhach maidir le soláthar Gaeilge a dhéanamh sna healaíona agus níl nasc ag go leor de na pairtnéirí le cleachtóirí agus eagras Gaeilge. Ní léir ach oiread go moltar d'eagrais Ghaeilge bheith páirteach sna gréasáin seo (nach bhfuil inniúil ar fhreastal orthu trí Ghaeilge go minic pé scéal é). Tá a rian seo e feiceáil i laghad na dtograí Gaeilge atá curtha i gcrích, mar shampla, ag Writing Words (togra amháin Gaeilge i Ros Muc), Cruinniú na nÓg (soláthar aonteangach ag go leor údarás áitiúil) agus Irish Youth Theatre (gan aon chraobh Ghaeilge mar chuid dá ngréasán).

Tá deiseanna gairmiúla ar fáil trí scéimeanna éagsúla Éire Ildánach agus bíonn tacar ar leith scileanna á éileamh maidir le cuid de na deiseanna seo. Cuirtear gnéithe suntasacha de chlár Éire Ildánach i gcrích ar bhonn páirtnéireachta leis na húdaráis áitiúla.

Samplaí: Creative Communities is a local authority-led initiative which pioneers and supports local creative projects in arts, heritage, local history, STEAM and the creative industries (Suíomh Éire Ildánach 2020).

**An Chomhairle Ealaíon**

Bunaíodh An Chomhairle Ealaíon sa bhliain 1951. Is í An Chomhairle Ealaíon an ghníomhaireacht náisiúnta atá freagrach as na healaíona a mhaoiniú, a fhorbairt agus a chur chun cinn in Éirinn. Cé gur comhlacht neamhspleách é, feidhmíonn sí faoi choimirice an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta. Is é misean an eagrais ná spéis an phobail sna healaíona a spreagadh, rannpháirtíocht agus cleachtadh na n-ealaíon ar ardchaighdeán a chumasú agus comhairle i dtaobh na n-ealaíon a chur ar an Aire agus ar ghníomhaireachtaí eile rialtais. Dhearbhaigh Acht na nEalaíon 2003 neamhspleáchas na

Comhairle Ealáine mar an ceanneagraíocht le saineolas maidir le maoiniú agus cur chun cinn na n-ealaíon, agus maidir le treoir a chur ar fáil d'fhorbairt na n-ealaíon agus maidir le gnóthaí ealaíona agus cultúir.

Déanann an Chomhairle Ealaíon tograí taighde a thionscnamh agus a fhoilsiú, agus cuirtear tionscadail éagsúla ealaíona chun cinn i dtaca le páirtithe eile. Ritear scéimeanna éagsúla maoinithe gach bliain a thugann cúnamh d'ealaíontóirí aonair, d'eagrais ealaíona agus do pháirithe leasmhara a chuireann na healaíona chun cinn. Cuirtear síos ar thosaíochtaí reatha agus ar chomhthéacs straitéiseach na Comhairle ina bheartas cúig bhliana *'Saothar Ealaíne Iontach a Tháirgeadh: Straitéis na Comhairle Ealaíon (2016 – 2025)'*. Aithnítear cúig réimse tosaíochta sa bheartas; an t-ealaíontóir; rannpháirtíocht an phobail; straitéis infheistíochta; pleanáil spásúil agus dhéimeagrafach; agus cumas a fhorbairt.

Bhain guagacht le maoiniú na Comhairle le deich mbliana anuas de dheasca ciorraithe le linn an chúlú eacnamaíochta. Bronnadh maoiniú de €72,350,000 ar an gComhairle Ealaíon sa bhliain 2009, a thit go €56,800,000 faoin mbliain 2014. Ardaíodh an leibhéal maoinithe go €67,920,000 sa bhliain 2018 agus cuireadh méadú deich faoin gcéad leis an maoiniú do 2019 a fhágann go raibh €74,712,000 an bhliain sin. Cé gur deineadh ciorruithe suntasacha ar mhaoiniú le linn thréimhse an chúlaithe eacnamaíochta, is amhlaidh gur tháinig ardú ar mhaoiniú na Comhairle Ealaíon, agus buiséad de €80m acu sa bhliain 2020; an leibhéal maoinithe is airde le breis is deich mbliana anuas. Tá ardú eile go €1.25m déanta ar bhuiséad an CE le déanaí, agus tá méadú 2% ó E189m go E193m geallta do na healaíona i gcoiteann.

Tá impleachtaí praiticiúla maidir le critéir mhaoinithe ag baint le pairtnéireachtaí eagras Gaeilge le heagrais eile. Is i bpáirt leis an gComhairle Ealaíne agus eagrais eile a ritear cuid de scéimeanna maoinithe Ealaín na Gaeltachta agus tá eilimintí éagsúla den dea-chleachtas amholann an Chomhairle Ealaíon luaite mar chritéir ar fhoirmeacha iarratais Ealaín: forbairt lucht éisteachta, comhmhaoiniú srl. Mar an gcéanna, iarrtar faisnéis maidir le dea-chleachtas ar fhoirmeacha iarratais do scéimeanna Fhoras na Gaeilge: ar shonraíocht a bhaineann le cosaint leanaí, comhmhaoiniú agus forbairt lucht éisteachta (as measc phobal na Gaeilge mar atá) a chuirtear an mhórbhéim.

Tá molta ag an gComhairle Ealaíona gur trí cheardlanna feasachta in eagrais éagsúla is fearr a chinnteofaí trédhearcacht agus luach ar airgead i gcúrsaí maoinithe

> it was the Council's view that, in general, a better approach would be, from the outset, to build such protections in to the culture of the organisation through the provision of

> workshops with arts organisations around the country, encouraging and ensuring that best practices, policies and procedures are in place.
>
> (Na hEalaíona: Ní Cuma Leo, 2019: 18)

**Ealaín na Gaeltachta**

Níorbh ann do shaineagras a bhí tiomanta do mhaoiniú agus do chur chun cinn na n-ealaíon Gaeltachta in Éirinn go dtí daichead bliain i ndiaidh don gComhairle Ealaíon teacht ar an bhfód agus seacht mbliana dhéag i ndiaidh bhunú Údarás na Gaeltachta (1980). Aithníodh an gá le breis iarratas a mhealladh ó na ceantair Ghaeltachta. Ba sa chomhthéacs seo a bunaíodh Ealaín na Gaeltachta sa bhliain 1997 faoi aontú comhpháirtíochta idir Údarás na Gaeltachta agus An Chomhairle Ealaíon.

Is fochuideachta d' Údarás na Gaeltachta agus den Chomhairle Ealaíon é Ealaín Teo. a bunaíodh i 1997 chun na healaíona a fhorbairt ag leibhéal réigiúnach ar fud na Gaeltachta. Faigheann Ealaín na Gaeltachta maoiniú ón dá eagraíocht: 50% ó Údarás na na Gaeltachta agus 50% ón gComhairle Ealaíon. Tacaíonn Ealaín na Gaeltachta le forbairt na n-ealaíon agus an chultúir sa Ghaeltacht. Faigheann an t-eagras cómhaoiniú ó Údarás na Gaeltachta agus ón gComhairle Ealaíon.

Soláthraíonn Ealaín na Gaeltachta seirbhísí agus scéimeanna maoinithe a thacaíonn le heagraíochtaí ealaíona agus le healaíontóirí aonair. Tá scéimeanna éagsúla maoinithe ag Éalaín na Gaeltachta: Scéim Forbartha na nEalaíon, Scéim Síol, Scéim na bhFéilte, Scéim Cothú, Scéim Neartú, Scéim Nóta agus An Scéim Sparántachta. Tacaíonn Ealaín na Gaeltachta le tionscnaimh oiliúna agus meantóireachta, agus tá sé mar aidhm acu bonneagar do na healaíona a chruthú agus a chothú sa Ghaeltacht.

Bíonn ar Ealaín na Gaeltachta é seo ar fad a dhéanamh ar bhuiséid atá teoranta go maith. Tá sé thar a bheith suntasach gur bronnadh €2,986,000 ar an Irish National Opera atá bunaithe i mBaile Átha Cliath i 2019, agus nach bhfuair Ealaín na Gaeltachta - a bhfuil freagrachtaí tras-réigiúnach aige - ach €1,088,000 don mbliain 2019. Níl ach €50,000 ar fáil faoin scéim 'Scéim Sparánachta' chun freastal a dhéanamh ar ealaíontóirí uilig na Gaeltachta. Aithníonn Cultúr 2025, An Creatbheartas Náisiúnta Cultúir na naisc shonracha atá ag an tiomantas infheistíochta seo le sainbheartais don nGaeilge. Luaitear i bpointe 5.46 den Plean Gníomhaíochta don Ghaeilge (2018 – 2022) go ndéanfar tuilleadh achmhainní a sholáthar d'Ealaín na Gaeltachta chomh maith.

Leagtar síos bunthosaíochtaí Ealaín na Gaeltachta ina straitéis 'Straitéis Ealaín na Gaeltachta (2018 - 2022). Ar aon dul leis an tábhacht a shamhlaíonn 'Éire Ildánach' leis na

healaíona agus leis an gcruthaitheacht, sainítear tábhacht na n-ealaíon anseo mar shochmhainn luachmhar náisiúnta. Níor éirigh le hEalaín spriocanna sonracha Straitéis Ealaín na Gaeltachta (2013 – 2016) a bhaint amach agus aithníodh go raibh oiriúnú riachtanach le déanamh acu ar thosaíochtaí ag an am. Tá tuiscint acu san eagras ar an tionchar diúltach, dar leo, a d'imir na ciorruithe ré an chúlaithe eacnamaíochta ar fhorbairt na n-ealaíon agus ealaíontóirí agus táid *'tiomanta an fuinneamh sin a fháil ar ais agus a chothabháil'* (ibid 2018: 25).

Tá sé i gceist ag Ealaín na Gaeltachta maoiniú tionscadail a thabhairt ar ais agus méadú a dhéanamh ar an maoiniú reatha a chuirtear ar fáil don Scéim Sparánachta, chun go bhforbrófar *'tionscadail níos uaillmhianaí'* agus *'cothú a dhéanamh ar ghairmeacha inmharthana sa Ghaeltacht'* (Ealaín na Gaeltachta 2018: 15). Is mian leo taighde a choimisiúnú chomh maith ar éifeacht agus ar thionchar mhaoiniú Ealaín na Gaeltachta ar ealaíontóirí na Gaeltachta. (Ealaín na Gaeltachta 2018: 16).

**Cultúr Éireann: cultúr na hÉireann ar an ardán idirnáisiúnta**

Cuireann Cultúr Éireann na healaíona Éireannacha chun cinn ar fud an domhain. Cruthaíonn siad deiseanna d'ealaíontóirí agus do chompántais Éireannacha a gcuid oibre a chur i láthair agus a chur chun cinn ag féilte agus ag ionaid straitéiseacha idirnáisiúnta. I 2018 bhí leithdháileadh buiséid do dheontais arbh 'fhiú €1,417,350 é ag Cultúr Éireann. Clúdaíonn an maoiniú réimsí éagsúla cultúir lena n-áirítear; an litríocht, an amharclannaíocht, an scannánaíocht, taispeántais sorcais, damhsa, amhránaíocht agus na hamharcealaíona. Cé go bhfuil roinnt oirfideach le Gaeilge i measc na gcleachtóirí a fuair deontas ní luaitear Ealaíona Teangabhunaithe na Gaeilge ar aon bhealach sonrach sna réimsí deontas agus ní thagraítear d'aon saintionchar a d'fhéadfadh na hEalaíona seo a imirt thar lear. Deirtear ar a suíomh lín go dtacaíonn an eagraíocht le polasaí cultúrtha idirnáisiúnta na hÉireann trí chonairí ar leith:

> Advising the Minister for Culture, Heritage and the Gaeltacht and other government departments on arts and culture policy building relationships and networks with arts and cultural organisations, relevant public bodies, state agencies and government departments at home and abroad
>
> working with the Department of Foreign Affairs and Trade to ensure that cultural affairs are effectively promoted whilst strengthening Ireland's cultural networks abroad.
>
> (Suíomh Culture Ireland)

Ní léir aon saineolas nó seirbhís trí Ghaeilge a bheith ar fáil ag an eagraíocht. Is deacair leagan Gaeilge a fháil do chuid den suíomh agus s níl aon nasc ar an leathanach 'Acmhainní' d'eagraíochtaí ealaíona Gaeilge.

Is éard atá i gceist le 'Global Ireland' ná plean straitéiseach de chuid rialtas na hÉireann chun láithreacht agus tionchar na hÉireann a chothú agus a láidriú ar an ardán idirnáisiúnta (Global Ireland 2019: 6). Ó thaobh an chultúir de díríonn an clár ar chultúr na hÉireann a chraobhscaoileadh go hidirnáisiúnta agus cur le hilchultúrthacht na hÉireann mar thír trí phobail nua a tharraingt go hÉirinn le cur leis an bhfórsa saothair sa tír agus le cur lenár margadh turasóireachta. Tá dlúthnaisc idir clár Éire Ildánach (2017 – 2022) agus Global Ireland a chuireann an chruthaitheacht agus an cultúr arís go lár thosaíochtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta na tíre.

> Its [Éire Ildánach] unique approach to enabling and leveraging Irish creativity has now been embedded in Global Ireland, which recognises the vital importance of creating "a compelling and imaginative proposition about Ireland based on our culture and creativity".
>
> (Global Ireland 2019: 31)

Tagann an scéim do leanaí an diaspóra Cultúr Club faoi scáth Global Ireland ach is é Conradh na Gaeilge a thionscain. Is éard atá i gceist le Cultúr Club ná sraith tograí straitéiseacha agus nuálaíocha a chuireann cultúr agus teanga na Gaeilge chun cinn ar an ardán idirnáisiúnta. Chuir Conradh na Gaeilge Cultúr Club ar bun sa bhliain 2016 tar éis togra triallach a dhéanamh le Ginearál Consalachta de chuid Hong Cong. Bhí éileamh ar ranganna cultúir agus teanga sa tír mar bhealach chun féiniúlacht Éireannach a láidriú mar chuid de phobal an diaspóra ann (Global Ireland 2019: 29). Faigheann Cultúr Club tacaíocht ón Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála agus An Roinn Cultúir Oidhreachta agus Gaeltachta. Eagraíodh ceardlanna agus ranganna i dtíortha éagsúla le cúpla bliain anuas agus tá curaclam dírithe acu ar pháistí de chuid an diaspóra idir sé bliana agus sé bliana dhéag d'aois. Deineadh tograí de chuid Chultúr Club a reáchtáil i Sasana, Albain, an Astráil agus An Nua-Shéalainn agus Meiriceá ó cuireadh tús leis an gclár (Suíomh Lín Chonradh na Gaeilge 2020).

### Comhairlí Contae

Ceapadh an chéad Oifigeach Ealaíne in údarás áitiúil sa bhliain 1985. Deich mbliana ina dhiaidh sin bunaíodh an 'Association of Local Authority Arts Officers' mar eagras ionadaíochta do na hOifigigh Ealaíne agus le bheith mar fhóram don phlé. Tá ról struchtúrtha ag na húdaráis áitiúla i riaradh agus i gcur i bhfeidhm clár straitéiseach tacaíochta do na healaíona, ról atá sainaitheanta in Acht na nEalaíon 2003. Bronnann An Chomhairle Ealaíon maoiniú bliantiúl ar gach comhairle contae sa tír faoin scéim 'Deontas na nÚdarás Áitiúil'.

Is iad na húdaráis áitiúla a dhéanann comhardú ar chláir áitiúla de chuid an chláir náisiúnta don gcruthaitheacht Éire Ildánach (2017 - 2022).

> Le tacaíocht agus le hinfheistíocht ón Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta agus ón Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil tá gach údarás áitiúil ag cur Straitéis Cultúir agus Cruthaitheachta 2017 – 2022 cúig bliana i bhfeidhm. Rinneadh na straitéisí seo a fhorbairt i gcomhairliúchán le healaíontóirí áitiúla, le lucht na n-ealaíon, le heagraíochtaí cultúir agus oidhreachta, le grúpaí pobail, le hionaid oideachais agus le scoileanna ar fud na tíre.
>
> (Suíomh lín Éire Ildánach 2020)

Cuireadh tús leis an gcur chuige nua seo sa bhliain 2017. Fuair gach údarás áitiúil €64,000 ó EI sa bhliain sin ionas go mbeadh siad ábalta a gcuid dtosaíochtaí forbartha cruthaitheacha áitiúla féin a chur i bhfeidhm. Tá foireann cultúir ceaptha ag gach údarás áitiúil a mbíonn freagracht orthu maoiniú 'Éire Ildánach' a dháileadh ar na réimsí a n-aithnítear a raghadh an infheistíocht chun tairbhe. Fágtar an bunmhaoiniú seo faoi na húdaráis áitiúla toisc go bhfuil na teagmhálacha agus na huirlisí acu chun próiséas for-rochtana agus teagmhála a dhéanamh go slachtmhar agus an clár a chur i bhfeidhm ar mhaithe le tosaíochtaí a bpobal féin (Éire Ildánach 2017: 6). Mar chuid den bhfeidhm seo, bhí ar gach údarás áitiúil straitéis chultúir agus chruthaitheachta a chur le chéile.

Is fiú a lua nach bhfuil *aon* eagras ealaíona Gaeilge luaite i measc na nasc ar shuíomh an Association of Local Authority Arts Officers, cé go bhfuil roinnt Oifigigh ealaíne ar leith tar éis ról cinnireachta a imirt maidir leis na hEalaíona Gaeilge. Tá cúlra láidir i ndrámaíocht Gaeilge ag Ray Yeates, Oifigeach Ealaíon Chathair Átha Cliath, mar shampla. Mar an gcéanna, tá tograí tábhachtacha a bhfuil ceangal acu le le ETB na Gaeilge curtha i gcrích ag comhairlí áirithe. Ina measc seo tá an plean oidhreachta ilréimseach do Mhúscraí a thiomsaigh Comhairle Chontae Chorcaí agus Acadamh Fódhla (Dig and Research do Chomhairle Chontae Chorcaí 2019) agus an tacaíocht atá curtha ar fáil ag Comhairle Dhun Laoghaire/Ráth an Dúin agus Leabharlann Dhún Laoghaire do fhéile Imram na nÓg.

Nóta: Roinneadh eolas agus deineadh plé faoin phróiseas taighde don taurascail seo (agus don straitéis a leanfaidh) ag cruinniú de chuid an Association of Local Authority Arts Officers i mí na Samhna 2019.

## Croí-eagraíochtaí Eile

### Oireachtas na Gaeilge

Is ceanneagraíocht é Oireachtas na Gaeilge, a fhaigheann maoiniú leanúnach faoi scáth mhaoiniú na gceanneagraíochtaí ó Foras na Gaeilge. Tá ceangal fadbhunaithe ag an

Oireachtas le Conradh na Gaeilge ó bunaíodh é sa bhliain 1893. Tá an tOireachtas tiomanta do dheiseanna úsáidte agus gréasán Gaeilge a chothú (An tOireachtas 2020) ach is iad a bhféile bhliantúil sa bhFómhar agus na comórtais litríochta is mó a shamhlaítear leis an eagraíocht. Bhronn Foras na Gaeilge 792, 155 ar an Oireachtas sa bhliain 2019. Fuarthas maoiniú de €808, 632 sa bhliain 2018 agus €784,988 sa bhliain 2017. Éiríonn leis an Oireachtas urraíocht leanúnach a bhaint amach chomh maith. Fuaireadar urraíocht de €191,773 sa bhliain 2019, €164, 269 i 2018, agus €138,280 i 2017.

**Tuismitheoirí na Gaeltachta**

Tá Tuismitheoirí na Gaeltachta ag feidhmiú ón mbliain 2018 mar eagraíocht náisiúnta. Bíonn ranganna drámaíochta agus ceoil á n-eagrú ag an eagraíocht. Rinne Tuismitheoirí na Gaeltachta coimisiúnú ar dhráma nua-scríofa le Dara Mac an Iomaire. Deineadh léiriú gairmiúil de agus bhí suas le 100 páiste páirteach ann. Chosain an coimisiúnú €40,000. Fuarthas airgead ó Foras na Gaeilge, Ealaín na Gaeltachta agus An Taibhdhearc.

**Comhlachtaí Oidhreachta agus Ealaíona Áitiúla**

Bíonn roint comhlachtaí oidhreachta agus ealaíona áitiúla ag feidhmiú ó cheann ceann na tíre a ritheann idir scéimeanna tacaíochta agus clár rannpháirtíochta i réimse na n-ealaíon agus na hoidhreachta.

**Sampla: Oidhreacht Chorca Dhuibhne:**

Tá tograí oiliúna do dhaoine óga i gceist anseo go láidir, mar aon le tograí foilsithe a bhaineann le gnéithe éagsúla de ETB na Gaeilge. Bíonn láithreacht ag ETB na Gaeilge i gcúrsaí oidhreachta agus teanaga an eagrais agus múintear ranna agus amhráin ar bhonn córasach do leanaí réamhscoile, a bhfuil cúram aire/iarscoile dóibh suite ar an suíomh céanna le hoifig na hOidhreachta.

**Féile Imram**

Bunaíodh féile liteartha IMRAM sa bhliain 2004. Tá sé d'aidhm shonrach ag IMRAM lucht éisteachta/féachana a mhealladh go litríocht chomhaimseartha na Gaeilge *'i dtimpeallachtaí beoga'.* Tá cothú agus cruthú pobail léitheoireachta chun tosaigh in éiteas na féile agus is mian léi *'litríocht na Gaeilge a chur i láthair an phobail laistigh de fhráma nua-aoiseach, bheoga, ilchultúrtha'*. Déantar iarracht tríd na himeachtaí a eagraítear a léiriú go dtuilleann litríocht na Gaeilge ardán náisiúnta agus idirnáisiúnta. Bíonn béim láidir ar an láithriú nó ar an taibhléiriú in imeachtaí na féile ina mbíonn cleachtóirí amhránaíochta agus filí páirteach go minic iontu.

**Gael Linn**

Bunaíodh Gael Linn sa bhliain 1953. Cuireann an eagraíocht fiontair úra a chur chun cinn faoi mar a bhaineann le forbairt na Gaeilge. Is í príomhaidhm na heagraíochta ná oidhreacht na Gaeilge a chur chun cinn. Faigheann Gael Linn maoiniú mar cheanneagraíocht ó Fhoras na Gaeilge. Is iad na príomhchúraim a leagtar orthu dá bharr ná: Oideachas in earnáil an Bhéarla/d'aosaigh agus deiseanna úsáide teanga a chruthú do dhaltaí scoile. Bíonn coirmeacha ceoil á n-eagrú acu ag leibhéal na bunscoile. Bíonn comórtais tallainne agus díospóireachta ag leibhéal na meánscoile acu chomh maith.

**Eagraíochtaí, fondúireachtaí agus fiontair eile le sainfhócas Gaeilge, féilte, scéimeanna agus scoileanna samhraidh san áireamh**

*Nóta: tá eolas níos cuimsithí faoi na fiontair seo le fáil sa mhír Iniúchadh san aguisín, faoi theidil éagsúla, mar shampla, féilte.*

Gné fhíorthábhachtach d'éiceachóras ETB na Gaeilge iad na heagraíochtaí agus fiontair neamhspleácha a bhaineann go dlúth agus gó díreach le pobal na Gaeilge agus a mbaineann a ról go hiomlán nó go hindíreach le hEalaíona Teangabhunaithe na Gaeilge. Tá féilte, éigsí, scéimeanna oiliúna agus obair a chuirtear i gcrích ag coistí nó cumainn dheonacha san áireamh anseo. Tá raon leathan d'eagrais agus de scéimeanna i gceist anseo agus tá ról an-lárnach 'ar an talamh' acu maidir le sealbhú, cleachtadh agus craobhscaoileadh Ealaíon Teangabhunaithe na Gaeilge. Tá fianaise dhíreach curtha ar fáil ag cuid de na heagraíochtaí/fiontair seo sna hagallaimh. (Mír 8) agus déantar an t-aiseolas uathu a phlé i Mír 9 agus 10.

**Samplaí:**

Cumainn drámaíochta áitIúla

*Samplaí: Aisteoirí Bulfin, Aisteoirí Mhíobhaigh agus Aisteoirí Bhréanainn. Tá ról tábhachtach ag na cumainn seo maidir le léirithe drámaí a chur ar fáil i gceantair iargúlta nó i suíomh cathrach nach bhfuil soláthar á dhéanamh ar bhonn eile ann maidir le léirithe drámaí Gaeilge. Cothaíonn an cumainn seo scriptscríbhneoireacht chomh maith, agus aistríonn siad drámaí ó theangacha eile. Tá gné thábhachtach shóisialta ag roinnt leis na cumainn.*

Éigsí agus Scoileanna samhraidh

*Sampla: Éigse Dhiarmaidín: Deireadh seachtaine i gcomóradh ar an amhránaí Diarmuid Ó Súilleabháin le béim ar an amhránaíocht ach a chuimsíonn an fhilíocht bhéil chomh maith.*

Scéimeanna oiliúna

*Sampla: Trí an togra Binneas de chuid Chomhchoiste Ghaeltacht Uíbh Ráthaigh déantar bailiú agus foilsiú ar amhráin agus cuirtear oiliúint ar amhránaithe nua.*

**Clubanna agus Cumainn**

Club Reic: Seo club a thugann cleachtóirí agus lucht éisteachta le chéile ar bhonn rialta le héisteacht leis an bhfilíocht labhartha.

Grúpaí pobail agus grúpaí spraoi a bhaineann le Gréasán Ghlór na nGael. I measc na ngrúpaí seo tá Grúpa Spraoi Dhún Laoghaire/Ráth an Dúnáin atá tar éis comhphairtnéireacht a chothú le Leabharlann Dhún Laoghaire, mar a gcuirtear clár rialta imeachtaí Gaeilge ar siúl, ETB na Gaeilge san áireamh.

**Comhaltas Ceoltóirí Éireann**

Eagraíonn craobhacha Comhaltais (in Éirinn agus thar lear) ranganna, seisiúin, scoileanna samhraidh, turais agus fleadhanna/féilte a chuimsíonn gnéithe de ETB (an amhránaíocht, an scéalaíocht agus aithriseoireacht dánta). Eagraíonn craobhacha áitiúla ceolchoirmeacha agus féilte a chuimsíonn gnéithe éagsúla de ETB: scéalaíocht, amhránaíocht agus aithriseoireacht, mar shampla. Is féile agus comórtas náisiúnta in éineacht é Fleadh Ceoil na hÉireann. Foilsíonn Comhaltas ábhar a bhaineann leis ETB na Gaeilge i bhfoirm clóite (san iris Treoir agus i bhfoilseacháin eile), i bhfoirm taifeadta agus go leictreonach trína suíomh. Anuas ar seo tá cartlann dhigiteach ar fáil mar aon le leathanaigh lín a chuireann eolas ar fáil faoi théacsanna béil a bheadh oiriúnach le haithris nó le canadh. Tá cúrsa teastais forbartha ag Comhaltas i bpáirt le FÁS agus FETAC a bhaineann le scileanna taibhithe san amhránaíocht. Ní léir go bhfuil gné ETB san áireamh sa chúrsa oiliúna do mhúinteoirí (Dioplóma TTCT) a chuireann Comhaltas ar fáil.

Tá béim lárnach uileghabhálach ag Comhaltas ar an nGaeilge agus tá polasaí dátheangach ag baint lena suíomh, leis an iris Treoir agus le mórfhéilte. Tá gné idirnáisiúnta ag roinnt leis an eagras trína ngréasán craobhacha. Bíonn siad ag comhoibriú le heagrais Ghaeilge eile maidir le tograí agus úsáid ionad. (Eolas ó Shuíomh Lín Chomhaltas Ceoltóirí Éireann)

Go minic, áfach, baineann an soláthar Gaeilge le sainspéis ball áirithe i gceantair ar leith. Is díol spéise é an oiread ceantair Gaeltachta gan craobh de CCÉ iontu. Foilsíonn Comhaltas a sonraí maoinithe go hoscailte ar a suíomh lín.[6]

[6] https://comhaltas.ie/about/funding/

**Cumann Lúthchleas Gael: Scór agus Scór na nÓg**

Foilsíodh Straitéis Chumann Lúthchleas Gael don Ghaeilge i mí an Mheithimh 2019. Tá Oifigeach Forbartha Gaeilge lánaimseartha ann (Jamie Ó Tuama) a chuireann an Ghaeilge chun cinn sa Chumann go náisiúnta. Tá coistí Gaeilge i ngach contae agus i ngach cúige agus tá sé de dhualgas ar gach club sa tír Oifigeach Gaeilge/Cultúir a cheapadh.

Is trí chomórtais Scór (a bunaíodh sa bhliain 1969) is mó a chuireann CLG ETB na Gaeilge chun cinn. Comórtais dhátheangacha iad na comórtais amhránaíochta aonair, grúpa bailéad, Aithriseoireacht/Scéalaíocht agus Léiriú Stáitse. Bíonn babhtaí club, babhtaí réigiúnacha agus craobhchomórtas náisiúnta ann, a bhfuil proifíl agus gradam ar leith ag roinnt leis. Leagtar béim ar ghné an chomórtais ach anuas ar sin aithnítear an ghné láidir sóisialta a bhaineann le Scór agus na cairdis thrasghlúine a chothaíonn sé (Eolas cóirithe ón Suíomh Lín, Cumann Lúthchleas Gael).

Is é Jamie Ó Tuama, Oifigeach Gaeilge Chumann Lúthchleas Gael, atá freagrach freisin as struchtúir fheidhmithe Scór, a ritear trí choistí éagsúla.

**Leabharlanna Contae**

Is faoi scáth na n-údarás áitiúla a ritear na leabharlanna poiblí. I measc na réimsí gnímh a luaitear i Straitéis Fiche Bliain don Ghaeilge tá:

> forbairt a dhéanamh ar imeachtaí agus ar ghníomhaíochtaí litríochta i leabharlanna poiblí ar feadh na bliana (agus ní le linn Sheachtain na Gaeilge amháin) - saothair á léamh ag a n-údair, seoltaí, clubanna léitheoireachta agus éisteachta agus cláir litríochta do scoileanna.
>
> (Rialtas na hÉireann 2010: 24)

**Eagrais eile a bhíonn ag plé go hócáidiúil le ETB na Gaeilge**

Ní miste a lua go bhfuil eagrais eile a mbíonn ról acu maidir leis na hEalaíona Teangabhunaithe sa Ghaeilge i dTuaisceart na hÉireann, go háirithe, agus go hidirnáisiúnta.

Tá spéis ar leith ag roinnt le soláthar Chomhairle Ealaíón Thuaisceart na hÉireann maidir le ETB na Gaeilge. Tá sruth maoinithe ar leith, (a bhaineann le teangacha ar leith) faoina scéim Language Arts. Tá maoiniú ar fáil chomh maith do 'Traditional Arts' a bhfuil an amhránaíocht Ghaeilge, cleamairí agus scéalaíochsan áireamh iontu. Tá ról agus saineolas gaolmhar in eagrais in Albain agus sa Ríocht Aontaithe trí chéile, sna tíortha 'Ceilteacha' , i dtíortha ina bhfuil diaspóra Éireannach agus go ginearálta. San áireamh freisin sa chomhthéacs leathan seo tá an Roinn Gnóthaí Eachtrach agus an gréasán ambasáid. Tá eagraíochtaí eile ann go hidirnáisiúnta a bhfuil ról nó freagracht ábharthach acu. Ar na

heagrais seo tá, mar shampla, An British Council, ranna Léann na hÉireann agus ranna Gaeilge thar lear, agus eagraíochtaí earnálacha idirnáisiúnta mar an Federation for European Storytelling agus CIOFF (the International Council of Organistions of Folklore Festivals and Folk Arts) Tá ról chomh maith ag na cumainn agus na craobhacha idirnáisiúnta d'eagraíochtaí 'Éireannacha' mar Conradh na Gaeilge, Cumann Lúthchleas Gael agus Comhaltas Ceoltóirí Éireann.

**Eagraíochtaí agus scéimeanna 'eile' fós**

Anuas ar na heagraíochtaí thuas (a dhéanann a gcuid oibre trí Ghaeilge nó a dhéanann soláthar trí Ghaeilge ar leibhéal níos airde ná leibhéal aon uaire nó leibhéal ócáidiúil) tá eagraíochtaí agus scéimeanna eile ann (go háirithe ó bunaíodh Creative Ireland) a bhfuil ról acu maidir le ETB na Gaeilge. Tá impleachtaí móra ag baint leis na sainstruchtúir atá curtha ar bhun ag Éire Ildánach maidir le cur i bhfeidhm a gcuid clár. Níl saineolas Gaeilge nó saineolas ar ETB na Gaeilge ag cuid de na páirtnéirí seo agus ós eagrais neamhspleácha iad níl siad faoi cheangal seirbhís trí Ghaeilge a sholáthar.

**Samplaí de Phairtnéirí Creative Ireland**

Age and Opportunity
Sing Ireland
Fighting words
Youth Theatre Ireland
Music Generation
Na údaráis áitiúla

Anuas ar seo, bíonn pairtnéirí éagsúla ag an gComhairle Ealaíon a chabhraíonn leo cláir agus sruthanna maoinithe áirithe a bhféádfadh lucht ETB spéis a chur iontu a reachtáil. Ina measc seo tá . Ní i gcónaí a dhéanann na heagrais seo soláthar do chleachtóirí nó lucht rannpháirtíochta/éisteachta na nEalaíon Teangabhunaithe sa Ghaeilge , cé go ndéanann cuid acu (an Irish Writers Centre, mar shampla) soláthar ócáideach (trí Ghaeilge agus uaireanta trí Bhéarla amháin) do chleachtóirí nó pobal éisteachta Gaeilge)

Mar sin féin, agus fearacht phairtnéirí Creative Ireland agus eagrais eile earnálacha is cuid thabhachtach den tírdreach tacaíochta/cinnireachta/maoinithe/oiliúna/ forbartha gairmiúla iad na pairtneírí/eagrais earnálacha seo agus ní miste na féidearthachtaí, na deiseanna agus na baic a bhaineann leo a thabhairt san áireamh sa phlé.

**Eagraíochtaí agus gréasáin gairmiúla/tathanta eile**

Sa bhliain 2019 bunaíodh an gréasán tathanta Fair plé le cothromaíocht inscne a bhaint amach i dtáirgeadh, i léiriú, i gcothú agus i bhforbairt an cheoil traidisúnta agus an cheol tíre (sa chiall folk music). Cuimsíonn misean agus ballraíocht an ghreasáin amhránaithe Gaeilge. Tá tuairisc idir lámha ag an ngréasán (Suíomh lín Fair Plé.)

Bunaíodh an eagraíocht Traid Éireann sa bhliain 2019 *'to promote the traditional arts throughout the island of Ireland and support practitioners through advocacy and professional development opportunities'.* Bronnadh The Arts Council Project Award 2019 ar an eagraíocht agus tá siad i mbun togra taighde faoi láthair maidir le *'challenges, opportunities and supports currently available to traditional arts practitioners in Ireland'*. (Suíomh Lín Traid Éireann)

Tá acmhainneacht Ghaeilge agus tuiscint ar ETB na Gaeilge ag cinnirí an dá eagras thuas.

Is é Conradh na Gaeilge an ceanneagraíocht Ghaeilge le freagracht ar leith tathanta ('ionadaíocht thar cheann na teanga le heagrais stáit') Ní leagtar ról sonrach orthu maidir leis na healaíona, ach bíonn tionchar acu ar ETB trína scéimeanna maoinithe agus trí Cultúr Club agus trí aighneachtaí agus feachtais feasachta/abhchóidíochta. Tá gaol dlúth idir an Conradh agus  Oireachtas na Gaeilge/Ógras.

Reáchtáil Traid Éireann TradTalk i gCaisleán Bhaile Átha Cliath ar an 16 Samhain 2019. Siompóisiam ab ea é seo inar roinn cleachtóirí idirnáisiúnta a dtaithí ar struchtúir thacaíochta do chleachtóirí a fhobairt i limistéir lasnuigh d'Éirinn. Thoiligh an eagraíocht eolas faoin togra seo a roinnt ag an ócáid.

**Cleachtóirí**

Tá lua minic déanta ar chleachtóirí inter alia sa phlé go dtí seo. Tá daoine aonair agus grúpaí ag feidhmiú go gairmiúil, go leathghairmiúil agus ar bhonn amaitéarach sna réimsí éagsúla a bhaineann le ETB na Gaeilge. Tá fianaise dhíreach ó réimse ionadaíoch de na cleachtóirí seo le fáil i Mír 8.

## Mír 8: Léargais na bPáirtithe Leasmhara

### 8(a) Torthaí na gCeistneoirí


Sa mhír seo déantar léiriú grafach ar na torthaí taighde ón suirbhé.

**100 Freagraí:** 80 ón suirbhé Gaeilge; agus 20 ón suirbhé Béarla.


**Léiriú:** Léiriú grafach a thaispeántar sa Rannóg seo.

Léireofar 1 toradh amháin **in aghaidh na grafaice** anseo inár ndiaidh


### 1. Freagraí na gCleachtóirí agus an Lucht Éisteachta





Thug 89% de na faisnéiseoirí le fios go labhrann siad an Ghaeilge taobh amuigh den chóras oideachais. Mionchéatadán (níos lú an 10%) a thug le fios nach cainteoirí gníomhacha iad mar sin taobh amuigh den chóras oideachais.





Cónaíonn 61% de na cainteoirí Gaeilge taobh amuigh den Ghaeltacht. Tá 39% de na faisnéiseoirí ag maireachtaint sa Ghaeltacht.





Is díol suntais é go bhfreastalaíonn 60% de na faisnéiseoirí ar ócáidí rialta d'ealaíona teangabhunaithe na Gaeilge. Tá 40% nach mbíonn ag freastal go rómhinic - má dhéanann in aon chor.





89% de na faisnéiseoirí a thug le fios go mbíonn deis acu an Ghaeilge a labhairt ag ócáidí ealaíne teangabhunaithe. Léiríonn seo an bunús a bhaineann leis na fearainn seo a bheith ina n-áiseanna don teanga, agus d'úsáid na teanga taobh istigh agus taobh amuigh den Ghaeltacht.





Léiríonn na torthaí ar an gceist seo nach tosca róthábhachtach é an aithne pearsanta chun duine a mhealladh le freastal ar ócáid ealaíne teangabhunaithe. Thug 73% le fios nach n-aontaíonn siad leis an ráiteas seo.





Níor thug ach 19% de na faisnéiseoirí le fios nach mbíonn freastal maith ar ócáidí d'ealaíona teangabhunaithe na Gaeilge. 44% a dúirt nach bhfuil siad cinnte nó go bhfuil tuairim idireatarthu acu. 36% a d'easaontaigh a fhágann gur dóigh leo go mbíonn freastal maith ar ócáidí d'ealaíona teangabhunaithe na Gaeilge.





D'aontaigh 73% de na faisnéiseoirí gur deis mhaith í an ócáid teangabhunaithe chun an Ghaeilge a roinnt le lucht labhartha an Bhéarla.





Léiríonn na torthaí anseo gur dóigh le 94% de na rannpháirtithe gur chóir go mbeadh ócáidí ealaíona teangabhunaithe ar siúl go poiblí go rialta.





Arís, céatadán íseal (16%) a thug le fios nach mbíonn sé de mhisneach acu freastal ar ócáidí ETB ina n-aonair. 13% a thuairiscigh nach bhfuil siad cinnte. 69% a thug le fios nach gcuireann cúrsaí muiníne isteach orthu a bheith ag freastal ar ócáidí ETB.





Freastalaíonn 60% de na rannpháirtithe ar ócáidí ETB go rialta. 17% a dúirt nach mbíonn siad ag freastal ar ócáidí ETB go rialta.





Thug 27% de na faisnéiseoirí le fios go mbíonn siad ag éisteacht leis an gCeol Tíre. 61% díbh a thuairiscigh nach mbíonn.





Bíonn 50% de na rannpháirtithe ag éisteacht leis an bhfilíocht bhéil nó le rap.





Bíonn 76% de na faisnéiseoirí ag éisteacht nó ag féachaint ar an amharclannaíocht.





79% de na faisnéiseoirí a bhíonn ag éisteacht le nó ag féachaint ar an drámaíocht.





79% de na faisnéiseoirí a bhíonn ag éisteacht leis an amhránaíocht thraidisiúnta.





Thug 43% de na faisnéiseoirí le fios go mbíonn siad ag éisteacht leis an amhránaíocht chórúil/eaglasta.





Thug 55% de na faisnéiseoirí le fios go mbíonn siad ag éisteacht leis an scéalaíocht.





49% de na rannpháirtithe a bhíonn ag éisteacht le nó ag féachaint ar agallaimh bheirte nó ar lúibíní.





Níor thug ach 32% de na faisnéiseoirí le fios go mbíonn siad ar an eolas faoi aipeanna agus ardáin dhigiteacha chun na hETB a fhorbairt.





26% de na rannpháirtithe a thug le fios go mbaineann siad úsáid as an teicneolaíocht chun le hidirghníomhú leis na hETB. 61% mar sin nach dtagann ar na hETB trí mheán na teicneolaíochta.





Braitheann 63% de na faisnéiseoirí go mbíonn tionchar ag an teicneolaíocht ar na hETB





Aontaíonn 79% de na faisnéiseoirí gur cheart go mbeadh eagrais Ghaeilge ag baint úsáide as na meáin shóisialta ina gcuid oibre





Aontaíonn 18% de na faisnéiseoirí go gcuireann a n-easpa rochtana ar an teicneolaíocht /taisteal srian ar na deiseanna a bhíonn acu teacht a bheith acu ar na hETB. Ní aontaíonn 47% de na faisnéiseoirí go gcuireann easpa teicneolaíochta srian ar na deiseanna a bhíonn acu





Dúirt níos mó na duine as gach triúr (35%) gur éirigh leo maoiniú do ealaín teangabhunaithe.




Ba ón nGaeltacht 18% acusan a fuair maoiniú as ealaín teangbhunaithe agus is 6% ón nGaeltacht nár éirigh leo sin a dhéanamh.





Níor aontaigh ach céatadán beag de dhaoine go raibh siad sásta leis an eolas a fuair siad maidir le maoiniú.





.


Níor aontaigh ach céatadán beag de dhaoine go raibh siad sásta leis na struchtúir a bhaineann le maoiniú a dháileadh.





Thug 47% le fios nach raibh oiliúint fhoirmeálta faighte acu ina réimse féin de na healaíona béil. Fuair 21% an traenáil chuí ina réimse féi.





Thug sciar suntasach de na freagróirí le fios go raibh aithne acu ar chleachtóirí nach bhfuair maoiniú riamh do na ETB.





Dúirt beagnach a leath (46%) go raibh sé níos deacra orthu a bheith rannpháirteach in ócáid ealaíona Gaeilge seachas Béarla ach ní raibh an deacracht sin ag 40%.





Thuairiscigh beagnach leath de na faisnéiseoirí go mbíonn sé níos deacra orthu a bheith rannpháirteach in ócáidí ealaíne trí Ghaeilge.





Ba léir nár mheas ach céatadán beag go raibh an Béarla rómhór chun tosaigh in imeachtaí ealaíona i gceantair Gaeltachta.





Bhraith 33% de na faisnéiseoirí nach mbíonn suim ag daoine a aistríonn go dtí an Ghaeltacht sa Ghaeilge.





Bhí sciar an- suntasach de na freagróirí den tuairim/den tuairim láidir gur chóir go mbeadh éagsúlacht ann maidir le grúpaí a d'eagródh imeachtaí ealaíne teangabhunaithe.




Léiríodh sna torthaí go bhfuil mian láidir ann go mbeadh dreamanna éagsúla ag eagrú ócáidí teangabhunaithe na Gaeilge. Ón nGaeltacht an ceathrú cuid (23%) dóibh siúd ar mhian leo dreamanna éagsúla a bheith i mbun eagraithe ar ócáidí ealaíne teangabhunaithe.




Céatadán fíorbheag cleachtóirí a thug le fios gur leor an t-ioncam a bhain lena gcleachtas ealaíne dóibh mar theacht isteach.




Níor aontaigh aon duine a bhí ina gcónaí sa Ghaeltacht gur leor a n-ioncam ealaíne mar theacht isteach.

**Mórchlaonta sna torthaí ó cheistneoirí a líon na cleachtóirí agus lucht spéise**

Tá ceangal dlúth idir spéis in ealaíona teangabhunaithe na Gaeilge agus labhairt na Gaeilge. Tá 89% de fhreagróirí na gceistneoirí ina gcainteoirí lasmuigh den scoilchóras, Tá an figiúr seo i bhfad níos airde ná an líon faisnéiseoirí a thug le fios go mbíonn deis acu an Ghaeilge a labhairt ag ócáidí teangabhunaithe. Tá an figiúir e 89% i bhfad níos airde ná líon na ndaoine le cumas labhartha Gaeilge de réir an daonáirimh (39.8%).  D’aithin 79% de na freagróirí póiteansal ócáidí ETB dul i bhfeidhm ar bhonn teanga ar dhaoine gan Ghaeilge, agus níor mheas ach 12% de na freagróirí go raibh an Béarla chun tosaigh ag ócáidí ETB. Léiríonn na freagraí seo an tábhacht agus an póiteansal a bhaineann leis na fearainn ETB d'úsáid na teanga taobh istigh agus taobh amuigh den Ghaeltacht

Thug 60% de na faisnéiseoirí le fios go mbíonn siad ag freastal ar ócáidí rialta d'ealaíona teangabhunaithe na Gaeilge. Tá 40% nach mbíonn ag freastal go rómhinic - má dhéanann in aon chor. An amhlaidh nach bhfuil deiseanna rannpháirtíochta/deiseanna bheith sa lucht éisteachta ag na daoine seo?

Tá sé an-shuntasach nach dtagann tromlach na bhfaisnéiseoirí ar na healaíona teangabhunaithe trí mheán na teicneolaíochta (71%). Mar sin féin deir 79% de na faisnéiseoirí gur cheart go mbeadh eagrais Ghaeilge ag baint leasa as na meáin shóisialta ina gcuid oibre. Is léir go bhfuil deiseanna le bheith mar chuid de ríomhphobal d'ealaíona teangabhunaithe na Gaeilge á éileamh anseo go pointe agus lucht spéise ag aithint nach bhfuil leas cuí á bhaint as na hardáin digiteacha mar mheán poiblíochta nó craolta.

Thug formhór na bhfreagróirí le fios nach raibh oiliúint fhoirmeálta faighte acu ina réimse féin de na healaíona béil. Léiríonn sé seo a dheacra is a bheadh sé do dhuine ón taobh amuigh bheith istigh a fháil in ealaíona teangabhunaithe na Gaeilge. Fianaise é, chomh maith, b’fhéidir, go ndéantar na healaíona seo a sheachadadh trí ghréasáin lucht aithne, atá ag teacht le fearainn thraidisiúnta ETB.

Bhí sciar suntasach de na freagróirí den tuairim láidir gur chóir go mbeadh éagsúlacht ann maidir le grúpaí a d'eagródh imeachtaí ealaíne teangabhunaithe.

Níorbh ionann tuairimí ag muintir na Gaeltachta agus daoine a chónaíonn taobh amuigh den Ghaeltacht maidir lena bheith ag teacht ar mhaoiniú do na healaíona teangabhunaithe. D'aontaigh céatadán i bhfad níos airde i measc fhaisnéiseoirí taobh

amuigh den Ghaeltacht go bhfuil sé níos fusa maoiniú do thograí a aimsiú. Bhí tuairimí measctha ann maidir leis na dúshláin a bhain le cur isteach ar mhaoiniú.

Thug céatadán fíorbheag cleachtóirí le fios gur leor an t-ioncam a bhain lena gcleachtas ealaíne dóibh mar theacht isteach. Níor aontaigh aon duine a bhí ina gcónaí sa Ghaeltacht gur leor a n-ioncam ealaíne mar theacht isteach.

Bhí difríocht shuntasach ann maidir le spéis agus freastal ar réimsí éagsúla na ETB. Thug 79% le fios go mbíonn siad ag freastal ar ócáidí a bhaineann le hamhránaíocht agus drámaíocht ach ní raibh ach 57 % a luaigh an rud céanna i dtaobh na scéalaíochta. Thuairiscigh 50% go ndéanann siad freastal ar ócáidí a bhain le filíocht labhartha nó rap. Ba iad ócáidí a bhain le lúibíní agus agallaimh bheirte, Amhránaíocht eaglasta/chórúil agus amhráin tíre (country music) ba lú a mheall freagróirí le freastal orthu. (49%, 43%, 27%)

**Mórchlaonta i dtorthaí ceistneoirí a líonadh ag ionadaithe ó eagraíochtaí**

**Cumas eagraíochtaí feidhmiú trí Ghaeilge**

Thug 56% de na heagrais a líon an suirbhé gur féidir le foireann na heagraíochta feidhmiú trí Ghaeilge. Thug 26% le fios nach féidir leo feidhmiú trí Ghaeilge.

**Oifigeach Gaeilge**

Tá oifigeach Gaeilge ag 52% de na heagraíochtaí a líon an suirbhé. Thug 42% le fios nach bhfuil oifigeach Gaeilge acu.

**Cleachtas Dátheangach**

Glacann 72% de na heagraíochtaí le hiarratais trí Ghaeilge. Ní ghlacann 17% le hiarratais ach trí Bhéarla amháin.

Scaipeann 50% de na eagraíochtaí scéalta faoi dheiseanna maoinithe go dátheangach. Thug 28% le fios nach ndéanann siad ach fógra trí Bhéarla a chur amach.

**Cleachtas Fógraíochta**

Baineann 60% de na heagraíochtaí leas as a ngréasáin shóisialta féin chun eolas a scaipeadh faoi dheiseanna tacaíochta. Ní bhíonn an cur chuige seo ag 15% de na heagraíochtaí.

**Straitéis chun pobal éisteachta a fhás agus a fhorbairt**

Tá straitéis forbartha pobal éisteachta ag 48% de na heagraíochtaí. Thug 22% le fios nach bhfuil straitéis mar seo forbartha acu.

**Toil Comhpháirtíochta**

Tá 78% de na heagraíochtaí sásta dul i mbun comhpháirtíochta le heagraíochtaí eile chun deiseanna rannpháirtíochta a chur ar fáil sna healaíona teangabhunaithe. Tugadh le fios, áfach, nach bhfuil 22% de na heagraíochtaí sásta tabhairt faoin obair chomhpháirtíochta seo.

**Oiliúint/Treoir**

Thug 48% de na heagraíochtaí le fios go dteastaíonn treoir uathu maidir le cur chun cinn na n-ealaíon teangabhunaithe. 22% a thug le fios nach dteastaíonn aon treoir uathu maidir leis seo.

### 8(b) Torthaí na nAgallamh agus na nAighneachtaí Poiblí: Príomhsnáitheanna Téamúla

Gheofar cuntas thíos ar phríomhléargais na bpáirtithe leasmhara maidir leis na réimsí éagsúla ealaíne teangabhunaithe atá faoi chaibidil sa tuarascáil seo agus a bheidh i gceist ins an straitéis. Rangófar torthaí/ionchur na n-agallaithe agus na rannpháirtithe eile (a cheangail aighneacht) seo faoi chinnteidil 'téamaí' éagsúla a d'eascair as an bpróiseas anailíse faisnéise. Tabharfar san áireamh chomh maith téamaí a tháinig chun cinn sa ransú litríochta. Gheofar gearrchuntas maidir le téamaí *nár* luadh ar bhonn suntasach sna hagallaimh agus sna haighneachtaí. Baineann tábhacht agus spéis le téamaí áirithe a bheith *gan lua i*ns na hagallaimh.

Chun aitheantas na bpáirtithe leasmhara a chosaint tá cód faoi leith tugtha do gach agallaí. Is iad na cóid seo, (in ionad ainmneacha na n-agallaithe) atá curtha leis na tagairtí sa chaibidil seo, agus leis na tras-scríbhinní atá ag dul isteach in aguisín an Tuairisc Taighde seo. Tá na cóid rangaithe i dtrí chatagóir faoi leith: Cleachtóirí (C), Eagrais Stát (ES), agus Eagraíochtaí/Cumainn Ealaíne (EE).

Sa chomhthéacs seo ciallaíonn:

- Cleachtóir (C) – duine proifisiúnta nó amaitéarach a bhíonn ag cleachtadh na healaíne teangabhunaithe agus a labhair leis an bhfoireann taighde ón bpeirspictíocht sin go príomha.
- Eagrais Stát (ES) - eagras atá maoinithe ag an stát a bhfuil sé de chúram orthu maoiniú, rialachas, forbairt, nó tacaíocht a thabhairt do na healaíona teangabhunaithe.
- Eagraíochtaí/nó Cumainn Ealaíne - áirítear sa chatagóir seo: Complachtaí agus Comhlachtaí Drámaíochta, Grúpaí Pobail, Féilte, Ionaid Ealaíne, agus amharclanna.

**Drámaíocht agus Amharclannaíocht**

**Dúshláin agus Rioscaí**

Thug 18 as measc 32 agallaithe le fios gur mheas siad gurb í Amharclannaíocht na Gaeilge agus drámaíocht amaitéarach na Gaeilge an ghné is laige de ETB na Gaeilge.

> Ar amharclannaíocht, sin rud eile. Déarfainn go bhfuil an staid reatha [...] nach bhfuil cúrsaí go maith agus aithním mé fhéin go bhfuil fadhb mór ann, go háirid le hamharclannaíocht phroifisiúnta, ghairmiúil mar nach bhfuil an méid sin ag tarlú [...] (ES10)

> Tá titim ollmhór ar an drámaíocht pobail, ó aimsir nuair a bhí an comhlachas náisiúnta drámaíochta sna 1980adaí i mbarr réime, agus a raibh beagnach ná raibh cumann drámaíocht i ngach pobal ag déanamh drámaí go dtí ar éigean anois go bhfuil ceann ar bith anois ag feidhmiú in áit ar bith. (ES4).

> ach an drámaíocht trí Ghaeilge, ní dóigh liom go bhfuil sé láidir in aon chor. (EE1)

> Ach tá go leor a bhfuil ag plé leis an ndrámaíocht idir scríobh agus chleachta drámaíochta den tuairim go bhfuil cúraí an-lag i láthair na huaire abair na féilte náisiúnta agus na féilte áitiúla go deimhin., nach bhfuil lucht ollscoileanna nach mór caillte ón drámaíocht agus mar sin de. (EE2)

> In terms of the Irish plays, the Irish language plays on RTE, they are absolutely; the paucity of plays is just extraordinary, there are hardly any. (C9)

> tá an maoiniú chomh dona sin, go bhfuil sé d'acmhainn acu (An Taibhdhearc) is dócha, bainisteoir a bheith acu ach níl aon stiúrthóir ealaíona ag amharclann náisiúnta na tíre ó thaobh na Gaeilge de. Níl aon pholasaí ag amharclann náisiúnta na tíre, Amharclann na Mainistreach (...) (C6)

Bhraith agallaí ó eagras stáit amháin nach raibh an drámaíocht ina tosaíocht ag Foras na Gaeilge.

> Ní bhíonn an drámaíocht mar sheánra [ag Foras na Gaeilge] faoi cheann ar bith de na scéimeanna go dtig [leo] tacaíocht a chur ar fáil do dhaoine atá ag scríobh drámaí […]Níl sé mar thosaíocht, tá sé síos sa liosta […] níl sé mar thosaíocht (ES2).

Braitheadh go bhfuil dúshláin ar leith ann maidir le cur chun cinn amharclannaíocht na Gaeilge de dheasca easpa maoinithe agus easpa tacaíochta straitéisí ag leibhéal réigiúnda agus náisiúnta.

> […] Amharclann na Mainistreach a bunaíodh ag tús an chéid seo caite i mBleá Cliath, agus go raibh dualgas de shaghas áirithe freastal ar an bpríomhtheanga oifigiúil sa tír, ach ar chúiseanna go leor níor tharla sé sin, go mór mhór le b'fhéidir 20 nó 25 bliain anuas. (EE6)

> Níl aon stiúrthóir ealaíon ag amharclann náisiúnta na tíre ó thaobh na Gaeilge de. Níl aon pholasaí ag an amharclann náisiúnta na tíre, Amharclann na Mainistreach, níl, is dócha, (C6)

Luadh easpa struchtúir chomhtháite agus easpa cinnireachta:

> So tá go leor rudaí éagsúla agus níl aon rud chomhtháite ann, go bhfuil daoine, níl aon, tá sé just ag brath ar duine amháin ag tógáil ceannasaíocht ar seo. (C6)

> (...) Níl aon cheannaireacht ann. (C6)

Tagraíodh do scéimeanna agus eagraíochtaí a chuireann an drámaíocht chun cinn mar a bheadh eiseamláirí den dea-chleachtas ach ag an am céanna tugadh le fios nach ann do na heagrais/scéimeanna seo níos mó.

Mar eolas […] bhí comhlacht drámaíochta don óige, An-Óg [?] ag feidhmiú i gCorca Dhuibhne, a d'aistrigh isteach go dtí an Lab, ionad ealaíne nach bhfuil ann a thuilleadh, agus tá tuairisc ar obair an eagrais sin ann – is féidir liom é a chur ar fáil díobh- tá an-chuid eolais úsáideach ann, maidir leis an gcleachtas maidir leis na dúshláin. (ES5)

[…] Thacaigh muid le clár drámaíochta agus litríocht an Phléaráca. Clár suntasach a bhí ansin […] so bhí ranganna drámaíocht sna scoileanna, agus bhí clár litríochta bainteach leis sin chomh maith. Bhí clár drámaíochta sna scoileanna agus bhí drámadóirí fostaithe ag Pléaráca. (ES5)

Deir An Taibhdhearc nach leor an buiséad atá acu. Faigheann An Taibhdhearc €320,000 de mhaoiniú bliantúil ón Roinn Cultúir Oidhreachta agus Gaeltachta chun an t-eagras a rith.

[…] Tá €320,000 in aghaidh na bliana ag an Taibhdhearc, cosnaíonn sé €160,000 an áit a rith, sé sin, beirt a fhostú, árachas, sábháilteacht, na rudaí seo ar fad, so tá €160,000 fágtha chun drámaí a chur ar an stáitse agus cosnaíonn aon drámaí le dealraimh idir 50 agus 80 míle euro(EE6)

[…] bíonn daoine a rá 'nach bhfuil stiúirtheoir ealaíona [ag an Taibhdhearc]?' Ach tá buiséad fíor bheag [acu], so cad a dhéanfaidh an stiúrthóir ealaíona mura bhfuil buiséad le drámaí a chur ar stáitse? (EE6)

[…] Tá sé dochreidte go bhfuil Amharclann na Mainistreach in ann a rá an méid atá siad a' rá ó thaobh na Gaeilge, tá sé dochreidte go bhfuil an Comhairle Ealaín in ann a rá an méid atá siad ag rá ó thaobh na Gaeilge de nach bhfuil airgead ar leith 'ring-fenced' curtha ar leath taobh, […] nach bhfuil sé d'iachaill acub comhpháirtíocht a dhéanamh leis an Taibhdhearc […].(C6)

Luadh go bhfuil easpa maoinithe ann don drámaíocht amaitéarach i gceantair Ghaeltachta.

Ach tá an maoiniú thar a bheith, thar a bheith scáinte ar an taobh amaitéarach de, ins na pobail, in san háiteanna is tábhachtaí ina labhraítear an Ghaeilge, i gCúil Aodh, in Uíbh Ráthach, b'fhéidir, i gCorca Dhuibhne, i Maigh Eo, i nDún na nGall agus i gConamara. Cén foinse airgid atá ag na cumainn? An Comhlachas Náisiúnta Drámaíochta (CND), deontas a bhaineann leis an CND, deontas ó Foras na Gaeilge a thagann tríd Oireachtas na Gaeilge […]. So, tá an taobh amaitéarach, déarfaimid, gan aon mhaoiniú i láthair na huaire. (EE6)

Tagraíodh don ghearradh siar mór a deineadh ar mhaoiniú an Chomhlachais Náisiúnta Drámaíochta mar gheall ar athstruchtúrú na n-eagras Gaeilge (sa bhliain 2014).

Níl ach airgead stampaí á fháil anois ag an gComhlachas Náisiúnta Drámaíochta! Aighneacht. (Cleachtóir amaitéarach, Aighneacht)

Luaigh aighneacht amháin agus agallaí amháin meath a bheith tagtha ar an drámaíocht amaitéarach agus drámaíocht ag an triú leibhéil, idir léirithe agus lucht éisteachta.

> Taobh le taobh leis an meath atá tagtha ar chúrsaí drámaíochta sna hollscoileanna, tá titim thubaisteach tagtha ar na cumainn amaitéaracha ar fud na gceantar Gaeltachta atá ag saothrú i nGaeilge. Le linn na seachtóidí reáchtáltaí An Fhéile Náisiúnta Drámaíochta in Amharclann na Péacóige i mBaile Átha Cliath agus macasamhail Féile na nOllscol, mhaireadh na féilte seo ar feadh seachtaine le drámaí fada agus gearrdhrámaí chuile oíche. Arís bhíodh an amharclann ag cur thar maoil ar feadh na seachtaine. Mór idir é sin agus an Fhéile Náisiúnta Drámaíochta i mbliana i nGaoth Dobhair (2019) mar a raibh ceithre dhráma fhada agus trí dhráma ghearra agus gan ionadaíocht ó aon ollscoil sa tír ann. (Taibhdhearc na Gaillimhe, Aighneacht)

Bhí impleachtaí ag seo do chothú lucht éisteachta:

> Agallóir: Inis dom faoin duine tipiciúil a thiocfaidh an doras isteach. Cé hiad na daoine nach dtagann an doras isteach?
>
> Agallaí: Na mic léinn. Mic léinn na hollscoile atá ar a ndícheall Gaeilge a fhoghlaim agus atá ar a ndícheall téacsanna a léamh, rud nach ndeineann siad ar aon chuma mar ní léann siad an oiread sin. (EE6)

Luaigh aighneacht a bhain le cumann drámaíochta Gaeltachta na rioscaí a bhain le heaspa tacaíochta do phlean comharbachta.

> Ní féidir linn, mar chumann, a bheith ag brath a thuilleadh ar X chun drámaí a leiriú dúinn. Beimid ag brath as seo amach ar dhaoine a fhoghlaim uaidh. Táid san aitheanta againn, ach táid go léir ag éileamh oiliúna. (Cleactóir amaitéarach, Aighneacht)

### Deiseanna agus Dea-chleachtas

Luadh na deiseanna agus na hacmhainní a bhain le bheith rannpháirteach i ngreasán Youth Theatre Ireland. (Níl aon chraobh nó club Gaeilge páirteach sa ghréasán seo faoi láthair agus níl aon acmhainní ag an eagras le freastal ar chlubanna Gaeilge)

> (...) In terms of artistic resources, but also in terms of management, in terms, you know, in terms of everything from, you know, how they recruit young people, to correct child protection practice etc. We provide training seminars. And for that, we run a Garda vetting consortium. We also run a national program, which includes the National Youth Theatre, Young Critics, our National Festival of Youth Theatres, and these are all national level events that youth theatres can participate in or young people who are members of youth theatres can apply to participate in, depending on the project. We provide a curated selection resource of plays that are specifically for being produced by large cast of young ensembles. We conduct research into youth theatre practice, and provide, [...] resources in that area as well, to promote debate and critical thinking around youth theatre practice. So they're the main area of the work that we do. When I say training, it is training for youth theatre practitioners as opposed to at young people. So we do have programs young people participate in but [...] we train and we aim to develop a sense of professionalism in drama facilitation. (ES9)

Tarraingíodh aird ar an rath a bhí ar thograí áirithe (nár bhain leis na healaíona teangabhunaithe *per se*) agus luadh go bhféadfadh cur chuige na dtograí seo a bheith ina

eiseamláir do dhrámaí Gaeilge. Tugadh le fios go bhféadfadh mianach a bheith i léiriúcháin ilmheáin i bhforbairt an lucht éisteachta.

> […] tá Mám...seó damhsa, agus níl mórán Gaeilge ann ach tá, an rud atá spéisiúil faoi sin ná go bhfuil margaíocht agus chuile shórt trí mheán na Gaeilge ag dhul amach, tá chuile rud dhátheangach. Tá sé ar stáitse i Sydney, tá sé ar stáitse sa Rúis, tá sé ar stáitse sa Ghearmáin, tá sé ar fud fad Meiriceá ag dhul ar stáitse, Cormac Beaglaíoch mar an phríomhdhuine ag casadh istigh ann agus cé nach bhfuil sé teangabhunaithe per se, tá sé a rá go láidir go bhfuil an Ghaeilge, go bhfuil, go bhfuil glacadh leis an nGaeilge taobh amuigh d'Éirinn gan aon deacracht (C6).

Luadh an léiriúchán ildisciplíneach 'Aisling' chomh maith.

> […] nuair a bhí an dráma Aisling ar siúl san Olympia anseo agus chuaigh sé sin síos go maith le daoine abair nár raibh an Ghaeilge ar a dtoil acu (ES2)

Luaigh an aighneacht ón Taibhdhearc na hacmhainní ar leith atá ag an amharclann mar spás fisiciúil, an deis atá ann fotheidealú a dhéanamh ar léirithe le háisitheoireacht a dhéanamh do lucht féachana gan Ghaeilge agus an cumas Gaeilge atá ann i measc scoláirí ollscoile ar fud na tíre (Taibhdhearc na Gaillimhe, Aighneacht).

Tugadh le fios go bhfuil deiseanna ag roinnt le scileanna scriptscríbhneoireachta drámaíochta agus scileanna drámaíochta i gcomhthéacsanna nios leithne, agus luadh ról thaithí leathan cruthaitheach maidir le forbairt gairme.

> A lot of writers will start out in theatre. There's a lot of linkages between spoken word and theatre and TV. So we've got to look at people's careers in the round, in the home. And people may be working in both English and Irish language and, you know, as opposed to exclusively in one or other language. (ES1)
>
> Trinity College, Dublin under the National Creativity Fund, looked at the careers of successful artists in theatre and film and how public subsidy played a part, but other things played a part. The network that you set up in university, the drama club that you join (..) (ES1)

Tá cleachtais ar siúl i ndrámaíocht an Bhéarla a bhféadfadh drámadóirí Gaeilge triail a bhaint astu nó foghlaim uathu.

> (...) mar shampla, is dócha, níl an cleachtas a bheith ag insint do scéal féin sa chéad phearsa ar stáitse i ndrámaíocht na Gaeilge. (C6)
>
> as Béarla, sé an ochtú dréacht a bheidh ag dul ar stáitse, as Gaeilge, sé an chéad dréacht. (C6)

**Moltaí ar leith ó agallaithe/ó pháirtithe leasmhara**

Luadh gá bheith ann le struchtúir ar leith (clár agus líonra) le cinntiú go mbeadh deis ag daoine oga léargas a fháil ar an drámaíocht:

Ó thaobh an drámaíocht don óige an moladh a bheadh againne ná clár cuimsitheach náisiúnta don [drámaíocht] Ghaeilge ina bhfuil líonra áisitheoirí líonra ealaíontóirí ann [...] Freisin go mbeadh deiseanna ann do dhreamanna ar nó Branar agus Fíbín atá ag cruthú drámaí don óige, ar nós Moon Fish [...] deiseanna a thabhairt dóibh níos mó amharclannaíocht ghairmiúil a chur ar fáil, ionas go dtuigfeadh an dream óg céard is féidir leis an drámaíocht [...]. Teastaíonn infreastruchtúr láidir agus teastaíonn eagraíocht náisiúnta chun freagracht a thógáil ar seo. Tá struchtúr ag teastáil go láidir. (ES5)

Tháinig doiciméad substaintiúil mar aighneacht ó Thaibhdhearc na Gaillimhe, ar straitéis don amharclann féin a bhí ann. I measc na moltaí sonracha a dhein an Taibhdhearc d'fhorbairt na hamharclainne féin san aighneacht bhí:

Oifigeach Forbartha Drámaíochta a fhostú i bpáirt le heagraíochtaí eile. Bheadh an duine seo ina c(h)omhordaitheoir ar dhrámaí Gaeilge ar fud na tíre. Bheadh béim faoi leith ar dhaoine óga a spreagadh chun na drámaíochta. Bheadh an duine seo lonnaithe sa Taibhdhearc, ag gníomhú go páirtaimseartha mar Stiúrthóir Ealaíon ann freisin.

D'fhéadfaí féachaint leis an gCumann Scoldrámaíochta a lonnú sa Taibhdhearc agus an Fhéile Scoldrámaíochta a reáchtáil in Amharclann Náisiúnta na Gaeilge go bliantúil.

Cinnireacht a ghlacadh ar dhrámaíocht na Gaeilge go náisiúnta ach gréasán a bhunú ina bhfuil ceanncheathrú sa Taibhdhearc.

Athbheochan a dhéanamh ar Fhéile Drámaíochta na gColáistí, tacú le forbairt na Scoldrámaíochta,

Féile Amharclannaíochta Idirnáisiúnta Gaeilge a lonnú sa Taibhdhearc ina mbeadh taispeántais, ceardlanna, léirithe, forbairt scileanna.

Seó amháin in aghaidh na bliana a dhéanfaidh comóradh ar an drámaíocht phobail. Léireodh an Stiúrthóir Ealaíon an seó, rud a thabharfadh ardán d'aisteoirí nach aisteoirí lánaimseartha iad (bhí an traidisiún seo láidir sa Taibhdhearc go dtí gur rinneadh cinneadh sa bhliain 2000 díriú ar aisteoirí gairmiúla amháin).

Cur leis an bhforbairt ar an Taibhdhearc Óg go náisiúnta. Spás sóisialta a chruthú le béim ar an oiliúint, ar fhéinmhuinín agus ar scileanna cumarsáide.

Tá tábhacht ar leith leis seo i gcomhthéacs teanga mhionlaigh.

Geamaireacht thraidisiúnta na Nollag a léiriú uair in aghaidh na bliana.

Scéimeanna ar leith a thionscnamh chun scríbhneoirí a spreagadh agus a chothú. Tá aontú idir an Taibhdhearc, Amharclann Náisiúnta na Gaeilge agus an Mhainistir, an Amharclann Náisiúnta, Grúpa Scríbhneoirí a thionscnamh in 2020. Is modheolaíocht í seo a chleachtaíonn an Mhainistir go rialta. Úsáidtear drámadóirí oilte mar mheantóirí ar na scríbhneoirí.

Mhol eagras stáit go mbeadh an Taibhdhearc páirteach in Theatre Forum:

(...) An Taibhdhearc, they should be part of theater forum. The reason being that's where a number of the venue managers set up touring networks like NASC and Nomad and other

> networks. It's theatre where managers share best practice. Maybe pool information and network better (ES1).

Mhol cleachtóir amaitéarach in aighneacht go gcuirfí oiliúint ar léiritheoirí don earnáil amaitéarach, ag tabhairt a gcúinsí saoil san áireamh:

> Más mian linn an Ghaelainn a sheachadadh go fuirist go dtí an chéad ghlúin eile agus ealaín na drámaíochta, agus a leanann í, a neartú, tá sé riachtanach infheistiú mhór adhéanamh in oiliúint léiritheoirí amharclainne don drámaíocht amaitéarach Ghaeilge ag tógaintsan áireamh go mbeifear ag braith ar dhaoine go bhfuil gairmeacha lánaimseartha cheanna féinacu. Is gá straitéis a dhréachtadh agus a chur i bhfeidhm ina mbeidh eagrais stáit, institiúidíoideachais agus eagrais phobail rannpháirteach (Aighneacht).

Luadh an gá le cur chuige comhtháite agus gréasán a dhéanfadh ionadaíocht thar cheann grúpaí éagsúla.

> (...) deiseannaí teacht le chéile do ealaíontóirí, guth a fhorbairt dho ealaíontóirí, ceannaireacht cruthaitheach do ealaíontóirí, duine atá feidhmiú ar son ealaíontóirí na tíre seo atá stádas náisiúnta tugtha dóibh, atá guth acu agus atá in ann labhairt ar son ealaíontóirí na Gaeilge. A leithéid de Theatre Forum, mar shampla don Ghaeilge, nó go mbeidh iachall arís ar an Theatre Forum a bheith ag déanamh sraith imeachtaí do ealaíontóirí na Gaeilge. Irish Theatre Institute mar a chéile, go bhfuil, go mbeadh gá do na heagrais náisiúnta seo is dócha aghaidh a thabhairt ar an nGaeilge agus go mbeadh sé mar *condition of funding* acu. (C6)

Tugadh le fios go raibh gá le béim a chur ar mhargaíocht.

> Ba cheart béim a chur ar mhargaíocht, ta margaíocht chomh tábhachtach. (EE6)
>
> Ba cheart dúinn féachaint ar an méid atá ráite, mar shampla, in san Beartas Stráitéis maidir le Theatre 2018, Comhairle Ealaín, bhíodar ag caint ar thaighde a dhéanamh ar an lucht féachana agus ag caint ar cé chomh sásta is atá an lucht féachana faoin táirge, mar sa deireadh thiar, is táirge atá ann. (…) So, caithfidh tú ceistneoirí [?] grúpaí fócais, caithfidh tú gach ar féidir a dhéanamh, fios físe, fios fuaime. Cé atá ag féachaint? Cén áit? 'Bhfuil siad sásta? 'Bhfuil muinín acu as an Taibhdhearc? 'Bhfuil siad sásta agus ar sin de. Tá gá le taighde ar an lucht féachana agus post é sin, cé a dhéanfaidh é? (EE6)

### Agallamh Beirte/Lúibíní

Braitheadh go raibh ceangal láidir idir cleachtadh na n-agallamh beirte agus lúibíní agus fearann an chomórtais, agus nach raibh aon fhorbairt tagtha orthu.

> Tá na hagallaimh bheirte agus na lúibíní fanta ar stíl an-traidisiúnta (ES4)

### Dúshláin agus rioscaí

Bhraith roinnt páirtithe leasmhara gurb iad na lúibíní an réimse ba laige de na hETB. Níor luadh lúibíní ach amháin i gcomhthéacs comórtas.

> Tá níos mó daoine ag scríobh agallamh beirte ná mar bheadh ag scríobh lúibíní, ach tá an ceol tíre áitiúil ag láidriú, a bhfuil blas na Gaeltachta agus na Gaeilge air. Tá amhránaíocht ar SN an-láidir , so dhearfainn lúibíní , na píosaí sin go scríobhtar a bhfuil dual agus anró ag baint leo, agus nach bhfuil an oiread daoine á gcleachtadh. (ES3)

> ó thaobh an chomórtais Lúibíní de, nach raibh an oiread sin ag cur isteach ar an chomórtas. […] Ní dóigh liom go raibh i mbliana, nach raibh mórán grúpaí a bhí ag cur isteach air agus tharla an rud céanna abair, ó thaobh an scéalaíocht de. (ES2)

### Deiseanna agus Dea-chleachtas

Tugadh le fios go bhfuil ról dearfach ag comórtais an Oireachtais chun rannpháirtíocht a spreagadh sna hagallaimh bheirte agus lúibíní.

> […] Tá an rud céanna feicthe anois le dhá bhliain leis na daoine óga sna comórtais teangabhunaithe, agallamh beirte, lúibíní agus mar sin de mar go bhfuil an clár sin 'Lár Stáitse' ag dul amach. Téann cuid is fearr de roinnt comórtais ansin, bíonn comórtas amháin, craobh comórtas amháin, [ag lucht an Oireachtais] mar chroílár an chláir agus tá an caighdeán ardaithe, tá an líon iarratais ardaithe, tá sé feabhsaithe go mór. (EE2)

Thug rannpháirtí amháin gurb amhlaidh gurb iad na comórtais ardán d'agallaimh bheirte a spreagann é/í chun agalllaimh agus lúibíní a chumadh.

> Bhuel tá is dóigh. Sin é an fóram reatha atá ann, deirimid teacht deireadh Meán Fómhair bíonn an dáta dúinte ar an Oireachtas, buaileann panic mise, bíonn agallamh beirte , lúibín agus dán le scríobh agam, […] (ES6)

### Moltaí sonracha ó agallaithe/ó pháirtithe leasmhara

Luadh go mba chóir féachaint ar dheiseanna ilmheáin thar réimsí na n-ealaíon teangabhunaithe.

> […] go bhféadfadh faobhar níos mó a bheith leis sin, agus é a mheascadh le píosaí ceoil agus amhráin agus drámaíocht go mbeadh sé sin spéisiúil. (ES4)

> […] na lúibíní agus agallamh beirte agus mar sin de seachas iad i gcónaí a bheith bunaithe ar an seanstíl traidisiúnta […]. Tá sé sin déanta leis an gceol traidisiúnta, go bhfuil a gcuid fhéin déanta ag cuid mhór do na ceoltóirí óga a tháinig chun cinn, ag dul siar go dtí na seachtóidí nuair a bhí siad óg ag an am agus rinne siad an-fhorbairt ar an cheol traidisiúnta. (ES2)

## Amhránaíocht ar an Sean-nós

Bhraith líon mór de na hagallaithe gurb í an amhránaíocht ar an sean-nós an ghné is láidre de na hETB ag líon mór de na rannpháirtihe.

> Tá an sean-nós láidir, tá féilte éagsúla sean-nóis ann, tá borradh maith faoin sean-nós sna scoileanna chomh maith (ES4)

### Dúshláin agus rioscaí

Bhraith páirtí leasmhar amháin go bhfuil seánraí áirithe den amhránaíocht nach ndéantar a láithriú i gcomórtais.

> Bímse i gcónaí ag rá go bhfuil roinnt eilimintí a fhágtar amach mar gheall nach bhfuil siad ar chlár na gcomórtais, a leithid na suantraithe agus na rudaí mar sin […] níl siad sin chomh beo is a bhídís […]. Níl ann ach an t-amhrán mall, agus an t-amhrán scioptha. (EE4)

Luadh go spreagann an comórtas foirmeálta amhránaithe le hámhráin nua a shealbhú agus cabhraíonn sé seo le cleachtadh an tsean-nóis trí chéile.

> […] tá tábhacht eile ar ndóigh le na comórtais, tá fhios agamsa go bhfoghlaimíonn iomaitheoirí amhráin nua mar go bhfuil siad ag dul ar an Oireachtas. Tá siad ag dul ann le trí nó ceithre de bhlianta ag casadh A, B, C, bhuel, tá siad ag iarraidh D, E, F a bheith acu an chéad bhliain eile. Go mór mhór na daoine óga. Deis iontach ag múinteoirí agus ag tuismitheoirí amhrán nua a mhúineadh do gasúr. Na hagallaimh beirte, na lúibíní, arís. (EE2)

**Deiseanna agus Dea-Chleachtas**

Tagraíodh don ról atá ag féilte maidir le roghanna malartacha ardán a chur ar fáil (seachas comórtais). Luadh an tionchar a bhíonn ag féilte réigiúnda maidir le daoine a spreagadh chun luí isteach ar an sean-nós. Léiríonn seo an tábhacht a bhaineann le tacaíocht a thabhairt d’infreastruchtúr ar bhonn réigiúnda agus náisiúnta.

> Tá sé an-deacair ag duine sean-nós a fhoghlaim agus ceapaim go mbeadh an amhránaíocht ar fáil ag pobal i bhfad níos leithne ó thaobh na teanga de dá mbeadh féiltí den chineál sin ag teacht chun cinn ar fud na tíre. (ES2)

**An Amhránaíocht Chóiriúil agus An Amhránaíocht Chlasaiceach**

**Dúshláin agus Rioscaí**

Luadh in aighneacht amháin go bhféachtar ar an amhránaíocht Eorpach agus Éireannach mar dhá réimse traidisiúin ar leithrigh toisc tionchar an náisiúnachais chultúrtha. Fágann seo nach bhfuil deiseanna tapaithe tionscadail chruthaitheacha a fhorbairt idir an dá thraidisiún.

> […] Irish classical/opera singers don't sing in Irish because hardly any music in the Irish language has been written for the classical music form, and in addition anything that does exist - well, they don't have the skills to pronounce the language. At the foundation of the Irish state, […] classical music was isolated in its own furrow with regard to the Irish language and it has remained like that. (aighneacht)

**Deiseanna agus Dea-chleachtas**

Luaigh roinnt páirtithe leasmhara gurb ann do chóir éagsúla Gaeilge.

> Tá cór Duibhlinne anseo, tá a fhios agam go bhfuil cór Chois Fharraige ann i nGaillimh, tá cór i nDomhnach Cearna agus tá siad ann le 30 bliain gan aon mhaoiniú agus just ag treabhadh leo abair tré Ghaeilge ar fad […]. (ES2)

> […]: tá dhá chór [ I gCúil Aodh Cóir na bhFear agus Cóir na mBan] (C2)

Pléadh an ról a bhíonn ag féilte amhránaíocht chóirúil i soláthar deiseanna láithrithe do chleachtóirí agus do chóir Ghaeilge

> […] bíonn féile ar siúl ins an Uaimh, sin an Navan Choral Festival agus bíonn cóir ansin as gach áit ar fud na tíre agus tá comórtas acu anois […] do dhaoine fásta a bhíonn ag canadh trí Ghaeilge agus […] tá fás tagtha ar sin le roinnt blianta agus tá comórtas acu do dhaoine óga chomh maith. Agus le cúpla bliain anuas rinne siad iarracht níos mó cóir a tharraingt isteach sa chomórtas do dhaoine óga. Scríobh siad amach ag na Gaelscoileanna agus scoileanna eile sa Ghaeltacht agus d'éirigh leo go raibh níos mó ag cur isteach ar an chomórtas sin. (ES5)

### Moltaí sonracha ó agallaithe/ó pháirtithe leasmhara

Labhair agallaí amháin ar an bhféidearthacht a bhainfeadh leis an amhránaíocht chomhaimseartha a nascadh leis an amhránaíocht chórúil. Dar leis an agallaí go ndéanfadh an cleachtas ilréimseach seo úire agus éagsúlacht a chur i bhfeidhm ar an amhránaíocht chórúil.

> Chomh maith tá me ag iarraidh cineál amhráin […] cumtha do chór i nGaeilge a fháil agus níl mórán den sórt amhráin ann so tá sé deacair teacht ar amhráin cosuil leis sin. […] Agus ansin níos éasca, na haistriúchán Gaeilge ar amhráin chineál aithnidiúla, so rinne muid Leonard Cohens 'Hallelujah' i nGaeilge agus anois táimid ag déanamh 'londubh.' 'Blackbird' ag na Beatles i ngaeilge so just éagsúlacht ann ach tá sé deacair le theacht ar amhráin do chóir nach amhráin thraidisiúnta iad just chun éagsúlacht a bheith ann. (C3)

## An Fhilíocht Bhéil/Labhartha

Bhraith na faisnéiseoirí a cuireadh faoi agallamh gur meán nua-aimseartha é an fhilíocht bhéil/labhartha. Samhlaítear go mbíonn pobal níos óige ag glacadh páirte sa mheán ealaíne seo ná mar a bhíonn i gceist go minic le réimse ealaíona teangabhunaithe eile.

### Dúshláin agus Rioscaí

Luadh go bhfuil na struchtúir is tábhachtaí don fhilíocht bhéil ar fáil de bharr gníomhaíocht dhaoine aonair. Ní cheaptar go bhfuil struchtúir oifigiúla tacaíochta don fhilíocht labhartha/bhéil.

> Stádas reatha na filíochta béil, n'fheadar an gceapaim go bhfuil really aon stádas ag an bhfilíocht bhéil ach gur a bhuí leis na daoine a bhfuil suim acu inti a reachtáiltear imeachtaí agus a thugtar cineál stádas neamhoifigiúil di. Abair a bhuíochas le Ciara Ní É go mbíonn REIC ann i mBaile Átha Cliath nó timpeall na tíre nó buíochas le Séamus Barra go raibh an cheardlann ag Liú Lúnasa, go mbítear ag fanacht ar na daoine agus gur ó na daoine a thagann sé agus caithfear seo a dhéanamh agus cé a dhéanfaidh é (C1)

Thuairiscigh faisnéiseoir C1 nach mbíonn an stádas céanna ag an bhfilíocht bhéil ag an Oireachtas agus nach ndéantar ach ócáid a chur ar fáil ar mhaithe le hócáid a bheith ar fáil ag an bhféile. Níl an fhilíocht ina tosaíocht dar leis an bhfaisnéiseoir seo. Tá taithí ag an duine seo ar fhorbairtí comhaimseartha i dTír na mBascach. Ní hionann an stádas a

bhaineann an fhilíocht bhéil amach ag mórfhéilte sa tír sin agus a bhíonn ag an bhfilíocht in Éirinn.

> Ní dóigh liom go bhfuil an stádas céanna ag an bhfilíocht san Oireachtas is atá ag na hagallaimh bheirte agus na lúibíní. Nuair a bhí mise ann, bhí an chúirt filíochta ann. B'shin díreach imeacht ann, bhfuil fhios agat, ar mhaithe le himeacht a bheith ann, agus na rudaí eile ina gcomórtais, ina rudaí móra, sna seomraí móra. Shamhlóinn go n-aithnítear an fhilíocht ag an Oireachtas ach nach bhfuil sí chomh fite fuaite ann is atá rudaí eile. Léigh mé rud le déanaí faoi féile filíochta béil i dTír na mBascach agus just, agus tú ag léamh an rud, shamhlaigh tú an t-atmaisféar ann agus gach duine ag brú isteach, daoine agus iad ag iarraidh a bheith ag éisteacht leo, go dtabharfaí eachtra do phéirí daoine agus go mbeadh ar dhaoine stuff a chur ar láthair ar an toirt. Samhlaím nach mbaineann an cineál fuinnimh céanna go fóill leis an bhfilíocht anseo ar an gcaoi sin (C1)

Bhraith faisnéiseoir eile nach mbaineann an tOireachtas léi mar nuachainteoir Gaeilge agus ní shamhlaíonn an faisnéiseoir go bhfuil bheith istigh ag an bhfilíocht labhartha ag an Oireachtas.

> An féidir filíocht ó bhéil a chur isteach sa chomórtas? Ní dóigh liom gur féidir...Ar bhealach, braithim nach mbaineann sé [An tOireachtas] liom. (C7)

Luadh an dúshlán atá ann maidir le scéim atá á rith ag Éigse Éireann ('Wrapp Around') a thugann deis do dhaltaí meánscoile a bheith páirteach san fhilíocht bhéil agus sa rapadóireacht. Tugadh le fios nach bhfuil fáil ach ar líon beag cleachtóirí sa réimse seo trí Ghaeilge ní féidir cleachtóir nó áisitheoir le Gaeilge a thabhairt isteach go dtí na scoileanna lán-Ghaeilge. Luaigh an faisnéiseoir go mbeidh ar an scoil áirithe sin ar mhian leo a bheith páirteach cleachtóir gan Ghaeilge a thabhairt isteach.

> Tá scéim acu darb ainm 'Wrapp Around'. Bíonn sé dírithe ar an bhfilíocht ó bhéil agus ar an rapadóireacht. An rud a tharlaíonn ná go seolann siad filí amach chuig scoileanna agus déantar ceardlanna agus bíonn taispeántais leis na scoileanna ar fad le chéile i Mí Aibreán. Bhíodar ag iarraidh go rachainn chuig an Rinn go ndeinfinn cúpla seisiún leis na mic léinn ansin ach bhí sí míoiriúnach ó thaobh an taistil agus uaireanta a chloig agus rudaí. Is trua mar níl siad in ann teacht ar fhile ó bhéil a dhéanfaidh an obair sin agus caillfidh na daltaí sin amach. Bhíodar ag rá go mbeidh orthu file Béarla a sheoladh chuig an scoil mar tá an Séamus Barra gnóthach agus níl go leor filí ag gabháil don bhfilíocht seo sa chaoi chéanna (C7)

### Deiseanna agus Dea-Chleachtas

Bhraith agallaí amháin go bhfuil deiseanna sa nua-theicneolaíocht daoine óga a tharraingt le bheith rannpháirteach san fhilíocht bhéil, mar shampla. Dar leis an bhfaisnéiseoir gur trí mheán na físe agus na meán sóisialta is mó a éireoidh linn daoine óga cruthaitheacha a chothú amach anseo.

> Sin an fáth go bhfuil filíocht ó bhéil tábhachtach do dhaoine óga. Más féidir leat físéan a chruthú, sin an rud is nádúrtha dóibh, sin an rud is dual dóibh a dhéanamh. Sin an rud a chaitheann siad a saol ag déanamh. Téim amach chuig scoileanna agus bíonn fís amháin ina n-intinn nuair a chloiseann siad an focal filíocht, feiceann siad filíocht mar rud seanaimseartha ach nuair a fheiceann siad an filíocht a dhéanaimse fhéin nó Séamus Barra Ó Súilleabháin, na daoine a bhíonns ag Reic, sin athraíonn sin a n-intinn agus bíonn siad oscailte don chineál filíochta sin. (C7)

Luaigh agallaí amháin an mianach atá i ngrúpaí cruthaitheacha sna healaíona teangabhunaithe chun an chruthaitheacht féin a chothú. Nuair a bhíonn pobal fáilteach ann is mó seans go mbeidh daoine sásta tabhairt faoin gcleachtas ealaíne. Tá an tionchar seo feicthe go pearsanta ag faisnéiseoir C7.

> Nuair a thuigeann daoine go bhfuil pobal fáilteach ann agus go mbraitheann siad slán, tá cineál… nuair a shroicheann tú pointe ar leith, mar shampla, má tá chuile dhuine ag scríobh filíochta, braitheann tú go bhfuil cead agat filíocht a scríobh, threshold sin an focal. Nuair a théann tú thar tairseach (C7)

Luadh an deis chomhtháite atá ann idir an fhilíocht bhéil, an amharclannaíocht agus scríbhneoireacht scripte don teilifís. Bheadh deiseanna ann d’fhilí labhartha mar chuid d’fhorbairt oiliúna don scríbhneoireacht scripte. Dar le faisnéiseoir ES1 go bhféadfadh ealaíontóirí ó réimsí éagsúla a bheith mar acmhainn do TG4.

> So I think there are real opportunities. As I understood it TG4 were kind of concerned that perhaps the pool of writing talent might diminish and that might be then a challenge for them, to find writers for their TV drama Ros na Rún and the others. But like everything else, it is an ecosystem no more than RTE how relies on finding writers. A lot of writers will start out in theatre. There's a lot of linkages between spoken word and theater and TV. So we've got to look at people's careers in the round, in the home (ES1)

Tá deiseanna san fhilíocht labhartha agus thar réimsí ealaíona teangabhunaithe eile bheith istigh a thabhairt do dhaoine trí thograí maoinithe de chuid na Comhairle Ealaíne; réimsí a bhíonn ar an imeall go minic. Labhair ES1 mar gheall ar ghrúpaí atá i mbun tograí comhtháite idirchultúrtha trí mheán na rapadóireachta le déanaí timpeall na tíre. Dar leis an bhfaisnéiseoir go bhfuil deiseanna ann gréasáin a chruthú idir filí Gaeilge agus na cleachtóirí seo.

> It should be networks among Irish spoken word artists, but it must be between those artists and broader. The broader artistic community in Ireland, like you mentioned, rap that was one of the areas looked at. And I will find the name of that wonderful couple who are doing phenomenal work around spoken word and rap poetry, particularly amongst Ireland's new communities in urban parts of West Dublin and Limerick, African, Irish in all kinds of combinations, doing really fantastic work… How can we support these artists and perhaps artists that might not traditionally be supported by the Arts Council, so they have to be supported commercially. But I've gone to some of those events. There are

> people rapping in Irish, English, Yoruba, Cantonese, I mean, you name it. And why can we not look at those kind of organizations and make links? (ES1)

### Moltaí sonracha ó agallaithe/ó pháirtithe leasmhara

Luadh an fhéidearthacht go mbeadh spás sábháilte ann leis an bhfilíocht a chleachtadh agus go mbeadh ceardlanna/seisiúin tacaíochta rialta ar fáil ann.

> Tá a fhios agam go sílim nach bhfuil go leor ann faoi láthair ach mise go pearsanta dá bhféadfadh rud amháin a bheith ann. Sílim go dteastaíonn… bíonn daoine i gcónaí ag caint faoi spásanna sábhailte agus ní hé go dtaitníonn an téarma sin liom ach cineál áit shábhailte chun a bheith ag scríobh is ag fáil aiseolais agus daoine a bheith ag cabhrú lena chéile agus meas a bheith acu ar a chéile (C1)

## An Scéalaíocht

### Tuiscintí

Léirigh agallaí amháin tuiscint ar an scéalaíocht mar ealaíon sóisialta le feidhmeanna uilíocha. Dar le faisnéiseoir amháin go bhfuil borradh ag teacht ar chleachtadh na scéalaíochta sa tír toisc spéis a bheith ag daoine aonair ía chur chun cinn. Ní cheaptar, áfach, go bhfuil aon mórstruchtúr náisiúnta leanúnach ann. Tá éileamh ar chleachtóirí scéalaíochta dar leis an bhfaisnéiseoir seo.

Braitear go bhfuil feidhm ag an scéalaíocht sa saol comhaimseartha mar mheán nádúrtha cumarsáide; cúram nach mbíonn fáil chomh héasca sin faoi mar a bhíodh.

Tugadh le fios gurb é an t-ardán forbartha agus láithrithe is mó atá ar fáil don scéalaíocht Ghaeilge ná ag an Oireachtas. Bíonn cleachtadh na scéalaíochta níos coitianta i gceantar Gaeltachta áirithe thar a chéile.

### Dúshláin agus Rioscaí

Luadh nach bhfuil aon mhaoiniú saindírithe ar an scéalaíocht ar fáil.

> Yeah, but there is no funding available per se for storytelling. Maybe some sort of scholarship support for young people who are interested in exploring it? (C5)

Dúirt faisnéiseoir amháin nach mbíonn ach cuid bheag den scéalaíocht Ghaeilge á laithriú agus is i bhfoirm chomórtas a dhéantar an meán a láithriú go príomha. Luadh chomh maith nach bhfuil ach líon teoranta cleachtóirí gníomhach sa réimse seo.

> Tá na seanscéalaithe […] beagnach ar fad imithe. […]Ceapaim go mbeadh sé go maith dá bhféadfaí rud éigint a dhéanamh chun cineál spreagadh a thabhairt don scéalaíocht. Tá a fhios agam go mbíonn go leor daoine óga thíos i gCiarraí ag plé le scéalaíocht ach níl a fhios agam cé mhéad daoine níos sine atá ag plé leis. (ES4).

> Níl go leor daoine le Gaeilge le fáil. Mé fhéin, déanaim scéalaíocht dátheangach, ach i ndáiríre , níl ach cúpla duine atá plé le scéalaíocht go hiomlán i nGaeilge. (C5)

> An fadhb le scéalaíocht i nGaeilge ceapaim go bhfuil an béim i gcónaí ar […] comórtais scéalaíochta, [….] (C5)

**Deiseanna agus Dea-Chleachtas**

Ba ar son leas na scéalaíochta an tionscadal comhpháirtíochta a rinneadh idir An Chomhairle Ealaíon agus Éigse Éireann.

> The Arts Council and Poetry Ireland opening their doors to Storytelling made a huge difference because if you're accepted as part of the Writers in Schools listing, schools can apply for funding to invite a storyteller to the school either on a longer term project, you know a two month or one month project, or for an individual visit. Basically, in the last number of years, a number of storytellers have done this. It's been a great financial support. (C5)

**Moltaí sonracha ó agallaithe/ó pháirtithe leasmhara**

Mhol faisnéiseoir amháin go dtabharfaí tacaíocht do dhaoine nach bhfuil bheith istigh acu i réimse na scéalaíochta Gaeilge chun páirt a ghlacadh agus forbairt a dhéanamh ar a gcuid scéalta.

> If the powers, the people that have power… control over the funding would support maybe people who want to work as Gaeilge in developing stories but I don't have the time to do this etc. etc. etc. So that might be something that could be developed (C5).

Thug an faisnéiseoir céanna le fios go mba mhaith an rud é dá mbeadh ionadaíocht níos láidre ag an scéalaíocht sna curaclaim oideachais ag an mbunscoil agus sa mheánscoil.

> I'd love if it was taken, I think it'd be great if it was taken more seriously. The thing I get in the teacher training is that it's done under drama and it's kind of a module, separate, that certaintly, I'm not sure that people get, you know, the good solid marks for their ability to tell stories. Maybe it could be part of the official curriculum… Storytelling should be there as a necessary artistic skill (C5).

**Snáithe 1: Comhoibriú, comhpháirtíocht agus cumarsáid**

**Tuiscintí**

Tugadh le fios nach mbíonn eagraíochtaí áirithe earnálacha ag tabhairt riachtanas cleachtóirí Gaeilge san áireamh.

> (...) there may be areas where there are blind spots in those national organizations. Because with Irish language speakers in them, they may not be seeing that work and therefore not being aware of it or valuing it. (ES1)

Luaigh an t-agallaí céanna sampla na scéimeanna Make agus The Next Stage (scéim do chleachtóirí drámaíochta a ritheann an Dublin Theatre Festival i bpáirt le Theatre Forum)

> But nobody has ever asked them that they reserve, a place for an Irish language medium artist. I don't think there would be any, not only would there be no objection, I think they probably just haven't thought of it (ES1).

Thug eagras stáit amháin le fios gur gaol maoinithe amháin a bhí acu le heagrais eile.

> Agallóir: An bhfuil polasaí faoi leith comhoibrithe ag ES5, maidir le comhoibriú le eagrais phobail, eagrais stát eile?
>
> Tá [..] is tríd ár scéimeanna maoinithe, don chuid is mó, go mbeadh gaol foirmeálta againn le heagrais ealaíne sa phobal (ES5).

Luaigh eagras Stáit eile an fás atá tagtha ar chur chuige ildisciplíneach maidir le cleachtas sna healaíona, agus ba thrua leo gan an rince a bheith san áireamh sa togra taighde seo.

> The general direction of arts practice is much more interdisciplinary and multidisciplinary. And for me, I think it's a real shame that dance is not part of an Irish language arts strategy. (ES1)

Bhraith an t-agallaí céanna gurbh fhiú d'eagrais Ghaeltachta dearcadh níos leithne a bheith acu maidir le comhpháirtíochtaí taobh amuigh dá bhfearann féin.

> (...) this might be an occasion to kind of talk about the links to be made with the wider ecosystem. So I suppose what I am hoping for is a more confident, outward looking interest in making links without being fearful that somehow that will diminish the quality or the extent or the purity or the or anything of of the art forms that were practiced in Gaeltacht, speaking areas. (ES1)

Dhein agallaí tagairt don eagras (Arts Admin) mar eiseamláir do nithe a bhféadfaí iad a chur i bhfeidhm maidir le ETB na Gaeilge.

> Tá áis thall i Londain darbh ainm Arts Admin, is áis an-éifeachtach é […] cuireann siad comhairle ar fáil d'ealaíontóirí, printers, uirlisí, trealamh, rudaí mar sin. B'fhéidir go mbeadh deis rudaí mar sin a fhorbairt i gcomhair le hionaid ealaíne eile taobh amuigh den Ghaeltacht, agus sa nGaeltacht tógáil ar na hacmhainní atá ann agus cur leo, le freastal ar na healaíona. (ES5)

Tugadh aitheantas do ról cartlann maidir le hábhar a chaomhnú agus do dheiseanna a bhí ann idirphlé a bheith ag ealaíontóirí le cartlanna.

> (..) tá sé tábhachtach nach gcaillfeadh muid an oidhreacht cultúrtha atá againn, agus go ndéanfar infheistiú i gcartlannú agus go mbeadh deiseanna a bheith ann idirphlé a bheith ann idir ábhar cartlannaíocht agus ábhar oidhreachta agus ealaíontóirí comhaimsire nuair gur ábhar suime dóibh mar chruthaitheoirí. (ES5)

Braitheadh go mbeadh impleachtaí ann do dheiseanna na gcleachtóirí Gaeilge dá mbeidís ag brath ar thacaíocht ó eagraíochtaí Gaeilge amháin

> (..) if my hunch is right, they like that gray area because it gives them a chance to double dip and goodness knows resources are tight. So, you know, I I imagine that those artists are saying we want Irish language only based resources. And obviously (they) would be perfectly entitled to any of the national opportunities (ES1)

> (...) Because I think even within the island of Ireland, artists feel that the opportunities to grow and develop are limited without those international opportunities. I would imagine that is even more so if people say, well, if my only opportunity is to grow and be supported by Irish language only based resources, that that makes the pool smaller again. (ES1)

Bíonn idirphlé rialta idir an Chomhairle Ealaíon agus Ealaín na Gaeltachta maidir leis na ETB:

> (...) tá mise ag obair i gcónaí go laethúil le hoibritheoirí, aiseoirí agus an bainisteoir. Téim ó am go ham nuair atá scéim acu, téim ann mar just ag breathnú ar céard atá siad ag déanamh agus an bealach atá siad á dhéanamh. Agus chomh maith leis sin, eagraím ó am go ham cruinnithe le daoine anseo cosúil le mar shampla, tharla se cúpla seachtain ó shin bhí cruinnithe idir EnaG agus an [?] atá i mbun cúrsaí litríochta agus i mbun cúrsaí traidisiúnta, ealaíon traidisiúnta, ealaín, dearcealaín, sin ceann des na healaíona bhfuil tusa ag plé leis so tá na cruinnithe sin againn agus bímid ag iarraidh é sin a dhéanamh ar a laghad uair amháin sa bhliain (ES 10).

**Dúshláin agus Rioscaí**

Thug gach eagras as an 22 eagras náisiúnta agus réigiúnach a cuireadh faoi agallamh nach bhfuil comhpháirtíocht sásúil idir na heagrais stáit a bhfuil freagrachtaí orthu maidir le rialú nó maoiniú na nEalaíon Teangabhunaithe.

Luadh an gá práinneach le 'comhránna' idir eagrais:

> And if it's not there, I think those are conversations that need to happen. And frankly, I'm gobsmacked that in some cases they don't appear to have happened. You know, these are organizations that have been there a long time. (ES1)

Luadh sampla easpa cumarsáide idir Youth Theatre Ireland atá mar phairtnéir ag Éire Ildánach agus a fhaigheann maoiniú ón gComhairle Ealaíon agus An Cumann Scoldrámaíochta, a fhaigheann maoiniú ón Roinn Cultúir Oidhreachta agus Gaeltachta:

> (...) there are initiatives that are bespoke, generously through funded the Gaeltacht division who may or may not be making links with something like I mean, if there is a nationally funded through the Arts Council organization whose only job is to support youth theatre, why is that organization not talking to this organization. (ES1)

Ní raibh cloiste ag agallaí ó mhóreagraíocht náisiúnta earnálach don drámaíocht faoi chroígheallsealbhóirí Gaeilge sa réimse (*An Cumann Scoildrámaíochta, Oireachtas na Gaeilge agus An Comhlachas Náisiúnta Drámaíochtas)* (ES9)

Bhraith eagras náisiúnta amháin a cuireadh faoi agallamh gur bhain an easpa comhpháirtíochta seo (agus easpa pleanála leanúnaigh) leis an easpa maoinithe atá ar fáil don earnáil.

> Ar leibhéal eagraíochta tá muid an-scoite amach óna chéile. Baineann go leor dhó sin le heaspa maoinithe, go bhfuil faitíos ag eagraíocht go mbeadh fadhbanna ann ó thaobh ama agus buiséid, á bheadh siad ag dul i gcomhpháirtíocht le heagraíochtaí eile, […] (ES4)

Thug agallaí amháin le fios gur bhraith daoine in eagrais earnálacha faoi bhrú maidir le tuin na cumarsáide a dhéantar leo faoi easpa freastail maidir leis an nGaeilge.

> I suppose sometimes people feel that when they're approached they feel, oh goodness, I'm just going to be told off, I'm going to be made to feel guilty because I haven't done something and this is not going to go well. (ES1)

Thug eagras náisiúnta amháin le fios go mbeidís in ann tacaíocht níos mó a thabhairt do na hETB dá mbeadh tacaíocht teanga ar fáil dóibh ó eagrais Ghaeilge.

> […] I would feel barriers, in terms of our ability to engage and address them, what those barriers are would be [...] we don't have, it's a resource barrier, and a confidence barrier. So we do not have a single team member on our team who feels any level of confidence in the Irish language. (ES9)

> Just ó thaobh forbairt lucht féachana de, MS, sin áit a dtagann an óige isteach, agus an pobal [...] cé chaoi a bhfreagraíonn muid dóibh siúd, agus na healaíne a chur ar fáil dóibh siúd. Tá go leor rudaí a bhféadfaí a dhéanamh. Clár éagsúil, scéimeanna éagsúla, drámadóirí a chothú, lucht féachana a chothú [...] Teastaíonn idirbheartaíocht. (ES5)

Uaireanta fágann sainleagan amach na n-eagras agus an comhthéacs scaipthe maidir le freagrachtaí go mbíonn eagras ag fáil tacaíochta ó fhoinse nach foinse le saineolas earnálach é (an Roinn), agus nach mbíonn an dream a mhaoinítear in iomaíocht le fiontair chomhchosúla don mhaoiniú seo. Sá chás seo d'fhág an leagan amach seo nach raibh aon teagmháil idir Taibhdhearc na Gaillimhe agus an Chomhairle Ealaíon.

> Tá mise ag plé le habair timpeall 50 áiteanna timpeall na tíre, chuile áit agus beidh mise ag cur amach cuireadh go na háiteanna sin go léir ach ní bheadh aon chuireadh a thabhairt gon Taibhdhearc mar nílimid ag plé leo ar chor ar bith. Níl aon ghaol eadrainn. Níl aon chaidreamh ann ar chor ar bith (ES 10).

### Deiseanna agus Dea-chleachtas

Tharraing dhá eagras náisiúnta aird ar an tionscadal 'Fighting Words' - togra comhpháirtíochta idir an Roinn Cultúir Oidhreachta agus Gaeltachta agus Éire Ildánach.

> Agus, chomh maith leis sin, is fiú a lua chomh maith go bhfuil [An Roinn] ag obair as lámh a chéile le Creative Ireland chin togra faoi leith, atá dlúthbhainteach leis na healaíona teangabhunaithe, a mhaoiniú i gcomhthéacs leis an togra Fighting Words. (ES8)

> […] we're working with fighting words- Roddy Doyle and Sean Love's organization. And when we first started working with them, the idea was to take Fighting Words outside Dublin. And we've supported them for a national rollout. And as part of that, our […] colleagues in the Gaeltacht Department said, well, what about something specific for Gaeltacht based area. So [Fighting Words is] now Ros Muc, in in the Pearse Centre, and

> [everyone was] overwhelmed by the demand for young people to do creative writing in Irish. […] [everyone was] overwhelmed with the demand, which would suggest that there is a real appetite amongst young people in terms of cultural expression. (ES1)

Tharraing eagrais ealaíona, eagrais stáit agus roinnt cleachtóirí aird ar an mianach atá i bhféilte agus comórtais deiseanna a chruthú do bhreis comhpháirtíochta agus d'fhorbairt cleachtas ealaíne.

> Tá agus táimid ag déanamh iarrachta le rá go bhfuil muid ag cruthú nascannaí idir muintir na Gaeltachta agus muintir na cathrach agus tá roinnt rudaí suimiúla tarlaithe ó nascannaí atá déanta ag na féiltí, mar a tharlaíonn i gcónaí, nasc a dhéantar ag féile amháin, b'fhéidir go gcruthaíonn sé deiseanna do dhaoine eile […]. [EE4]
>
> Bíonn comhoibriú go mór mhór ag an Scoildrámaíocht leis an Oireachtas. Déantar maoiniú ar chomórtas liteartha, scripteanna do dhrámaí. Tá sé sin i gceist chomh maith. (EE1)
>
> […] mothaím na comórtais ag an Oireachtas, go bhfuil sé sin ag cur go mór leis, go mbeadh daoine ag cur isteach air. Foghlaimíonn siad na hamhráin le cur isteach ar an gcomórtas (ES2).
>
> Nuair a fhéachann daoine ar Reic i gClub an Chonartha, ceapaim daoine nach bhfuil ann ach rud beag neafaiseach ach nuair a bhíonn Reic in Áras Scríbhneoirí na hÉireann agus ansin tuigeann daoine gur rud ceart é seo agus go bhfuil tábhacht ag baint leis. (C7)
>
> Mar shampla, tá Reic, an fhilíocht labhartha, […]. Tá filí nua ar nós Ciara Ní É, Marcus Mac Conghail agus Séamus Barra Ó Súilleabháin ag teacht chun cinn, a bhfuil teacht i láthair láidir acu, nach bhfuil siad ag scríobh don phár amháin, ach don ardán chomh maith. (C8)
>
> […], taistealaíonn daoine abhaile díreach le bheith ag an Oireachtas le n-éisteacht le daoine agus mar sin de. (EE2)
>
> Abair a bhuíochas le Ciara Ní É go mbíonn REIC ann i mBaile Átha Cliath nó timpeall na tíre nó buíochas le Séamus Barra go raibh an cheardlann ag Liú Lúnasa, […] (C1)
>
> […] Scór Chraobh na hÉireann sa scór sinsir […]; you know the rule there is that if someone performs in Irish then the cuntas has to be given to them back in Irish and that is a new rule that came in this year […]. (C9)

Tógadh ceann den obair ar leith a dhéanann eagrais atá lonnaithe sa Ghaeltacht:

> Comharchumann Forbartha Ghaoth Dobhair, agus tá […] Scoil Cheoil na Crannóige faoi sin […] Tá grúpa ceoil faoi leith acu […] An Crann Óg. Bíonn siad ag taibhiú agus ag déanamh seónna thar lear, tá siad tar éis taisteal go dtí an Ghearmáin, go dtí na Stáit Aontaithe – déagóirí óga […]. Tá roinnt ranganna drámaíochta don óige á sholáthar i gCorca Dhuibhne faoi láthair faoi scáth plean teanga Tobar Dhuibhne agus ó am go chéile ag Bee Hive Theatre, agus bíonn ranganna dátheangacha i gceist ansin. Bhí roinnt gníomh ann go stairiúil ag EnaG maidir le drámaíocht don óige […]. (ES5)

Tá méadú ar líon na n-iomaitheoirí óga a ghlacann páirt in Oireachtas na Gaeilge. Dar le OnaG go mbaineann an méadú seo le ról Thuismitheoirí na Gaeltachta.

> Ag OnG na bliana seo caite, 2019, bhí 711 iomaitheoir istigh ar na comórtais ardán as chuile cheard don tír, agus as an 711 sin bhí 509 faoi 18. Is féidir […] brise síos níos mó a dhéanamh ar sin, ach sin ardú an-mhór ó deirimid 10 mbliana ó shin.[...] tá roinnt cúiseanna tugtha faoi deara againn faoi sin, dhá rud seachas rud ar bith eile ,bunú Tuismitheoirí na Gaeltachta, agus an méid oibre a dhéanann siadsan le teaghlaigh, le gasúir an-óg ag leibhéal na bunscoile ach go háirid (EE2)

> is dóigh go bhfuil go leor obair á dhéanamh ar an talamh, ins na Gaeltachtaí, ag dreamanna ar nós Tuismitheoirí na Gaeltachta agus dreamannaí eile freisin agus b'fhéidir féiltí áitiúla agus go leor ceardlainne a bhíonn ar siúl ag Ealaín na Gaeltachta. […]. Anois mar shampla ag Trad-phicnic, bhí go leor daoine óga ar an stáitse ar an Aoine agus ar an Satharn, amhránaithe óga agus ceoltóirí óga as a gceantar. Tá ceoltóirí óga Chois Fharraige, [..], dreamannaí ar nós an Chrannóg thuas freisin, […]. (EE4)

> Féarplé do Thuismitheoirí na Gaeltachta, tá siadsan tar éis cur go mór leis na huimhreacha ón taobh seo tíre. (ES6)

Luadh comhoibriú RnaG agus TG4 le heagrais eile chun na hETB a chur chun cinn. Tógadh ceann den mianach a bheadh in earnáil na stáisiún áitiúil raidió.

> […] tacaíocht TG4 don OnaG. Ní féidir […] dul thairis sin. Thosaigh siad ag craoladh an damhsa ar an sean-nós i 2004 [...]. Tháinig borradh ollmhór ar líon na n-iomaitheoirí sa damhsa ar an SN, tar éis go TG4 tosaigh craoladh. Nuair a thosaigh siad ag craoladh na gcomórtas teanga bhunaithe chuir siadsan béim ar an aoisghrúpa fíor óg, agus tá an borradh ollmhór sin feicthe againn sna figiúirí ó thosaigh TG4 freisin comórtais na ngasúr lár stáitse ar an teilifís. (EE2)

> is fiú an tionchar atá ag TG4 agus RnaG anseo, go bhfuil pobal éisteachta/féachana á chruthú acu, agus gurb é sin an áit go bhfuil an teicneolaíocht fíor thábhachtach ag leibhéal náisiúnta. Is de bharr na heagraíochtaí seo go bhfuil an cothú pobail seo ann, agus go gcuidíonn siad le cur chun cinn na hETB (ES5)

Luadh an chomhpháirtíocht idir Ealaín na Gaeltachta agus Tuismitheoirí na Gaeltachta chun cleachtas ealaíne don óige a chur chun cinn i gConamara

> Bíonn an dá dhream ag déanamh an riaracháin air, […] tá freagracht ag EnaG seirbhís a chur ar fáil sna ceantair agus toisc go bhfuil TnaG lonnaithe ar an gCeathrú Rua, agus tá ionad breá acu ar an gCeathrú Rua [..] tá painéal ag EnaG, painéal ealaíontóirí atá [siad] in ann a chur amach ag obair sa phobal. Bíonn na healaíontóirí atá ar an bpainéal seo […] ag obair istigh in ionad TnaG agus bíonn [TnaG] ag déanamh go leor don obair clárúchán agus riaracháin ar […] son [EnaG]. (ES5)

Luadh eiseamláirí den dea-chleachtas ag eagraíochtaí Béarla.

> Má bhreathnaíonn muid ar mhúnlaí atá ag éirí leo, múnlaí ar nós Youth Theatre Ireland. Déanann siad […] go leor ar cé chaoi gur féidir an duine óg a spreagadh chun guth an óige a láidriú. Sin an fáth go raibh mé ag iarraidh a rá ní ranganna atá i gceist, is rannpháirtíocht an sprioc atá ann ó thaobh aon cleachtas ealaíne don aos óg […] sin é an fáth nár chóir dó bheith ceangailte le spriocanna teanga nó spriocanna oideachais. (ES5)

**Moltaí sonracha ó agallaithe/ó pháirtithe leasmhara**

Moladh go mbeadh bonn comhpháirtíochta le cumarsáid nuair a bhí ceist an fhreastail ar phobal na Gaeilge á plé:

> I passionately believe that those links are not as strong as they could be. And I think I would see it as an opportunity. And as I say, sometimes the tone with which those conversations are held, just to be conscious, I guess, of the past, that this is not a wagging of the finger. You have to do it because under the such and such act, you have to do what it's about. What do we all have in common. We want to develop the creative and cultural infrastructure in terms of supporting artists and those artists themselves. Are there ways we can meet halfway? And at the very least, if there isn't some kind of mechanism whereby all of those organisations I've cited to you are not at least met regularly for an open ended conversation, then how will that cooperation happen. (ES1)

Mhol agallaí go láidir go mbeadh idirphé ag Ealaín na Gaeltachta le móreagraíochtaí earnálacha státmhaoinithe chun go bhféadfadh ealaíontóirí Gaeilge teacht i dtír ar dheiseanna forbartha gairmiúla níos ilghnéithí.

> (...) rather than feel the need to reinvent CPD and professional development only for artists in this particular area, it's to look out wider and go, what are the best training programs available for artists and how do we fight to get artists who may feel that they are being marginalised, not prioritized, forgotten, not valued because they work through the medium of Irish (...) (ES1)

> (...) things like Theatre Forum, The Irish Theatre Institute, Poetry, Ireland, fighting words saying Ireland, these are nationally funded art form, representative development bodies. And Ealaín should absolutely be looking at what links it's going to make with those organisations. (ES1)

> And I suppose the chance to reset, to go, look, there's an opportunity here. There is wonderful talent in these areas. (ES1)

> How might we best broker or how might you develop a relationship even if you don't have somebody full time on your staff (...) you could say, well, look, I want you to go out and see that work and come back and give us a report. (...) to have those kinds of conversations individually with key bodies (...) to kind of go, Well, what might you be able to do? What's there already? Is there a way of making those links up? I don't know that there's a one size fits all. I saying you must have it in your five-year strategy.? (ES1)

**Snáithe 2: Tuiscintí ar Fheidhm agus ar Fhearainn na nEalaíon Teangabhunaithe**

Ag trácht ar scéimeanna oiliúna don óige sna ETB i gceantair Ghaeltachta Dhún na nGall, Chonamara agus Bhaile Bhuirne, bhéimnigh eagras stáit amháin gur bhain na cláir a bhí á maoiniú le healaín seachas le múineadh teanga. Mar sin féin bhraith siad go raibh dea-thionchar ag rannpháitíocht na ndaoine óga sna scéimeanna maidir le saibhriú teanga.

> Tá muid an-soiléir gur seo rud a bhaineann le cultúr le ealaín agus nach bhfuil [...] na ranganna seo ann ar mhaithe leis an teanga a mhúineadh [...]is deis [...] cultúrtha, deis ealaíne é don óige. (ES5)

> (...) ní bhíonn siad ag díriú ar an teanga mar thosaíocht, ach go bhfuil an teanga fite fuaite ann, agus forbairt na teanga, tá an teanga á shaibhriú, teanga na ndaoine óga á shaibhriú ag an am céanna. (ES5)

Thagair faisnéiseoirí éagsúla don ról a imríonn ETB na Gaeilge sa phleanáil teanga

> Tagann a leithéid de thogra seo leis na haidhmeanna atá ag lucht pleanála teanga – saibhriú teanga, nósmhaireachtaí bisiúla teanga, aithne a chur ar ghasúir eile ina dteanga féin, muinín a chothú i ndaoine óga iontu féin mar chainteoirí dúchais agus sa Ghaeilge mar theanga chumarsáide agus normálú iomlán a dhéanamh ar na teanga. (EE3)

> Creidim go láidir go bhfuil ról an-chumhachtach ag an drámaíocht i gcothú na teanga agus úsáidim aisteoirí Bhréanainn agus Chorca Dhuibhne chuige sin (…) Má imíonn sé sin, bhuel, beidh meath i bhfad níos tapúla ar an nGaeltacht ó dheas i mo thuairim. (EE6)

> So tá daoine, tá an indibhidiúlachas á chur chun cinn ag an scáileán so fanann daoine age baile, so tá leaids age baile, tá gach rud a theastaíonn uathu age baile anois so ní thagann siad amach chomh fuirist sin. Feictear dom go bhfuil ról an-thábhachtach ag na healaíona trí chéile agus go mórmhór na hETB leis an bpleanáil teanga mar tugann sé daoine le chéile in aon áit amháin, tugann sé daoine go dtí an Taibhdhearc, ólann siad *gin and tonic*, labhrann siad le chéile, pléann siad an dráma agus tá sé sin thar a bheith tábhachtach i gcathair atá dhátheangach. (EE6)

Luaigh eagras stáit gur mó a bhaineann scéime Gaeltachta le féinfhorbairt seachas le hoideachas.

> Creideann muid go n-oibríonn sé mar gheall gur múnla iarscoile atá i gceist agus go mbíonn siad ag oibriú díreach leis an dream óg ar mhaithe leis an ealaín a chur chun cinn agus an óige a fhorbairt mar thosaíocht, [...] mar gheall go bhfuil an ealaín a fhorbairt acu agus go bhfuil forbairtí pearsanta, sóisialta, pobal, cultúrtha ag teacht chun cinn (ES5).

Thagair ES5 do bhéimeanna Youth Theatre Ireland ar fhorbairt an duine óig agus guth an duine óig ar bhonn iomlánaíoch:

> Creideann muid go bhfuil sé ríthábhachtach go bhfuil cur chuige a aithníonn an deis sin [...] forbairt an duine [duine] óg chomh maith leis an gcur chuige ealaíne. Má bhreathnaíonn muid ar mhúnlaí atá ag éirí leo, múnlaí ar nós YouthTheatre Ireland. Déanann siad [...] go leor ar cé chaoi gur féidir an duine óg a spreagadh chun guth an óige a láidriú. Sin an fáth go raibh mé ag iarraidh a rá ní ranganna atá i gceist, is rannpháirtíocht an sprioc atá ann ó thaobh aon cleachtas ealaíne don aos óg [...] sin é an fáth nár chóir dó bheith ceangailte le spriocanna teanga nó spriocanna oideachais (ES5)

Tharraing agallaí ó réimse na drámaíochta aird ar ról na hamharclainne deis a thabhairt do dhaoine aithne a chur orthu féin:

> An rud is láidre ar fad ná an rud a dúirt Lorca[ ins na 30idí gur áit í an amharclann gur féidir leis an gcine daonna scrúdú a dhéanamh ar a gcuid mothúcháin; an t-áthas, an brón, an dá rud fite le chéile agus é sin a scrúdú fé sholas na hamharclainne. (EE6)

Bhraith agallaí amháin ó eagras a raibh baint ilréimseach acu le ETB go raibh an-difríocht idir feidhmeanna agus tionchar scéimeanna scoil-lárnaithe agus scéimeanna sa phobal.

> Tá sé iontach do ghasúir blas a fháil go chuile rud ach ní dhéanfar aon fhorbairt ar an bpaiste ar an mbealach sin, le drámaíocht chomh maith i gcónaí bíonn an bhéim ar an toradh [sa scoil], dráma na Nollag, gasúir ag foghlaim línte agus dul ar stáitse, tá i bhfad níos mó i gceist le forbairt drámaíochta (...) (EE3)

Tá léamha éagsúla ann i measc na n-eagras náisiúnta agus réigiúnda maidir le feidhm féideartha na nETB. Féachann roinnt eagras náisiúnta ar na hETB mar chúram a bhaineann go príomha le cur chun cinn na teanga.

> […] an rud atá muide ag iarraidh a dhéanamh ná, go straitéiseach, ná a bheith ag faire ar na bealaí go bhféadfaí na healaíona teangabhunaithe a úsáid ar bhealach mar mhodh sheachadadh, […], sé sin, cur i bhfeidhm rathúil ar an bpróiséis pleanáil teanga agus tacú oiread agus is féidir leis an bpolasaí oideachas Gaeltachta. (ES8)

> Tá na healaíona dóibh féin agus mar chuid do shochaí go bhfuil sé tábhachtach ach is bealach an-mhaith iad na healaíona le gréasáin shóisialta a bhunú le bheith ag úsáid na teanga ach áiteacha nach bhfuil teacht ar na gréasáin sin ar bhealach ar bith eile. (ES2)

Ar an lámh eile, is dóigh le heagrais náisiúnta áirithe gur rud breise í an teanga nach mbaineann go sonrach leis na healaíona.

> Níl aon bhaint [ag an gComhairle Ealaín] go díreach leo mar is é [..] ní an Comhairle Teanga é agus mar sin […] níl aon rud speisialta ag [an gCE] ó thaobh na teanga, […] Ag an am céanna tá comhpháirtíocht ann le hEalaín na Gaeltachta. (ES10)

## Snáithe 3: An Dlí

### Tuiscintí

Thrácht agallaithe go díreach agus go hindíreach ar cheisteanna dlí nuair a luadh easpa freastail eagras ar phobal na Gaeilge.

> (...) tá stádas ag an teanga (...) (Tá sé) mícheart go mbeadh aon chomhlacht náisiúnta in ann feidhmiú gan polasaí teangan, más, más tír dhátheangach muid (...) (C6)

> Cad 'tá ar bun ag an amharclann náisiúnta i mBleá Cliath? Cá bhfuil an reachtaíocht a bhaineann leotha siúd? Cén dualgas atá orthu siúd ó thaobh na Gaeilge de, bhfuil fhios agat? Cén brí díreach atá ag amharclann náisiúnta na Gaeilge i bpríomhchathair dhátheangach na hÉireann? Cá bhfuil an ceannaireacht? Cé atá ag déanamh na gcinnithe? Cé atá ag rá, 'OK, beidh an amharclann náisiúnta againn i mBleá Cliath, ní dhéanfaidh sí rudaí i nGaeilge, mar sin ní leagfaimid an dualgas uirthi níos mó ach tabharfaimid an t-airgead sin don dream sa Ghaillimh agus chuirfidís siúd rudaí Gaolainne ar fáil?' (EE6)

Is beag lua a dheineadh ar ghnéithe eile den dlí, fiú nuair a bhí ceist shonrach ann.

**Dúshláin agus Rioscaí**

Is léir ón easpa lua a deineadh ar Acht an Mhíchumais agus ar Acht na nEalaíon go bhfuil baol ann go bhfuil go leor eagras Gaeilge ag feidhmiú beag beann ar a ndualgais dlithiúla maidir le freastal ar dhaoine le míchumas agus maidir le cloí le polasaithe agus straitéisí Stáit eile.

Níor tarraingíoadh anuas ceist chosaint sonraí (GDPR).

**Snáithe 4: Maoiniú**

**Tuiscintí**

Thagair 26 de na 31 páirtithe leasmhara a cuireadh faoi agallamh d'easpa maoinithe a bheith á dhéanamh ag an Stát ar ETB tríd na heagrais náisiúnta agus réigiúnda, dar leo.

> Má tá tú ag cur isteach ar maoiniú, you know, go bhfuil tú in ann cur isteach ar maoiniú, faoi láthair caithfidh tú dul go Ealaín na Gaeltachta, Foras na Gaeilge le haghaidh rudaí éagsúla, ansin ag an gComhairle Ealaín, ansin Taibhdhearc ansin, b'fhéidir, Amharclann na Mainistreach, (C6)

> An córas maoinithe, tá an iomarca potaí anseo agus ansiúd. Dá mbeadh aon fhoinse amháin go bhféadfaí dul thríd le hiarratais a dhéanamh, dhéanamh sé i bhfad níos mó céile. (ES4)

Ar an lámh eile de bhraith agallaithe éagsúla gur chóir go mbeadh teacht ag eagrais agus cleachtóirí Gaeilge ar fhoinsí éagsúla maoinithe agus chreideadar go raibh neamhaird á déanamh ar iarratais Ghaeilge mar gur bhraith eagrais go raibh rogha foinsí eile maoinithe ar fáil d'eagrais agus do chleachtóirí Gaeilge.

> (…) an fhadhb a bhaineann le drámaíocht na Gaeilge ná nuair a théann tú chomh fada leis an gComhairle Ealaín, deir siad, 'ó tá sibhse tiubh le hairgead, nach bhfuil airgead na Roinne Cultúir agus Gaeltachta agaibhse' agus is bac é sin ar aon fhorbairt, nach bhfuil siad sásta a thuilleadh airgead a bhronnadh orainn, (…) . So, ba cheart go mbeadh teacht ar fhoinsí eile vis-a-vis Creative Ireland vis-a-vis an Comhairle Ealaíona vis-a-vis an Roinn Oideachais. Ba cheart go mbeadh an Roinn Oideachais ag cabhrú le lucht drámaíochta Gaeilge chun rudaí a thabhairt isteach ins na scoileanna. (EE6)

**Dúshláin agus Rioscaí**

Tharraing eagras náisiúnta aird ar an maoiniú a thugann an Roinn Cultúir Oidhreachta agus Gaeltachta d'amharclannaíocht na Gaeilge agus luaigh nach mbaineann an réimse seo le saineolas na Roinne.

> Níl aon saineolas sa Roinn ó thaobh cúrsaí drámaíochta […] is stáitseirbhísigh iad. Sin just fírinne, an bhfuil a fhios agat. Tá siadsan ag iarraidh, cá bhfuil na cuntais agus cé mhéad atá ag teastáil uait. […] Céard é an caighdeán ealaíonta? […] ; ní bheadh na stáit seirbhísigh agus an Roinn ag breathnú ar sin ar chor ar bith. Bheadh siad ag rá faoi cibé

daoine a tháinig go dtí an rud agus cé mhéad airgid a chosain sé agus sin an méid […] (ES10)

Luadh go bhfuil buiséad teoranta ag Foras na Gaeilge le maoiniú a thabhairt do na healaíona teangabhunaithe.

> (...) sa bhliain 2004, bhí maoiniú Fhoras na Gaeilge agus maoiniú na Comhairle Ealaíon nach mór mar an gcéanna idir 18-19 milliún. D'ardaigh airgead don Chomhairle Ealaíon chomh hard le 82 milliún ar feadh tréimhse, and I know go bhfuil sé tite arís, tá airgead Foras na Gaeilge tite, thart ar 15 milliún atá acu. Caitear 5 mhilliún ar na ceanneagraíochtaí, cúig mhilliún ar an bhForas iad féin agus 5 mhilliún eile ar scéimeanna éagsúla. (EE2)

> […] tá an deontas a fhaigheann [an Chomhairle Ealaín] ón rialtas le haghaidh sin a dhéanamh, tá sé ceithre oiread níos mó ná an deontas iomlán a fhaigheann Foras na Gaeilge le haghaidh gach gné eile den teanga a chur chun cinn. Faigheann siad ceithre scór milliún i gcomparáid le seacht milliún déag a fhaigheann [an Foras]. […] Is dóigh liomsa gur freagracht orthusan agus orthusan amháin ar bhealach agus go mbeadh siad ag teacht againne ar lorg tacaíochta ar bhealaí éagsúla b'fhéidir ach gurb shin an ról acusan a bheith a dhéanamh seo. (ES2)

> Tá sá seo á dhéanamh ar bhonn comórtais phoiblí ach é sin raite tá an buiséad atá ag Foras na Gaeilge dos na rudaí seo an-teoranta ar fad agus bhí sé i gcónaí teoranta agus níl aon athrú ar sin i mbliana nó an bhliain seo caite (ES2)

Tugadh le fios go bhfuil srian eile i gceist maidir leis an maoiniú a bhíonn ar fáil do na healaíona teangabhunaithe toisc srian thíreolaíoch a bheith le raon feidhme Ealaín na Gaeltachta. Tugadh le fios go bhfuil baint ag bearnaí maoinithe (mar shampla don Taibhdhearc) chomh maith le hEalaín na Gaeltachta a bheith ag feidhmiú mar nasc idir an Chomhairle Ealaíne agus na Gaeltachtaí, ach ní le pobal na Gaeilge i gcoitinne.

> Sin an rud atá ag tarlú an t-am go léir, go bhfuil an bureaucracy ag rá 'seo é an tslí go gcaithfidh sé a bheith.' Agus caithfear druidim siar on rud sin agus a rá 'céard é an rud is fearr don ealaín? […] níl cead ag EnaG airgead a chaitheamh taobh amuigh don Ghaeltacht. […], an maith an rud é sin? […] compántas cosúil le Fíbín[…]. Ní fhanann Fíbín sa Ghaeltacht, téann siad go háiteanna eile so céard é an tseirbhís is fearr is féidir a thabhairt do Fíbín gan iadsan ag fáil iarratais amháin ó EnaG, rud éigint eile ón Údarás, rud éigint eile ó TG4, rud éigint eile ó Fhoras, rud éigint eile ón gComhairle Ealaín, rud éigint eile ón Roinn. (ES10)

Bhraith eagras stáit agus eagras ealaíne go rabhadar faoi mhíbhuntáiste maidir le sraitheanna maoinithe áirithe. Bhraith siad gur thug eagrais eile san áireamh go raibh maoiniú eile ar fáil ó eagrais Ghaeilge ach nach leor na sruthanna 'Gaeilge' seo dá riachtanais féin.

> Disaster iomlán é an maoiniú, ó thaobh na Gaeilge de, mar níl an t-airgead ag EnaG. Bíonn mé i gcónaí ag cuardach airgid uaidh EnaG, ach níl an t-airgead acu. [...] Ansin téann tú taobh amuigh den Ghaeltacht [...] tá sé feicthe agam féin [...] tá an oiread dua ag baint le

cuid de na foirmeacha iarratais, agus ní fhéachann siad ar a lán acu fiú, níl freagra faighte againne ar roinnt iarratas maoinithe atá déanta againn ar áisíneachtaí stát [...] mar gheall tá an saghas dearcadh ann , tá siad sin sa Ghaeltacht, tá córas maoinithe dá gcuid fhéin acu, agus níl. (EE3)

[…]agus cé nach bhfuil aon riail ann ná dada eile, caithfidh tú glacadh leis go bhfuil tú dícháilithe ó scéimeanna ar bith de chuid an Comhairle Ealaíon, má tá tú ag fáil maoiniú ar bith ó Fhoras na Gaeilge, mar eagraíocht. (EE2)

Thug faisnéiseoirí le fois go bhfuil na héilimh a bhaineann le hiarratais ar mhaoiniú éirithe casta.

Tá na hiarratais casta go leor. Tá neart taithí agamsa ar líonadh isteach iarratais don Fhoras. Tá sé i bhfad níos deacra anois. Nuair a thosaigh mé ar dtús, bhí Deirdre Davitt sa Fhoras agus ní raibh ach cúpla leathanach le líonadh isteach ag an am. Bíonn ort iarratais a líonadh isteach ceithre uaire in aghaidh na bliana anois. Tá sé iontach casta. (C8)

[…] Ansin nuair atá tú ag tarraingt anuas, caithfidh tú tuairisc deireadh féile agus tuigim cén fáth[...] go bhfuil an maorlathas sin ann, ach nuair atá tú ag fáil níos lú na 5,000 euro, ní dóigh liom gur cheart go mbeadh sé chomh trom céanna is a bheadh ar dhream atá ag fáil 20,000 euro, so beagnach an rud céanna é go gcaithfidh tú an fhoirm chéanna a líonadh. Chomh maith leis sin, ní dóigh liom go mbíonn an fhoirm in oiriúint do féilte nó do ghrúpaí deonacha beaga. Bíonn ceist i gcónaí faoi, agus tuigim arís cén fáth, faoi diversity, audience participation agus rudaí mar sin. Tá sé deacair do chuid marcanna a ardú, abair ní fhaigheann muidne riamh an méid a d'iarr muid agus ní féidir linn é a fháil mar go bhfuil roinnt boscaí ar an bhfoirm sin nach féidir linn ticeáil, níl clár speisialta diversity againne, tá muid oscailte do chách ar aon nós […](EE4)

Bíonn easpa eolais ag cleachtóirí go minic maidir leis na deiseanna maoinithe atá ar fáil.

Seo é an rud a tharlaíonn, mura gcuimhníonn duine againn, agus níl ach cúigear againn, ó ba cheart dúinn seiceáil ar shuíomh idirlíne Foras na Gaeilge, feiceáil a bhfuil spriocdháta ag tíocht, beidh sé caillte agus tharla sé tá a fhios agam le dreamanna eile gur chaill siad an sprioc dháta don Comhairle Ealaíona mar gheall ní raibh a fhios acu go raibh se ag tíocht. (EE4)

Measaim go bhfuil sé deacair maoiniú a fháil agus go bhfuil dreamanna ag brath ar Roinn na Gaeltachta, mar a ghlaoimid air, ach níl acu sin ach méid áirithe airgid. Ní dócha go bhfuil aon bealaí eile airgead a fháil nuair nach mbíonn sponsorship ar fáil […]. (EE1)

Is dócha dá mbeadh an córas maoinithe – más ann dó – dá mbeadh sé níos soiléire cad atá ar fáil, conas is féidir cur isteach air, cé atá in ann cur isteach air, you know, an mbeadh seans ag daoine. Tá cineál rud cineál scaipthe agus níl sé soiléir cén tacaíocht atá ar fáil (C7)

Ní fhéachtar go minic ar na húdaráis áitiúla mar phríomhfhoinse maoinithe do na healaíona teangabhunaithe ag cleachtóirí/eagrais ealaíona.

Ar thriail sibh riamh an Comhairle Contae i mBleá Cliath? (An tAgallóir)

> […] Rith sé liom anuraidh agus i mbliana agus mé ag líonadh isteach an fhoirm a bhíonn ag an gComhairle.[…] Ceapaim go bhfuil airgead le fail ón gComhairle Contae […] ón gComhairle Cathrach. (EE4).

Dúshlán d'eagrais ealaíona áirithe an easpa foirne a bhíonn acu, dar leo.

> Níl ach eagras litríocht na Gaeilge amháin sa tír, sin Imram. Éigse Éireann mar shampla, tá ochtar fostaithe. Caithfidh [duine amháin] tabhairt faoi achan rud. Caithfidh [siad] tabhairt faoin chlár a chur in eagar, […] na hionaid, óstáin a chur in áirithe. Bunfhadhb ansin ná easpa foirne. Éigse Éireann… tá duine amháin fostaithe chun tabhairt faoi na meáin chumarsáide amháin. (C8)

### Deiseanna agus Dea-Chleachtas

Dúirt amhránaí traidisiúnta a cuireadh faoi agallamh go bhfuil an scéim Deis de chuid na Comhairle Ealaíne ar fáil d'amhránaithe proifisiúnta Gaeilge.

> Sílim an rud a bhfeicim fhéin ná an t-aon saghas scéim nó córas a bhfuil feiliúnach domsa ná na cinn a bhfuil ag an gComhairle Ealaíon agus ar ndóigh níl siad dírithe isteach ar Ghaeilge ach go háirithe […] tríd saghas na healaíon traidisiúnta a thagann siad […]Ó thaobh domsa a bheith ag cur am isteach agus rudaí a dhéanamh ar shaghas caighdeán gairmiúil, sin an t-aon bhealach go bhféadfainn é a dhéanamh. So, is tríd saghas scéimeanna coimisiún nó scéimeanna saghas Deis. (C4)

Mhol amhránaí traidisiúnta An Chomhairle Ealaíon as a trédhearcacht agus as an infheistíocht atá déanta ag an gCÉ i gcleachtas forbartha ealaíontóirí.

> Still, rud éigin a chaithfidh mé rá go bhfuil cineál dearfach faoin gCE ná nuair a chuireann siad saghas infheistíocht isteach ionat, b'fhéidir ó thaobh coimisiún a chur le chéile, tugaim faoi deara go dtugann siad píosa infheistíochta chun níos mó forbairt a dhéanamh ar an rud céanna. Mar shampla, ma dhéanann tú coimisiún agus ansin tá tú ag iarraidh camchuairt a dhéanamh leis an choimisiún, tugaim faoi deara go mbíonn saghas […] 'reception' maith dó sin. […] Agus déanann sé sin an-a chuid ciall […] leanacht leis an infheistíocht agus níos mó a fháil as an caiteachas airgid sin. (C4)

### Moltaí sonracha ó agallaithe/páirtithe leasmhara

Agus páirtí leasmhar amháin ag machnamh san agallamh ar dheiseanna maoinithe don scéalaíocht luadh go bhfuil fáil ar mhaoiniú ón Aontas Eorpach do réimsí áirithe ealaíne. Bíonn dúshlán i gceist chun teacht ar an maoiniú sin, áfach, mura bhfuil páirtnéireacht forbartha le heagras ar an mór-roinn. Moladh go ndéanfaí scoláireacht a chur ar fáil do dhuine leis na deiseanna maoinithe seo a fhiosrú.

> I think there is funding through Creative Europe but it can only be accessed if you're in collaboration with other organisations across Europe. It can be done but you have to set up though as a kind of financial independent body to be accepted. There's a huge amount of bureaucracy involved in that though. Yeah, but there is no funding available per se for storytelling. Maybe some sort of scholarship support for young people who are interested in exploring it? (C5)

Dhein an tOireachtas moladh san agallamh go ndéanfaí maoiniú imfhálaithe a chur ar fáil dóibh díreach ó Roinn na Gaeltachta in ionad na struchtúr reatha maoinithe atá acu le Foras na Gaeilge.

> Rinneadh muid cás gur chór aitheantas faoi leith a thabhairt do OnaS agus maoiniú faoi leith a chur ar leataobh ring fenced, díreach ón Stát nó ÚnaG mar gur féile Ghaeltachta é níos mó anois creidim ná eile. Cé gur féile náisiúnta ann don phobal ar fad é, ach go mbeidh pobal na Gaeltachta is mó atá taobh thiar de. Agus mura dtarlaíonn sé sin, níl a fhios agam an bhfuil 5 nó 6 nó 7 go bhlianta eile leis an struchtúr. Tá cead againn ón maoiniú a fhaigheann muid ó FnaG 80,000 euro dhó sin a chaithfidh ar OnaS agus ní féidir linn dul thairis sin. Cosnaíonn an fhéile thart ar 1/4 milliún, now do the math, mar a déarfadh an fear eile (EE2).

Thagair agallaí don mianach ar leith a theastaíonn ag leibhéal cinnireachta ionas gur féidir le heagraíochtaí (sa chás seo eagras drámaíochta) tarraingt ar fhoinsí éagsúla maoinithe:

> So, tá tú ag lorg duine […] le srón polaitíochta orthu a thuigeann cén treo agus cén treocht atá sa tír ó thaobh maoinithe de agus ó thaobh conas a oibríonn an Stát Seirbhíseach agus conas a oibríonn na ranna rialtais agus conas gur féidir airgead a tharraingt anuas ó na ranna ar bhealach stuama. Mar shampla, ar cheann de na rudaí atá in easnamh ar an amharclannaíocht trí Ghaeilge ná scrioptanna nua 'is daoine a chur ag scríobh scrioptanna nua. Tá sé deacair airgead a bhaint as an Roinn Cultúir agus Gaeltachta chuige sin ach b'fhéidir, mar shampla, dá rithfí cúrsa amach faoin tuath go mb'fhéidir go mbeadh an Roinn, agus olltoghchán ag teacht ach má bhí Michael Ring ag plé leis, an Roinn Tuaithe agus an Roinn Gnóthaí Tuaithe mar shampla, go bhféadfaí féachaint ar an scríbhneoireacht mar ábhar chun fostaíocht. (EE6)

## Snáithe 5: Rialachas agus Raon Freagrachtaí

### Tuiscintí

Luaigh 23 as measc 46 páirtí leasmhar rialú agus freagrachtaí maidir leis na hETB. Tharraing 11 de na 31 agallaí ar an easpa soiléireachta maidir le ceisteanna rialachais agus raon freagrachta na hETB.

### Dúshláin agus Rioscaí

Luadh easpa ceannaireachta ag leibhéal an rialtais.

> [I RCOG]Tá cuid na Gaeltachta agus na Gaeilge agus tá cuid na n-Ealaíon agus na hOidhreachta mar a déarfá. […] Cuid den am nach labhrann siad le chéile in am ar bith agus má bhaineann sé leis an nGaeilge nó leis an Ghaeltacht, is cuid na Gaeltachta agus má bhaineann sé leis an chultúr, oidhreachta nó leis na healaíona gurb é an taobh eile den Roinn atá i gceist. (ES2)

Luadh i gceann amháin de na haighneachtaí go bhfuil easpa soiléire maidir le freargachtaí straitéiseacha ag leibhéal rialaithe. Bíonn tionchar aige seo ar an maoiniú a thugtar do na hETB. D'fhéadfadh baint a bheith ag an easnamh atá ann nach bhfuil aon eagras saindírithe ar mhaoiniú do na hETB.

> Tá an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta a thionscain an taighde sa riocht agus go dtagann freagracht do na healaíona agus freagracht don teanga faoina scáth, freagrachtaí atá á láimhseáil ag dhá rannóg éagsúil - dhá rannóg atá leathan, liopasta agus a bhfuil cúraimí ilchineálacha orthu chomh maith le bheith ag déileáil le cnuasaigh de chomhlachtaí éagsúla, An Chomhairle Ealaíon & Foras na Gaeilge ina measc. Tá ciotrúntacht ann i gcónaí idir An Chomhairle Ealaíon agus Foras na Gaeilge maidir maoiniú ealaíona na Gaeilge ainneoin go bhfuil an Foras anois tar éis scéimeanna maoinithe d'imeachtaí ealaíne a chur sa tsúil. (OnaG aighneacht)

Bhraith faisnéiseoir amháin go mbíonn an iomarca béime ar an rialachas agur ar chúrsaí maoinithe sna hETB. Ní leagtar an bhéim cheart ar an réimse ealaíne féin, ar an bpróiséas a bhaineann lena bheith rannphairteach sna healaíona.

> Go mbeadh níos mó comhoibriú ann nó go mbeadh muid dírithe ar an ealaín seachas ná ar lorg maoiniú, seachas ar a bheith dírithe ar thoradh, ní dóigh liom go bhfuil sé seo ag tarlú faoi láthair mar má thriail duine iarracht macánta an ealaín a chur ar aghaidh níl a fhios cé na dris chosáin atá rompu. Go mbeadh aitheantas tugtha don ealaín fhéin seachas do na rudaí seo ar fad. (EE3)

Luaigh an tOireachtas go bhfuil dúshlán ag baint lena struchtúir reatha maoinithe dar leo. Dúradh nach féidir leis an eagras ach €80,000 dá mhaoiniú iomlán €600,000 a chaitheamh ar an bhféile bhliantúil (a chosnaíonn €250,000 le reáchtáil). D'ardaigh siad an cheist go dtagann na ceisteanna seo maidir le ról an Oireachtais mar cheanneagraíocht agus na dualgais a leagann Foras na Gaeilge orthu dá bharr salach ar an bPlean Gníomhaíochta don Ghaeilge – a léiríonn gur gné lárnach de na hETB féile an Oireachtais.

> Sa bhliain 2015 fuair OnaG 690,000 ó FnaG, thit sé sin go dtí 622,000, an figiúr a bhfuil [siad] aige fós. Chuig bliana, sé bliana, ina dhiaidh sin. So tá 622,000 sa bhliain [acu] le hochtar a fhostú ar bhonn lánaimseartha, agus srath imeachtaí a eagrú i rith na bliana a eagrú , ní deireadh seachtaine amháin, ach i rith na bliana [...]Tá cead [acu] ón maoiniú a fhaigheann [siad] ó FnaG 80,000 euro dhó sin a chaithfidh ar OnaS agus ní féidir [leo] dul thairis sin. Cosnaíonn an fhéile thart ar 1/4 milliún, [...].Dá bhfágfaí an deontas mar atá, dá bhfágfaí an fhoireann mar atá, foireann dho ochtar, agus dá mbainfí [...] na cúramaí eile [atá ar OnaG], na gréasáin seo agus eile, agus na healaíona a fhágáil [fúibh] d'fhéadfadh siad dul chun cinn ollmhór a dhéanamh i dtréimhse 5 bhliana ó thaobh na hETB ar fad[...]. Tá fuinneamh á bhaint [dóibh], tá am á bhaint [dóibh], agus eile ag iarraidh gréasáin a bhunú i n-áiteacha, cur le líon labhartha na Gaeilge, agus cé gur aidhm bhreá atá ansin, ní [hiad OnaG] is fearr atá in oiriúint chuige sin (EE2).

Mar gheall ar nadúr amaitéarach réimse ETB ní bhíonn an Chomhairle Ealaíon ag plé le heagrais ETB go leor, mar shampla, Oireachtas na Gaeilge. (ES10)

**Deiseanna agus Dea-chleachtas**

Thug agallaí áirithe le fios go bhfuil saineolas Gaeilge ag fostaithe éagsúla sa Chomhairle Ealaíon (mar shampla, an té atá freagrach as 'Youth People, Children and Education' sa Chomhairle Ealaíon, agus fostaí eile in Oifig na Forbartha Straitéisí.) (ES10)

## Snáithe 6: Imeallú

**Tuiscintí**

D'aithin agallaithe éagsúla go raibh údar ann go mbeifí ag súil le freastal Gaeilge uathu mar eagrais stáit agus d'aithin siad easpa tiomantais a n-eagraíochtaí féin maidir le pleanáil do fhreastal ar earnáil na Gaeilge:

> And it's not in our mission objects[?] either or in our Constitution. So when I say a role for Irish language is implied by us being a national development organization in Ireland, which you know where that is our language. (...) not in the living organisational memory nor in documentation, is there an explicit expression of commitment to developing [Irish language theatre], outside of those projects of course, which we did out of interest and through a knowledge of wanting to work in that area. But it has not been committed to strategically. (ES9)

Ní bhraitear gurb é cúram na Comhairle Ealaíne aon dualgas Gaeilge a d'fhéadfadh a bheith ar eagrais státmhaoinithe a mheabhrú dóibh:

> Ní féidir leis an Roinn a rá leis an CE cén chaoi an t-airgead atá acub a úsáid. Níl cead ag an Roinn; tugann an Roinn abair 75 nó 80 milliún don CE. Ní féidir leo a rá 'caithfidh tú é sin agus é sin a dhéanamh.' You know, tá siad neamhspleách, an CE. Agus níl an bealach go díreach céanna ach nuair a thugann an CE airgead go amharclann na Mainistreach, níl siad ag iarraidh you know; tá siad ag iarraidh caighdeán ard ar an obair atá ag tarlú. Ní bheadh siad ag rá 'agus ba cheart go mbeadh amharclannaíocht i nGaeilge ann.' Níl an CE chun é sin a rá. (ES10)

Luaigh 16 de na 31 agallaí go bhfuil imeallú á dhéanamh ar na hETB ar shlite éagsúla.

Tá sé de thuiscint ag roinnt eagras stáit go mbaineann ETB na Gaeilge (sa chás seo, drámaíocht na Gaeilge) le raon freagrachtaí eagrais Ghaeltachta agus Gaeilge go príomha:

> Bhuel, tá mé ag ceapadh go bhfuil chuile dhuine ag plé leis seo mar tá suim ag Foras Na Gaeilge, TG4, Udarás na Gaeltachta, EnaG agus an Roinn. (ES10)

Tá impleachtaí móra ag na sainchonairí maoinithe agus na gréasáin chumarsáide seo do dheiseanna rannpháirtíochta agus forbartha ETB na Gaeilge taobh amuigh de na Gaeltachtaí. Mar shampla, taispeánadh dréacht de Straitéis nua na Comhairle Ealaíne do Fhoras na Gaeilge agus Ealaíon na Gaeltachta ach níor cuireadh faoi bhráid eagraíochtaí eile a bhain le ETB na Gaeilge é.

**Dúshláin agus rioscaí**

Baineann rioscaí leis na conairí cumarsáide agus cleachtais a leanann deighilt freagrachtaí idir eagrais éagsúla. Cé go mbíónn idirphlé ar leith ag an gComhairle Ealaíon le Ealaín na Gaeltachta, tuigtear go bhfuil fearann eile níos leithne ann a bhaineann le ETB mar ealaíona iontu féin, agus mar ealaíona taobh amuigh den Ghaeltacht.

> Ach ní féidir le EnaG a bheith ag plé le cúrsaí taobh amuigh des na Gaeltachtaí. So tá an rud seo aisteach ann agus baineann sé leis an rud seo faoin nGaeltacht agus Údarás, tá sé teoranta go dtí na Gaeltachtaí. […]. Taobh amuigh de sin, tá na healaíon, is scéalta iad, is filíocht é, is amhránaíocht é agus is cuma faoin teanga, an dtuigeann tu an rud go bhfuil mé ag iarraidh a rá? (ES 10).

Luadh an easpa airde a bhíonn ag an Aire Sinsearach de chuid An Roinn Cultúir Oidhreachta agus Gaeltachta i gcúrsaí na Gaeilge.

> Amharclann na Mainistreach i mBaile Átha Cliath agus you know, an clár oibre atá ar siúl acusan agus an neamhiontas atá déanta den Ghaeilge ansin, ainneoin iarrachtaí phobal na Gaeilge tionchar a imirt ar sin. I gcásanna eile, d'fhéadfá dul ag an Aire agus iarraidh ar an Aire idirghabháil a dhéanamh ach sa chás seo níl tionchar ar bith ag Aire na Gaeilge nó na Gaeltachta ar sin agus níl spéis ag an Aire sinsearach sa Ghaeilge […] (ES2)

> Tá Conradh na Gaeilge ag troid le go mbeadh Aire Sinsearach ag bord an rialtais le Gaeilge, agus ag breathnú i ndiaidh na Gaeilge agus go dtí go bhfuil duine éigin leis an tuiscint sin, ag an rialtas, ní tharlóidh aon oiread sin. […]I dtéarmaí cúrsaí ealaíona na tíre, tá spota an-bheag ag na healaíona Gaeilge agus tá áiteanna go leor nach bhfuil dóthain meas orthu. Bheinn ag caint ar an gComhairle Ealaíona, bheinn ag caint ar RTÉ, bheinn ag caint ar Institiúidí Stáit don chineál sin. Dá mbeidís ar a mhalairt chuige, dá mbeidís ag tacú linn agus ag cuidiú linn, d'fheadfaimis an t-uafás breise a bhaint amach. (EE2)

Luaigh faisnéiseoir amháin gur dóigh leo go bhféachtar ar ealaíontóirí ETB mar ealaíontóirí den dara gráid agus léirítear an tuairim seo sa mhaoiniú a dháiltear.

> Cheapainn go mbreithnítear ar lucht drámaíochta na Gaeilge, agus lucht na healaíne Gaeilge mar ealaíontóirí don dara grád. Ní dóigh liom [go] mbreathnaíonn leithid an Chomhairle Ealaíne orainn mar ealaíontóirí dáiríre agus go binn ceann go dtí na fadhbanna, sílim go bhfuil cultural bias ansin i gcoinne drámaíocht na Gaeilge, go bhfuil constaic eile le sárú agat seachas fiú na dúshláin ealaíne, go bhfuil an dúshlán teanga, go mbreathnaítear ar mar rud níos laige, rud nach bhfuil fíor ón caighdeán atá feicthe agam, […] (ES4)

Luadh an cleachtas a bhíonn ag an gComhairle Ealaíon iarratais Ghaeilge a aistriú sula ndéantar iad a mheas. Bhraith rannpháirtí amháin go ndéanann an cleachtas seo idirdhealú neamhchothrom idir cainteoirí Gaeilge agus an chuid eile den phobal. Is iad na haistritheoirí a bhíonn faoi mheas ní na healaíontóirí féin.

> Téann tú chuig an gComhairle Ealaín, ní bhíonn siad ag déileáil leis an nGaeilge mar rud ann fhéin agus ba cheart go mbeadh, ba cheart go mbeadh duine le Gaeilge. Tá siad ag

> léamh aistriúchán dhe do chuid iarratais is léir nuair a théann tú isteach sa seomra nach bhfuil siad tar éis tuiscint a dhéanamh ar an méid atá scríofa mar tá aistriúchán déanta so, níl siad ag léamh do chuid [focail] agus tá daoine, tá siad ag déanamh cinntí mar gheall ar tionscnamh agus cé atá chun maoiniú a fháil agus iad ag léamh aistriúcháin dhe smaointeoireacht chruthaitheach agus iad ag léamh an teanga dho tionscnamh eile agus dá bharr sin cinnte dearfach, níl lucht na Gaeilge, níl an seans céanna acub. (C6)

Tarraingíodh anuas pointí a bhfuil Acht na dTeangacha 2004 agus An Scéim Teanga 2018-2021 mar bhonn leo "[…] *the provision of Irish language services should be based on: the underlying level of demand for specific services in the Irish language, the importance of a proactive approach to the provision of such services, and the resources, including human and financial resources, and the capacity of the body concerned to develop or access the necessary language capability."*

Luadh an easpa ardán a bhíonn ag na hETB ar stáisiún áitiúla raidió na tíre go háirithe an drámaíocht.

> […] níl siad ag baint úsáide as an Ghaeilge […] seachas clár amháin sa tseachtain agus b'fhéidir ceol na hÉireann uair amháin sa tseachtain, so sin é. […] (C9)

Tugadh le fios go ndéanann ealaíontóirí na Gaeilge cinneadh tiontú go dtí na healaíona Béarla chun gurbh fhéidir leo leas a bhaint as deiseanna a gcleachtais chruthaitheach a chur chun cinn.

> […] tá go leor daoine le Gaeilge iompaithe ar an mBéarla le go bhfaigheadh siad stáitse dá gcuid saothair. [….],ag iompú ar an mBéarla mar go bhfuil sé níos éasca orthu an t-airgead a fháil. (C6)

Bhí imní ar agallaí amháin go gciallódh an obair a bhaineann leis na Limistéir Pleanála Teanga sa Ghaeltacht go mbeadh na ETB scoite amach. Tá dualgas ar ghrúpaí ealaíne anois figiúir a fhógairt maidir leis na LPT agus bhraith an faisnéiseoir seo go bhféadfadh na healaíona seo a bheith ró-scáinte mar thoradh. D'fhéadfadh an maorlathas ar an talamh goilliúint ar staid agus ar chleachtadh an ETB.

> Tá imní orm go gcuirfidh na limistéir phleanála teanga leis sin [siloing], mar tiocfaidh sé sa saol go mbeidh siad ar fad ag faire ar a bpaiste féin. Tá sé sin nádúrtha mar tá siad roinnte suas. Tá brú orainne figiúirí a chur ar fáil roinnte suas faoi LPT, chuile rud is LPT anois é, mura bhfuil na rudaí leagtha amach i gceart agus mura bhfuil an joined up thinking ann, agus mura bhfuil an straitéis seo ann, agus mura bhfeiceann daoine a bpáirt sa straitéis seo, agus mura bhfuil siad sásta blurred lines a bheith acu in áiteanna, ní éireoidh leis, mar is cumhacht freisin é, agus is jabanna. (EE3)

Béimníodh an tionchar a bhíonn ag dearcadh elíteach de chuid de phobal na Gaeilge agus ghluaiseacht na Gaeilge trí Ghaeilge mar bhac ar dhaoine (nach cainteoirí dúchais iad) a

d'fhéadfadh a bheith á dtarraingt chun na hETB. Bíonn bac ar na daoine seo cleachtas cruthaitheach a chur chun cinn as Gaeilge.

> […] agus an deacracht atá ann le drámaí na Gaeilge ná ó mhuintir na hÉireann agus, agus, lucht na Gaeilge caithfidh mé a rá mar go bhfuil deighilt ann má tá tú i do chainteoir dúchais, ar cheart, an bhfuil, […] as Baile Átha Cliath, níl [siad] ina gcainteoir dúchais, an bhfuil sé de chead [acu] a bheith ag déanamh rudaí i nGaeilge. Tá an cineál polaitíocht i gcónaí ag baint leis an teanga, a dhéanann an chruthaíocht níos deacra ach é sin ráite. (C6).

Bhraith cuid de na páirtithe leasmhara go ndéantar imeallú de thaisme ar na hETB toisc nach bhfuil siad san áireamh ag an tírdhreach níos leithne ealaíne; samhlaítear iad go ródhlúth le pobal labhartha na Gaeilge.

> Is dóigh gur sin ceann des na háiteachaí is laige atá pobal na Gaeilge nuair atá na healaíona i gceist. […] Bíonn muid i gcónaí ag úsáid daoine i bpobal na Gaeilge ach ní hiad na saineolaithe is fearr iad le sin a dhéanamh agus is minic a chaitheann muid ár gcuid acmhainní uilig ag caint linn fhéin. Bíodh sé ar na meáin shóisialta nó cibé bealach atá muid ag iarraidh ar gcuid léirithe agus mar sin de a chur chun cinn. Is ag caint eadrainn fhéin atáimid seachas forbairt an lucht freastail agus an lucht éisteachta agus sin mír an-tábhachtach ag an CE ins na réimsí ealaíona uilig, forbairt pobail, freastal agus forbairt pobail léitheoireachta. Níl muid ar fad go maith aige sin. (ES2)

Thagair agallaí amháin don bhfáinne fí a bhaineann le heaspa acmhainní Gaeilge ina (h)eagras féin:

> it's almost, I would say, the chicken and egg thing. So both in terms of when we have tried to develop Irish language resources, we find that we don't have the mass (of people) in Irish and members to be able to avail of them; but without the resources, we won't to be able to develop a cohort of Irish language youth theatres (ES9)
>
> (...) it's a resource barrier, and a confidence barrier. (ES9)

Luaigh roinnt agallaithe an bonn randamach nó ócáidiúil a bhain le deiseanna Gaeilge a fhógairt nó le páirtnéireachtaí idir eagrais Ghaeilge agus eagrais earnálacha. Is amhlaidh go ngníomhaítear go hócáidiúil mar fhreagra ar fhiosruithe ar leith seachas polasaí forghníomhach ar leith bheith ann maidir le hionchuimsiú chleachtóirí in earnáil na Gaeilge.

> I think it was enquiries, but it was also, you know, when you're in an organisation, you kind of respond to what is available. And I thnk this FnaG piece, for example, I came across that, and it was very specifically to commission work, your play for ensembles... to produce which is completely in line with what we do (ES9)

**Deiseanna agus Dea-chleachtas**

D'aithin agallaí amháin an saibhriú a dhéanfadh méadú ar pháirtíocht cleachtóirí agus eagraíochtaí Gaeilge ins an eagras.

> I believe that once you scratch the surface there is probably a rich scene happening that we can tap into. And it would be a wonderful thing to have that in our membership. (ES9)

**Moltaí sonracha ó agallaithe/ó pháirtithe leasmhara**

Luadh go bhfuil gá le hAire Sinsearach a bheith ann don Ghaeilge agus don Ghaeltacht. Creidtear gur deacair mórán a bhaint amach gan an sprioc seo a bhaint amach.

> Tá Conradh na Gaeilge ag troid le go mbeadh Aire Sinsearach ag bord an rialtais le Gaeilge, agus ag breathnú i ndiaidh na Gaeilge agus go dtí go bhfuil duine éigin leis an tuiscint sin, ag an rialtas, ní tharlóidh aon oiread sin (EE2)

Moladh go láidir ag faisnéiseoirí éagsúla go mbeadh straitéis ar bhonn eagrais ag gach eagras i leith na Gaeilge go háirithe iad siúd a bhfuil cúram náisiúnta orthu.

> Bhuel, is dócha, tá stádas ag an teanga, nach bhfuil sé mícheart go mbeadh aon chomhlacht náisiúnta in ann feidhmiú gan polasaí teangan, más, más tír dhátheangach muid. Tá sé dochreidte go bhfuil Amharclann na Mainistreach in ann a rá an méid atá siad a' rá ó thaobh na Gaeilge, tá sé dochreidte go bhfuil an Comhairle Ealaín in ann a rá an méid atá siad ag rá ó thaobh na Gaeilge de nach bhfuil airgead ar leith 'ring-fenced' curtha ar leataobh, nach bhfuil siad, nach bhfuil sé d'iachaill acub comhpháirtíocht a dhéanamh leis an (C6)

## Snáithe 7: Infreastruchtúr agus Ionaid

### Tuiscintí

Luaigh 7/46 as measc na bpáirtithe leasmhara gur bhraith siad go bhfuil dúshlán roimh na healaíona teangabhunaithe toisc easpa infreastruchúr fisiciúil a bheith ar fáil.

### Dúshláin agus Rioscaí

Tharraing idir chleachtóirí, ionadaithe de chuid eagras ealaíne éagsúla agus eagrais stáit aird ar an easpa infreastruchtúr atá i nGaeltacht Chonamara go ginearálta: amharclanna, agus ionaid ealaíne srl.

> Agus is dócha go bhfuil hallaí pobal ann agus gur cuireadh go leor maoiniú ar fáil le roinnt blianta le deisiú agus athchóiriú a dhéanamh ar hallaí pobail ach ní hionann halla pobail agus amharclann […] (E4)

> Níl aon ionad ealaíne i gConamara, breathnaigh ar an saibhreas atá againne, níl aon ionad ealaíne ann, níl aon amharclann cheart ann, seachas Seanscoil Sailearna, níl na háiseanna ann, [...] tá Fíbín ag soláthar amharclann, ach sin comhlacht príobháideach, dá mbeadh amharclann phobail ann. […] cosúil le hAmharclann Ghaoth Dobhair thuas, […], níl aon scoil cheoil ann, níl aon spás do na rudaí seo . […] níl aon dánlann mar shampla i gConamara (EE3).

> Tá an infreastruchtúr sin in easnamh feictear dom. Tá a fhios agam go bhfuil Seanscoil Sailearna, ach nuair a fheicim an rud atá i nGaoth Dobhair, tá níos mó sean go ngríosaíonn tú pobal nó fócas ealaíne nuair atá rud a cinnt buan ann. (ES6)

Tugadh le fios in aighneacht phoiblí amháin go bhfuil lucht éisteachta ann do na hETB i mBaile Átha Cliath ach tá easpa infreastruchtúir sa phríomhchathair le tacaíocht a thabhairt do na hETB.

> An fhadhb is mó i mBaile Átha Cliath agus an ceantar máguaird ná nach bhfuil ionad cinnte do ócáidí ealaíne teanga bhunaithe agus nach bhfuil rialtacht ag baint leo. Fágann sin ualach trom bolscaireachta ar ealaíontóirí chun lucht féachana a thógáil as an nua gach uair. Tá an pobal ann - is gá tógáil air (aighneacht)

### Deiseanna agus Dea-Chleachtas

Thagair agallaithe éagsúla don tacaíocht a bhíonn ar fáil d'fhorbairt infreastruchtúr do na healaíona.

> Ar an gcéad dul síos, is dóigh, baintear úsáid as an gClár Tacaíochtaí Pobail agus Teanga chun a bheith ag cur deontais chaipitil ar fáil le barrfheabhas a chur ar an mbonneagar fisiciúil mar a bhaineann sé le gnóthaí sa réimse an ealaíon teangabhunaithe san Gaeltacht. Chomh maith leis sin, baintear úsáid as an gclár chun teacht i gcabhair ar an earnáil trí bheith ag cur deontais reatha ar fáil, go háirithe mar a bhaineann sé le ealaín na Gaeltachta. (ES8)

Luaigh cleachtóir amháin an luach a bhaineann le coimisiúin agus ionaid ealaíne i bhforbairt cleachtas forbartha ealaíontóirí.

> (...) Oileán Cléire, Áras Éanna in Inis Oírr, bíonn siadsan ag obair le healaíontóirí teangabhunaithe freisin a leithéid dhe Arts in Action, tá go leor rudaí le Gaillimh 2020 anois freisin i mbliana agus beidh legacy projects ag teacht amach as sin. (EE4)

Tá comhoibriú agus dea-chumarsáid idir eagrais áirithe (eagrais Bhéarla) agus a gcomheagrais i dTuaisceart na hÉireann.

> Mar ealaíontóir da mbeithfeá ag iarraidh camchuairt a dhéanamh sa Tuaisceart agus sa Deisceart go raibh tú in ann iarratas amháin a chur isteach anseo. Bheadh muidne ag breathnú air agus dhéanfadh muidne an obair go léir leis an Arts Council in Northern Ireland. (ES 10)

### Moltaí sonracha ó agallaithe/ó pháirtithe leasmhara

Moladh go mbeadh ionaid agus cleachtóirí ETB na Gaeilge páirteach i ngréasáin éagsúla:

> (...) na príomhghréasáin atá ann ná Strollers, nasc Nomad, Shortworks, Imeall, sin rud timpeall an M50 agus an chomhairle a bhí agamsa i gcónaí agus níor éirigh leis seo an méid sin ach d'éirigh leis maith go leor. Dúirt mé 'bíodh chuile dhuine ar chuile ghréasáin […] bíodh tú ar ghréasáin le haghaidh rud éicint.' Tá gréasán ann le haghaidh Trad. Tá gréasán ann le haghaidh drámaíocht bheag. Cén fáth nach mbeadh gréasán ann le haghaidh obair i nGaeilge. (ES10)

## Snáithe 8: An Óige agus Oideachas

### Tuiscintí

Ba dhíol spéise a laghad agus a tagraíodh do thábhacht 'guth na hóige' a thabhairt san áireamh i dtograí, cé gur croíluach de chuid chlár Éire Ildánach agus an rialtais trí chéile an bhéim seo.

### Dúshláin agus rioscaí

Tá easpa rialaithe i gceist ag leibhéal náisiúnta maidir le forbairt na nETB i measc an Óige ag gach leibhéal aoise.

Cé gur choimisiún eagras amharclannaíochta don óige saothar as Gaeilge, ní luaitear an Ghaeilge i mbunreacht an eagrais.

> And it's not in [ES9's] mission objects[?] either or in [their] Constitution. So when I say a role for Irish language is implied by [ES9.] being a national development organization in Ireland […].[neither] is there an explicit expression of commitment to developing [Irish language theatre], […] But it has not been committed to strategically. (ES9)

Tá tacaíocht curtha ar fáil ag an eargraíocht seo don Ghaeilge san aimsir chaite ach dar leo, gan tacaíocht teanga tá teorainn ag baint lenar féidir leo a dhéanamh do phobal na Gaeilge.

> [ES9) were funded by FnaG back in 2016 when [they] commissioned an Irish language play (...) that could be used in youth theatres, but [...] it was also available for youth then in schools as an Irish language play[…]. [..]. [in order to do this] (ES9) had to partner with an organisation who had Irish Language skills within their staff team. (ES9)

Thug eagras ealaíne atá lonnaithe sa Ghaeltacht le fios go mbíonn lámh ag foireann Ealaín na Gaeltachta le cúrsaí riaracháin níos mó ná mar atá in áisitheoireacht na n-ealaíon toisc go mbíonn cúram orthu maidir le healaíontóirí a fháil do ranganna srl. Áitíonn an t-eagras ealaíne go mbeadh Ealaín na Gaeltachta níos éifeachtaí dá mbeadh níos mó ama acu le díriú ar an áisitheoireacht. Tugadh le fios chomh maith go mbíonn easpa naisc idir Ealaín na Gaeltachta go minic leis an bpobal áitiúil i gcomparáid lena mbíonn ag eagrais eile.

> […], tá daoine fostaithe in EnaG faoi láthair le ranganna [ceoil] a eagrú i gConamara , is obair riarachán é sin , do dhream a dhéanamh é ar a son, agus go mbeadh an duine sin (in EnaG) saor leis an obair áisitheoireachta sin a dhéanamh. Nasc a dhéanamh idir an scoil seo agus , rudaí eile níos cruthaithe agus cúnamh a thabhairt do ealaíontóirí agus go nár leithéidí chomh maith maoiniú a fháil agus maoiniú a aithint , even rud chomh bunúsach le foirm a líonadh isteach , agus conas é a líonadh isteach i gceart. (EE3)

Tá easpa deiseanna ann a bheith páirteach sna hETB i scoileanna Béarla na tíre.

> Is dócha b'fhéidir an chomparáid idir scoileanna Gaeltachta, scoileanna Béarla agus scoileanna Gaeltachta, gur mó deiseanna a bheadh ag lucht na nGaelscoileanna ná mar a bheadh ag lucht na scoileanna Béarla. (ES10)

> […] níl Gaeilge ins na scoileanna go léir.  Sna Gaelscoileanna, tá obair an-mhaith ann […]. B'fhéidir go bhfuil an cúis, níl suim macánta ag na polaiteoirí san ealaín ná sa Ghaeilge. (C9)

Tá easpa deiseanna ag an tríú leibhéal le bheith páirteach in amharclannaíocht na Gaeilge toisc nach ann do Féile na gColáistí a thuilleadh.

> Níl Féile na gColáistí faoi choimirce an Chomhaltais Náisiúnta na drámaíochta ann a thuilleadh, ní dheintear drámaí Gaeilge [in NUIG]. Feictear dom go ndeintear roinnt i gCorcaigh, ní chloisim mórán ó UL nó ó Choláiste Mhuire gan Smál ach an oiread. (EE6)

**Deiseanna agus Dea-Chleachtas**

Tá treoir ar fáil maidir le slite le guth na hóige a thabhairt san áireamh

> So as you may be aware, there's a unit called Hub Na nÓg in the Department of Children whose only job it is is to help government departments consult children and young people appropriately so. Every creative associate (*in the Creative Schools scheme*) has been given training and every school consults widely (...) (ES1)

Thóg dhá eagras ceann den obair thábhachtach atá ar siúl ag Tuismitheoirí na Gaeltachta sa réimse seo.

> Is dóigh gur beidh an deis is fearr ná go dhaoine óga, agus iad ag freastal ar an scoil, an obair atá TnaG á dhéanamh. Tá obair an-mhaith á dhéanamh le gasúir bheaga chun é a chothú agus é a neartú tuile, ach tá sé ag brath ar thuismitheoirí a bheith gníomhach agus ag tabhairt na gasúir chomh fada leis an áit a mbíonn na ranganna. (ES3)

> Bunú Tuismitheoirí na Gaeltachta. Now, b'fhéidir nach bhfuil siad chomh iomlán láidir ach anseo i gConamara i láthair na huaire ach mar shampla, tá 'fhios agam go bhfuil siad ag fógairt poist […] i gCúige Mumhan agus ceantair eile. Agus má tugtar deis dóibh, má ligtear leo píosa, mar tá an creatlach agus an cur amach acu ar chúrsaí go breá ar fad, (EE2)

In Aibreán 2019, choimisiún TnaG scríbhneoir scripte, Darach Mac an Iomaire, chun dráma a scríobh do pháistí bunscoile ó cheantar Gaeltachta in Iarthar na tíre. Bhain costas €40,000 leis an gcoimisiúnú 'an dráma An Draoi Briste' agus ghlac timpeall 100 páiste ó Chonamara theas páirt sa tionscadal. Bhí comhmhaoiniú don tionscadal idir Foras na Gaeilge, Ealaín na Gaeltachta agus An Taibhdhearc. Dar le lucht eagraithe an tionscadail go mbaineann dúshlán le maoiniú mar seo a fháil. Ciallaíonn an dúshlán seo nach féidir a leithéid de thionscadal a dhéanamh ach gach 3 nó 4 bliana.

> [rinneadh TnaG] coimisiúnú ar dhráma nuascríofa Gaeilge, sé Darach a scríobh é, agus bhí sé ag rá gurb é an t-aon dráma Gaeilge a bhí ann don bhliain sin nó […] le dhá bhliain nó 3 bliana ag an am. Is dráma iomlán gairmiúil é, [fuaireadar] daoine isteach le haghaidh soilse a dhéanamh, [chuadar] isteach go dtí ceann de na monarchana thíos ar an gCeathrú Rua, cosúil le hAisling, [...] agus chosain sé €40,000 , agus bhí sé fíor dheacair go deo [...] airgead a fháilt lena aghaidh, [...] fuair [siad] airgead ó FnaG, agus, […] ar bhonn eisceachtúil, ó EnaG, […] fuair [siad] airgead ón Taibhdhearc, idir é sin agus […] táillí agus ticéid, d'éirigh [leo] an costas a sheasamh[…] bhí beagnach 100 gasúr páirteach ann. Ach

> chuaigh go leor leor oibre isteach ann agus ní fhéadfadh [siad] é a dhéanamh ach uair gach aon 3 nó 4 bliana. (ES4)

Tá pap/rac comhaimseartha á spreagadh trí chomórtais agus trí fhéilte; mar shampla comórtas Beo.

> Is fiú 'Beo' a luaigh fosta [...] is comórtas amhránaíochta comhaimseartha is dócha do dhaoine óga a reáchtálann [Foras na Gaeilge] achan bhliain agus cuireann [siad] infheistíocht measartha mór, airgead agus acmhainní daonna isteach ann [...] (ES2)

Tá sé soiléir go bhfuil tacaíocht á tabhairt ag féilte, comórtais agus comhlachtaí áitiúla ealaíne do na hETB i measc an óige. Is mór an tacaíocht a bhíonn ann sna ceardlanna a ritear mar chuid d'fhéilte agus de chomórtais.

> Tánn tú ag caint ar graffiti a bhíonn ag déanamh seóanna i nGaeilge, Fíbín, Branar, iliomad, is dócha, ceardlanna ag Oireachtas na Gaeilge ag you know, ceardlanna drámaíochta, ceardlanna do dhaoine óga ó thaobh tuismitheoirí na Gaeltachta de, Muintearas na daoine sin. Conas agallamh beirte a scríobh, conas bheith ag cur isteach ar na comórtais ag an Oireachtas agus iad ar fud fad na tíre. Agus is dócha, tá an méid sin ann do dhaoine óga (C6)

Freastalaíonn imeachtaí & ócáidí fhéile an Oireachtais ar raon ollmhór de phobal na Gaeilge & na Gaeltachta, ón ngasúr óg go dtí an té atá scothaosta, mar shampla: Imeachtaí don aos óg i bpáirt le Tuismitheoirí na Gaeltachta; Scléip na hÓige i bpáirt le Cumann na bhFiann agus na hÓgeagrais eile; Imeachtaí do na Mic Léinn 3ú leibhéal i bpáirt le hAontas na Mac Léinn in Éirinn agus leis na hollscoileanna éagsúla; (Oireachtas na Gaeilge Tuarascáil chuig Foras na Gaeilge)

> [GAA] Scór na bpáistí for schoolchildren. What I think the key there is that you only need one Irish teacher in each primary school and to create even if it isn't a competitive festival but it could be a taispeántas. (C9)

> Scéim Aisling Gheal i Múscraí, a chuireann deiseanna ar fáil do dhaoine óga leis na healaíona teangabhunaithe a shealbhú agus a chleachtadh agus, chomh maith leis sin, a chuireann cúrsaí oiliúna ar fáil le haghaidh teagascóirí na n-ealaíon teangabhunaithe. Ullmhaíonn na ranganna seo daoine óga le dul ar aghaidh agus a bheith rannpháirteach ag an leibhéal náisiúnta ag féile an Oireachtais. Club Óige Rann na Feirste áit a mbíonn cleachtóirí cumasacha amhail Bríd Ann Ní Bhaoill atá ag tabhairt traidisiún saibhir a ceantair agus a teaghlaigh féin ar aghaidh go dtí glún nua agus, ag an am céanna, ag ullmhú páistí le bheith rannpháirteach ag an leibhéal náisiúnta ag féile an Oireachtais; (aighneacht ag OnaG)

Fostaíonn An Taibhdhearc daoine proifisiúnta chun ceardlanna drámaíochta a thabhairt do dhaoine óga.

> So an rud atá déanta le roinnt blianta anuas sa Taibhdhearc ná go bhfuil beirt nó triúir ghairmeoir agus daoine óga ar fad ar an stáitse ina dteannta agus tá na páistí sin ag fáil na deise chéanna is a fuaireasa nuair a bhíos naoi mbliana d'aois, mar shampla, iad fhéin a bhisiú agus iad fhéin a fheabhsú agus muinín agus mar sin de. (EE6)

**Moltaí sonracha ó agallaithe/ó pháirtithe leasmhara**

Luadh gur chóir a chinntiú go leagtar béim ar ócáidí ealaíne taobh amuigh den chóras scoile. Luaigh faisnéiseoir EE3 go bhfuil tábhacht nach beag ag baint le ról na scoileanna i gcur chun cinn na n-ealaíon teangabhunaithe ach ní hionann sin is a rá gur cheart an bhéim agus an dualgas ar fad a leagadh ar na scoileanna.

> Tá an-chuid béim anois ar an rud a dhéanann scoileanna, agus tá sé sin iontach ach tá spás ann chomh maith don rud a tharlaíonn tar éis scoile mar is rud difriúil ar fad é. Tá perception ann má chuireann muid daoine isteach sna scoileanna tá an bosca sin ticeáilte, tá an SN ticeáilte, tá an damhsa ar an SN ticeáilte (EE3)

Luaigh agallaí gur chóir iniúchadh a dhéanamh ar an bhfreastal a dhéanann eagrais earnálacha don óige do phobal na Gaeilge agus do thionchar scéimeanna eagras Gaeilge ar an óige.

> B'fhiú breathnú ar stáitsí leithéidí na Scoileanna Ildánacha, Young Ensemble Schemes atá ag an CE, leithéidí Music Generation, Youth Theatre Ireland, atá ag feidhmiú ag leibhéal náisiúnta (…) Aithnítear na scéimeanna sin mar scéimeanna ar ardchaighdeán ealaíne, cá bhfuil an tacaíocht Gaeilge istigh sna scéimeanna sin? (…) tá EnaG agus Tuismitheoirí na Gaeltachta taobh istigh den Ghaeltacht ag cur borradh ar an óige, ach má bhreathnaíonn tú ar an scéim don óige atá ag an bhForas, b'fhiú breathnú ar Scéim Óige an Fhorais freisin, cén tionchar atá ag an scéim sin ó thaobh na healaíne agus an óige chomh maith. An bhfuil daoine ag cur isteach ar an scéim sin in ionad an Young Ensembles Scheme mar shampla? (ES5)

## Snáithe 9: An Pobal agus An Lucht Éisteachta

### Tuiscintí

Luadh an pobal/lucht éisteachta 54 uair le linn an taighde. Fágann seo gurb é seo ceann de na hábhair plé is mó tábhachta a d'eascair as an taighde.

Dúirt agallaí ó eagras stáit gurb é saibhreas a bhain le pobal ginte na n-ealaíon an ghné is láidre de na ETB.

> I would have thought the strength of the community that it comes from the long history and legacy that it has and what a reflection it is to be Irish. (ES1)

### Dúshláin agus rioscaí

Tugadh faoi deara go bhfuil easpa lucht éisteachta ann don amharclannaíocht thraidisiúnta. Toisc an costas a bhaineann le drámaí a chur ar siúl ní miste a chinntiú go mbíonn an t-éileamh ann ó thaobh an lucht éisteachta de. Luadh gur chóir a bheith gníomhach chun luchtanna éisteachta níos a aimsiú.

> Ach tá an rud céanna fíor faoin amharclann, ní féidir bheith ag súil go dtiocfadh daoine agus tá sé dúshlánach na suíocháin, 148 suíochán san áit a dhíol. So, caithfimid dul amach, anuraidh [rinneadh an Taibhdhearc] comóradh ar an gCéad Dáil an tráth seo an bhliain

> anuraidh agus [thugadar] isteach go ionad siopadóireachta é agus sheas 200 duine ag féachaint orainn. (EE6)
>
> Le linn na seachtóidí reáchtáltaí An Fhéile Náisiúnta Drámaíochta in Amharclann na Péacóige i mBaile Átha Cliath agus macasamhail Féile na nOllscoil, mhaireadh na féilte seo ar feadh seachtaine le drámaí fada agus gearrdhrámaí chuile oíche. Arís bhíodh an amharclann ag cur thar maoil ar feadh na seachtaine. (EE6)

Luadh go bhfuil gá le deiseanna eile taobh amuigh de chomórtais agus d'fhéilte.

> Maidir leis an Oireachtas, caithfidh mé a rá gur leasc liom dul i ngleic leis nó na freagraí a fháil ó na moltóirí ag rá nach bhfuil mé go maith. Ar bhealach, braithim nach mbaineann sé liom. Bhraith mé i gcónaí go raibh imeachtaí liteartha i gcónaí dírithe ar dhream agus ar aicme éagsúil agus nár bhain sé liom so ach ag an am céanna, ní bhím ag cur isteach ar an gcomórtas ach bím ag freastal ar an gcúirt filíochta ansin agus déanaim filíocht ann. (C7)

**Deiseanna agus Dea-Chleachtas**

Tá deiseanna ag baint le struchtúir an National Youth Theatre maidir le tacaíocht a thabhairt d'amharclannaíocht don Óige trí Ghaeilge ar bhonn réigiúnach agus náisiúnta, ach fáil a bheith ag an eagras ar thacaíochtaí teanga/nó d'fhéadfadh cur chuige an National Youth Theatre bheith ina eiseamláir do ghréasán Gaeilge.

> [The] National Youth Theatre. [ is a company of [16?] cast members from all the youth theatres. The festival then has overall 100 young people participate [...] [Youth Theatre Ire.] have 13 groups a year, [who] can participate in that. That's one of [Youth Theatre Ire.'s] projects. It is Dublin based but it's open to young people from all youth theatres. And it's actually one of the reasons [they] make a completely cost free. [...] when young people are here they travel up for a number of residentials throughout the year and then a big five week chunk in the summer. And all of the costs associated with that are covered. So that it doesn't preclude anybody from outside of Dublin; so it's a highly expensive, program as you can imagine, but it really is the only way to make it equitable on a geographic but on a social class basis as well. (ES9)

Tá mianach ag baint le tionscadal Scoileanna Cruthaitheacha de chuid Éire Ildánach maidir le rannpháirtíocht na hóige sna hETB a fhorbairt.

> So a large part of what the Creative Ireland program does. One of our five pillars is called Creative Youth. It's about enabling the creative potential of every child. […]Those activities encompass schools in areas too, most particularly Creative Schools and Creative Clusters. So there will be schools in Gaeltacht areas where they are a Creative School. They've been given a creative associate, obviously fluent in Irish, and that associate is there to help people come up with a creative plan for the school. Every single project […] involves the voice of the child, young person […]. (ES1).

D'fhéadfadh mianach a bheith sa tionscadal 'Poetry Aloud' maidir le deiseanna rannpháirtíochta a thabhairt do dhaltaí sa bhfilíocht labhartha.

> Poetry Aloud event throughout Ireland, giving young people the confidence to read and love poetry and recite it aloud. It strikes me as an obvious potential partner, and I've no

doubt that Máirín would be really interested in seeing, how Poetry Ireland might expand its work; [Creative Ire] are working with Fighting Words. […]. Now, to me, that's the kind of example what Fighting Words does is world class. There's absolutely no reason why [Fighting Words] can't be done in Gaeltacht [..] areas in non-Gaeltacht areas, through the medium of Irish. (ES1)

Luadh an mianach atá sna healaíona teangabhunaithe do nuachainteoirí a chothú agus a tharraingt isteach chuig pobal na Gaeilge. Bhraith rannpháirtí amháin go mbíonn drogall ar dhaoine nach mbraitheann go bhfuil bheith istigh acu i bpobal na Gaeilge a bheith páirteach ann. Luadh an tábhacht a bhaineann le háisitheoirí nach bhfuil cúlra Gaeltachta acu daoine nach de bhunadh na Gaeltachta iad a tharraingt chun na teanga agus chun na n-ealaíon cruthaitheach chomh maith.

Más mian leat a bheith i do cheannaire, bí i do droichead, b'shin nath cainte breatnaise a d'fhoghlaim mé an tseachtain seo chaite…seans nár tógadh le Gaeilge mise agus go dtuigeann daoine mo chúlra agus go bhfuil mé oscailte do dhaoine eile nár tógadh le Gaeilge agus daoine a bhíonn ag foghlaim na Gaeilge, go mbraitheann daoine áiteanna eile nach bhfuil fáilte rompu (C7).

Leagadh béim ar an tábhacht a bhaineann le cartlanna digiteacha do na hETB mar bhealach chun cleachtas ealaíona a fhorbairt agus i seachadh na healaíne. Luadh an tábhacht a bhaineann le seinnteoir TG4.

[…] tá liosta de na drámaí ar fad ó 1928 chomh fada le 2003 [ar fáil ar líne ar shuímh An Taibhdhearc] agus tádar ag obair ar an tréimhse ó 2003 ar aghaidh go dtí 2020. (EE6)

Tá duine in ann bheith in a shuí nó in a suí I Nua Eabhrac ag éisteacht le Corn Uí Riada nó le na hagallaimh beirte nó a leithéid sin nó is féidir liom leo dul chuig an Player agus é a fháil ar ais agus mar sin de. (EE2)

Tá féidearthachtaí nach bhfuilimid ag úsáid fós i nGaeilge, cé go bhfuil TG4 i bhfad chun cinn ó thaobh apps agus rudaí mar sin, Cúla 4 do dhaoine óga agus na players (C6)

Tugadh le fios go bhfuil féidearthacht ann go mbeadh diaspóra na hÉireann mar chuid de lucht éisteachta tábhachtach do na hETB. Luadh go bhfuil an Coimisiún ar Thodhchaí Chraolacháin Phoiblí sa tír ag féachaint ar dhiaspóra na hÉireann agus ar chainteoirí Gaeilge taobh amuigh den stát.

[…] an tOllamh Brian Mac Craith ceaptha an tseachtain seo caite agus tá coimisiúin le cur le chéile agus beidh orthu féachaint ar diaspóra na hÉireann agus cainteoirí Gaeilge atá lasmuigh den stáit mar go bhfuil borradh mór ansin. (EE6)

[…] thug aisteoirí an Spidéal Boicíní Bhóthar Kilburn go Boston i mbliana mar shampla, so tá cuid den sin ar siúl gur féidir na drámaí a thabhairt amach ag na pobail, diaspóra agus mar sin de (EE6)

[…], so tá diaspóra ins na hollscoileanna ach go háirithe ar fud na hEorpa; Lublin na Polainne, áiteanna sa Ghearmáin, agus ar fud Mheiriceá, tá sé sin anois aitheanta ag an

> Roinn, tá siad ag tabhairt roinnt cúnamh do ollscoileanna atá ag múineadh Gaeilge i Moscó agus in áiteanna eile. (EE6)

> Tá deis sa ghréasán de na fleadhanna próifíl idirnáisiúnta na n-ealaíona teangabhunaithe a ardú. […][CCÉ] have 44 Fleadhanna Ceoil ar fud an domhain. [They] have a total of 39 in Ireland, [they] have 5 in Britain and 2 in North America and [one] Féile in Japan. [They] have 450 seisiúin shows all over Ireland, we have numerous other activities and festivals and [they] also have classes and a whole range of activities, community voluntary-based (EE5)

Thug cuid de na páirithe leasmhara le fios nach gá d'imeachtaí ETB a bheith dírithe ar phobal na Gaeilge ná bunaithe ar ábhar ar cás le cainteoirí Gaeilge é. Léiríonn seo an tionchar a bhíonn ag na hETB ar phróiseas normalaithe na teanga sa tsochaí. Luadh an gá a bhaineann le cur chuige dhátheangach nó iltheangach a chur i bhfeidhm.

> […] níl sé tábhachtach go mbeadh an rud saghas atá cruthúlach agus nua agus i nGaeilge curtha i láthair ós comhar pobal tríd an Ghaeilge go hiomlán so tá difear ansin ó thaobh saghais an nasc a dhéanamh le daoine, is cuma liom faoi shaghas caint agus an communication sin a dhéanamh ar an bhealach is fusa ach […] nuair atá tú ag cur an ealaín i láthair, is an ealaín atá tábhachtach féin. [C4]

> Tá samplaí ann […]  ina bhfuil na healaíona Gaeilge curtha ar an stáitse taobh le taobh ealaíne i mBéarla, nó teangacha eile, nó gan teanga, just mar ghnáth chuid den chlár agus an saghas lárú san is féidir é a dhéanamh agus is féidir leis a bheith iontach éifeachtach ó thaobh fás na teangan chomh maith le fás na n-ealaíon, agus teacht ar lucht éisteachta níos mó. […] tá an baol ann go mbíonn dearcadh cúng ann i saol an Bhéarla, go gceaptar gurb iad na healaíona traidisiúnta amháin atá i gceist, agus uaireanta, ní i gcónaí, bíonn ceist ó ní linne iad seo, muna bhfuil Gaelainn againn ní linne iad. (ES5)

Léiríonn figiúir lucht éisteachta ag Oireachtas na Gaeilge ón mbliain 2019 go gcuimsíonn an lucht éisteachta daoine ó Éirinn agus ó thaobh amuigh den tír.

> 9,000+ Duine a thug cuairt ar an bhféile. 711 Iomaitheoir a bhí rannpháirteach sna comórtais ardáin (comórtais teangabhunaithe ar fad seachas an damhsa ar an sean-nós) *510 Iomaitheoir faoi 18 bliain d'aois *201 Iomaitheoir os cionn 18 bliain d'aois. 46 Taispeántóir seastán ag Aonach an Oireachtais. 4 Craoltóirí náisiúnta + 2 Raidió Pobail a rinne craoladh beo ón bhféile. Craoladh 6 chlár teilifíse, 9 beo-sruthú ar líne agus 21 clár raidió beo ón bhféile. Rinne taifeadadh ar an iliomad cláir eile le craoladh tar éis na féile. 41 Eagraíocht/institiúid/comhlacht a d'eagraigh imeacht nó ócáid i bpáirt leis An Oireachtas le linn na féile. 120 Oibrí Deonach a thug a gcuid ama go fial, flaithiúil, le cuidiú le deáreáchtáil imeachtaí, ticéid & cláir a dhíol, iomaitheoirí a mhaoirsiú, comórtais a láithriú agus doirseoireacht a dhéanamh. 21 Ócáid a bhí dírithe go sonrach ar ghréasánaíocht sna réimsí éagsúla, ina measc, Lucht Gnó, Na Meáin Chumarsáide, Taibhealaíontóirí na Gaeilge, Scríbhneoirí Gaeilge & Lucht Léitheoireachta agus Lucht Aclaíochta (Oireachtas na Gaeilge aighneacht)

Bíonn tionchar ag féilte, clubanna agus scéimeanna leanúnacha i mealladh an lucht éisteachta chun na hETB.

> Tá daoine tar éis teacht go Reic de gach aois, de gach aicme, daoine ón nGaeltacht, daoine ó Bhaile Átha Cliath ach ceapaim go bhfuil sé oscailte do dhaoine níos uirbí agus níos óige (C6)

Léiríodh go bhfuil diminsean uile-Éireann i gceist le cuid de na heagrais ealaíona agus go bhfuil mianach ann go rachadh sé chun leas na n-ealaíon teangabhunaithe.

> […] gur shocraigh [ an Comhairle Ealaín] seirbhís níos fearr a thabhairt do dhaoine i dtreo go mbeadh daoine in ann dhul ar chamchuairt ó dheas agus go dtí an Tuaisceart chomh maith agus nach raibh orthu, agus is sampla maith den chaoi gur féidir oibriú le chéile. (ES10)

> [The] annual Youth Theatre Symposium that happens in November, for the last number of years have been delivered on an All-Ireland basis. (ES9)

> From the beginning, […] Storytellers of Ireland has been an all island movement, […] From the beginning, very interestingly, the storytelling movement in Northern Ireland was cross community. (C5)

Tógadh ceann den fhás atá tagtha ar chleachtadh na nETB taobh amuigh den Ghaeltacht.

> Tá roinnt samplaí ann faoi láthair, […] maidir le healaíontóirí atá ag teacht chun cinn […] ó thaobh amuigh den Ghaeltacht, […]. Tá leithid Zoe Ní Ríordáin atá ag obair i réimse an cheoil agus i réimse na hamharclannaíochta agus atá ag cumadh ceol dráma trí Ghaeilge. Is as BÁC [de] d'fhreastail sí ar Ghaelscoil agus is ealaíontóir í le track record an-mhaith í. […] agus leithid Ruaidhrí Ó Donnabháin ar Oileán Chléire. (ES5)

### Moltaí sonracha ó agallaithe/ó pháirtithe leasmhara

Mhol eagras stáit amháin gur chóir d'ionaid éagsúla gréasánú a dhéanamh le chéile (ES10).

Moladh go ndéanfaí for-rochtain níos leithne le réimsí eile pobail agus ealaíne taobh amuigh de phobal cumarsáide na Gaeilge féin. Luadh nár ghá go mbeadh na healaíona teangabhunaithe na Gaeilge i gcónaí dírithe ar theanga na Gaeilge amháin.

> Yeah, well I think accessibility to start off with, inclusion and keep things, kind of, broad and easy for people to access and often I think even the label, like, we're talking about language based arts, but like, can't that just be arts and it doesn't have to have an Irish language element. Some of them will have German or French influences, you know, it's probably the labelling I think that maybe needed to be looked at. (ES7)

## Snáithe 10: Teicneolaíocht

### Tuiscintí

Luaigh 12 de na 31 faisnéiseoirí gur áis í an teicneolaíocht a chabhróidh le forbairt na hearnála.

> So, le broadband, le rudaí mar sin, leis an leathanbhanda go bhfuilimid in ann daoine a cheangail níos fearr agus níos mó le chéile agus a bheith ag teacht le chéile le residencies nó cibé rud anuas ar sin. (C6)

> The World Storytelling day is on the 20th of March last. And [they] had a zoom session, virtual storytelling session with storytellers from different parts of the world, sharing stories that way- it was organized by a storyteller from Cork and it went on for five and a half hours (C5)

### Dúshláin agus rioscaí

Dúshlán a bhaineann leis an teicneolaíocht a bheith mar ardán leanúnach do na healaíona teangabhunaithe ná an easpa fáil a bhíonn ag daoine áirithe d'aosraon áirithe agus i gceantair áirithe ar leathanbhanda d'ardchaighdeán – má bhíonn ceangal láidir a dhóthain in aon chor.

Luaigh eagraíocht amháin go bhfuil hub na teicneolaíochta sa Ghaeilge lárnaithe go léir timpeall na Gaillimhe agus ceantar Chonamara.

> An rud céanna maidir le cúrsaí teicneolaíochta, sé Conamara an hub is mó , taobh amuigh de BÁC é, tá TG4 , RnaG , tá na comhlachtaí léiriúchán teilifíse . Tá na rudaí teicniúla seo ar fad ach níl siad [...] níl aon tionchar acu ar an bpobal ar leibhéal na teicneolaíochta, tá ó thaobh na meáin agus mar sin (EE3).

### Deiseanna agus Dea-Chleachtas

Tá feidhm ag an teicneolaíocht chun rochtain níos leithne a chinntiú do dhaoine ar na hETB

> D'úsáid siad [fotheidil] nuair a bhí an dráma Aisling ar siúl san Olympia anseo agus chuaigh sé sin síos go maith le daoine abair nár raibh an Ghaeilge ar a dtoil acu […](ES2)

> Rud eile atá an-tábhachtach dúinn ná go bhfuil na focail le feiceáil ar an scáileán go minic. Tá daoine ann agus nach bhfuil b'fhéidir Gaeilge líofa acu agus go mbíonn na focail ar an scáileán ina gcuidiú don lucht féachana go minic. (C8)

> Ní raibh mé ar an gcomórtas deireanach slamfhilíochta ach an buaiteoir, dhein sé físeán le Molscéal faoin dán leis an Daingean agus an meabhairshláinte. Bhí mé in ann é a fheiceáil agus taitneamh a bhaint as. Bíonn treocht nó go bhféachtar ar rudaí go bhfuil siad cool. Nuair a fheiceann tú na dánta a rinne Nós freisin, dán ann ag Daire Ní Chanáin agus cineál go gcuirtear físeán leis na focail. Neartaíonn sin na focail. Cuireann sé sin leis (C1)

D'fhéadfadh na healaíona teangabhunaithe a bheith mar 'dhoras isteach' don teanga.

> Ar bhealach, is saghas dorais isteach do dhaoine é mar bíonn sé ag léiriú téama […] leathan agus bíonn sé ar fad le liricí i nGaeilge […]. Is doras isteach sa chultúr do dhaoine agus ní fiú daoine in Éirinn ach thar lear ar gach aird den domhan. (C4).

> […] ónár taithí, an rud atá éifeachtach sa réimse seo, ná go mbeadh na healaíona chun tosaigh, agus an teanga ag teacht isteach leis sin, is as sin a fhorbrófar ealaíontóirí a bheidh saibhir i saol na teanga, a bheidh éifeachtach i saol na teanga, a bheidh éifeachtach i gcultúr na teanga, agus a bheidh ag cur leis an gcultúr. (ES5)

> Is dóigh liom an rud a thug mise faoi deara ná an méid sin daoine nach bhfuil an Ghaeilge chomh líofa sin acu a chur an-spéis ar amhránaíocht den sean-nós agus an scéalaíocht i

nGaeilge. I mo cheantar fhéin […], ní ceann sa Ghaeltacht é ach an méid daoine a bhíonn ag éisteacht leis na hamhráin, na seisiúin agus an méid suime atá acu. (ES2)

Bíonn na céadta ag an Oireachtas, nach bhfuil an Ghaeilge acu. (EE2)

Chonaic mé, abair, […] Ré Mac Mánus, gabh mo leithscéal, agus Joe Ó Domhnaill, agallamh beirte nó lúibín [..] in Albain […] agus go deimhin [i] Milwaukee nó na háiteanna seo. Agus, déanann siad an rud i nGaeilge ach cuirfidh siad véarsa, tríú nó ceathrú véarsa i mBéarla. Ní aistrigh siad an rud ar fad ach thug sé sin blas don lucht féachana, bhíodar in ann an rud a leanúint píosa beag. (EE2)

Cuireann an teicneolaíocht deiseanna ar fáil teacht ar lucht éisteachta nua/níos fairsinge. Baintear leas as Facebook live agus ardáin líne eile chun ardán a thabhairt do na hETB.

Tá an pobal ag méadú i gCúil Aodha i gcónaí, idir óg agus aosta. Cur i gcás, i láthair na huaire anois táimid ag craoladh ar an Aghaidh ar Líne, nó Facebook le trí seachtain nó mí toisc an víreas, agus roinnte againn le Raidió na Gaeltachta chomh maith i mbliana. Agus 16 míle duine a bhí ag féachaint ar an Domhnach Lá le Pádraig. 6000 míle duine nó rud éigin a d'fhéach air an Domhnach seo imithe. (C2)

### Moltaí sonracha ó agallaithe/ó pháirtithe leasmhara

Luaigh eagras stáit go bhfuil an riosca ann b'fhéidir nach bhfuil a dhóthain béime ar an gcartlannú i réimsí ealaíne áirithe agus tá ról ag an teicneolaíocht anseo i gcaomhnú na hoidhreachta. Moladh go ndéanfar forbairt ar na cartlanna digiteacha agus ar an gcaomhnú i gcás oidhreacht na n-ealaíon béil.

Cé go bhfuil sé thar a bheith tábhachtach féachaint chun tosaigh, agus ealaín chomhaimsire a fhorbairt, ag an am céanna tá sé tábhachtach nach gcaillfeadh muid an oidhreacht cultúrtha atá againn, agus go ndéanfar infheistiú i gcartlannú agus go mbeadh deiseanna a bheith ann idir plé a bheith ann idir ábhar cartlannaíocht agus ábhar oidhreachta agus ealaíontóirí comhaimsire nuair gur ábhar suime dóibh mar chruthaitheoirí (ES5)

## Snáithe 11: Tionchar na nEalaíon Teangabhunaithe ar an tSochaí

### Tuiscintí

Braitheadh go raibh tábhacht le ETB mar chuid de chultúr ilchultúrtha Éireannach:

I mean that if we are to have a rich and diverse contemporary Irish culture, it must include Irish language arts. It's an integral part of an increasingly multilingual and multicultural society. (TB)

Tugadh le fios go bhfuil ról ag an drámaíocht i gcothú cinnirí.

(..)tá na ceannairí ar phobal ar fad a tháinig ó Ghaeltacht Chiarraí tar éis teacht tríd an drámaíocht agus an stáitse. Má imíonn sé sin, bhuel, beidh meath i bhfad níos tapúla ar an nGaeltacht ó dheas i mo thuairim. (EE6)

> (…) Is dóigh liom go mbaineann sé leis an ábhar muiníne a thugann sé, an ábhar cur i láthair, an cumas urlabhra (X3) tá na cainteoirí is fearr tar éis teacht ón stáitse, tá siad ábalta seasamh suas, pointe a dhéanamh (…) (EE6)

### Dúshláin agus rioscaí

Níor tharraing aon agallaí anuas polasaithe iomchuimsithe, freagrachtaí a bhain le ceisteanna míchumas, deiseanna a bhain le hearnáil na sláinte nó níor luaigh aon eagras an gá le ETB a chur chun cinn i measc pobal nua Éireannach. Bhí claonadh láidir ag freagróirí in eagrais Ghaeilge cuimhneamh ar shaol na Gaeilge mar chomhthéacs dá nealaíon féin, agus cuimhneamh ar phobal na Gaeilge amháin mar phobal éisteachta/rannpháirtíochta.

### Deiseanna agus Dea-Chleachtas

Chreid gach duine a cuireadh faoi agallamh go bhfuil tionchar sóisialta dearfach ag na hETB (luadh úsáid teanga, forbairt phearsanta agus cruthú/forbairt pobail).

> At its very simplest and the well-being of the people living in Ireland is our greatest asset. So any creative expression of that culture contributes to national wellbeing (ES1).

> Tacaíonn na healaíona le: Forbairt pobail, mórtas pobail, mórtas sa gcultúr, forbairt an duine óg, féinmhuinín, daoine a dhéanamh fiosrach, scileanna inaistrithe, scileanna idirphearsanta, cumas litríochta, na scileanna ealaíne fhéin. (ES4)

> Ach sin ráite, tá na healaíona ina gcáil féin rí-thábhachtach i dtaca le cáilíocht saoil an duine in iliomad slite, ina measc: i) féiniúlacht a láidriú; ii) dearcthaí, mothúcháin agus eispéireas a spreagadh agus a chur in iúl; agus iii) stair, saineolas agus luachanna &rl. a tharchur (EE4)

Tarraingíodh aird ar bhéim an chláir Éire Ildánach ar fholláine agus iomchuimsiú:

> (...) Creative Ireland, the Creative Ireland program is not an arts program. It's a wellbeing program in which we use arts, but we also use creativity in a much broader sense. We do huge amounts of things around rural isolation, around everything from dementia choirs and intergenerational choirs (ES1)

### Nóta faoi théamaí eile a tháinig chun cinn ag an deasc eolais ag Oireachtas na Samhna

Agus an fhoireann taighde ar fáil le labhairt leis an bpobal ag Oireachtas na Samhna, labhair tuismitheoir amháin a raibh leanbh le riachtanais speisialta aici mar gheall ar a drochthaithí féin le hearnáil na Gaeilge trí chéile agus le himeachtaí ealaíne a ritheadh trí Ghaeilge. Bhraith an tuismitheoir go láidir nár chuimhnigh eagrais Ghaeilge riamh ar

cheisteanna iomchuimsithe níos leithne, mar go raibh siad féin imeallaithe ar bhonn teanga.

Bhraith beirt chuairteoir ag an deasc gur chóir tuiscint níos leithne a bheith ann maidir le réimsí ETB agus gur chóir seónna grinn, seónna sorcais agus cleachtais ar bhain gné láidir teanga leo (Yóga le scéalaíocht) a thabhairt san áireamh.

Thagair cuairteoir amháin ag an deasc do na ceangail áirithe ar leith idir Albain agus Éire, agus mhol go mbeadh níos mó comhpháirtíochta ar siúl maidir le ETB.

Thug ionadaí ón bPríomhioifig Staidrimh le fios gurbh fhiú d’eagrais Ghaeilge tarraingt ar bhunachar na hoifige sin agus pleanáil á déanamh.

# Mír 9: Plé agus Impleachtaí

## 9.1 Comhthéacsanna ag claochlú

Ghin an forléargas ar an litríocht a bhain leis na hEalaíona Teangabhunaithe agus an forléargas comhthreomhar ar an tírdreach straitéiseach agus eagraíochtúil eolas luachmhar. Baineann an t-eolas seo leis na struchtúir, na cleachtais, na comhthéacsanna agus na tuiscintí a bhaineann leis an réimse seo de na healaíona agus de shaol na Gaeilge. Pléitear go hachomair anseo thíos ar bhonn níos iomláine agus níos comhtháite cuid de na téamaí is mó a tháinig chun cinn sa bhforléargas sin agus i dtorthaí an taighde agallamh/ceistneoirí. Déantar tagairt do na mórdhúshláin agus na rioscaí, mar aon leis na deiseanna a bhaineann le réimse ETB na Gaeilge.

Léiríonn an t-athrú sa téarmaíocht - ó litríocht bhéil go hEalaíona Teangabhunaithe go bhfuil béim níos mó ar thaibhléiriú agus ar chleachtas anois ag eagrais. Níl an t-athrú béime seo le sonrú i gcuid den soláthar oideachasúil, go háirithe ag an triú leibhéal.

Cé go leagtar luach fós ar na healaíona seo ina gcáilíocht mar chuid d'oidhreacht fhéiniúlacht shainiúil na tíre tá an t-iliomad comhthéacsanna eile ar fáil dóibh sa lá atá inniu ann (saol ilchultúrtha faoi réir ag claonta domhandaithe, tuiscintí ar thábhacht agus ar thionchar na cruthaitheachta, tuiscintí ar thionchar na nealaíon ar fhorbairt phearsanta, ar an eacnamaíocht agus ar chomhthathú pobal, tuiscintí ar an bhforbairt ghairmiúi, folláine agus tábhacht na cruthaitheachta mar réimse ar leith). Níl na struchtúir eagraíochtúla ar fad ag teacht leis na tuiscintí níos leithne seo, áfach, mar a chífear sa mhír thíos.

Aithníonn an litríocht idirnáisiúnta gur mar chuid de phróiseas idirchumarsáide agus idirghníomhaithe daonna a théann an gníomh cruthaitheach i bhfeidhm ar an duine aonair agus ar an bpobal. Bíonn tionchar ilréimseach ag na healaíona agus ag an gcruthaitheacht; gné nach n-aithnítear go sainiúil i gcónaí ag eagrais. Tá claonadh ag roinnt eagras Gaeilge agus ag roinnt cleachtóirí cloí le léamha teoranta ar na healaíona béil mar chomhartha féiniúlachta amháin nó mar 'oidhreacht le seachadadh' amháin. Fágann seo go mbíonn deiseanna gan tapú agus teora á cur le feidhm ealaíon áirithe i gcomhthéacsanna áirithe. Tagann an bhéim mhalartach seo ag teacht salach ar pholasaithe agus ar bheartais éagsúla stát na hÉireann.

*Sampla:* Leagann comórtais Oireachtas na Gaeilge agus bileoga marcála Comhaltas Ceoltóirí Éireann luach ar an scéalaíocht ar bhonn teanga nó oidhreachta Gaelaí go príomha. Ní miste a aithint go gcuirtear deiseanna láithrithe scéalta ar fáil chomh maith ag féilte nó ceolchoirmeacha a eagraíonn an dá eagraíocht. Dírítear ar ábhar a sheachadadh do dhaoine óga go háirithe. Tá roinnt cleachtóirí Gaeilge cláraithe le gréasán Aos Scéal Éireann/Storytellers of Ireland agus is mó an bhéim atá ag an ngréasán seo ar ghné shóisialta agus tionchar sóisialta na healaíne agus ar chleachtadh na scéalaíochta mar ealaíon uilíoch.

### 9.2 An Phleanáil Teanga agus na hEalaíona Teangabhunaithe

Aithníonn an Plean Gníomhaíochta don Ghaeilge (2018-2022) na healaíona cruthaitheacha mar ghnéithe lárnacha den bpróiséas pleanála teanga sa Ghaeltacht. Aithníonn an tuarascáil 'Na hEalaíona - Ní Cuma leo' (2019) chomh maith go bhfuil ealaíona na Gaeilge ina ndlúthchuid den phleanáil teanga (An Comhchoiste um Cultúr, Oidhreacht agus Gaeltacht 2019: 45). Aithnítear sa Phlean Gníomhaíochta don Ghaeilge (2018 - 2022) go ndéanfar straitéis 'chomhtháite' ealaíne a chur chun cinn a bheidh *'dírithe ar chomhordú agus chomhoibriú níos fearr a chinntiú i bhforbairt na nealaíon Gaeltachta agus Gaeilge'* (An Roinn Cultúir Oidhreachta agus Gaeltachta 2018: 70). Tugann an Plean Gníomhaíochta faoi nasc sonrach a chruthú idir cothú na n-ealaíon, an próiséas pleanála teanga sa Ghaeltachta agus an Polasaí don Oideachas Gaeltachta (2017 – 2022). Béim úrnua is ea é seo maidir leis na healaíona agus an teanga trí chéile, agus fágann sé go maítear go bhfuil tiomantas ar bhonn rialtais do chomhoibriú idir an dá earnáil seo. Léirigh torthaí na gceistneoirí gur fearann fíorláidir Gaeilge iad na healaíona teangabhunaithe, agus i bhfianaise na dúshláin a bhíonn roimh chéatadán ard de dhaoine le cumas labhartha Gaeilge deiseanna úsáidte Gaeilge a aimsiú, is léir go bhféádfadh feidhm bhreise ag na ETB mar fhearann teanga, ach níos mó deiseanna rannpháirtíochta a chruthú.

### 9.3 Athruithe sa Tírdhreach Straitéiseach

Tá an tírdreach straitéiseach agus fás na 'dtionscal cruthaitheach' tar éis na fearainn agus na comhthéacsanna a bhaineann leis na hEalaíona Teangabhunaithe a athrú as cuimse chomh maith. Le blianta beaga anuas tá aitheantas as an nua tugtha do thábhacht na n-ealaíon ar bhonn iomlánaíoch i mbeartais éagsúla rialtais anseo in Éirinn (Tionscadal Éireann 2040, Cultúr 2025: Creatbheartas Náisiúnta Cultúir: Cultúr 2025 (Rialtas na

hÉireann 2020), An Plean Gníomhaíochta don Ghaeilge (2018 – 2022), Fíorú Acmhainneacht na Tuaithe: Plean Gníomhaíochta d'Fhorbairt Tuaithe (Rialtas na hÉireann 2017). Tá impeachtaí - agus deiseanna- ag baint leis na comhthéacsanna nua straitéise seo go léir do chleachtóirí, do lucht éisteachta agus d'eagrais i ngort na nEalaíon Teangbhunaithe.

Le pictiúr cruinn a fháil den chomhthéacs lena mbaineann siad, is gá ealaíona béil na Gaeilge a lonnú i gcomhthéacs na n-ealaíon trí chéile. Tá tábhacht sheachchultúrtha ag na healaíona chomh maith; imríonn a gcleachtadh agus a gcothú tionchar dearfach ar fhorbairt eacnamaíochta, shóisialta agus chultúrtha. Aithnítear an tionchar níos leithne seo i bpríomhbheartais móreagraíochtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta mar Unesco agus Creative Europe (Unesco 2005: 1-4, An tAontas Eorpach 2019). Anuas ar seo aitnítear tábhacht na nealaíon sa réimse Ealaíona agus Sláinte.

*Sampla: Tá cleachtóirí Gaeilge áirithe ag feidhmiú cheana sa réimse Ealaíona agus Sláinte ach tá deiseanna gan tapú toisc nach bhfuil béim lárnach leanúnach ag eagraíochtaí Gaeilge ar fhéidearthachtaí agus tábhacht an réimse seo.*

### 9.4 An Chomhpháirtíocht: Tírdhreach Sainiúil na nEagras

Tá ceangail ag Ealaíona Teangabhunaithe na Gaeilge ar fad le cultúr agus le pobal na Gaeilge agus le hearnáil eagraíochtúil agus tírdhreach straitéiseach na Gaeilge. Ina gcáilíocht mar réimsi ealaíne (amhránaíocht, drámaíocht, scéalaíocht, filíocht labhartha) tá ceangail agus naisc iomadúla ag na hEalaíona Teangabhunaithe chomh maith le cultúir agus pobail eile, agus le heagrais agus straitéisí taobh amuigh de shaol na Gaeilge. Anuas ar seo, tá impleachtaí ag tuiscintí ar cad is pobal na nEalaíon Teangabhunaithe Gaeilge ann do chleachtóirí, eagrais agus lucht éisteachta. Molann tuarascálacha agus beartais éagsúla breis comhpháirtíochta idir eagrais ealaíona agus eagrais Ghaeilge. Tá an chomhpháirtíocht aitheanta mar ghné thábhachtach de Phlean Straitéiseach na Comhairle Ealaíne 'Making Great Art Work' (2020 – 2022). Tá an chomhpháirtíocht de dhlúth agus d'inneach Chlár Éire Ildánach chomh maith agus leagtar béim ar chur chuige pairtnéireachta, agus do chur chun cinn na cruthaitheachta i bpáirt le ranna rialtais éagsúla, le páirtnéirí straitéiseacha agus leis na comhairlí contae mar chuid de spriocanna Tionscadail Éireann 2040: *'Creative Ireland will bring an enhanced level of coordination, focus and leadership to existing policies and initiatives across national and local government'* (Éire Ildánach 2018a: 14).

Cé go bhfuil comhardú mar sprioc threorach 'Éire Ildánach (2018 - 2022)' tá tírdhreach neamhspleách ar leith ag eagrais Ghaeilge a bhaineann leis na healaíona teangabhunaithe agus tá impleachtaí móra ag leanúint an deighilt idir eagrais Ghaeilge agus eagrais earnálacha. De réir Acht na nEalaíon ba chóir do scéimeanna státurraithe bheith ag teacht le polasaithe Stáit. Is léir, áfach, ón ransú litríochta agus ó thorthaí na n-agallamh go bhfuil scéimeanna/eagrais áirithe á maoiniú ag eagrais teanga (agus ag eagrais ealaíona Gaeilge) nach bhfuil ag teacht le béimeanna Stáit do na healaíona (nó le dea-chleachtas a luaitear i gcaipéisíocht eagras earnálacha) agus is léir ó chaipéisíocht eagras áirithe a bhaineann leis na hEalaíona Teangabhunaithe nach bhfuil polasaithe stáit áirithe (a bhaineann le hiomchuimsiú, mar shampla, nó le guth na hóige) a bheith lárnach i dtograí mar bhunchloch ina gcuid cleachtas. Tá baic thromchúiseacha ann chomh maith, mar nach bhfuil pobal na Gaeilge nó riachtanas chleachtóirí agus phobal na Gaeilge á dtabhairt san áireamh ag eagrais stáit agus ag scéimeanna náisiúnta áirithe. Níl dualgas reachtúil maidir le soláthar don teanga á chomhlíonadh sa chás seo i gcinntí structúrtha agus dáileadh freagrachtaí a dhéanann eagrais/cláir Stáit. Toisc neamhspleáchas na Comhairle Ealaíne ón rialtas, ní bhraitear go mbaineann maoirseacht ar eagrais a bheith ag cloí le dualgais teanga lena ról. Ar an lámh eile, is beag cumarsáid a bhíonn ag eagrais teanga a d'fhéadfadh ról a bheith acu maidir le treoir a thabhairt d'eagrais faoi fhreagrachtaí teanga le heagrais 'Bhéarla'.

Cé go dtarlaíonn roinnt comhoibrithe idir na heagrais stát éagsúla a bhfuil dualgas rialachais nó freagracht orthu do na hETB, is léir ón na sonraí taighde gur ar bhonn neamhoifigiúil ad hoc a tharlaíonn sé seo go minic. Léirigh formhór na n-eagras stát a ghlac páirt sa togra seo, nach bhfuil polasaí oifigiúil comhoibrithe ar bith acu. D'admhaigh ionadaithe ó na heagrais stát seo, idir eagrais náisiúnta, uile-oileáin, agus áitiúla, nach bhfuil comhoibriú idireagraíochtúil sásúil faoi láthair. I gcásanna áirithe bhí láneaspa cumarsáide ann agus ní raibh croí-eagraíochtaí ETB agus croí-eagraíochtaí earnálacha ar an eolas faoina chéile. Thaispeáin na hagallaimh go bhfuil iarrachtaí tosaigh déanta ag eagraíochtaí áirithe le linn saolré an taighde féin tús a chur le comhrá earnálach, ach go bhfuil sé seo ag tarlú ar bhonn ad hoc, agus gur ionadaithe le Gaeilge seachas saineolaithe i réimsí ealaíne a bhíonn i gceist uaireanta. Léiríonn na torthaí cainníochtúla go bhfuil eagraíochtaí breá sásta dul i gcomhpháirtíocht lena chéile.

Shoiléirigh an taighde fáthanna struchtúrtha eile a bhaneann le heaspa comhibrithe/gréasánaithe/easpa plé easgras Gaeilge le príomheagraíochtaí earnálacha. Le cleachtóirí gairmiúla amháin a bhíonn an Chomhairle Ealaíon ag plé, san áit go léiríonn an suirbhé agus an ransú litríochta gur cleachtóirí amaitéaracha is mó a bhíonn ag plé le ETB na Gaeilge. I gcásanna eile, is í rannán na Gaeilge sa Roinn Cultúir, OIdhreachta agus Gaeltachta a bhíonn ag plé le maoiniú eagras cultúrtha Gaeilge agus fágann san go bpléitear leis na heagrais sin i gcomhthéacs Gaeilge, seachas comhthéacs ealaíne.

Tugann na torthaí taighde le fios go measann cuid de na páirtithe leasmhara le fios gurb iad an dá chúis is mó leis an easpa comhoibrithe idireagraíochtúla seo ná easpa maoinithe agus easpaí maidir le hacmhainní teanga. Léirigh an taighde, áfach, gur mhinic 'nár rith' sé le heagraíocht beart a dhéanamh maidir lena ndualgas teanga agus is léir go bhfuil easpaí ann maidir le tacú le heagrais a ndualgais a thuiscint agus a chomhlíonadh. Léiríonn na torthaí cainníochtúla go dteastaíonn treoir ó eagraíochtaí faoin mbealach is fearr chun na hETB a chur chun cinn. Thug freagróirí eile (agus an ransú litríochta) le fios go bhfuil cuid de na fadhbanna freastail seo bainteach le cúrsaí rialachais agus le réimsí freagrachta agus conairí cumarsáide agus maoinithe.

Tá ionad fíorimeallach ag ETB na Gaeilge ar churaclaim scoile agus ar chláir oideachais múinteoirí. Níl aon ionad ag ETB na Gaeilge sa chlár Aistear don earnáil réamhscoile agus is beag ionad atá acu ar chláir oiliúna oideachasóirí sa réimse réamhscoile, taobh amuigh de chóras na Naíonraí. Ní luaitear an Ghaeilge féin mar chroíchuid de chlár Aistear. Tá seans go mbaineann cuid den neamhaird seo le freagracht a bheith leagtha ar an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige don earnáil réamhscoile, agus neamhshuim eagras Gaeilge i gceisteanna rochtana agus ionchuimsithe go ginearálta.

Is léir go bhfuil deis ann na hETB a chur chun cinn ar leibhéal, áitiúil, uile-oileáin, agus go hidirnáisiúnta, trí chomhpháirtíochtaí idir eagrais stát a bhfuil plé acu leis an nGaeilge, go príomha, eagrais ealaíne le hachainní Gaeilge agus eagrais stát a bhfuil plé acu leis na healaíona go príomha nó mar chuid dá gcúram níos leithne.

Tá sé soiléir go bhfuil gá le comhpháirtíocht éigin idir rannóg Stát éigin, a bhfuil freagracht na Gaeilge faoina gcúram, agus eagrais ealaíon, leithéd an Chomhairle Ealaíon. Is comhpháirtíocht idir An Chomhairle Ealaíon agus Údarás na Gaeltachta é Ealaín na Gaeltachta, atá ag feidhmiú ó 1997; rud a léiríonn gur féidir borradh a bheith faoi

chomhpháirtíocht den chineál seo. Faoi láthair tá freagracht maoinithe na hETB ag titim go príomha ar ranna stát a bhfuil freagracht na Gaeilge agus na Gaeltachta orthu.

Thug an ransú litríochta agus polasaithe agus faisnéis na rannpháirtithe araon le fios go bhfuil easpa pleanála stratéise i gceist ag tromlach na n-eagras a bhfuil feidhm ar leith acu maidir le healaíona teangabhunaithe na Gaeilge. Is minic a thagann a gcuid aidhmeanna, cleachtas agus físeanna salach ar mhórbhéimeanna agus tosaíochtaí chláir agus bheartais náisiúnta an Rialtais.

Sampla: Níl aon pholasaí straitéiseach ag Foras na Gaeilge do na healaíona cruthaitheacha/teangabhunaithe. Bíonn béimeanna eagras agus infreastruchtúr tábhachtach as riocht le priaireachtaí bheartas mar Éire Ildánach agus Cultúr 2025. Bíonn an bhéim coitianta ar an gcomórtas mar shampla ag príomhfhéile ealaíne na Gaeilge Oireachtas na Samhna. Ní tharraingítear an aird chéanna ar bhuntábhacht na n-ealaíon maidir le rannpháirtíocht, folláine, ionchuimsiú pobail agus nua-phobal faoi mar a bhéimníonn Cultúr 2025 agus Éire Ildánach (2017 - 2022).

### 9.5 Ról na nÚdarás Áitiúil

Gné thábhachtach ar leith den tírdhreach claochlaithe ná an ról níos leithne atá ag na húdaráis áitiúla maidir le forbairt na n-ealaíon agus riaradh chlár Éire Ildánach. Fágann seo go bhfuil freagrachtaí níos leithne ag na húdaráis áitiúla i leith na n-ealaíon teangabhunaithe agus forbairt na cruthaitheachta trí chéile.

Thug an Straitéis Fiche Bliain (2010 - 2030) tiomantas do chomhoibriú a chothú idir na húdaráis áitiúla agus an rialtas náisiúnta i dtaca le seirbhísí a sholáthar (Rialtas na hÉireann 2010: 23) ach bhí an bhéim ar sheirbhísí a bhain le príomhchúram laethúil na gcomhairlí (foirmeacha do chead pleanála srl srl) a sholáthar trí Ghaeilge. Cuireann an Plean Gníomhaíochta don Ghaeilge níos mó béime ar úsáid na teanga i gcomhtheácsanna níos leithne agus luaitear na healaíona go sonrach sa phlean. Fágann Acht na nEalaíon agus an Plean Gníomhaíochta araon go mbeidh dualgas ar na húdaráis áitiúla béim nua a chur ar phleanáil do na hEalaíona trí Ghaeilge.

Leagadh dualgas riaradh áitiúil an chláir Éire Ildánach (2018 - 2022) náisiúnta don chruthaitheacht agus dáileadh maoinithe ar na comhairlí contae agus iarradh orthu plean ar leith don chultúr agus don chruthaitheacht a chur i dtoll a chéile. Tá impleachtaí móra ag na hathruithe seo atá tagtha ar ról agus ar fhreagrachtaí na núdarás áitiúla (maidir leis

na healaíona trí chéile) do réimse Ealaíona Teangabhunaithe na Gaeilge: tá deiseanna maoinithe, deiseanna gairmiúla agus deiseanna do chomhthograí anois le fáil trí na húdaráis áitiúla. Mar gheall ar seo, tá impleachtaí tromchúiseacha ag an easpa idirphlé a bhíonn ag mórán eagras agus cleachtóirí Gaeilge leis na húdaráis aitiúla (agus ag na húdaráis áitiúla leo). Tá *'the empowerment of local authorities to lead the engagement of citizens with our arts'* aitheanta go sonrach i gclár Éire Ildánach (Éire Ildánach 2018a: 15) agus tá na comhairlí contae agus údaráis aítiúla anois ina gconair thábhachtach pleanála agus maoinithe: tá impleachtaí ag seo do chleachtóirí agus eagrais a bhí taithíoch ar réimse eile fhonsí tacaíochta.

Tríd is tríd braitheann láithreacht agus stádas na Gaeilge agus stádas na n-ealaíon Gaeilge (sna pleanannna ealaíne, sna comórtais do mhaoiniú agus i ngnáthchleachtas laethúil) ar chomhairlí ar leith agus ar phearsaí ar leith. Ceal acmhainní nó saineolas Gaeilge agus ceal saineolas ar na hEalaíona Teangabhunaithe sa Ghaeilge in an-chuid de na húdaráis áitiúla, agus in éagmas cumarsáid éifeachtach idir na heagrais Ghaeilge agus na húdaráis áitiúla, is léir constaicí ar leith ann do chleachtóirí agus d'eagrais ETB tarraingt ar dheiseanna iomadúla chlár Éire Ildánach (a riartar cuid mhaith acu trí na húdaráis áitiúla).

Is é an ról cinnireachta agus comhordaithe atá ag Creative Ireland an tosca is mó tionchar atá tar éis teacht chun cinn maidir leis na hEalaíona Teangabhunaithe sa mhórphictiúr náisiúnta. Tá pairtnéirí ceaptha ag Éire Ildánach do chur chun cinn a gclár sa chruthaitheacht agus is cuid thabhachtach den tírdreach tacaíochta/cinnireachta/maoinithe/oiliúna/ forbartha gairmiúla iad na heagrais seo.

Tá impleachtaí móra ann do phobal na Gaeilge, d'eagraíochtaí Gaeilge agus do chleachtóirí Gaeilge toisc nach bhfuil acmhainní Gaeilge nó saineolas maidir le hEalaíona Teangabhunaithe na Gaeilge ag cuid de na pairtnéirí seo. Ní cóir gur ábhar maíte scéim amháin phiolótach Gaeilge a bheith curtha i gcrích ag an eagraíocht Fighting Words, mar shampla, nuair atá na scórtha scoileanna Béarla tar éis leas a bhaint as an scéim. Tá impleachtaí móra (maidir le feasacht agus freastal) ag baint le heaspa idirphlé na neagraíochtaí seo le heagrais Ghaeilge agus vice versa. Tá impleachtaí chomh maith ag baint le pairtnéirí Éire Ildánach a bheith lonnaithe go mórmhór i mBaile Átha Cliath. Ní d'acmhainn ag cuid de na heagrais freastal ar phobal na Gaeilge agus ní cuid dá misean an Ghaeilge, pobal na Gaeilge, nó Ealaíona Teangabhunaithe na Gaeilge. Tá saineolas

luachmhar ag cuid de na heagrais seo arbh fhiú d'eagrais Ghaeilge agus eagrais ealaíona Gaeilge tarraingt air. Ar an lámh eile, is ann d'eagraíochtaí Gaeilge agus do chomhairleoirí Gaeilge a d'fheádfadh tabhairt faoi obair phairtnéireachta dá shórt.

Ábhar imní chomh maith a laghad eolais a léirigh freagróirí na gceistneoirí agus na hagallaithe maidir le foinsí maoinithe agus deiseanna comhpháirtíochta a sholáthraíonn na húdaráis áitiúla.

### 9.6 Struchtúir agus Freagrachtaí na Móreagras Gaeilge

Tá an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta roinnte ina gceithre rannán (Rannán na nEalaíon, Rannán na hOidhreachta, Rannán Gaeltachta agus an Rannán Corporáideach. Fágann an deighilt idir an rannán Gaeltachta agus an rannán ealaíon go háirithe go bhfuil conairí ar leith agus fearainn ar leith bainistíochta agus pleanála ann don teanga agus do na hEalaíona. Baineann an deighilt chéanna le roinnt freagrachtaí na Roinne idir Aire a bhfuil freagrachtaí sna healaíona acu go príomha, agus Aire eile a bhfuil an teanga luaite mar réimse freagrachta acu. Tá impleachtaí anseo don phleanáil teanga, agus béim as an nua ar ról na n-ealaíon sa phleanáil teanga sa Phlean Gníomhaíochta don Ghaeilge.

Is ag Foras na Gaeilge atá roinnt mhaith de na freagrachtaí rialachais agus maoinithe a bhaineann le heagraíochtaí Gaeilge. Tá impleachtaí ar leith ag baint leis an sainiú a dhein an Foras ar fhreagrachtaí cheanneagraíochtaí áirithe sa bhliain 2014. Fágann riaradh na bhfreagrachtaí an uair sin go bhfuil míréir idir saineolas agus misean eagraíochtaí áirithe agus a bhfreagrachtaí nó a n-acmhainní, dar leo féin.

Luaigh 23 de na 46 de na páirtithe leasmhara rialú agus freagrachtaí maidir leis na hETB. Tharraing 11 de na 31 agallaí ar an easpa rialachas atá soiléir maidir leis na hETB. Tá easpa soiléire i measc na n-eagras náisiúnta agus réigiúnach maidir le rialú na n-ETB de bharr na bainte teangeolaíoch atá lena gcleachtadh agus lena gcur chun cinn. Féachann cuid eagras náisiúnta ar na hETB mar chúram a fhéachann go príomha ar chur chun cinn na teanga.

### 9.7 Maoiniú

As an 31 duine a ghlac páirt in agallaimh an togra seo, luaigh 26 acu go raibh na hETB i mbaol de bharr a laghad maoinithe atá á chur isteach san earnáil seo ag an Stát. Mar sin féin, is fíor go bhfuil foinsí maoinithe breise ar leith ann do chleachtóirí agus eagrais Ghaeilge (ó Fhoras na Gaeilge, ó Ealaín na Gaeltachta agus ón Roinn Meán, Turasóireachta

Cultúir, Ealaíon, Spórt agus Gaeltachta mar shampla) Ón uair go bhfuil srian ar Ealaín na Gaeltachta tacaíocht agus infheistíocht a dhéanamh taobh amuigh de theorainn na Gaeltachta, ní féidir leo maoiniú a chur ar fáil do chleachtóirí Gaeilge taobh amuigh den Ghaeltacht nó d'eagais Ghaeilge taobh amuigh den Ghaeltacht. Tá impleachtaí ag seo don phleanáil do na ETB ar bhonn níos leithne, mar go bhfuil an phleanaíl scartha ar bhonn limistéir. Tá impleachtaí ann chomh maith do sholáthar comhairle/do chomhionnas deise do chleachtóirí Gaeilge nach bhfuil lonnaithe sa Ghaeltacht agus go deimhin tá rioscaí ar leith ag baint le claonadh roinnt eagras (An Chomhairle Ealaíon agus Clár Éire Ildánach) cuimhneamh ar Ealaín na Gaeltachta mar phairtnéir/ionad eolais do na healaíona Gaeilge trí chéile. Baineann na rioscaí seo le himeallú cleachtóir nach bhfuil sa Ghaeltacht ach chomh math le sin tá riosca ann go bhféáchfaí ar Ealaín mar fhoinse a chomhlíonfadh dualgais eagras móra earnálacha.

Thug torthaí na gceistneoirí agus fianaise na n-agallamh araon le fios nach bhfuil cur amach ag mórchuid cleachtóirí ar na deiseanna maoinithe ar fad atá ar fáil. Ní léir go bhfuil a fhios ag go leor cleachtóirí go bhfuil maoiniú ar fáil ó na húdaráis áitiúla, mar shampla. Tugann na torthaí le fios freisin nach bhfuil tromlach na cleachtóirí san earnáil seo in ann slí bheatha a bhaint amach as an ealaín. Fuair cleachtóirí locht chomh maith ar an gcastacht a bhain le cur isteach ar scéimeanna maoinithe, dar leo.

Tá feidhm mhaoinithe ag an bhForas maidir le gnéithe de na hEalaíona Teangabhunaithe (agus féilte agus tograí gaolmhara). Tá idir bhuntáistí agus mhíbhuntáistí ag baint leis an leagan amach seo. Fágann sé go bhfuil foinse maoinithe sa bhreis ag eagrais agus ag cleachtóirí le Gaeilge, buntáiste ar leith do na hEalaíona Teangabhunaithe. Ach ní lárionad saineolais ar na healaíona an Foras agus fágann seo easpaí maidir le pleanáil straitéiseach an Fhorais d'fhorbairt na n-ealaíon, na hEalaíona Tangabhunaithe san áireamh. Níl aon phlean straitéiseach ag an bhForas do na healaíona. Tá freagracht leagtha ar mhóreagras ealaíon (Oireachtas na Gaeilge) do ghréasáin teanga a chothú.

Léirigh an t-iniúchadh go bhfuil an t-iliomad scéimeanna a mhaoiníonn Creative Ireland, an Chomhairle Ealaíon agus na húdaráis áitiúla a bhféadfadh cleachtóirí nó cainteoirí Gaeilge suim a bheith iontu agus tairbhe a bhaint astu. Ní léir gur gá do na pairtneíri a a riarann na scéimeanna seo inniúlacht a bheith acu seirbhís trí Ghaeilge a chur ar fáil, nó acmhainn acu chuige sin, nó acmhainn acu feabhas iarratas a bhaineann leis an nGaeilge

a mheasAnuas ar an bhfadhb bhunúsach seo, is amhlaidh go bhfuil na pairtneírí seo ag caillliúint deiseanna obair le cleachtóirí Gaeilge.

Ar an lámh eile de, fágann easpa idirghníomhú eagras agus cleachtóirí Gaeilge le heagraíochtaí áirithe go gcailleann said amach ar dheiseanna gairmiúla agus ar dheiseanna maoinithe. Cé go bhfuil roinnt cleachtóirí Gaeilge rannpháirteach sna scéimeanna Writers in Schools agus Writers in Residence tá deiseanna gan tapú ag scoileanna agus cleachtóirí araon anseo.

Fágann easpa idirphlé eagras Gaeilge le Éire Ildánach (agus vice versa) go bhfuil mórdheiseanna á gcailliúint ag eagrais agus cleachtóirí i réimse na nEalaíon Teangabhunaithe. Tá impleachtaí móra ag baint le heaspa feasachta chuid de pháirtnéirí Éire Ildánach ar an nGaeilge agus a neaspa nasc le pobal na Gaeilge agus réimse na nEalaíona Teangbhunaithe sa Ghaeilge maidir le comhionannas deise ag pobail agus daoine óga deiseanna rannpháirtíochta a aimsiú i réimse Ealaíona Teangabhunaithe na Gaeilge.

### 9.8 Deiseanna teoranta do réimsí áirithe de na healaíona teangabhunaithe

Cé go bhfuil leathnú ar na deiseanna atá ar fáil do chuid de na healaíona teangabhunaithe (an amhránaíocht, mar shampla) tá réimsí ealaíona eile a mbaineann comhthéacsanna cleachtais agus léirithe agus deiseanna níos teoranta leo (an scéalaíocht, mar shampla).

Tá deiseanna forbartha gairmiúla ar fáil ón Aos Scéal Éireann agus ón móreagraíocht lena mbaineann siad, the Federation of European Storytelling do chleachtóirí Gaeilge.

Léiríonn staidéir éagsúla an gá atá ag cleachtóirí sna healaíona le tacar scileanna níos leithne (scileanna fiontraíochta, scileanna bainistíochta agus scileanna maidir leis na meáin dhigiteacha, mar shampla). Faoi láthair tá bearna ann maidir le hoiliúint chleachtóirí Gaeilge ins na scileanna seo, agus go deimhin, is minic nach naithnítear an gá atá ag cleachtóirí Gaeilge le scileanna níos leithne (nó an buntáiste a bhainfeadh le tacar scileanna níos leithne) i measc eagras Gaeilge. Tá fréamha láidre pobail ag cuid de na heagraíochtaí Gaeilge (Oireachtas na Gaeilge, Conradh na Gaeilge, mar shampla). Ní i gcónaí a leagtar béim ar fhorbairt thacar scileanna níos leithne.

Baineannn an-chuid de na deiseanna forbartha gairmiúla le heagrais Bhéarla agus le pairtnéirí de chuid Éire Ildánach, eagrais nach bhfuil cuid acu inniúil ar fhreastal a

dhéanamh ar eagrais nó cleachtóirí Gaeilge. Mar sin féin, ní mór a aithint go bhfuil saineolas luachmhar ar leith ag eagraíochtaí earnálacha agus tá pobal na Gaeilge agus páirtithe leasmhara éagsúla na nEalaíon Teangabhunaithe thíos leis go mór gan idirphlé a bheith acu le heagraíochtaí earnálacha mar seo, ar lárionad saineolais iad faoi réimsí níos leithne de na healaíona. Tá eagrais Ghaeilge áirithe ag cailliúint amach ar dheiseanna comhpháirtíochta thuaidh/theas mar gheall ar a neaspa idirphlé le heagrais earnálacha agus leis an gComhairle Ealíon. Tá sé seo fíor go háirithe nuair atá saineolas Gaeilge agus gréasán láidir earnálach ag eagraíocht (faoi mar atá, mar shampla, ag Storytellers of Ireland/Aos Scéal Éireann agus an Chomhairle Ealaíon). Baineann réimse níos leithne tuisceana ag eagrais áirithe Bhéarla le ar an méid a chuimsíonn ETB. Eagrais 'Bhéarla' a chuir an togra Amhráin Ealaíne na Gaeilge ar bun.

Tá seirbhís tathanta agus comhairle á cur ar fáil ag dhá eagraíocht tathanta (Féar Play agus Traid Éireann) atá in oiriúint do chleachtóirí Gaeilge.

### 9.9 Acmhainní agus Treoir

Tá réimse an-leathan de dhoiciméid treoracha faoi dhea-chleachtas le fáil ar shuíomh na Comhairle Ealaíne. Tá líon an-teoranta as measc na n-acmhainní seo á roinnt ar shuímh eagras Gaeilge. B'fhiú d'eagraíochtaí agus do chleachtóirí tarraingt ar acmhainní seo na Comhairle Ealaíne agus deimhin a dhéanamh de go bhfuil siad ag cloí le dea-chleachtas i réimsí éagsúla. Ar na téamaí a ndéantar iniúchadh orthu i gcaipéisíocht na Comhairle Ealaíne tá dea-chleachtas maidir le hionchuimsiú pobal, an ceangal idir na healaíona gus cúrsaí aeráide agus ceisteanna a bhaineann le rialachas, míchumas agus tograí i gcomhpháirtíocht. I measc na ndoiciméad ábharthach tá an Arts Council Centre Policy and Strategy 2019, Equality, Human Rights and Diversity Policy 2019, International Arts Policy and Strategy 2019, Festivals Policy and Strategy 2018, Public Art Policy and Strategy 2018, Theatre Policy and Strategy 2018, Traditional Arts Policy and Strategy 2018 agus Arts and Health Policy and Strategy 2010.

Cé gur beag ionad ealaíne Gaeilge lánaimseartha atá ann, tá treoir luachmhar agus smaointe nuálacha ar fáil d'eagrais a bhíonn ag plé go ginearálta leis na hEalaíona Teangabhunaithe le fáil sa Strategic Review of Arts Centres and Venues (An Chomhairle Ealaíon 2019). Acmhainn ar leith d'eagraíochtaí ETB na samplaí den dea-chleachtas maidir le fás rannpháirtíochta atá curtha ar fáil sa Tuarascáil agus na múnlaí do mheasúnú riosca a luaitear ann.

Ar an lámh eile de tá an saineolas agus an feabhas ealaíne atá á ghiniúint in eagraíochtaí áirithe Gaeilge agus Gaeltachta á dteorainniú do cheantair agus spriocphobail áirithe toisc feidhm theoranta agus fearann teoranta a bheith ag roinnt leis na heagraíochtaí nó scéimeanna seo. I gcásanna áirithe baineann raon ar leith le fís agus misean eagraíochtaí.

## 9.10 An Pobal, An Lucht Éisteachta agus Cleachtóirí

Léiríonn figiúirí lucht éisteachta ag Oireachtas na Gaeilge ón mbliain 2019 go gcuimsíonn an lucht éisteachta don Oireachtas daoine as Éirinn agus ó thaobh amuigh den tír, agus go bhfuil figiúirí suntasach freastail agus rannpháirtíochta i gceist. Ar an lámh eile, thug freagróirí na gceistneoirí le fios nach mbíonn deis ag céatadán suntasach acu freastal ar ócaidí ETB. Ag tabhairt san áireamh fís Éire Ildánach faoi dheiseanna a bheith ag gach aon saoránach teannadh leis an gcruthaitheacht, agus ag tabhairt san áireamh béim na Comhairle Ealaíne agus eagras eile maidir le lucht éisteachta a fhás, is léir gur gá d'eagrais ETB bheith forghníomhach maidir le tógaint lucht éisteachta. Ní mór d'eagrais ETB polasaithe iomchuimsithe a bheith acu chomh maith. Tá treoir faoi conas tabhairt faoi seo ar fáil ón gComhairle Ealaíne agus ó ADI. Léirigh an taighde trí chéile an tábhacht a bhaineann le féilte agus imeachtaí ealaíne eile a bheith ar siúl níos minice, taobh amuigh den Ghaeltacht go háirithe. Tá idir rioscaí agus deiseanna ag baint le fócas chuid de na heagrais ar chomórtais. Thug faisnéiseoirí le fios go spreagann comórtais rannpháirtíocht ach ag an am céanna tá comórtais ag imirt tionchair ar nadúr an chleachtais agus ar fhís eagraíochtaí agus cleachtóirí, tosca a fhágann deiseanna gan tapú. Tá diminsean uile-Éireann i gceist le cuid de na heagrais ealaíona agus comhoibriú ar siúl go neamhfhoirmeálta agus go foirmeálta. Ní gnách an ghné seo a bheith mar fhís thosaigh ag cuid de na heagrais áitiúla.  Tógadh ceann den fhás atá tagtha ar chleachtadh na nETB taobh amuigh den Ghaeltacht. Ach ar an mórgóir, níor chás le heagrais Ghaeilge nó eagrais Ghaeltachta ceisteanna a bhain le rochtain nó iomchuimsiú nó mealladh pobal nua chun na ETB - cé gur bunchloch de chuid pholasaithe éagsúla rialtais na ceisteanna seo.

Ó tharla gur tríd an gComhairle Ealáine nó i bpáirt leo a thagann eagrais agus cleachtóirí áirithe ar mhaoiniú, níor mhór d'eagrais agus cleachtóirí araon bheith airdeallach ar thiomantas na Comhairle a gcritéir mhaoinithe a bhunú ar thiomantas eagraíochtaí a lucht eisteachta a fhás agus rannpháirtíocht an phobail a mhéadú. Tá impleachtaí móra maidir le pleanáil eagras Gaeilge agus do riaradh scéimeanna Gaeilge sa tiomantas oifigiúi

atá Straitéis na Comhairle Ealaíne: 'Saothar Ealaíne Iontach a Tháirgeadh: Straitéis na Comhairle Ealaíon (2016 – 2025)'.

Tá impleachtaí ag easpa físe eagras Gaeilge don iomchuimsiú agus easpa freastail trí Ghaeilge eagras earnálach do rochtain phobal éagsúil ar ETB na Gaeilge. Tá impleachtaí anseo chomh maith do chomhfhiontair idir pobal na Gaeilge agus pobail eile, mar shampla, Aontachtóirí, an lucht siúil agus na pobail nua Éireannacha. Níor mhiste machnamh a dhéanamh chomh maith ar chúlra fhreagróirí na gceistneoirí ar daoine le hardoideachas a lán acu agus ceisteanna a chur maidir le rochtain aicmí eile ar ETB na Gaeilge.

Is léir ón iniúchadh a deineadh ar staid reatha ETB agus ó fhreagraí na bhfaisnéiseoirí gur líonmhaire go mór líon na gcleachtóirí i réimsí áirithe (mar shampla, amhránaíocht ar an sean-nós) ná mar atá ag feidhmiú i réimsí eile (mar shampla, an scéalaíocht). Baineann cleachtóiri eile (mar shampla, sa bhfilíocht labhartha comhaimseartha/rap) le haoisraon ar leith agus is réimse fáis an réimse seo. Is ar éigean go bhfuil aon éascú á dheanamh maidir le cleachtóirí ETB na Gaeilge a chothú as measc pobal áirithe (mar shampla, an lucht siúil, Éireannaigh nua): eisceacht is ea an amhránaíocht ar an sean-nós go pointe. Tá scéimeanna rialtais dírithe agus mórchuid de scéimeanna na gceanneagraíochtaí Gaeilge dírithe ar cheantair Gaeltachta agus ar Ghaelscoileanna amháin. Ní léir gur cuid de phleanáil fhadtréimhseach eagraíochtaí Gaeilge an t-iomchuimisú.

Léirigh an t-iniúchadh nach bhfuil aon bhunachar lárnach nó cuimsitheach ann do chleachtóirí in ETB na Gaeilge. Tá fáil ar roinnt eolas faoi chleachtóirí ar shuímh áirithe (Aos Scéal Éireann, Writers in Schools). Luadh na scileanna inaistrithe a bhain le réimsí áirithe de ETB na Gaeilge (go háirithe an drámaíocht) ach léirigh an taighde gur faoi na cleachtóirí seo a gconair ghairmiúil féin a shocrú mar go bhfuil deiseanna fostaíocht lánaimseartha don aisteoir/léiritheoir Gaeilge fíorghann. Ar an ábhar seo baineann tábhacht ar leith le tacar scileanna (mar shampla, scileanna fiontraíochta) níos leithne a fhorbairt do chleachtóirí sa drámaíocht agus sna ETB trí chéile. Níl an tacar scileanna níos leithne sin á bhéimniú in eagrais ealaíne nó i scéimeanna maoinithe faoi láthair. Tá práinn le seo ó thug faisnéiseoirí as measc lucht cleachtais le fios nach leor acu a dteacht isteach óna gcleachtas.

## 9.11 An Óige agus na hEalaíona Teangabhunaithe

Tá de chuspóir ag Plean Óige Ildánach *'a chinntiú go bhfuil rochtain phraiticiúil ag gach leanbh in Éirinn, faoin mbliain 2022, ar theagasc agus ar rannpháirtíocht sa cheol, sa drámaíocht, san ealaín agus sa chódúchán'* agus leagtar amach sa phlean na modhanna ina dtabharfar i gcrích aidhmeanna an Chláir uile maidir le leanaí agus daoine óga.

Luann an plean cúrsaí cruthaitheachta san oideachas foirmeálta agus i dtimpeallachtaí taobh amuigh den scoil. Luaitear prionsabail áirithe ar leith a bheith mar bhunchloch don phlean: 'aird' (guth na hóige a bheith le clos); 'comhar' (co-oibriú i bpáirt le páirtithe leasmhara eile); iomchuimsitheacht' agus tá impleachtaí anseo do phleanáil agus cleachtas eagraíochtaí agus scéimeanna a bhíonn ag plé leis na ETB i measc na hóige.

Tá eagrais éagsúla ag plé le drámaíocht don óige – compántais drámaíochta, eagrais réigiúnda mar Thuismitheoirí na Gaeltachta (Amharclann na nÓg) agus eagrais a dhíríonn ar scoileanna (An Cumanna Scoldrámaíochta). Tá feidhm i bhfad níos leithne, i bhfearann seachscoile ag Youth Theatre Ireland agus béim acu ar an drámaíocht mar áis fhorbartha pearsanta. Tá eagrais Ghaeilge eile a bhfuil ról acu maidir leis an dramaíocht agus ealaíona teangabhunaithe eile (Ógras agus Scór, mar shampla) ach arís tá na heagrais seo ag feidhmiú beag beann ar fhorbairtí san earnáil níos leithne (taobh amuigh den Ghaeilge). Níl aon bhéim ag cuid de na heagrais Gaeilge (mar shampla An Cumann Scoldrámaíochta) ar oiliúint nó cumasú daoine óga le drámaí a chumadh nó ar chruthú léirithe i bpáirt, agus tá an easpa seo ag teacht salach ar bhéim Éire Ildánach ar 'ghuth' daoine óga a bheith le clos sna healaíona.

Tá go leor den obair sa taobh seo den earnáil ag titim ar eagrais pobail áitiúla, agus eagrais náisiúnta ar nós: CLG Scór, Oireachtas na Gaeilge, Comhaltas Ceoltóirí Éireann, An Cumann Scoildrámaíochta srl. Cé gur luaigh eagras naisúnta amharclannaíochta don óige nach bhfuil an Ghaeilge luaite ina mbunreacht, aithníonn an t-eagras go bhfuil fadhb ann ó thaobh amharclannaíocht d' óige na Gaeilge lasuigh den scoilchóras.

Tá sé soiléir go bhfuil ról fíorthábhachtach á chomhlíonadh ag féilte, comórtais agus scéimeanna áitiúla ealaíne eile do na hETB i measc na hóige. Samplaí d'fhiontair atá ag imirt tionchair mhóir sa réimse seo ná IMRAM na nÓg, Oireachtas na Samhna agus scéimeanna a ritheann Tuismitheoirí na Gaeltachta agus cumainn agus eagrais eile. Tá pop/rac-cheol á spreagadh trí chomórtais agus trí fhéilte; mar shampla comórtas Beo. Fostaíonn An Taibhdhearc daoine proifisiúnta chun ceardlanna drámaíochta a thabhairt

do dhaoine óga. Léiríonn na torthaí cainníochtúla go bhfuil tóir ag an bpobal ar rap/filíocht bhéil.

### 9.12 Struchtúir, straitéisí agus scéimeanna in earnáil an oideachais

Arís tá impleachtaí sa deighilt idir eagrais agus pobal na Gaeilge ar thaobh amháin agus eagrais oideachais ar an dtaobh eile do na hEalaíona Teangabhunaithe. Tá iarmhairtí ag baint le lonnú chuid de fhreagracht na hearnála réamhscoile sa Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige agus le sainleagan amach na hearnála réamhscoile trí chéile. Eagraíocht neamhspléach é Naíonraí na Gaeltachta agus tá freagracht ag Gaeloideachas as cúram a dhéanamh do fhreastal Gaeilge sna luathbhlianta trí na Naíonraí. Níor bhain eolas faoi sparánachtaí sna healaíona do chleachtóirí san earnáil réamhscoile Ealaín na Gaeltachta amach, mar shampla. Tá fadhbanna struchtúrtha níos tromchúisí ann. Ní dhéantar aon tagairt shonrach don nGaeilge nó do chultúr na Gaeilge sa bhfráma caighdeán Síolta agus sa churaclam reámhscoile, Aistear agus ní gá go mbeadh ar chúramóirí/oideachasóirí réamhscoile aon oiliúint a fháil maidir leis an nGaeilge nó na healaíona Gaeilge ina gcláir oiliúna. Tá sé seo ar cheann de na torthaí is mó impleacht sa taighde seo maidir le cothromas deiseanna, iomchuimsiú agus deiseanna don óige.

Fágann an easpa ionadaíochta atá ag an nGaeilge ag gach leibhéal i gcroí-eagraíochtaí earnálacha impleachtaí tromchúiseacha ann do dheiseanna rannpháirtíochta saoránaigh óga na hÉireann sa Ghaeilge agus sna hEalaíona Teangabhunaithe Gaeilge araon. Ní miste a lua, mar shampla, go bhfuil rol fíorthábhachtach ag cláir Scoileanna Ildánacha agus ag go mbaineann deiseanna chomh maith leis an scéim a riarann coiste chultúir an NAPD, Páirtíocht Chruthaitheach/Creative Engagement i meánscoileanna. Ní léir go bhfuil ról forghníomhach ag eagraíochtaí Gaeilge maidir le cinntiú go mbeidh ionadaíocht ag an nGaeilge, ag cleachtóirí Gaeilge sna scéimeanna seo. Is beag seasamh atá tógtha ag eagraíochtaí Gaeilge maidir le himpleachtaí scéimeanna mar seo a bheith beag beann ar dheiseanna teagmhála a chruthú do phobail mhionlaigh nó do shaoránaigh trí chéile leis na hEalaíona Teangabhunathe Gaeilge.

Léiríonn tuarascáil na Comhairle Ealaíne 'Attendance and Engagement with the Arts in Ireland 2018’ gur trí na hardáin dhigiteacha is fearr a bhainfidh ionaid ealaíne lucht éisteachta níos óige amach. Aithníonn roinnt eagras ‘Gaeilge’ tábhacht na teicneolaíócht agus na meán sóisialta. Fágann easpa idirghníomhú eagras áirithe eile leis na meáin dhigiteacha agus na meáin shóisialta go gcailltear deis dul i bhfeidhm ar spriocghrúpaí

áirithe óga. Cailltear deiseanna proifíl eagraíochtaí a ardú agus imeachtaí a chur chun cinn ar bhonn dea-chleachtais agus gréasánú breise a dhéanamh trí fhóraim ar líne.

Ní miste athmhachnamh a dhéanamh ar an gcomhthéacs a bhaineann le múineadh na litríochta béil sa mheánscoil, mar a múintear scéalta (agus ní scéalaíocht), dánta béil (ní aithris) agus drámaí mar théacsanna seachas mar ábhar léirithe nó taibhsithe de ghnáth. Tá deiseanna ann chomh maith ETB na Gaeilge a úsáid mar chuid de chonair fhoglama daoine a mbronntar diolúine ó churaclam na Gaeilge orthu ar bhonn aoise nó míchumais.

### 9.13 An Diaspóra agus an Comhthéacs Domhanda

Tá ról an-tábhachtach á imirt ag Comhaltas Ceoltóirí Éireann agus ag Cultúr Club Chonradh na Gaeilge maidir leis na healaíona teangabhunaithe sa Ghaeilge a roinnt leis an diaspóra Éireannach.

Ó am go céile bíonn fiontair idirnáisiúnta nó léirithe idirnáisiúnta á eagrú ag eagraíochtaí ar leith in Éirinn (cumainn drámaíochta agus Féile Imram, mar shampla). Tá ról tábhachtach á imirt ag craobhacha de Chonradh na Gaeilge agus ag féilte mar an Milwaukee Irish Festival maidir le deiseanna rannpháirtíochta a chur ar fáil go hidirnáisiúnta.

Ní thugann Cultúr Éireann aon aitheantas ar leith do na healaíona Gaeilge nó d'Ealaíona Teangabhunaithe na Gaeilge.

Tugadh le fios go bhfuil féidearthacht ann go mbeadh diaspóra na hÉireann mar chuid de lucht éisteachta tábhachtach do na hETB. Luadh go bhfuil an Coimisiún ar Thodhchaí Craolacháin Phoiblí sa tír ag féachaint ar dhiaspóra na hÉireann agus ar chainteoirí Gaeilge taobh amuigh den stát

Tá deis sa ghréasánú a bhaineann le hobair Chomhaltais agus Cultúr Club próifíl idirnáisiúnta na n-ealaíon teangabhunaithe a ardú. Léiríonn seo an tionchar a bhíonn ag na hETB ar phróiseas normalaithe na teanga sa tsochaí. Luadh an gá a bhaineann le cur chuige dátheangach nó ilteangach a chur i bhfeidhm.

Tá feidhm ag an teicneolaíocht chun rochtain níos leithne a chinntiú do dhaoine ar na hETB. D'fhéadfadh na healaíona teangabhunaithe a bheith mar 'dhoras isteach' don teanga.

Ó thaobh cleachtais, tá roinnt eagras agus cleachtóirí i bhfábhar comhghuailleachtaí idirnáisiúnta agus comhfhiontair idirchultúrtha a chothú ach fágann fócas Gaeltacht-

lárnach nó Gaeilge-lárnach roinnt móreagras (agus rannán na Gaeltachta féin) maidir le ETB na Gaeilge go bhfuil deiseanna gairmiúla agus deiseanna ealaíne araon gan tapú.

### 9.14 Gnéithe Thuaidh/Theas de na hEalaíona Teangabhunaithe

Foras Thuaidh/Theas is ea Foras na Gaeilge ach toisc gur ról maoinithe amháin a ghlacann siad i leith na n-ealaíon Gaeilge, cailltear deiseanna eagraíochtaí a bhaineann leis na hEalaíona Teangabhunaithe thuaidh agus theas a chur i gcumarsáid le chéile.

Tá roinnt eagraíochtaí 'ar an talamh' – An Cumann Scoldrámaíochta, An Comhlachas Náisiúnta Drámaíochta, Comhaltas Ceoltóirí Éireann, An Chomhairle Ealaíon, Theatre Forum, agus rannóg Scór Chumann Lúthchleas Gael, mar shampla, a bhfuil eilimint láidir Thuaidh/Theas acu. D'oscail Oireachtas na Gaeilge oifig ó thuaidh.

Agus gan misean forochtana ag formhór na n-eagraíochtaí Gaeilge, níl aon straitéis ar leith ann rannpháirtíocht ón bpobal Aontachtach a spreagadh sna hEalaíona Teangabhunaithe. Tá cuid de na claonta in eagrais Ghaeilge (raon freagrachta a bhaineann leis an nGaeltacht amháin, critéir mharcála do scéimeanna maoinithe a thugann tosaíocht do dhreamanna atá páirteach cheana féin i ngréasáin Ghaeilge, easpa pleanála do ghlantosaitheoirí sa bhfoghlaim teanga) mar bhaic don iomchuimsiú is polasaí do dhoiciméid éagsúla rialtais. Ag an am céanna tá raon uileoileán ag roinnt le cleachtais eagraíochtaí áirithe teanga agus tá comhoibriú ag tarlú ar leibhéal earnálach. Is féidir a rá go n-imríonn ETB na Gaeilge ról tábhachtach maidir le pobail áirithe éagsúla a chur i dteagmháil le chéile.

## Mír 10: Conclúid

Ghin an taighde léargais éagsúla tábhachtacha maidir le cleachtóirí, eagraíochtaí agus polasaithe i réimse na n-ealaíon teangabhunaithe.

**An Tírdhreach trí chéile**

I measc na bpríomhléargas a frítheadh i gcaitheamh an phróisis thaighde seo bhí an gá práinneach leanúnach le comhpháirtíocht agus cumarsáid níos leanúnaí a chothú idir na heagraíochtaí ealaíne, oideachais, traenála agus tacaíochta go léir a mbíonn feidhm acu sna ealaíona teangabhunaithe Gaeilge. Faoi láthair tá deiseanna á gcailliúint agus níltear ag roinnt eolais faoi dheiseanna agus dea-chleachtas mar gheall ar nadúr scaipthe na hearnála trí chéile. Tá géargha le saineolas earnálach a bheith ag eagrais a mbíonn feidhm mhaoinithe acu i dtaca leis na healaíona teangabhunaithe. Ba ghá pleanáil straitéiseach agus fhadtréimhseach a chinntiú in eagrais ealaíona, tacaíochta agus eagrais Ghaeilge ag gach leibhéal, rud nach bhfuil ar siúl sna heagrais ar fad faoi láthair. Tá gá le soiléiriú a thabhairt maidir le freagrachtaí eagras Stáit don Ghaeilge chomh maith go háirithe nuair a ritear scéim i bpáirt le heagrais eile nach mbíonn na healaíona Gaeilge mar chuid dá gcroíréimse feidhme. Tá raon teoranta freagrachta ag eagras áirithe agus fís theoranta ag eagrais áirithe a fhágann go mbíonn scéimeanna áirithe á gcur chun cinn i gceantair Gaeltachta agus/nó i nGaelscoileanna/ i gceantair le líonraí Gaeilge amháin. Ar an dála céanna, fágann conairí maoinithe agus cumarsáide áirithe go bhfuil eagrais Ghaeilge agus cleachtóirí áirithe scoite amach ó shaineolas earnálach.

Maidir le cleachtóirí ins na réimsí éagsúla d'ealaíona teangabhunaithe na Gaeilge aithníodh gá le hoiliúint agus le haitheantas a thabhairt i dtacar scileanna níos leithne. ann. Is léir chomh maith go bhfuil réimsí áirithe de ETB na Gaeilge a dteastaíonn tacaíocht ar leith agus plean struchtúrtha ilréimseach ar leith lena gcur chun cinn (an scéalaíocht, lúibíní agus agallaimh beirte, mar shampla)

Is cóir machnamh níos leithne a dhéanamh ar fhearainn cleachtaithe na n-ealaíon teangabhunaithe agus an tionchar féideartha a bhaineann lena bheith rannpháirtíoch sna healaíona cruthaitheacha mar chleachtóir agus mar bhall gníomhach den phobal/lucht éisteachta. Tá tacar ar leith taighde déanta ar leibhéal idirnáisiúnta agus náisiúnta a léiríonn an tionchar ilréimseach a bhíonn ag na healaíona agus ag gníomhartha cruthaitheacha níos leithne maidir leis an bhforbairt gheilleagrach, an fhorbairt agus an

t-ionchuimsiú pobail. Tá fianaise ann don tionchar faoi leith a d'fheádfadh na healaíona a imirt ar réimsí sóisialta, sláinte agus polaitíochta níos leithne chomh maith: an t-athrú aeráide, an tsláinte mheabhrach, forbairt fholláine an duine agus comhthathú pobail. Tugann beartais náisiúnta rialtas na hÉireann, beartais choimisiún na hEorpa agus Unesco aitheantas don tionchar ilréimseach seo ach ní léir go mbíonn an aird chéanna ag eagrais ealaíne náisiúnta agus réigiúnacha ar na toscaí seo. Bíonn easpa ailínithe polasaithe go minic idir eagrais stáit maidir le béimeanna a gcuid straitéisí agus polasaithe.

**An Amharclannaíocht/Drámaíocht**

Thug na torthaí taighde le fios go bhfuil géarchéim ar leith ann maidir le cleachtadh na drámaíochta Gaeilge (idir ghairmiúil agus amaitéárach) agus maidir le lucht éisteachta don drámaíocht Ghaeilge

Tá easpa pleanála ar bhonn lárnach maidir le drámaíocht na Gaeilge. Tá fonn ar an Taidhbhdhearc ról cinnireachta níos forbartha a imirt agus tá mianach agus eiseamláir eile ar fáil in obair Youth Theatre Ireland maidir le tacaíocht struchtúrtha a thabhairt d'amharclannaíocht don Óige trí Ghaeilge ar bhonn réigiúnach agus náisiúnta, mar gheall ar a saineolas earnálach. Níl na hacmhainní Gaeilge ag an eagraíocht faoi láthair chuige seo agus níl tuiscint san eagras ar shainriachtanais phobal na Gaeilge. Tá ról tábhachtach á imirt ag an gCumann Scoldrámaíochta maidir le drámaí a chur dá léiriú i gcomhthéacs an oideachais. Níl próifíl ard nó feasacht leathan ann maidir le hobair an chumainn seo agus is bac breise a laghad béime a chuirtear ar an drámaiocht mar ealaíon beo i gcuraclam ollscoile agus cláir oideachais do mhúinteoirí. Baineann mianach le Tionscadal Scoileanna Cruthaitheacha de chuid Éire Ildánach rannpháirtíocht na hóige sa drámaíocht a spreagadh agus a fhorbairt, i gceantair Gaeltachta agus Gaelscoileanna, agus sa tír trí chéile. Béimníonn an clár seo guth na hóige a thabhairt san áireamh. Níl an bhéim chéanna seo i mbeartais Ghaeilge an rialtais agus níl an bhéim seo le sonrú i gcur chuige gach eagras drámaíochta Gaeilge faoi láthair Is laige go mór an dramaíocht amaitéarach agus is lú go mór líon an gcumann amaitéarach seachas mar a bhí fiche bliain ó shin agus tá an scéal sna coláistí triú leibhéal níos measa fós. D'fhéadfadh mianach a bheith i léiriúcháin ilmheáin agus ildisciplíneach i bhforbairt an lucht éisteachta sa réimse ealaíne seo agus eile.

## Scéalaíocht

Léirigh an taighde go bhfuil difríochtaí móra idir cleachtais agus fís eagraíochtaí éagsúla a bhfuil baint acu leis an scéalaíocht (mar shampla, Oireachtas na Gaeilge agus Aos Scéal Éireann). Caitear uaireanta leis an scéalaíocht mar chleachtas a bhaineann le hearraí statacha ar comharthaí féiniúlachta iad. Cé go bhfuil borradh faoin scéalaíocht Bhéarla in Éirinn ní hionann cás na scéalaíochhta Gaeilge , a mhaireannn den chuid is mó i bhfearann an chomórtais. Tá féidearthachtaí agus deiseanna iomadúla ann fís agus cleachtais a leathnú amach le go gcomhlíonfaidh an scéalaíocht feidhmeanna níos leithne sa sochaí, an t-iomchuimsiú sóisialta agus saibhrú réimeanna teanga san áireamh, agus tá roinnt scéalaithe ag baint leasa as gréasán Aos Scéal Éireann chuige seo. Faoi láthair tá baic struchtúrtha ann maidir le cuid de na forbairtí seo (béim eagras áirithe ar chomórtas, béim churaclaim meanscoileanna agus roinnt clár ollscoile ar scéalta mar theácsanna seachas béim a cur ar shealbhú na scéalaíochta mar ealaíon be, easpa oiliúna ar mhúinteoirí agus cúramóirí réamhscoile i gcleachtadh na scéalaíochta mar ealaíon beo) Tá saineolas agus eiseamláirí do mhalairt chur chuige ar fáil ó eagrais agus gréasáin éagsúla. (Aos Scéal Éireann, Bray Storytelling Festival, Ciarraí Scéalach) B'fhiú d'eagrais Ghaeilge cuimhneamh chomh maithr shaghasanna éagsúla scéalaíochta – an seó aonair sa drámaíocht, mar shampla, an malartú scéalta a chleachtann Narrative 4 agus léirithe ildisciplíneaacha a mbeadh an scéalaíocht á cur i láthair iontu i dteannta ealaíon eile, mar shampla ceol. .

## An Amhránaíocht

Tá borradh faoi chleachtadh na hamhránaíochta Gaeilge, a lucht éisteachta ag fás agus go fiú fearainn nua a bhaint amach ag amhránaíocht na Gaeilge go hidirnáisiúnta, agus ar na hardáin dhigiteacha. Tá deiseanna éagsúla cleachtaithe agus rannpháirtíochta ar fáil i réimsí éagsúla d'amhránaíocht na Gaeilge. Is mór idir na fearainn a bhaineann le cleachtadh na réimsí éagsúla amhránaíochta áfach. Ní hionann an t-infreastruchtúr atá ag an amhránaíocht eaglasta/chórúil is atá ar fáil don amhránaíocht ar an sean-nós. Fágann béimeanna chomórtais an Oireachtais go bhfuil réimsí áirithe den amhránaíocht (amhráin oibre agus suantraithe) gan a bheith á mbéimniú ag cleachtóirí agus scéimeanna foghlama áirithe. Is fíor chomh maith go dtapaíonn cleachtóirí de chuid na hamhránaíochta comhaimseartha deiseanna rannpháirtíochta i réimse eile ealaíne, mar an fhilíocht taibhléirithe. Tá deiseanna nasctha idir réimsí den amhránaíocht féin á dtapú

ag cleachtóirí áirithe chomh maith (idir an amhránaíocht chórúil agus an amhránaíocht chomhaimseartha). Níor tháinig aon ionchur isteach in aighneachtaí maidir le rac-cheol ach tá comórtas ar leith ann maidir leis an réimse seo de ETB na Gaeilge ag an Oireachtas.

Cuirtear an amhránaíocht chun cinn trí scéimeanna éagsúla a mhaoiníonn Ealaín na Gaeltachta agus dreamanna eile, trí chraobhacha CLCG agus Comhaltas Ceoltóirí Éireann, trí shuim pearsanta múinteoirí agus go neamhfhoirmeálta i measc cairde, ag féilte nó trí mheán na teicneolaíochta.

Níl an amhránaíocht san áireamh sa Teastas Múinteoireachta a chuireann Comhaltas Ceoltóirí Éireann ar siúl. Ar an lámh eile de tá borradh ar leith faoi chleachtadh na hamhránaíochta comhaimseartha/rac le deich mbliana anuas, cé nach mbíonn tosaíocht i gcónaí ag an réimse seo i múnlaí ETB a bhéimníonn 'traidisiún'.

**An Fhilíocht Labhartha/Taibhléirithe**

Thug torthaí an taighde le fios go bhfuil ábhar níos comhaimseartha á phlé sa bhfilíocht taibhléirithe agus labhartha ná mar a bhíonn i gceist le réimsí áirithe eile d'ETB (lúibíní, amharclannaíocht, mar shampla). Thug agallaithe le fios go raibh tóir ar leith i measc daoine óga ar an bhfilíocht labhartha agus an rap. Is suntasach chomh maith go bhfuil rath ar an ngné seo de na ETB sna cathracha. Éiríonn le cleachtóirí sa réimse seo ardán i bhfearainn níos leithne amach (An Phicnic Leictreach, mar shampla) ná mar a dhéanann cleachtóirí i réimsí áirithe eile (lúibíní, agallaimh bheirte agus scéalaíocht, mar shampla).

Tá roinnt dúshlán ann maidir leis an bhfilíocht labhartha. Trí Bhéarla go príomha atá an t-infreastruchtúr is mó a chothaíonn cleachtadh na filíochta béil sa tír ar fáil (taobh amuigh d'eisceachtaí ghréasán de chuid Liú Lúnasa agus REIC). Níl aon chomórtas don bhfilíocht labhartha comhaimseartha/rap ag Oireachtas na Samhna agus ní thugtar an ghné seo de na ETB chun cinn i scéimeanna a ritheann eagrais Ghaeltachta nó eagrais náisiúnta/idirnáisiúnta mar Comhaltas nó CLCG. Níl dóthain cleachtóirí le Gaeilge ar fáil i scéimeanna Poetry Ireland chun cláir rannpháirtíochta sa bhfilíocht labhartha i scoileanna a chur chun cinn (WRaPParound agus Poetry Aloud).

**Lúibíní agus Agallaimh Bheirte**

Go stairiúil, bhí rath ar na réimsí seo de na ETB i gceantair ar leith. Cé go mbíonn rannpháirtíocht ard ó cheantar áirithe Gaeltachta ar leith go fóill agus béim ar chleachtóirí óga a ullmhú d'fhéile an Oireachtais, is le fearann chomórtas ardáin an

Oireachtais is mó a shamhlaítear a gcleachtadh. Ní leagtar an bhéim choitianta ar na lúibíní agus na hagallaimh bheirte i dtéarma an tionchair a d'fhéadfadh a gcleachtadh a imirt ar réimsí taobh amuigh d'fhearann an chomórtais féin. Tá dlúthnasc idir láithriú lúibíní agus na n-agallamh beirte agus an scríbhneoireacht chruthaitheach féin mar litríocht scríofa; gné nach bhfuil san áireamh go sainiúil sa tuarascáil seo. Titeann cleachtadh na n-agallamh béil seo faoi scáth réimsí ealaíona teangabhunaithe eile agus tá féidearthachtaí ann le tógaint ar an réimse trí chur chuige ilmheáin le réimsí eile d'ealaíona teangabhunaithe na Gaeilge (an amhránaíocht agus an fhilíocht bhéil, mar shampla). Toisc go samhlaítear na hagallaimh bheirte agus lúibíní a bheith bainte le fearann an chomórtais - tá siad saghas stadach ina gcur chuige agus níl claochlú tagtha ar an bhfearann ina gcleachtar iad .

## Straitéis Náisiúnta d’Ealaíona Teangabhunaithe na Gaeilge

Moltar go mbunófar Straitéis Náisiúnta do Ealaíona Teangabhunaithe na Gaeilge ar thorthaí na tuarascála seo. Beidh an Straitéis sin dírithe ar eagrais Ghaeilge agus eagrais earnálacha ETB, ar chleachtóirí agus ar gheallsealbhóirí eile i réimse ETB na Gaeilge, réimse na pleanála teanga, réimse an oideachais agus ranna agus cláir éagsúla rialtais. Beidh an Straitéis faoi réir ag fís a bhunófar ar thorthaí an taighde seo, ar pholasaithe agus straitéisí ábharthacha (sna healaíona, sa phleanáil teanga agus i réimsí eile) agus ar an dea-chleachtas. Cuimseoidh an Stráitéis aidhmeanna agus gníomhartha ainmnithe a mbeidh amlíne agus (má bhaineann le hábhar) maoiniú luaite leo. Leagfaidh an Straitéis síos spriocanna sainiúla maidir le gach réimse cleachtais ar leith. Déanfaidh an Straitéis cur síos ar an gcomhordú agus na hathruithe struchtúrtha is gá a chur i bhfeidhm maidir le riaradh agus forbairt na hearnála trí chéile. Déanfaidh an Stráitéis cur síos ar an bpleanáil ar leith a theastaíonn maidir le feasacht a chothú i dtaobh na mórcheisteanna atá tarraingte anuas sa tuarascáil seo.  Luafaidh an Straitéis na critéir measúnaithe a bheidh ann le cinntiú go mbainfear na spriocanna ainmnithe amach agus le cinntiú go gcuirfear i gcrích na sainghníomhartha ainmnithe.

## Liosta Tagartha


Alt gan ainm, 'Fondúireacht Chnuasach Bhéaloideas Éireann Seolta i mBaile Átha Cliath', Tuairisc.ie, 22/10/2015, https://tuairisc.ie/fonduireacht-bhealoideas-eireann-seolta-i-mbaile-atha-cliath/

Amabile, M.T (2018) 'Creativity and the Labor of Love' in Sternberg, R.J & Kaufman, J.C [eds] *'The Nature of Human Creativity'*, United Kingdom, Cambridge University Press.

An Chomhairle Ealaíon, (2010) Arts and Health Policy and Strategy http://www.artscouncil.ie/uploadedFiles/Arts_and_health_policy_2010_2014.pdf

An Chomhairle Ealaíon, (2015) Governance Transparency Scale for Organisaions in receipt of recurring Arts Council Funding, ar fáil http://www.artscouncil.ie/uploadedFiles/www.artscouncil.ie/Content/Funding/After_you_apply/Governance-transparency-scale-for-organisations-in-receipt-of-recurring-Arts-Council-funding.pdf

An Chomhairle Ealaíon (2015b) A Practical Guide for members of Boards of Arts Organisations, http://www.artscouncil.ie/uploadedFiles/BoardMembers-June15.pdf

An Chomhairle Ealaíon (2019a) *Making Great Art Work: Three Year Plan (2020 – 2022)*, ar fáil: http://www.artscouncil.ie/uploadedFiles/ArtsCouncil_3YearPlan_(2020-2022)(1).pdf [breithnithe 15 Feabhra 2020].

An Chomhairle Ealaíon (2019b) *Arts Council Equality, Human Rights & Diversity Policy & Strategy*, ar fáil: http://www.artscouncil.ie/uploadedFiles/EHRD%20Policy%20English%20version%20Final.pdf [breithnithe 15 Feabhra 2020].

An Chomhairle Ealaíon (2019c) *Review of Arts Centres and Venues*, ar fáil: http://www.artscouncil.ie/uploadedFiles/wwwartscouncilie/Content/Publications/Research_reports/Review%20of%20Arts%20Centres%20and%20Venues%20June%202019.pdf [breithnithe 15 Feabhra 2020].

An Chomhairle Ealaíon (2018a) *Making Great Art Work: Festivals Policy & Strategy 2018*, http://www.artscouncil.ie/uploadedFiles/Festivals_Policy_2018.pdf, [breithnithe 10ú Eanáir 2020].

An Chomhairle Ealaíon (2018b) *Making Great Art Work, Literature Policy & Strategy 2018*, ar fáil: http://www.artscouncil.ie/uploadedFiles/Lit_Policy_2018.pdf. [breithnithe 15 Feabhra 2020].

An Chomhairle Ealaíon (2016) *Making Great Art Work (2016 – 2025)*, ar fáil: http://www.artscouncil.ie/uploadedFiles/Making_Great_Art_Work.pdf [breithnithe 15 Feabhra 2020].

An Coimisinéir Teanga (2020) *Tuarascáil Bhliantúil 2019*, ar fáil: https://www.coimisineir.ie/userfiles/files/CT_TuarascailBhliantuil2019.pdf [breithnithe 21 Bealtaine 2020].

An Roinn Oideachais agus Scileanna (2019) *Curaclam Teanga na Bunscoile*, ar fáil: https://curriculumonline.ie/ [breithnithe 17 Aibreán 2020].

An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta (2014) *Treoirlínte Pleanála Teanga: Acht na Gaeltachta 2012*, ar fáil: https://www.chg.gov.ie/app/uploads/2015/07/Treoirlinte-Pleanala-Teanga.pdf [breithnithe 15 Feabhra 2020].

An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta (2016) *Culture 2025 – Éire Ildánach: A Framework Policy to 2025*, ar fáil: https://www.chg.gov.ie/app/uploads/2016/07/culture_2025_framework_policy_document.pdf [breithnithe 15 Feabhra 2020].

An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta (2016) *Cultúr 2025 Plédhoiciméad*, ar fáil: https://www.chg.gov.ie/app/uploads/2015/09/cultur-2025.pdf [breithnithe 15 Feabhra 2020].

An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta (2018) *Plean Gníomhaíochta don Ghaeilge (2018 – 2022),* ar fáil: https://www.chg.gov.ie/app/uploads/2018/06/ghaeltacht_report_screen.pdf. [breithnithe 15 Feabhra 2020].

An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimircí Sóisialaí, Scéim na nEalaíontoirí Gairmiúla a Fhaigheann an Liuntas Cuardaitheora Poist, ar fáil ag https://www.gov.ie/ga/seirbhis/96f825-none/.

An tAontas Eorpach (2019) 'Creative Europe Culture Sub-Programme: Support for European Co-Operation Projects', Coimisiún na hEorpa, ar fáil: https://eacea.ec.europa.eu/sites/eacea-site/files/guidelines_eacea_32-2019_coop_2020.pdf.

Arts Act 2003, https://www.oireachtas.ie/en/bills/bill/2002/22/

Bale, Anna ed, (2009) Findings Report of Playography na Gaeilge, 1975-2009, Irish Theatre Institute

Belfiore, E. and Bennett, O. (2007) 'Rethinking the social impact of the arts'. International Journal of Cultural Policy 13 (2) 135- 151.

Benson, Ciarán (1979) The Arts in Irish education, Report of the Working Party, The Arts Council, http://artsineducation.ie/wp-content/uploads/The_Place_of_the_Arts_in_Irish_Education.pdf

Bolton, C. (2018) 'Landscape and Change in Policy: Understanding Cultural Values', *RCC Perspectives,* (3), 35-42. Ar fáil: https://www-jstor-org.libraryproxy.mic.ul.ie/stable/26511171 [breithnithe 15 Feabhra 2020].

Borrup, T. (2007) 'Arts and the Economy: Fuel for the Creative Engine', in Korza, Brown & Dreeszen [eds] *Fundamentals of Arts Management,* Amherst, University of Massachusetts.

Bourdieu, P. (1993) *The field of cultural production: Essays on art and literature*, Columbia University Press, New York.

Brennan, M. Scott, J.C, Connelly, A. & Lawrence., G. "Do Music Festival Communities Address Environmental Sustainability and How? A Scottish Case Study." Popular Music 38, no. 2, 252–75, [Breithnithe: Bealtaine 2020], ar fáil: https://doi.org/10.1017/S0261143019000035.

British Council (2009) 'Long Horizons: An Exploration of Art and Climate Change', London.

Bulfin, A. (2017) 'Popular Culture and the ‘New Human Condition’: Catastrophe Narratives and Climate Change', *Global and Planetary Change* 156, 140–46, ar fáil: https://doi.org/10.1016/j.gloplacha.2017.03.002.

Burke, M., Ockwell, D. & Whitmarsh, L. (2018) “Participatory Arts and Affective Engagement with Climate Change: The Missing Link in Achieving Climate Compatible Behaviour Change?” Global Environmental Change 49, 95–105, ar fáil: https://doi.org/10.1016/j.gloenvcha.2018.02.007.

Cameron, A. (2015) ‘Poet and Audience Actually Exist: The Contact Poetry Reading Series and the Rise of Literary Readings in Canada’, J*ournal of Canadian Studies,* Winter 2015, Vol. 49 Issue 1, p73-94.

Chechi, A. (2014) 'The Cultural Dimension of Climate Change: Some Remarks on the Interface between Cultural Heritage and Climate Change Law', Climate Change as a Threat to Peace : Impacts on Cultural Heritage and Cultural Diversity.

Cohen, A. P. (1985). The Symbolic Construction of Community. London: Tavistock

Coimisinéirí Ioncaim, na (Revenue), Diolúine an Ealaíontóra, eolas ag https://www.revenue.ie/en/personal-tax-credits-reliefs-and-exemptions/income-and-employment/artists-exemption/index.aspx

Collins, P. Mahon, M. & Murtagh, A. (2018) ‘Creative industries and the creative economy of the West of Ireland: evidence of sustainable change?’, *Creative Industries Journal,* 11:1, 70-86, breithnithe: 10.1080/17510694.2018.1434359

Comhaltas Ceoltóirí Éireann,

Corbett, J B., & Clark, B. (2017) 'The Arts and Humanities in Climate Change Engagement' Oxford Research Encyclopedia of Climate Science, ar fáil: https://doi.org/10.1093/acrefore/9780190228620.013.392.

Costello, É. (2015). Sean-nós singing and Oireachtas na Gaeilge: identity, romantic nationalism, and the agency of the Gaeltacht community nexus. PhD thesis, University of Limerick. ar fáil: https://ulir.ul.ie/bitstream/handle/10344/4873/Costello_2015_sean.pdf?sequence=6.

Craik, J. (2007). 'Managing creativity and cultivating culture' In *Re-Visioning Arts and Cultural Policy: Current Impasses and Future Directions* (pp. 49-58). ANU Press. Retrieved from http://www.jstor.org.libraryproxy.mic.ul.ie/stable/j.ctt24hdgg.

Csikszentmihalyi, M. (1996) *Creativity – Flow and the Psychology of Discovery and Invention*, New York, Harper Perennial.

Csikszentmihalyi, M. (1999) 'Implications of a Systems Perspective for the Study of Creativity' in Sternberg, R.J [ed] *Handbook of Creativity*, New York, University Cambridge Press.

Cullell, D. (2015) '(Re-)Locating Prestige: Poetry Readings, Poetry Slams, and Poetry Jam Sessions in Contemporary Spain', *Hispanic Research Journal.* Dec 2015, Vol. 16 Issue 6, p545-559, DOI: 10.1080/14682737.2015.1129837.

Cumann Lúthchleas Gael, Scór Remark Sheet, ar fáil ag https://www.gaa.ie/api/pdfs/image/upload/vn0shsq3ncc6lam90wnn.pdf

Darmody, M, and Daly, T, Aittitudes to Irish, Foras na Gaeilge/ESRI, 2015 ar fáil ag https://www.forasnagaeilge.ie/wp-content/uploads/2015/09/Attitudes-towards-Irish-2015.pdf

D'Andrea, M. J. (2017). Symbolic Power: Impact of Government Priorities for Arts Funding in Canada. Journal of Arts Management, Law & Society, 47(4), 245–258. https://doi-org.libraryproxy.mic.ul.ie/10.1080/10632921.2017.1340209

Dawson, T. (2017) 'Public Archaeology and Climate Change', ar fáil: http://public.eblib.com/choice/publicfullrecord.aspx?p=5185069.

De Mórdha, D. (2019) RTÉ Raidió na Gaeltachta agus Cultúr Phobal na Gaeltachta, Tráchtas PhD ar fáil ag https://cora.ucc.ie/handle/10468/8560

Denvir, G. (1997) *Litríocht agus Pobal*, Indreabhán, Conamara, Cló Iar-Chonnachta Teo.

Denvir, S. (2012) 'Pobal na nAmhrán: Ó Thinteán go Stáitse' *Bliainiris*, 10 :169-185.

Dunaway, F. (2009) "Seeing Global Warming: Contemporary Art and the Fate of the Planet." Environmental History 14, no. 1 (2009): 9–31.

Ford, S. (2017) 'Marginalised and Emerging Identities: The Traditional Voice in Irish Contempoary Music', DPPSH Dialectics Volume One

Ealaín na Gaeltachta (2018) *Straitéis (2018 – 2022)*, ar fáil: https://ealain.ie/wp-content/uploads/2018/10/ealan-na-gaeltachtas-strategy-2018-2022.pdf [breithnithe 15 Feabhra 2020].

Éire Ildánach (2019) 'Engaging the Public on Climate Change through the Cultural and Creative Sectors', ar fáil: https://www.creativeireland.gov.ie/app/uploads/2019/12/Engaging-the-Public-on-Climate-Change.pdf [breithnithe 25 Feabhra 2020).

Éire Ildánach (2018) *Óige Chruthaitheach*, ar fáil: https://www.creativeireland.gov.ie/sites/default/files/media/file-uploads/2018-03/CI_ChildrensPlan_Screen_1.pdf [breithnithe 15 Feabhra 2020].

Éire Ildánach (2017) *Clár Éire Ildánach*, ar fáil: https://www.creativeireland.gov.ie/sites/default/files/media/file-uploads/2017-12/Creative%20Ireland%20Programme.pdf, 25ú Bealtaine 2019 [breithnithe 15 Feabhra 2020].

Éire Ildanach Óige Ildánach ar fáil ag https://www.creativeireland.gov.ie/app/uploads/2019/12/CI_ChildrensPlan_Screen_1.pdf

Éire Ildánach, Creative Associates booklet for organisations.

Éire Ildánach, Scoileanna Ildánacha, Creative Associates Information Booklet for Individuals.

Gill, R. and Pratt, A.C. (2008). In the social factory? Immaterial labour, precariousness and cultural work. Theory, Culture & Society, 25(7-8), pp. 1-30.

Glaveanu, V. P. (2013) 'Rewriting the language of creativity: The five A's framework' *Review of General Psychology*, 17(1), 69–81.

Glassie, H. (2010) "The Irish Folklore Commission: International Scholarship, National Purpose, Local Virtue." *Béaloideas*, vol. 78, 2010, pp. 1–18.

Glassie, Henry, (1982) Passing the Time in Ballymenone: Culture and History of an Ulster Community.

Hager, M.A & Sung, H. (2011), Local Arts Agencies as Destination Management Organizations, Journal of Travel Research, Volume 51, Number 4, pp 400-411.

Helfand, M., Kaufman, C.J & Beghetto, A. R. (2016) *'The Four-C Model of Creativity: Culture and Context'* in Glăveanu & Wagoner (2016), Palgrave Handbook of Creativity and Culture Research, Macmillan Publishers ltd., London.

Hesmondhalgh, David and Pratt, Andy C (2005) Cultural industries and cultural policy. International Journal of Cultural policy, 11 (1). pp. 1-14.

Irish Humanities Alliance, (2019) By Imagination we live, A Strategy for the Humanities 2020-2030 https://www.irishhumanities.com/assets/Uploads/By-Imagination-we-live-FINAL.pdf

Irish Theatre Institute (2018) 'Dignity in the Workplace', ar fáil ag http://www.irishtheatreinstitute.ie/attachments/509aef17-8bea-4e54-b5f6-15862d50869b.PDF

Irish Universities Assocaition (2018) Ireland's Future Talent: A Charter for Irish Universities.

Leal F. et al (2018) 'Handbook of Climate Change Communication', Vol. 2, Vol. 2, 2018, ar fáil: https://search.ebscohost.com/login.aspx?direct=true&scope=site&db=nlebk&db=nlabk&AN=1636799

MacConville, U. (2018). 'Arts Council Funding 2018' *Books Ireland,* (378), 14-14. Retrieved June 1, 2020, from www.jstor.org/stable/90019342.

Magnat, V. (2011). Conducting Embodied Research at the Intersection of Performance Studies, Experimental Ethnography and Indigenous Methodologies. *Anthropologica, 53*(2), 213-227. Retrieved from http://www.jstor.org.libraryproxy.mic.ul.ie/stable/41473875.

Mahon, M.McGrath, B. Ó Laoire, L. & Collins, P. (2018) 'Artists as workers in the rural; precarious livelihoods, sustaining rural futures', *Journal of Rural Studies.* doi: https://doi.org/10.1016/j.jrurstud.2018.04.001.

McMahon, T. (2008) *Grand Opportunity: The Gaelic Revival and Irish Society, 1893-1910,* Syracuse

Molscéal, (10/1/2019) 'Amharclann na Mainistreach: Cá bhfuil na drámaí Gaeilge?'le fáil ag https://molsceal.ie/an-mhumhain/alt/?CID=5987837184001

Motherway, S. (2013) *'The Globalisation of Irish Traditional Song Performance'*, Ashgate.

Monro, E. (2017) 'Building soft skills in the creative economy: Creativeintermediaries, business support and the'soft skills gap' *Poetics 64,* 2017https://www.researchgate.net/publication/319646172_Building_soft_skills_in_the_creative_economy_Creative_intermediaries_business_support_and_the_'soft_skills_gap/download

Ní Chinnéide, M. (2008) An Damer, Stair Amharclainne, Gael-linn.

Ní Chonghaile, D. seimineár taifeadta, 'Mapping Song Through Time and Space: Rev. Daniel J. Murphy collects sean-nós song in Pennsylvania', 1884-1935 https://www.liverpool.ac.uk/irish-studies/events/culture-unconfined/cultures-unconfined-deirdre-ni-chonghaile/

Nic Dhonncha, R. (2012). Sean nós singing – ideological perspectives on a native art. In: T. Smith, ed. Ancestral Imprints. Cork: Cork University Press. pp. 159-167.

Ní Fhlannagáin, Fionnuala, eag. (1990) Mícheál Ó Locháin agus An Gaodhal, An Clóchomhar.

Ní Ghairbhí, R. (2009) Sinne a mhair i mbroinn an pharóiste; gnéithe d'Athbheochan na Gaeilge i gContae Luimnigh', Diasa Díograise, Aistí i gcuimhne ar Mháirtín Ó Briain / in eagar ag Mícheál Mac Craith agus Pádraig Ó Héalaí, Cló Iar-Chonnachta.

Ní Ghairbhí, R. (2017) Pádraig Mac Piarais agus Forbairt na Drámaíochta Dúchais, in Ní Ghairbhí & Mc Nulty, ed. Mac Piarais agus an Pearse and the Theatre, Four Courts Presss, 126-139.

Ní Mhuircheartaigh, Eadaoin, (2018) ''Allagar an ardáin: taibhealaíona Johnny Chóil Mhaidhc Uí Choisdealbha''' *COMHARTaighde*, 4, ar fáil: https://comhartaighde.ie/eagrain/4/nimhuircheartaigh/

Ó Crualaoich, G. (1989) 'Litríocht na Gaeltachta: Seoladh isteach ar pheirspictíocht ó thaobh na litríochta béil' in Ó Fiannachta, P. eag., *Litríocht na Gaeltachta, Léachtaí Cholm Cille XIX,* Má Nuad, An Sagart.

Ó Crualaoich, G. (1992) ‘An Ceol Sí agus Friotal na Laoch - Toradh an ghnímh liteartha 'nár measc’, *Comhar, 51*(5), 94-99, [breithnithe 22 Eanáir 2020], doi:10.2307/25571768

Ó Crualaoich, B. (1998) ‘Léann an Bhéaloidis agus Critic na Litríochta’ in Ní Annracháin, M. & Nic Dhiarmada, B. *Téacs agus Comhthéacs – Gnéithe de Chritic na Gaeilge*, Corcaigh, Cló Ollscoile Chorcaí.

Ó Duilearga, Séamas (1945) 'The Gaelic storyteller.'

Ó Duilearga, Séamas (1948) 'Leabhar Sheáin Í Chonaill'.

Ó Fiannachta, P. (1991) 'Ár bhFilí', *Iris na hOidhreachta*, Corca Dhuibhne, Oidhreacht Chorca Dhuibhne.

Ó Giolláin, Diarmaid, (2005) An Dúchas agus an Domhan, Cork University Press

Ó Giolláin, (2000) locating Irish Folklore: Tradition, Modernity, Identity, Cork University Press.

Ó Giollagáin, C. & Charlton, M. (2015) *‘Nua-shonrú ar an Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht 2006 – 2011’*, Údarás na Gaeltachta.

Ó hÓgáin, D. (1982) *An File - Staidéar ar Osnádúrthacht na Filíochta sa Traidisiún Gaelach*, Baile Átha Cliath, Oifig an tSoláthair, Rialtas na hÉireann.

Ó hÓgáin, D, (Gan dáta), ‘On Storytelling’, ar fáil ag http://www.storytellersofireland.org/documents/daithi-o-hogain-on-storytelling/

O’Leary, P. (2017) *'An underground theatre: major playwrights in the Irish language 1930–1980'*, Dublin, University College Dublin Press.

Ó Laoire, L. (1998). National identity and local ethnicity: the case of the Gaelic League’s Oireachtas sean nós singing competitions. In: The Phenomenon of Singing: Proceedings of the International Symposium, St. John’s, Newfoundland. St. John’s: Memorial University of Newfoundland. pp. 160-167.

Ó Laoire, L. (2016) ‘Towards an Aesthetic of Song Performance’, *Folk Life: Journal of Ethnological Studies,* 54 (1).

Ó Madagáin, Breandán, (1985) 'Functions of Irish song in the nineteenth century', *Béaloideas, 130*-216.

Ó Morónaigh, S. (2001) *Agallamh na hÉigse: Cíoradh agus Cnuasach,* An Comhlachas Náisiúnta Drámaíochta.

Ong W.J. (1982) *Orality and Literacy, the Technologising of the Word,* London, Routledge.

Príomhoifig Staidrimh, An, sonraí maidir leis an nGaeilge agus an Ghaeltacht, ar fáil ag https://www.cso.ie/en/releasesandpublications/ep/p-cp10esil/p10esil/gag/

Research and Dig, Múscraí Gaeltacht Cnservatio Management and Management Plan , 2020

Rialtas na hÉireann (2020) *Cultúr 2025: Creatbheartas Náisiúnta Cultúir go dtí an bhliain 2025,* ar fáil: https://www.chg.gov.ie/app/uploads/2020/01/culture-2025.pdf. [breithnithe 15 Feabhra 2020].

Rialtas na hÉireann (2019) *Global Ireland Progress Report Year 1,* ar fáil: https://assets.gov.ie/18967/17dadbe856804fb5bdbb02512efbe903.pdf

Rialtas na hÉireann (2018a) *Tionscadal Éireann 2040, An Chreat Pleanála Náisiúnta*, http://npf.ie/wp-content/uploads/Project-Ireland-2040-NPF.pdf. [breithnithe 15 Feabhra 2020].

Rialtas na hÉireann (2018b) *Infheistíocht inár gCultúr, inár dTeanga agus inár nOidhreacht (2018 – 2027)*, Tionscadal Éireann 2040, breithnithe: https://www.creativeireland.gov.ie, Bealtaine 2019 [breithnithe 15 Feabhra 2020].

Rialtas na hÉireann (2017) *Fíorú Acmhainneacht na Tuaithe: Plean Gníomhaíochta d'Fhorbairt Tuaithe*, ar fáil: https://www.chg.gov.ie/app/uploads/2017/01/plean-gniomhaichta-dfhorbairt-tuaithe.pdf. [breithnithe 15 Feabhra 2020].

Rialtas na hÉireann (2014) Better Outcomes, Brighter Futures: The National Policy Framework for Children and Young People 2014–2020, ar fáil: https://assets.gov.ie/23796/961bbf5d975f4c88adc01a6fc5b4a7c4.pdf

Rialtas na hÉireann (2010) *An Straitéis Fiche Bliain don nGaeilge (2010 – 2030)*, ar fáil: https://www.chg.gov.ie/app/uploads/2015/07/Straiteis-20-Bliain-Leagan-Gaeilge.pdf [breithnithe 15 Feabhra 2020].

Rialtas na hÉireann (1998) Acht an Oideachais, le fáil: https://data.oireachtas.ie/ie/oireachtas/act/1998/51/gle/enacted/a5198i.pdf

Rosewall, E. (2014) *'Arts Management: Uniting Arts and Audiences in the 21st Century'*, New York, Oxford University Press.

Rudd, L. (2012). 'Just "Slammin!" Adolescents' Construction of Identity Through Performance Poetry' *Journal of Adolescent & Adult Literacy, 55*(8), 682-691. Retrieved from http://www.jstor.org.libraryproxy.mic.ul.ie/stable/41827769

Sabbioni, C. (2012) 'The Atlas of Climate Change Impact on European Cultural Heritage Scientific Analysis and Management Strategies', London: Anthem Press.

Schatteman, M.A & Bingle, B. (2017) 'Government Funding of Arts Organizations: Impact and Implications', *The Journal of Arts Management, Law, and Society*, 47:1, 34-46, DOI: 10.1080/10632921.2016.1255287.

Schechner, R. (2013) *'Performance Studies: An Introduction'*, Third Edition, Routledge, New York and London.

Schechner, R. (1988) 'Performance Studies: The Broad Spectrum Approach' *TDR, 32*(3), 4-6. doi:10.2307/1145899.

Schlesinger, P. (2013) Expertise, the academy and the governance of cultural policy. Ar Media, Culture & Society, 35 (1) pp.27-35https://pdfs.semanticscholar.org/54be/be24b34832dfedf15f0eedb7624004453c32.pdf?_ga=2.230917343.1145214092.1591094308-1213014486.1591094308

Segers, K., Schramme, A., and Devriendt, R. (2010) 'Do artists benefit from arts policy? The position of performing artists in Flanders (2001–2008)', *The Journal of Arts Management, Law, and Society,* 40 (1), 58–75.

Sheridan, R. & Sheridan, J. (2013) 'International Heritage Instruments and Climate Change'.

Sidford, H. & Frasz, A. (2016) 'Beyond Green: The Arts as a Catalyst for Sustainability', Salzburg, 2016.

Simonton, D. K. (2013). *What is a creative idea? Little-c versus Big-C creativity.* In K. Thomas & J. Chan (Eds.), *Handbook of research on creativity* (p. 69–83). Edward Elgar Publishing.

Smyth, E. (2016) *Arts and Cultural Participation among Children and Young People: Insights from the Growing Up in Ireland Study*, The Economic and Social Research Institute & The Arts Council, ar fáil: http://www.artscouncil.ie/uploadedFiles/Arts-and-cultural-particiption-GUI.pdf. [breithnithe 15 Feabhra 2020].

Sternberg, R.J (2016) 'Creativity, Intelligence, and Culture' in Glăveanu & Wagoner (2016), *Palgrave Handbook of Creativity and Culture Research*, Macmillan Publishers ltd., London.

Sternberg, R.J. (1999) *'Handbook of Creativity'*, New York, Cambridge University Press.

Taibhdhearc na Gaillimhe, Straitéis 2020-2025, (neamhfhoilsithe, roinnte leis an meitheal taighde).

Tonks, A. (2016) *The A to Z of Arts Management: Reflections on Theory and Reality*, Prahran, Australia, Tilde Publishing.

Tyszczuk, R. & Smith, J. (2018) 'Culture and Climate Change Scenarios: The Role and Potential of the Arts and Humanities in Responding to the '1.5 Degrees Target', Current Opinion in Environmental Sustainability, Sustainability governance and transformation 2018, 56–64, ar fáil: https://doi.org/10.1016/j.cosust.2017.12.007.UNESCO.

Walmsley B. 2019. The death of arts marketing: a paradigm shift from consumption to enrichment. *Arts and the Market.* **9**(1), pp. 32-49

Walmsley, B (2011) *The 21st century business model.* In: Walmsley, BA, (ed.) Key Issues in the Arts and Entertainment Industry. Goodfellow http://eprints.whiterose.ac.uk/79365

Walmsley, Ben, (2013). A reflective perspective on the challenges facing research-led teaching in the performing and creative arts. *Arts and Humanities in Higher*

*Education: an international journal of theory, research and practice.* 12 (2-3), pp. 222-233

Walmsley B. 2019. *Audience Engagement in the Performing Arts A Critical Analysis.* Palgrave Macmillan.

Walmsley B. 2014. *Entertainment Management: Towards best practice.* Wallingford: CABI International

Walmsley B (eds.) 2011. *Key Issues in the Arts and Entertainment Industry.* Oxford: Goodfellow Pub Limited.

Wardetzky, K. und Weigel, C. (2012) Sprachlos? Erzählen im interkulturellen Kontext. Erfahrungen aus einer Grundschule Schneider Verlag Hohengehren.

Weiner, R. P. (2000) *'Creativity and beyond: Cultures, values, and change'* Albany, NY: State University of New York Press.

Weisburg. R.W (2006) *'Creativity: Understanding Innovation in Problem Solving, Science, Invention and the Arts'*, New Jersey, John Wiley & Sons.

Uí Chollatáin, R. (2004) *'An Claidheamh Soluis agus Fáinne an Lae'*, Baile Átha Cliath, Cois Life.

Unesco (2001) *'Unesco to protect masterpieces of the oral and intangible heritage of humanity'*, ar fáil: https://ich.unesco.org/en/lists.

unesco.org/new/en/communication-and-information/memory-of-the-world/register/full-list-of-registered-heritage/registered-heritage-page-4/the-irish-folklore-commission-collection-1935-1970/

Unesco (2005) Convention ón the Protection and the Promotion of Cultural Expressionhttps://unesdoc.unesco.org/ark:/48223/pf0000246264?posInSet=9&queryId=b157c9a8-daf3-4ab7-ac63-81848e6a38a4

Unesco (2017) Recommendation concerning the Preservation of, and Acccess to Documentary Heritage including in Digital Form https://unesdoc.unesco.org/ark:/48223/pf0000244675

# Aguisíní

## Aguisín A: Clár na nAgallamh

1. Cén bhaint atá agatsa nó ag d'Eagras leis na hEalaíona Teangabhunaithe?
2. Dar leatsa, cad is staid reatha do na hEalaíona Teangabhunaithe faoi láthair?
3. I do thuairim féin, cad í an ghné is láidre de na hEalaíona Teangabhunaithe?
4. I do thuairim féin, cad í an ghné is laige de na hEalaíona Teangabhunaithe?
5. Céard iad na deiseanna atá sna hEalaíona Teangabhunaithe, dar leatsa?
6. Cad a cheapann tú faoi mhaoiniú do na hEalaíona Teangabhunaithe?
7. I do thuairim féin, ceard iad na dúshláin atá ann do na hEalaíona Teangabhunaithe??
8. I do thuairim féin, cad iad na bagairtí atá ann do na hEalaíona Teangabhunaithe?
9. Cad iad na slite a gcuireann, dar leatsa, na hEalaíona Teangabhunaithe le sochaí na hÉireann?
10. An féidir leat rud éigin a rá faoi thábhacht na nEalaíon Teangabhunaithe do dhaoine óga?
11. I do thuairim féin, cad iad na gnéithe polaitíochta atá ag imirt tionchair ar an na hEalaíona Teangabhunaithe?
12. I do thuairim féin, cad iad na gnéithe sóisialta atá ag imirt tionchair ar an na hEalaíona Teangabhunaithe?
13. An féidir leat rud éigin a rá faoi staid na Gaeilge i gcomhthéacs na nEalaíon Teangabhunaithe?
14. An feidir leat do thuairim a thabhairt faoi chomhoibriú sna hEalaíona Teangabhunaithe?
15. Dá mbéifeá in ann moladh amháin a dhéanamh faoi dul chun cinn na nEalaíon Teangabhunaithe, cad é an rud sin?
16. An bhfuil tionchar ag cursaí eacnamaíocha ar na_hEalaíona Teangabhunaithe ar cheart dúinn a chur san aireamh?
17. An bhfuil tionchar ag an teicneolaíocht ar na hEalaíona Teangabhunaithe ar cheart dúinn a chur san áireamh?
18. An bhfuil gnéithe ar bith den dlí, nó gnéithe dlíthiúla, ag dul i bhfeidhm ar na hEalaíona Teangabhunaithe ar chóir dúinn a chur san áireamh?
19. An bhfuil aon ghnéithe timpeallachta ag imirt tionchair ar na hEalaíona Teangabhunaithe ba cheart dúinn a chur san áireamh?
20. Cad iad na rudaí is giorra don scornach nó na rudaí ar cheart tús áite a thabhairt dóibh faoi fhorbairt na Straitéise?
21. Dá mbeadh Mianliosta nó 'wish list' agat don straitéis, cad a bheadh air?
22. An bhfuil aon rud eile gur mhaith leat a rá?

Aguisín B: An Fhoirm Ceada

**Straitéis Náisiúnta d'Ealaíona Teangabhunaithe na Gaeilge**

**Foirm Ceada**

**<u>Ceadú:</u>**

Táim sásta páirt a ghlacadh go deonach san agallamh seo. Tuigim nach bhfaighfidh mé cúiteamh ar bith as páirt a ghlacadh ann. Tuigim cur chuige an staidéir agus táim sásta páirt a ghlacadh go hiomlán sa taighde seo. Bhí deis agam cur chuige an taighde a phlé agus bhí dóthain ama agam chun ceisteanna a chur mar gheall air.

Tuigtear dom go bhféadfainn an ceadú sin a thógaint ar ais ag aon uair i rith an taighde agus diúltú d'aon cheist a fhreagairt faoi mar a thoilím gan aon iarmhairtí ar bith.

Táim sásta go ndéanfar taifeadadh fuaime ar an agallamh agus go mbainfear feidhm as na sonraí a nochtfaidh mé chun críocha an taighde amháin, cé nach luaifear d'ainm leis an tuairim sin.

Tuigtear dom go bhféadfaí na sonraí a chuirfidh mé ar fáil i bhfóraim éagsúla chun críocha obair na straitéise seo.

Tuigtear dom go bhfuil de cheart agam dul i dteagmháil leis an dtaighdeoir ag aon uair chun a thuilleadh eolais a fháil faoin staidéar

Síniú an rannpháirtithe taighde _____________________ Dáta_________

Síniú an taighdeora _____________________________ Dáta_________

## Aguisín C: An tIniúchadh Earnálach, Eagraíochtúil agus Maoinithe do na hEalaíona Teangabhunaithe

Seo thíos liosta ionadaíoch d'eagrais a mbíonn plé díreach nó rialta acu le hEalaíona Teangabhunaithe na Gaeilge.

**Eagrais Stáit agus a bpairtnéirí**

- An Chomhairle Ealaíon (stát urraithe ach neamhspléach)
- Foras na Gaeilge
- Creative Ireland/Éire Ildánach, Clár de chuid an Roinn Ealaíon, Cultúir agus Gaeltachta
- *Pairtnéirí Éire Ildánach*
- *Age and Opportunity*
- *Sing Ireland*
- *Fighting words*
- *Youth Theatre Ireland*
- *Music Generation*
- An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Ghaeltachta
- An Roinn Sláinte
- An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige
- An Roinn Gnóthaí Eachtracha
- An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais
- An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí
- An Roinn Oideachais agus Scileanna
- Roinn Gnóthaí Eachtrach Irish Abroad Unit DFA
- Cultúr Éireann (Culture Ireland)
- Ambasáidí na hÉireann
- Revenue Cáin agus Custaim na hÉireann
- Údarás na Gaeltachta
- Ealaín na Gaeltachta
- Fáilte Ireland
- Tourism Ireland
- An Chomhairle Um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta

**Eagrais le raon freagrachta náisiúnta/ trasteorainn**

Ceanneagraíochtaí na Gaeilge

- Gaeloideachas
- Gael Linn
- Glór na nGael
- Oireachtas na Gaeilge

- Conradh na Gaeilge
- Cumann na bhFiann
- Amharclann na Mainistreach

**Eagrais earnálacha**

- An Chomhairle Ealaíon/Arts Council
- Éigse Éireann (Poetry Ireland)
- Storytellers of Ireland/Aos Scéal Éireann
- An Comhlachas Náisúnta Drámaíochta
- Theatre Forum
- Irish Youth Theatre
- Irish Youth Foundation
- Óige na Gaeltachta
- Ógras
- Gaelchultúr
- Tuismitheoirí na Gaeltachta
- Cumann Lúthchleas Gael
- Áras Scríbhneoirí na hÉireann/Irish Writers Centre
- TG4
- Amharclann na Mainistreach
- Comhar
- An Taibhdhearc
- Muintearas
- Branar
- Fíbín
- Fighting Words
- Cló Iar-Chonnacht
- Cumann Lúthchleas Gael
- Raidió na Gaeltachta
- Theatre Forum
- Irish Theatre Institute
- Irish Equity
- Chamber Choir Ireland
- Royal School of Church Music in Ireland
- Leabharlann Náisiúnta na hÉireann
- RTE Lyric FM
- Gael-Linn
- Siamsa Tíre
- Aosdána
- Create Ireland
- Glór na nGael

- Gaelchultúr
- Other Voices
- St. Patrick's Festival
- IMRO Irish Music rights organisation
- Arts and Disability Ireland
- Storytellers of Ireland
- Irishtheatre.ie
- Electric Picnic
- Cumann Gaelach na hEaglaise
- Ceoláras Náisiúnta
- Sing Ireland
- Irish Church Music Association
- Cumann Gaelach na hEaglaise (Eaglais na hÉireann)
- Irish National Opera
- Ceol-Acadamh Ríoga na hÉireann
- Contemporary Music Centre
- Music Network
- Acadamh Ríoga Éireann
- Institiúid Ardléinn na hÉireann
- Irish Humanities Alliance
- ARA Archives and Records Association
- IMRO Irish Music Rights Association
- Fair Plé
- Traid Éireann
- Irish Traditional Music Archive/Taisce Cheol Dúchais na hÉireann, BÁC 2
- Cnuasach Bhéaloideas Éireann, Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath
- Comhaltas Ceoltóirí Éireann
- Cumann Drámaíochta, Camas
- Theatre Forum
- Fondúireacht Bhéaloideas Éireann
- Storytellers of Ireland/Aos Scéal Éireann.
- HearSay Festival Luimneach
- Irish Youth Foundation
- Turas (Béal Feiriste)
- Fighting Words (pairtnéir de chuid Éire Ildánach)
- Narrative 4 Limerick
- Conradh na Gaeilge

**Cartlanna**

- Cnuasach Bhéaloideas Éireann agus dúchas.ie
- Cartlann Sheosaimh Uí Éanaí

- Playography na Gaeilge
- Cartlann an Chomhlachais Náisiúnta Drámaíochta
- Cartlann na Taibhdheirce
- Cartlanna Chonradh na Gaeilge (go háirithe ábhar i Leabharlann James Hardiman agus Leabharlann Náisiúnta na hÉireann)
- Cartlann Raidió na Gaeltachta (Níl fáil ag an bpobal ach ar shamplaí)
- Cartlann TG4, go háirithe http://seannos.tg4.ie/
- Cartlann Chomhaltas Ceoltóirí Éireann (gá le pasfhocal)
- Bealoideasbeo.ie (ábhar as Tír Chonaill)
- Cartlann Leabharlann James Hardiman (mar shampla, Rev Murphy Collection-amhráin, Cartlann na Taibhdheirce)
- RTE Drama on One
- Taisce Cheol Dúchais Éireann (itma.ie)

Tá taifead tábhachtach i nuachtáin agus irisí Gaeilge ar ábhar a bhaineann leis na hEalaíona Béil go háirithe irisí léinn mar Béaloideas, Béascna agus Comhar/ComharTaighde, nuachtáin mar The Nation, Irisleabhar na Gaeilge, An Gaodhal agus An Claidheamh Soluis agus nuachtáin áitiúla.

**Na méain**

- Tuairisc.ie
- Nós.ie
- Journal of Music in Ireland
- TG4
- Raidió na Gaeltachta
- Raidió na Life
- Raidió Fáilte
- Stáisiúin raidió áitiúla
- Lyric Fm
- RTE Radio
- Irisí litríochta agus irisí léinn éagsúla
- Suímh lín éagsúla eagras
- Na méain shóisialta

**Ionaid**

- Ionaid Ealaíne (mar shampla Galway Arts Centre, Áras Éanna, Ionad Cultúrtha Bhaile Bhuirne)
- Axis Ballymun

- Áras Mhic Reachtain
- Cill Rialaig
- Amharclanna (mar shampla, O'Donoghue Theatre, OÉG, Siamsa Tíre,  An Taibhdhearc, Amharclann Ghaoth Dobhair, amharclanna iomadúla eile)
- Hallaí pobail agus infreastruchtúr áitiúil eile

**Féilte**

- Bualadh bos
- Babaró
- Tionól Niocláis Tóibín
- Aran Celtic Music Festival
- Inishowen Singing Festival
- Éigse an Spidéil
- Scoil Acla Fleadh Ceol na hÉireann
- Éigse Dhiarmuid Uí Shúilleabháin
- Patrick O' Keeffe Traditional Music Festival
- Ceol na gCruach (Tír Chonaill, ceol, filíocht, amhránaíocht)
- Deireadh Seachtaine Trá Buí /Pearse Holmes Memorial (amhránaíocht, scéalaíocht, Strawboys)
- Féile Cois Cuain
- Féile Filíochta Bhéal Átha na Buillí
- Fleadh Ceoil na hÉireann (agus na gcúigí)
- (The Healing, spoken word) Listowel Writers Week.
- Féile Imram
- Electric Picnic (An Puball Gaeilge)
- Féile na Gealaí
- Oireachtas na Samhna
- Scoil Gheimhridh Ghaoth Dobhair
- Yarn Storytelling Festival, Bray
- Seachtain Cheoil Chois Fharraige
- St. Patrick's Festival
- Dublin Theatre Festival
- Féile an Phobail
- Féile Ealaíona na Gaillimhe
- Éigse Michael Hartnett
- Féile na Gealaí
- Éigse na Brídeoige
- Éigse Dhiarmaidín
- Féile Joe Éinniú
- Féile na Sollán

- Sean-nós Cois Life
- Féile an Earagail
- Liú Lúnasa
- Féile na Seanbheairice
- Féile na Mí
- Féile Joe Éinniú
- Éigse Michael Mháire an Ghabha
- Féile Scéalaíochta Chléire
- Sneem International Storytelling & Folklore Festival
- Glens Storytelling Festival
- Hearsay (Audio Festival, Luimneach)
- Airneán Árann
- Tradoodle (féile do leanaí le ceardlanna)
- Scoil Cheoil an Earraigh
- Féile na Tána
- Temple bar Music Festival
- Milwaukee Irish Festival

**Tograí, clubanna agus scéimeanna leanúnacha (Samplaí ionadaíocha)**

- Binneas (Uíbh Ráthach)
- Reic
- Ó Bhéal
- An Goilín
- Siar ó Thuaidh
-

*Scéimeanna Éire Ildánach*

- Cruinniú na nÓg
- Scoileanna Ildánacha
- Óige Ildánach
- Pobail ildánacha

**Eagrais tathanta**

- Arts and Disability Ireland
- Arts for All, Cork
- Fair plé
- Traid Éireann
- Aontas na Scríbhneoirí

**Cleachtóirí**

- Níl aon bhunachar lárnach do chleachtóirí in ETB na Gaeilge nó níl aon bhunachar cuimsitheach ann do chleachtóirí sna réimsí éagsúla de ETB na Gaeilge. Tá roinnt eolais ar fáil ar shuímh mar Aos Scéal Éireann agus Writers in Schools agus ar shuímh a bhaineann le hOifigí Ealáine roinnt údarás áitiúil (mar shampla, Comhairle Chontae Chiarraí) agus d'fheádfadh deiseanna gairmiúla a bheith ar fáil do chleachtóirí a chláraíonn ar na suímh seo. Tá nasc ar shuíomh Éire Ildánach do phainéal a gComhaltaí Cruthaitheacha do chlár Scoileanna Ildánacha.

**(ER) Eagrais Réigiúnacha agus Cumainn/Craobhacha/Coistí Áitiúla**

- Ealaín na Gaeltachta
- Comharchumann Forbartha Ghaoth Dobhair/An Chrannóg
- Oidhreacht Chorca Dhuibhne
- Forbairt na Dromada
- Comhchoiste Ghaeltacht Uíbh Ráthaigh
- Comhairlí Contae/Údaráis áitiúla
- Oifigigh Gaeilge in údaráis áitiúla lasmuigh den Ghaeltacht (Tá údaráis áirithe gan aon Oifigeach Gaeilge)
- Grúpaí agus gréasáin teanga áitiúla neamhspleácha lasmuigh de na Gaeltachtaí (mar shampla, Comhluadar Luimnigh, Grúpa Spraoi Bhaile Átha Cliath Theas, Sult na Sollán) Bíonn cuid mhór de na grúpaí seo ag comhoibriú le heagraíochtaí eile, go háirithe Conradh na Gaeilge agus Glór na nGael.
- Cumainn Drámaíochtaí Amaitéaracha (mar shampla, Aisteoirí Bulfin, Aisteoirí Bhréanainn, Aisteoirí Mhíobhaigh)
- Meithil Phleanála Teanga
- Oifigigh Pleanála Teanga i gceantar aitheanta pleanála teanga

**Eagrais a bhaineann le réimsí ar leith de chleachtadh ETB**

Amhránaíocht

- Ealaín na Gaeltachta

- Tuismitheoirí na Gaeltachta
- Sing Ireland (pairtnéir Éire Ildánach)
- Binneas (Comhchoiste Gaeltachta Uíbh Ráthaigh)
- Irish National Opera
- Chamber Choir Ireland
- Guthanna Binne Síoraí
- Trad Picnic
- Comhaltas Ceoltóirí Éireann
- Opera Theatre Company
- Contemporary Music Centre
- Association of Irish Composers
- IMRO
- Fair Plé
- Traid Éireann
- Cartlann Cheol Dúchais na hÉireann/Irish Traditional Music Archive
- Cnuasach Bhéaloideas Éireann
- Dúchas.ie
- Foilsitheoirí éagsúla
- Ceol Connected (ceardlanna do leanaí)

**Scéalaíocht**

- Oireachtas na Gaeilge
- Comhaltas Ceoltóirí Éireann
- Scór/Cumann Lúthchleas Gael
- Verbal Arts Centre Derry
- Storytellers of Ireland/Aos Scéal Éireann
- Ciarraí Scéalach
- Verbal Arts Centre
- Narrative 4
- Ciarraí Scéalach/Storied Kerry
- Cartlanna, go háirithe Cnuasach Bhéaloideas Éireann agus an t-árdán digiteach a bhaineann leis duchas.ie; bealoideasbeo.ie
- Foilsitheoirí éagsúla
- Ceol Connected (ceardlanna scéalaíochta)
- Independent State of Happiness, ceardlanna scéalaíochta, drámaíochta, rap (lonnaithe in Albain ach freastal trí Ghaeilge chomh maith)

**An fhilíocht labhartha**

- Boundless and Bare (‘Ireland’s Spoken Word Agency’)
- Ó Bhéal
- Reic
- Éigse Hartnett
- Liú Lúnasa
- Imram
- The Independent State of Happiness, ceardlanna  rap (lonnaithe in Albain ach freastal trí Ghaeilge chomh maith)

**Amharclannaíocht agus Drámaíocht**

- An Taibhdhearc
- An Comhlachas Náisiúnta Drámaíochta
- Branar Téatar do Pháistí
- Fíbín
- Sploder theatre Company (Liatrom)
- Fizz & Chips Theatre Co., Cill Dara
- Fanzini Circus Theatre
- Moonfish
- Graffiti
- Garraí an Ghiorria
- Munbro Top
- Aisling Gheal
- Cumainn Drámaíochta áitiúla
- Siamsa Tíre National Folk Theatre
- Amharclann Ghaoth Dobhair
- Amharclann na Mainistreach

Féach chomh maith féilte agus scéimeanna

**(EO) Eagrais Oideachais**

- JCT (Junior Cycle Teachers)
- COGG (An Chomhairle Um Oideachas Gaeltachta)

- NCCA (National Council for Curriculum and Assessment)
- Irish World Academy, Ollscoil Luimnigh
- NUIG Theatre
- UCC- Roinn na Gaeilge:
- UCC- Roinn na Sean agus na Meán-Ghaeilge:
- UCC- Roinn an Bhéaloildis agus na hEitneagrafaíochta:
- UCC- Ionad na Gaeilge Labhartha:
- Coláiste Mhuire gan Smál- Roinn na Gaeilge
- Coláiste Mhuire gan Smál- Roinn an Oideachais
- Ollscoil Luimnigh-Léann na Gaeilge
- Ollscoil Mhá Nuad-Roinn na Nua-Ghaeilge
- Ollscoil Mhá Nuad- Roinn Froebel an Oideachais Bhunscoile agus Luathbhlianta
- Ollscoil na hÉireann, Gaillimh-Roinn na Gaeilge:
- Ollscoil na hÉireann, Gaillimh- Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge:
- Coláiste San Aingeal: Ollscoil na hÉireann, Gaillimh- Roinn an Oideachais:
- UCD- Scoil na Gaeilge, an Léinn Cheiltigh agus an Bhéaloidis
- Coláiste na Trionóide-Roinn na Gaeilge agus an Léinn Cheiltigh:
- Institiúid Oideachais Marino- Oifigeach Gaeilge
- DCU Fiontar agus Scoil na Gaeilge
- Bord Oideachais agus Oiliúna- Muineachán agus Cabhán
- Bord Oideachais agus Oiliúna- Cathair Bhaile Átha Cliath
- Bord Oideachais agus Oiliúna- Baile Átha Cliath agus Dún Laoghaire
- Bord Oideachais agus Oiliúna- Baile Átha Cliath agus Dún Laoghaire
- Bord Oideachais agus Oiliúna- Cill Chainnigh agus Ceatharlach
- Bord Oideachais agus Oiliúna- Luimneach agus An Clár
- Bord Oideachais agus Oiliúna- Lú agus an Mhí:
- Bord Oideachais agus Oiliúna- Tiobraid Árann:
- Bord Oideachais agus Oiliúna- Corcaigh
- Bord Oideachais agus Oiliúna- Dún na nGall
- Bord Oideachais agus Oiliúna- Gaillimh agus Ros Comáin
- Bord Oideachais agus Oiliúna- Cill Dara agus Cill Mhantáin
- Bord Oideachais agus Oiliúna- Laois agus Uíbh Fhailí
- Bord Oideachais agus Oiliúna- Longfort agus an Iarmhí
- Bord Oideachais agus Oiliúna- Maigh Eo, Sligeach agus Liatroim
- Bord Oideachais agus Oiliúna- Port Láirge agus Loch Garman
- Bord Oideachais agus Oiliúna- Ciarraí
- Barnardos
- Comhar Naonraí na Gaeltachta
- An Cumann Scoildrámaíochta
- Irish Youth Theatre

- An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta
- Ógras
- Cumann na bhFiann
- TUSLA
- Just for Kids
- Barnardos
- CanTeen Ireland
- Children in Hospital
- Childrens Rights
- Foróige
- Headstrong
- Empowering People In Care
- Social, Personal and Health Education SpunOut.ie
- Teenspace
- Young Social Innovators
- NAPD National Association of Principals and Deputy Principals
- Libraries Ireland
- Creative Ireland (scéimeanna ilchineálacha agus pairtnéireachtaí ilchineálacha)
- Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige/DCYA
- (Early Years Division)
- Naíonraí na Gaeltachta

**Eagrais óige**

- Gaeloideachas
- Tuismitheoirí na Gaeltachta
- Tús Maith (Corca Dhuibhne)
- Éigse Éireann
- Áras Scríbhneoirí na hÉireann
- Comhar Óg
- Tús Maith
- IMRAM na nÓg
- Early Childhood Ireland
- Ógras
- Cumann na bhFiann
- Cumainn drámaíochta na nollscoileanna
- Eagraíochtaí eile a dhéanann freastal ar an óige, Comhaltas Ceoltóirí Éireann,Oireachtas na Gaeilge, mar shampla.

## Foinsí Maoinithe

### An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta

Maoiníonn nó páirtmhaoiníonn an Roinn

- Féilte agus scoileanna samhraidh (Samplaí reatha: cúrsa traenála 8 lá don Chomhlachas Náisiúnta Drámaíochta, Scoil Shamhraidh Sheosaimh Mhic Gabhann, Maigh Eo, féile a bhfuil an amhránaíocht agus an drámaíocht Ghaeilge i gceist ann)
- An Taibhdhearc
- An Cumann Scoldrámaíochta
- Clár an NAPD, Creative Engagement
- Courage 1 Programme (clá aimsir Chovid)
- Courage 2 Programme (clár aimsir Chovid)

Ar leathanaigh a bhaineann le rannán na Gaeltachta tá eolas faoi:

- Scéimeanna Tacaíochta don Ghaeilge taobh amuigh den Ghaeltacht (mar shampla, An Cumann Scoldrámaíochta agus an Taibhdhearc)
- Scéimeanna caipitil
- Scéimeanna Tacaíochta Gaeltachta

Is é an Roinn a mhaoiníonn Údarás na Gaeltachta.

### An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí

- An Scéim Leasa Shóisialaigh d'Ealaíontóirí Gairmiúla ar Liúntas Cuardaitheora Poist
- Liúntas Cánach Ealaíontórí ó cháin ioncaim

### An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobal

- tionscadail a thacaíonn le cruthú post, le fiontraíocht agus le nuálaíocht i gceantair tuaithe (mar shampla: forbairt ar Mhol Cruthaitheachta, ar sharáidí oiliúna).
- cur le sócmhainní oidhreachta agus/nó le sócmhainní pobail eile, lena n-áirítear saoráidí áineasa nó fóillíochta a sholáthar nó cur leo.

### An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige

- Spáranachtaí d'eagrais a bhíonn ag plé le heagrais san earnáil luathóige (i bpáirt le hÉire Ildánach)

**An Chomhairle Ealaíon (Arts Council)**

**Riartar cuid de na scéimeanna seo i bpáirt le heagrais eile. Níl Gaeilge ag gach ceann de na heagrais eile.**

- An Comhairle Ealaíon (CE) Seirbhísí Léiriúcháin Chruthaithigh – Scéim Phíolótach chun
- Maoiniú Deontais do na hEalaíona
- Scéim na n-ealaíontóirí sa phobal
- Dámhachtain taifeadta agus Foilsithe Deis.
- Scéim Chónaitheachta d'ealaíontóirí Téatair.
- Scéim Chónaitheachta d'ealaíontóirí Damhsa.
- Tacaíochtaí Léiriúcháin Chruthaithigh.
- Scoileanna Ildánacha
- Scéim na scríbhneoirí sa phríosún
- Scéim na scríbhneoirí sna scoileanna
- An Dámhachtain do Léiriúchán Ceoldráma
- An Scéim Camchuairte is scaipthe saothair
- Dámhachtain Coimisiún sa Ceoldráma
- Dámhachtain Coimisiún sa Cheol
- Dámhachtain Reel Art
- An Dámhachtain do Léiriúchán Ceoldráma DUP
- An Scéim comhpháirteachais Áitiúla
- An Scéim Rannpháirtíochta san Ailtireacht
- An Scéim taifeadta ceoil
- Beyond Borders
- Camchuairt Scaipthe Saothair-Pleanáil roimh ré
- Ceangal na nEalaíon agus an Mhíchumais
- Ciste Gníomhaíochta Cláir do DÓLO
- Comhaltacht Location one
- Dámhachtain Anthony Cronin
- Dámhachtain Authored Works
- Dámhachtain Coimisiún san hEalaíona Traidisiúnta
- Dámhachtain do Thionscadal Ailtireachta
- Dámhachtain do Thionscadal Ceoil
- Dámhachtain do Thionscadal Damhsa
- Dámhachtain do Thionscadal Físealaíon
- Dámhachtain do Thionscadal Rannpháirtíochtais
- Dámhachtain do Thionscadal Scannáin
- Dámhachtain do Thionscadal san healaíona traidisiúnta
- Dámhachtain do Thionscadal Sorcais
- Dámhachtain do Thionscadal Téatair

- Dámhachtain do Thionscadal Liam O'Flynn
- Dámhachtain Markievicz
- Dámhachtain Sparánachta Ailtireachta 2020
- Dámhachtain Sparánachta ceoil
- Dámhachtain Sparánachta ceoldrámaíochta
- Dámhachtain Sparánachta damhsa
- Dámhachtain Sparánachta do Dhaoine Óga, Léanaí agus Oideachas
- Dámhachtain Sparánachta litríochta
- Dámhachtain Sparánachta litríochta don Ghaeilge
- Dámhachtain Sparánachta na bhfísealaíon
- Dámhachtain Sparánachta Sráidealaíon agus Seónna
- Dámhachtain Sparánachta taistil agus oiliúna
- Deis
- Deontais Chlár eagraithe Bhliantúil
- Deontas an Údaráis Áitúil
- Ealaíontóirí Cónaithe i dteicneolaíocht agus Nuálaíocht
- Foilseacháin/An Scéim Title by Title
- Frameworks
- Gairm Oscailte
- iLDána
- Maoiniú Bliantúil
- Maoiniú Comhpháirtíochta
- Maoiniú Ionad
- Maoiniú Straitéiseach
- Opera Production Award 2013

**Foras na Gaeilge** https://www.forasnagaeilge.ie/category/na-healaiona/

- Scéim na dTionscadal Litríochta
- Scéim na bhFéilte
- Scéim Deontas Cholm Cille
- Scéim Miondeontas Cholm Cille
- Scéim na gComplachtaí Drámaíochta
- Scéim na MórImeachtaí Ealaíona
- Scéim na nImeachtaí Óige
- Scéim na gCampaí Samhraidh

**Ealaín na Gaeltachta**

- An Clár sna hEalaíona Dúchasacha don Óige https://ealain.ie/an-clar-sna-healaiona-duchasacha-don-oige/
- Scéim Forbartha na nEalaíon – Síol
- Scéim na bhFéilte

- Scéim Sparántachta Ealaín na Gaeltachta
- Scéim na bPríomhréimsí
- Scéim Nóta

**Éigse Éireann/Poetry Ireland**

- Poetry Ireland Introductions
- Poetry Aloud
- Writers in Schools (spoken word)
- Scéim Páirtnéireacht Féilte/Imeachtaí Filíochta

**An Taibhdhearc/Fibín**

Gradam Joe Steve (Duais Ghearrdhrámaíochta Raidió)

**National Association of Principals and Deputy Principals**

Clár Creative Engagement do scoileanna

**An Chomhairle Um OIdeachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta COGG**

Fograíonn COGG scéimeanna maoinithe d'acmhainní oideachais ó thráth go chéile.

**Údaráis Áitiúla/Comhairlí Contae**

Tá an t-iliomad scéimeanna maoinithe ar fáil ó na húdaráis áitiúla. Cuimsíonn siad seo sparántachtaí, scéimeanna oiliúna, maoiniú d'fhéilte agus do thograí, scéimeanna cónaithe agus an t-iliomad scéimeanna eile. Is iad na húdaráis áitiúl a bhainistíonn cuid de scéimeanan Éire Ildanach. Tá deiseanna éagsúla ann ag brath ar an gcomhairle. Tagann leabharlanna poiblí faoi scáth na núdarás.

**Éire Ildánach**

Tá an t-iliomad deiseanna maoinithe ar fáil trí chistí éagsúla Éire Ildánach, go háirithe an Ciste Náisiúnta don Chruthaitheacht. Tá méadú tagtha ar mhaoiniú mórscéimeanna mar Scoileanna Ildánacha, Óige Ildánach agus Pobail Ildánacha.

Trína phairtnéirí is mó is féidir le heagrais, scoileanna agus scéimeanna cur isteach ar dheiseanna an chláir.

I measc na bpáirtnéirí seo tá:

Age and Opportunity

Sing Ireland

Fighting Words

Youth Theatre Ireland

Music Generation

Cruinniú na nÓg

Na húdaráis áitiúla.

Níl acmhainn Ghaeilge ag cuid de na pairtnéirí seo (maidir le hiarratas a mheas nó tacú le rannpháirtithe le Gaeilge)

Is féidir le cleachtóirí cur isteach ar dheiseanna forbartha gairmiúla agus deiseanna íoctha chomh maith (trí bheith ar phainéil Comhaltaí Cruthaitheacha, mar shampla) . Is féidir le cleachtóirí cur isteach ar dheiseanna forbartha gairmiúla agus deiseanna íoctha chomh maith (trí bheith ar phainéil Comhaltaí Cruthaitheacha, mar shampla).

**Eile (samplaí ionadaíocha)**

- Glór na nGael: maoiniú ar imeachtaí nó sraith imeachtaí
- Irish Writers Centre (lárionad maith eolais faoi dheiseanna maoinithe agus deiseanna forbartha gairmiúla)
- An scéim Teanga Tí do Theaghlaigh (clúdaítear imeachtaí ealaíne, mar shampla seó puipéad, ceardlann amhránaíochta (Glór na nGael)
- Arts and Disability Connect
- RRDF (Rural Regeneration Development Fund)
- LEADER
- SICAP (Social Inclusion and Community Activation Programme)
- Irish Research Council
- Creative Europe
- Ollscoileanna agus an tríú leibhéal. Go minic bíonn deiseanna ag eagrais bheith páirteach/mar phairtnéir i scéimeanna maoinithe na hearnála triú leibhéil.
- Conradh na Gaeilge
- Oireachtas na Gaeilge (scripteanna drámaíochta, comórtais ardán)

Tá sruth maoinithe ar leith ag an Irish Research Council darbh ainm New Foundations a dhíríonn ar na comhpháirtíochtaí seo agus is féidir le heagrais suim a léiriú bheith ar fáil mar phairtnéirí do lucht léinn.